SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# An tAthbhreithniú ar Chluichí Thóiceo



# An tAthbhreithniú ar Chluichí Thóiceo

TOKYO 2020

TOKYO 2020
PARALYMPIC GAMES

LEADING SPORT

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Brollach agus réamhrá

Tá cúlra an-difriúil ag gabháil leis an Athbhreithniú ar Chluichí Thóiceo. An rud ba mhó ba ea an fhíric gur sa bhliain 2021 a cuireadh Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha na bliana 2020 ar siúl, agus éiginnteacht agus tírdhreach a bhí ag athrú i gcónaí ag cur bac ar an ullmhúchán le haghaidh na n-imeachtaí. D'ainneoin na ndúshlán mór sin, bhí dea-eispéireas ag Foireann Éireann sna Cluichí, rud a spreag bród agus dúspéis an mhórphobail agus a thug éachtaí lúthchleasaithe na hÉireann i lár an stáitse. Níl aon amhras ach gur tharraing rath Fhoireann Éireann ag Cluichí Thóiceo aird mhuintir an náisiúin amach ó chúrsaí, rud a theastaigh go géar orthu, agus gur thug sé ardú meanman riachtanach do dhaoine le linn paindéim dhomhanda.

Bunchloch an spóirt ardfheidhmíochta is ea ullmhúchán críochnúil agus gnáthamh mionchúiseach. Tá sé sin ag teacht salach ar na dúshláin a bhí ag gabháil leis an ullmhúchán le haghaidh Chluichí Thóiceo. D'fhág na srianta taistil go raibh sé níos doilí, agus dodhéanta in amanna, fiú, comórtais thar lear a rochtain i gcásanna áirithe. De bhreis air sin, d'fhág srianta intíre agus dianghlasálacha go raibh sé doiligh in amanna traenáil in Éirinn, rud a chuir bac breise ar ullmhúcháin. D'eascair tuilleadh brú agus struis as bheith san iomaíocht ag Cluichí gan aon chairde ná aon bhaill teaghlaigh a bheith i láthair, mar aon le cloí le prótacail COVID-19 ag na Cluichí iad féin. Níor ghnáth-Chluichí iad in aon chor. Dá ainneoin sin, chuaigh ár lúthchleasaithe agus a bhfoirne tacaíochta i dtaithí ar chúrsaí agus chuir siad iad féin in oiriúint dóibh de réir mar ba ghá chun a chinntiú go mbeadh na Cluichí sin i measc na gCluichí Oilimpeacha is rathúla de chuid na hÉireann riamh, agus go mbainfí torthaí an-láidir amach ag na Cluichí Parailimpeacha.

Ó thaobh na feidhmíochta de, ba Chluichí Oilimpeacha thar barr d'Éirinn iad Cluichí Thóiceo. Buadh ceithre bhonn, lenar áiríodh dhá bhonn óir, agus d'éirigh le lúthchleasaithe Éireannacha áit sna hocht n-áit is airde a bhaint amach 13 huaire. Bhí an fhoireann comhdhéanta de 116 lúthchleasaí, arbh ionann í agus an fhoireann is mó riamh de chuid na hÉireann a seoladh chuig Cluichí Oilimpeacha. Bhí an líon bonn a buadh ar aon chéim leis an ionchas a leagadh amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta agus is dea-thuar é do Chluichí Pháras 2024 agus do Chluichí Los Angeles 2028. Bhí an dornálaíocht ina hardeiseamláir fós d'fheidhmíocht na hÉireann ag Cluichí Oilimpeacha, agus lean rámhaithe na hÉireann lena thaispeáint go bhfuil siad i measc na rámhaithe is fearr ar domhan. Ó thaobh na gCluichí Parailimpeacha de, ba bheag nár ghnóthaigh Éire an sprioc bonn a leagadh amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta. Buadh seacht mbonn, cé nach raibh ag an bhfoireann ach 29 lúthchleasaí (baineadh áit sna hocht n-áit is airde amach 27 n-uaire freisin). Toisc gur buadh boinn i bpara-lúthchleasaíocht, i bpararothaíocht agus i bparashnámh, táthar ag leanúint leis an rath domhanda atá Éire ag baint amach sna spóirt sin le déanaí. Is gá feidhmíocht Jason Smyth i rás 100 m T13 a lua, ós rud é go bhfágann sé gur bhuaigh Jason an t-imeacht sin sna ceithre cinn is déanaí de Chluichí Parailimpeacha. I gcás Chumann Parailimpeach na hÉireann, bainfidh ríthábhacht leis na moltaí a shainaithnítear san Athbhreithniú ar Chluichí Thóiceo a chur chun feidhme má táthar chun na spriocanna bonn Parailimpeach le haghaidh Chluichí Pháras 2024 agus Chluichí Los Angeles 2028 a bhaint amach.

Ar an iomlán, thóg Foireann Éireann ar éachtaí na gCluichí roimhe. D'ainneoin na ndúshlán a d'eascair as an bpaindéim dhomhanda, bhí Cluichí Thóiceo ina léiriú soiléir gur féidir le hÉirinn dul san iomaíocht ar na leibhéil is airde ar fad den spórt idirnáisiúnta agus go ndéanann sí amhlaidh dáiríre. Tá Spórt Éireann tiomanta do thacú leis an dul chun cinn sin. Trí chlár infheistíochta méadaithe a sholáthar, forbairt leanúnach a dhéanamh ar Institiúid Spórt Éireann agus forbairt leantach a dhéanamh ar na saoráidí ar Champas Spórt Éireann, ar campas den chéad scoth é, tá Éire breá-ábalta chun leanúint leis an treocht sin isteach i gCluichí Pháras 2024, i gCluichí Los Angeles 2028 agus ina ndiaidh.

Mar a bhíonn amhlaidh i gcónaí, is cuid bhunriachtanach de chóras ardfheidhmíochta na hÉireann é an próiseas athbhreithniúcháin iar-Chluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha. Maidir le cur chun feidhme mholtaí an phróisis athbhreithniúcháin, tá sé dea-bhunaithe anois mar ní ríthábhachtach lena gcuirtear cláir ardfheidhmíochta na hÉireann chun cinn do spóirt aonair agus don chóras ina iomláine.

Léiríodh é sin go soiléir san Athbhreithniú ar Chluichí Rio. Cé gur Chluichí rathúla ar an iomlán iad, leagadh amach san Athbhreithniú ar Chluichí Rio líon ard moltaí do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta aonair agus don mhórchóras ardfheidhmíochta araon. I roinnt cásanna, bhí na moltaí sin doiligh agus dúshlánach, agus bhí dóigh nua smaointeoireachta ag teastáil ina leith.

Má théimid ar aghaidh chuig Cluichí Thóiceo, is amhlaidh a tháinig athrú suntasach sa tírdhreach ardfheidhmíochta sna sála ar Athbhreithniú Rio, rud atá le feiceáil sa chomhoibriú agus comhar breise idir gach geallsealbhóir. Bhí an caidreamh oibre níos fearr agus níos comhtháite sin le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann ina chuid lárnach d'fheidhmíocht Fhoireann Éireann ag Cluichí Thóiceo agus is féidir leis sin a bheith ina bhunchloch d'fheidhmíocht lúthchleasaithe Éireannacha sna Cluichí atá le teacht.

I gcás an Athbhreithnithe ar Chluichí Thóiceo, cuireadh de chúram ar dhá shainchomhairleoir neamhspleácha ar leith athbhreithniú a dhéanamh ar na Cluichí Oilimpeacha (Portas Consulting) agus ar na Cluichí Parailimpeacha (Grey Matters). Ba é an toradh a bhí air sin ná tuarascálacha láidre léirsteanacha ar na spóirt aonair uile a chuaigh san iomaíocht sna Cluichí Oilimpeacha agus/nó sna Cluichí Parailimpeacha. Rinne Treoraí Tionscadail neamhspleách (Leading Sport) formhaoirseacht ar an bpróiseas ar fad, rud a chinntigh comhsheasmhacht ar fud na ngnéithe uile den phróiseas athbhreithniúcháin. Bhain na príomhréimsí fócais le haghaidh an Athbhreithnithe ar Chluichí Thóiceo leis na hullmhúcháin le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo agus Chluichí Parailimpeacha Thóiceo agus leis an bhfeidhmíocht lena linn.

Agus an tiomantas do phróiseas tumthach athbhreithniúcháin á léiriú, tugadh cuireadh do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag a raibh lúthchleasaithe a chuaigh san iomaíocht sna Cluichí Oilimpeacha agus/nó sna Cluichí Parailimpeacha chun páirt a ghlacadh ann. Bailíodh barúlacha, tuairimí agus eispéiris ó lúthchleasaithe, ó chóitseálaithe, ó bhaill foirne tacaíochta, ó Stiúrthóirí Feidhmíochta, ó Threoraithe Feidhmíochta, ó Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus ó Chomhaltaí Boird. Bailíodh iad ó gheallsealbhóirí ábhartha eile freisin.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh leis an bpróiseas athbhreithniúcháin agus a rannchuidigh ar dhóigh láidir luachmhar le spórt ardfheidhmíochta na hÉireann a fhorbairt.

**Kieran Mulvey**
Cathaoirleach
Spórt Éireann

**Una May**
Príomhfheidhmeannach
Spórt Éireann

**Olive Loughnane**
Cathaoirleach an Choiste
Ardfheidhmíochta

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Achoimre fheidhmeach | 6 |
| An tAthbhreithniú ar Chluichí Thóiceo: Forbhreathnú ar an bpróiseas | 7 |
| Eochairthéamaí | 9 |
| Moltaí achoimre | 11 |
| Cluichí Thóiceo 2020: An chaoi a raibh siad | 13 |
| Comparadóirí an Timthrialla Oilimpigh agus an Timthrialla Pharailimpigh | 16 |
| An Straitéis Ardfheidhmíochta | 17 |
| Achoimre de réir an spóirt (na Cluichí Oilimpeacha) | 23 |
| Achoimre de réir an spóirt (na Cluichí Parailimpeacha) | 31 |
| Anailís ar chomparadóirí idirnáisiúnta | 36 |
| Aguisín 1: Tuarascálacha maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Oilimpeacha (Portas Consulting) | 39 |
| Aguisín 2: Tuarascálacha maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Parailimpeacha (Grey Matters) | 166 |
| Aguisín 3: Freagraí ar an Suirbhé iar-Chluichí | 240 |

# Achoimre fheidhmeach

Cluichí an-difriúil ar fad a bhí i gCluichí Thóiceo, de bharr an tionchair a bhí ag an bpaindéim dhomhanda orthu. Ó thaobh Fhoireann Éireann de, b'fhearr i bhfad Cluichí Thóiceo ná Cluichí Rio. B'amhlaidh sin toisc gur tháinig athrú chomh mór sin ar an tírdhreach ardfheidhmíochta in Éirinn ón uair sin i leith. Tá roinnt tosca taobh thiar de sin. Ina measc sin tá Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann againn anois, is eagraíocht atá bunathraithe chun feabhais í Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, tá Campas Spórt Éireann i bhfad níos forbartha, tá a lán oibre déanta ag Cumann Parailimpeach na hÉireann chun aird an phobail a tharraingt ar a lúthchleasaithe agus chun cothroime a chruthú, is ann do chomhpháirtíocht soláthair feidhmíochta idir Institiúid Spórt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, agus tá níos mó saineolais ann sa chóras ardfheidhmíochta. Tríd is tríd, chomhlíonamar ár spriocanna i gCluichí Thóiceo ó thaobh an lín bonn agus na feidhmíochta de agus tá an chuma air go raibh eispéireas dearfach ag na lúthchleasaithe. Tá againn anois an chuid is mó de na comhpháirteanna a theastaíonn chun córas ardfheidhmíochta den chéad scoth a chruthú.

Is é an dúshlán atá orainn thar an chéad dornán Timthriallta eile, go Cluichí Pháras agus Cluichí Los Angeles, ná tógáil ar na comhpháirteanna sin agus iad a thabhairt le chéile chun fíorchóras den chéad scoth a chruthú a bhíonn ag buachan bonn go seasta agus ag soláthar an eispéiris is fearr is féidir do lúthchleasaithe ag an am céanna. Ní mór dúinn leanúint le tógáil ar an gcaidreamh dearfach atá cruthaithe againn sa Timthriall deireanach seo. Ní mór dúinn obair ar lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint, ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha, agus ar thacú le níos mó lúthchleasaithe atá níos faide síos an chonair chun bogadh isteach sna ranganna is airde. Ní mór dúinn tacú le cóitseálaithe a fhorbairt ar féidir leo obair leis na lúthchleasaithe sin.

Is féidir linn bheith iomaíoch dáiríre má dhéanaimid gach ceann de na rudaí sin i gceart agus, de bharr na dearfachta agus na taithí atá le fáil sa chóras anois, creidimid go mbainfimid an sprioc sin amach.

# An tAthbhreithniú ar Chluichí Thóiceo: Forbhreathnú ar an bpróiseas

Athbhreithniú ar na Cluichí den chuid is mó is ea an tAthbhreithniú ar Chluichí Thóiceo, ar laistigh de a mheasúnaítear Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha Thóiceo, a thugtar roinnt tuairimí ar fhorbairt fhoriomlán na gcóras agus a thugtar moltaí sonracha le haghaidh Timthriallta Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha amach anseo.

Le haghaidh an Athbhreithnithe seo, d'oibrigh Spórt Éireann (an tAonad Ardfheidhmíochta) i gcomhpháirt le hInstitiúid Spórt Éireann, le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar ullmhúchán Fhoireann Éireann le haghaidh Chluichí Thóiceo agus ar a feidhmíocht lena linn.

Tugtar breac-chuntas sa doiciméad athbhreithniúcháin seo ar ullmhúchán agus feidhmíocht na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta gaolmhara, agus tugtar moltaí ann do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus do phríomh-gheallsealbhóirí eile. Tá aghaidh le tabhairt ar na moltaí sin i dTimthriall Chluichí Pháras agus ina dhiaidh sin.

Chun mionchúis a chinntiú ar fud an phróisis, choinnigh Spórt Éireann saineolas neamhspleách ar bun chun obair a dhéanamh ar fud an athbhreithnithe. Leis an saineolas neamhspleách sin, soláthraíodh trí ghné leithleacha mar a leanas:

1) Treoraí Tionscadail (ar sholáthair Leading Sport é)
2) An tAthbhreithniú ar Chluichí Oilimpeacha Thóiceo (ar sholáthair Portas Consulting é)
3) An tAthbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo (ar sholáthair Grey Matters é)

Áiríodh leis an bpróiseas:

- An creat, an mhodheolaíocht agus na teimpléid le haghaidh an Athbhreithnithe ar Chluichí Oilimpeacha Thóiceo agus le haghaidh an Athbhreithnithe ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo a fhorbairt chun leanúnachas a chinntiú ar fud gach comhpháirte den athbhreithniú.
- Suirbhé iar-Chluichí a riar agus agallaimh dhuine le duine/ghrúpa a dhéanamh le lúthchleasaithe, le cóitseálaithe, le baill foirne tacaíochta, le Stiúrthóirí Feidhmíochta, le Treoraithe Feidhmíochta, le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin, le Comhaltaí Boird agus le príomh-gheallsealbhóirí eile.
- Tuarascálacha aonair maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a tháirgeadh.
- An doiciméad athbhreithniúcháin foriomlán deiridh a thiomsú.

Ba iad seo a leanas príomhchuspóirí an Athbhreithnithe seo, mar a leagadh amach i dtús an phróisis:

- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar ullmhúchán Fhoireann Éireann le haghaidh Chluichí Thóiceo agus ar a feidhmíocht lena linn.
- Comparáidí a dhéanamh idir feidhmíocht Fhoireann Éireann agus feidhmíocht na náisiún comparáideach ag Cluichí Thóiceo.
- Tuarascálacha aonair maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a sholáthar, a n-áirítear leo na príomhnithe a foghlaimíodh agus moltaí sonracha le haghaidh Timthriallta Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha sa todhchaí.
- Athbhreithniú deiridh a tháirgeadh.


Áiríodh na nithe seo leis na téamaí a pléadh:

- An t-ullmhúchán le haghaidh Chluichí Thóiceo
- An fheidhmíocht ag Cluichí Thóiceo
- An caidreamh idir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus geallsealbhóirí
- An caidreamh idir príomh-gheallsealbhóirí sa chóras ardfheidhmíochta
- Cuspóirí feidhmíochta na ngeallsealbhóirí a bhaint amach
- Comparáid le náisiúin (oiriúnacha) eile
- Tionchar COVID-19
- Struchtúr cóitseála/struchtúir chóitseála laistigh de chláir ardfheidhmíochta na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- An caidreamh idir Stiúrthóir Feidhmíochta an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus a Choiste Ardfheidhmíochta, nó a leithéid (i.e., rialachas)

Ba mar a leanas a bhí an mhodheolaíocht le haghaidh an athbhreithnithe:

- Thugamar faoi mheasúnú réamh-Chluichí inar díríodh ar ionchais feidhmíochta, ar chuspóirí feidhmíochta agus ar thionchar COVID-19
- Baineadh úsáid as an measúnú sin ansin mar bhonn le haghaidh an tsuirbhé iar-Chluichí agus níos moille fós ag an gcéim agallaimh agus athbhreithniúcháin chun an fheidhmíocht a mheasúnú i gcomparáid leis na hionchais
- Forbraíodh suirbhé rúnda ar líne (don chohórt Oilimpeach agus don chohórt Parailimpeach araon), agus é miondealaithe ina cheithre shuirbhé leithleacha dóibh seo:
  1. Lúthchleasaithe
  2. Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
  3. Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
  4. Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

### Forbhreathnú ar an amlíne




### An líon daoine sa chomhairliúchán

| An Suirbhé iar-Chluichí | Freagraithe (líon) |
|---|---|
| Lúthchleasaithe Cluichí Oilimpeacha | 88 |
| Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta Cluichí Oilimpeacha | 138 |
| Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta Cluichí Oilimpeacha | 17 |
| Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird Cluichí Oilimpeacha | 73 |
| Lúthchleasaithe Cluichí Parailimpeacha | 27 |
| Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta Cluichí Parailimpeacha | 50 |
| Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta Cluichí Parailimpeacha | 7 |
| Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird Cluichí Parailimpeacha | 26 |
| **AN LÍON IOMLÁN FREAGRAÍ AR AN SUIRBHÉ** | **426** |

| Agallaimh | Agallaithe (líon) |
|---|---|
| Lúthchleasaithe Cluichí Oilimpeacha | 28 |
| Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta Cluichí Oilimpeacha | 23 |
| Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta Cluichí Oilimpeacha | 17 |
| Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Cluichí Oilimpeacha | 18 |
| Lúthchleasaithe Cluichí Parailimpeacha | 13 |
| Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta Cluichí Parailimpeacha | 4 |
| Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta Cluichí Parailimpeacha | 7 |
| Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Cluichí Parailimpeacha | 3 |
| Príomh-gheallsealbhóirí | 20 |
| **IOMLÁN NA nAGALLAMH** | **133** |

# Eochairthéamaí

### An t-eispéireas sna Cluichí

- Dea-Chluichí a bhí iontu seo ó dhearcthaí difriúla de: ba de réir na sprice a bhí an líon bonn a buadh, bhí caidreamh láidir ann, agus bhí eispéiris dhearfacha ag lúthchleasaithe sna Cluichí iad féin agus sa champa coinneála/sna campaí coinneála.
- D'ainneoin na gcastachtaí a bhain le paindéim COVID-19, cuireadh na Cluichí i gcrích go fónta gan ach beagán 'fadhbanna' agus bhíothas sásta den chuid is mó leis na socruithe agus na tacaí a tugadh do lúthchleasaithe, do chóitseálaithe agus do dhaoine eile. Tá creidiúint as a gcuid oibre tuillte ag Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, ag Spórt Éireann, ag Institiúid Spórt Éireann agus ag Cumann Parailimpeach na hÉireann.
- D'fhreagair Spórt Éireann go láidir d'imthosca phaindéim COVID-19 agus thacaigh sé le teacht ar réitigh maidir le tacaíocht a thabhairt i leith costais mhéadaithe agus maidir le cabhrú le scoth-lúthchleasaithe filleadh ar thraenáil.
- Eispéireas an-difriúil ar fad a bheidh i gCluichí Pháras agus beidh sraith dúshlán ag gabháil leo a bheidh difriúil leo sin a bhí ag gabháil le Cluichí Thóiceo.
- Chuaigh an líon is airde lúthchleasaithe dár gcuid riamh go Tóiceo agus ba cheart an díriú le haghaidh Chluichí Pháras a chúngú chun díriú tuilleadh ar na lúthchleasaithe sin a bhfuil seans acu boinn a bhuachan ag na Cluichí, in ionad díriú ar mhéid na foirne.
- Bhíothas in ann cur chuige a bhí dírithe ar lúthchleasaithe a fheiceáil ar a lán dóigheanna. Áiríodh leo sin na socruithe taistil (eitiltí grád gnó), imeacht teacht abhaile (Teach an Ardmhéara) agus díriú ar Fhoireann Éireann.

### Infheistíocht dhírithe, feidhmíocht agus athbhreithniú

- Táthar den tuairim san éiceachóras ardfheidhmíochta go bhfuilimid ag leagan dea-bhonnsraithe chun deiseanna buaite bonn a sholáthar ar fud spóirt éagsúla. Mar sin féin, beidh infheistíocht dhírithe agus bainistíocht feidhmíochta níos láidre ag teastáil ina leith sin thar an gcéad Timthriall eile chun an acmhainneacht a bhaint amach agus chun spriocanna buaite bonn a chomhlíonadh.
- Táthar den bharúil gur féidir níos mó a dhéanamh chun dúshlán a chur ar an gcóras ó thaobh na feidhmíochta de agus chun a chinntiú go bhfuil níos mó ar bun againn ná rudaí a dhéanamh ar nós cuma linn agus 'tic a chur le boscaí'. Tá lúthchleasaithe neamhiomaíocha ann ag na Cluichí Oilimpeacha agus ag na Cluichí Parailimpeacha araon, agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar cad atá inghlactha mar íoschaighdeáin, de réir mar atá méid na foirne ag méadú.
- D'fhéadfaí an próiseas athbhreithniúcháin leanúnach a fheabhsú ó thaobh fiúntais de trí dhíriú méadaithe a chur ar chláir feidhmíochta agus ar spriocthorthaí gach bliain, agus iad ag teacht leis an infheistíocht in aghaidh an spóirt. Is codanna dúchasacha de chóras ardfheidhmíochta iad teannas cuiditheach, trédhearcacht agus cuntasacht agus chuirfí fáilte rompu.
- Laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta go háirithe, beidh an measúnú leantach ar an Athbhreithniú seo ar Chluichí Thóiceo é féin tábhachtach, ós rud é nár cuireadh chun feidhme fós i roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta roinnt de na moltaí a rinneadh san Athbhreithniú ar Chluichí Rio.

### Ceannaireacht ar fud an chórais

- Táthar den tuairim go pointe éigin nach bhfuil tuiscint iomlán ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar ról an Choiste Ardfheidhmíochta. Is féidir infheictheacht an Choiste Ardfheidhmíochta agus a nasc leis an gcóras a mhéadú. Is féidir déanamh amhlaidh, mar shampla, trí dheiseanna a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cur i láthair (in amanna) don Choiste Ardfheidhmíochta.
- Tá gá ann le plean cur chun feidhme na Straitéise Ardfheidhmíochta a dhéanamh níos sofheicthe chun a chinntiú go mbeidh tionchar aici thar an gcéad dá Thimthriall eile. Is léir fós gur eochairthosaíochtaí iad cóitseáil, agus forbairt cóitseálaithe go háirithe.
- Creideann an pobal go bhfuil caighdeáin mheasctha ann ó thaobh Stiúrthóirí Feidhmíochta de, agus sainaithníodh réimsí le haghaidh forbairt i dtaca le roinnt díobh (maidir le straitéis agus le bainistíocht araon).
- Tríd is tríd, tá ag éirí níos fearr leis an gcóras ná mar a bhí amhlaidh i dTimthriallta roimhe ó thaobh an chomhoibrithe de agus ó thaobh cur chuige comhpháirtíochta de. Is féidir é a bheachtú tuilleadh, áfach, chun ailíniú a fheabhsú (e.g., dúbláil sa phróiseas athbhreithniúcháin, comhaontuithe seirbhíse, etc.).

### Seirbhísí tacaíochta

- Tá fíormheas ar sholáthar seirbhísí eolaíocht spóirt agus liachta Institiúid Spórt Éireann agus tá sé dea-chomhtháite isteach ina lán spórt. Ina theannta sin, meastar go leathan gur chabhraigh an comhaontú seirbhíse le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann leis an gcóras a fhorbairt thar an Timthriall deireanach.
- Meastar in amanna go bhfuil sí láraithe an iomarca ar Bhaile Átha Cliath nó nach bhfuil sí ina seirbhís atá áisiúil don úsáideoir i ngach cás, agus ba cheart don Institiúid leanúint ar aghaidh ag infheistiú i bheith ar thús cadhnaíochta sa smaointeoireacht ina réimsí seirbhíse.
- Is féidir tógáil tuilleadh ar sheirbhísí tacaíochta Institiúid Spórt Éireann chun comhtháthú agus leanúnachas leanúnach na tacaíochta ar fud na spórt a chinntiú ar mhaithe le freastal ar riachtanais aonair gach spóirt.
- Tá an chuma air go bhfuil seirbhísí Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann ag obair go maith i gcomhar le hInstitiúid Spórt Éireann agus go bhfuil siad ag obair ar bhonn níos náisiúnta leis na spóirt, in ionad iad a bheith ag obair ar bhonn réigiúnach.

### Cóitseáil

- Tá an chóitseáil ina laige ar fud an chórais fós, agus tá gá ann le hinfheistiú anois i gcóitseálaithe ar féidir leo leas a bhaint as na struchtúir láidre atá ag cláir.

### Lúthchleasaithe cumasacha

- Tá feabhas ag teacht ar an gconair do lúthchleasaithe i roinnt spóirt Oilimpeacha. B’fhearr go dtairgfí seirbhísí tacaíochta lúthchleasaithe do lúthchleasaithe óga atá níos faide síos an chonair do lúthchleasaithe cumasacha. I spóirt Pharailimpeacha, sainaithníodh an chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus sainaithint lúthchleasaithe cumasacha a bheith ina réimsí faidhbe.

### Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann

- Tá mór-bhunathrú chun feabhais tagtha ar Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann ó Chluichí Rio i leith, rud a rinne difear suntasach don eispéireas sna Cluichí Oilimpeacha do gach duine lenar bhain. Is féidir an bunathrú chun feabhais sin a fheiceáil sa dóigh a ndearnadh pleanáil, ullmhúchán agus forghníomhú le haghaidh na gCluichí. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó na geallsealbhóirí éagsúla freisin.

### Spórt Éireann

- Tá Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus geallsealbhóirí ag moladh Spórt Éireann as an obair shuntasach a rinne sé thar an Timthriall deireanach chun an córas a fhorbairt, lenar áiríodh an Straitéis Ardfheidhmíochta a fhorbairt, agus chun tionchar phaindéim COVID-19 a íoslaghdú.

### Cumann Parailimpeach na hÉireann

- Bíonn an spórt Parailimpeach ag brath den chuid is mó ar bhonn oibrithe deonacha agus chuaigh sé tríd an bpaindéim go slán sábháilte dá ainneoin sin. Is amhlaidh ar an iomlán, ó thaobh aird an phobail de, atá an dearcadh agus an fheasacht i leith an spóirt Pharailimpigh agus na lúthchleasaithe Parailimpeacha ag leanúint ar aghaidh ag fás agus ag baint cothroime feasachta leis an spórt Oilimpeach agus le lúthchleasaithe Oilimpeacha amach. Tá teannas ann laistigh den chóras Parailimpeach agus tá easpa soiléire ann maidir le róil, leis an sainchúram agus le ceannaireacht. Níor réitíodh roinnt de na nithe sin ó Chluichí Rio i leith agus ní mór aghaidh a thabhairt orthu sin agus ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha.

### Cumarsáid

- D’fhéadfaí feabhas a chur go ginearálta agus go sonrach laistigh de spóirt áirithe ar chumarsáidí maidir leis an spórt ardfheidhmíochta, agus cuirfidh sé sin leis an bhfeasacht atá ag an bpobal i gcoitinne ar an spórt Oilimpeach agus Parailimpeach agus leis an taitneamh a bhaineann sé as.

# Moltaí achoimre

### An t-eispéireas sna Cluichí

- Ba cheart do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann, do Spórt Éireann, d'Institiúid Spórt Éireann, do Spórt Thuaisceart Éireann, do Chumann Parailimpeach na hÉireann agus do phríomh-chomhpháirtithe eile leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun a chinntiú go leanfaidh an t-eispéireas sna Cluichí ar aghaidh ag forbairt agus ag comhlíonadh ionchais na lúthchleasaithe, le linn dóibh an t-eispéireas is fearr is féidir sna Cluichí, ar eispéireas é atá ag teacht le cultúr Fhoireann Éireann, a sholáthar do na lúthchleasaithe sin.

### Infheistíocht dhírithe, feidhmíocht agus athbhreithniú

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh na hinfheistíochta ar fud an tírdhreacha ardfheidhmíochta agus cistiú a spriocdhíriú de réir ionchais feidhmíochta thar Thimthriall Chluichí Pháras agus thar Thimthriall Chluichí Los Angeles.
- Athbhreithnithe tráthrialta a dhéanamh ar chláir feidhmíochta, áit a ndéantar seiceáil agus ceistiú leis an gcóras ar dhóigh fhiúntach chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh cláir a spriocthorthaí/a n-acmhainneacht.
- Deis a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta lena gcláir ardfheidhmíochta a chur i láthair don Choiste Ardfheidhmíochta (nuair is cuí agus is indéanta).
- Córas soilse tráchta a fhorbairt chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht leanúnach agus dul chun cinn leanúnach an chláir ardfheidhmíochta ó gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta aonair.
- I gcomhar le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann, spriocanna diana cáiliúcháin a shocrú chun a chinntiú gurb iomaíoch a bheidh na lúthchleasaithe cáilitheacha uile sna foirne Oilimpeacha agus Parailimpeacha (fiú i gcás go bhfágfaidh sé sin go mbeidh an fhoireann níos lú i gCluichí amach anseo).
- Straitéis infheistíochta atá dírithe ar 'dhaoine' a ghlacadh chun cumas a fheabhsú ó thaobh Stiúrthóirí Feidhmíochta, cóitseáil ardfheidhmíochta agus soláthar seirbhíse de.

### Ceannaireacht ar fud an chórais

- A chinntiú go mbeifear in ann cur chun feidhme na Straitéise Ardfheidhmíochta a fheiceáil ar fud an chórais ardfheidhmíochta agus go mbrúfaidh sí an tionchar feidhmíochta chun cinn thar an gcéad trí Thimthriall eile.
- Breithniú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann le hidirchaidreamh méadaithe agus infheictheacht mhéadaithe idir na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus an Coiste Ardfheidhmíochta.
- Plean forbartha a chruthú le haghaidh Stiúrthóirí Feidhmíochta chun an cumas straitéiseach agus bainistíochta a thógáil ar fud an phobail Stiúrthóirí Feidhmíochta.
- An pobal Stiúrthóirí Feidhmíochta a thógáil trí sheisiúin thráthrialta éascaithe le haghaidh eolas, an dea-chleachtas, smaointe nuálaíochta agus réimsí ábhartha eile a chomhroinnt.
- Pleananna luasghéaraithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar chaighdeáin chóitseála ar fud an éiceachórais ardfheidhmíochta.
- Treisiú leis an gcur chuige comhoibríoch/comhpháirtíochta, rud a bhfuil feabhas suntasach tagtha air ar fud Thimthriall Chluichí Thóiceo, agus ailíniú níos dlúithe príomh-gheallsealbhóirí a chinntiú.
- A chinntiú go mbeidh cur chuige comhoibríoch le gach páirtí leasmhar i gceist le próisis athbhreithniúcháin sa todhchaí (i.e., a chinntiú nach mbeidh aon dúbláil ann i bpróisis athbhreithniúcháin).

### Seirbhísí tacaíochta

- A athbhreithniú conas is fearr is féidir soláthraithe seirbhíse a leabú isteach i bpríomhspóirt chun a chinntiú go mbeidh tuilleadh leanúnachais, comhtháthaithe, tionchair agus iontaoibhe ann laistigh de chláir.
- A bhreithniú conas is féidir an tionchar atá ag saoráidí agus seirbhísí Institiúid Spórt Éireann a uasmhéadú, go háirithe i gcás na gclár/na lúthchleasaithe sin nach bhfuil lonnaithe ar Champas Spórt Éireann, lena n-áirítear iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar réigiúnach trí urphoist réigiúnacha.
- Soláthar seirbhíse agus socruithe a athnuachan, nuair is gá, chun an tionchar a fheabhsú go leanúnach le haghaidh cláir ardfheidhmíochta.
- Leanúint le máistirphlean Champas Spórt Éireann a chomhlíonadh agus le saoráidí/bonneagar a sholáthar chun timpeallachtaí den chéad scoth a chruthú ar fud spóirt éagsúla.

### Cóitseáil

- Infheistíocht a mhéadú sa chóitseáil agus díriú ar fheabhsuithe ar chaighdeáin chóitseála ardfheidhmíochta a bhrú chun cinn ar fud na spórt.

### Lúthchleasaithe cumasacha

- Cistiú méadaithe a leithdháileadh chun leas a bhaint as na píblínte lúthchleasaithe cumasacha i spóirt tosaíochta agus chun iad a fhás tuilleadh, ar dá bharr a bheifear in ann seirbhísí tacaíochta lúthchleasaithe níos fearr a sholáthar do lúthchleasaithe cumasacha atá ag teacht chun cinn.
- Aghaidh a thabhairt ar chonairí éadoimhne do lúthchleasaithe cumasacha i bpríomhspóirt.
- Sainaithint a dhéanamh ar na príomhnithe atá taobh thiar de rátaí tiontaithe lúthchleasaithe cumasacha a bhrú chun cinn, á chinntiú go mbeidh córas éifeachtúil againn um acmhainneacht a thiontú ina feidhmíocht (i.e., an trasdul ó lúthchleasaí sóisearach ina lúthchleasaí sinsearach).
- Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar chonairí do lúthchleasaithe cumasacha Parailimpeacha, chun an phíblíne le haghaidh Thimthriall Chluichí Los Angeles a atógáil.

### Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann

- Treisiú leis an dea-dhul chun cinn a rinne Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann le linn Thimthriall Chluichí Thóiceo agus a chinntiú go mbeidh comhoibriú níos dlúithe agus comhordú níos dlúithe ann le linn pleanáil, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chórais ardfheidhmíochta/ar chláir ardfheidhmíochta.

### Cumann Parailimpeach na hÉireann

- Soiléire a chinntiú ar fud an chórais Pharailimpigh ó thaobh ról, sainchúraim agus ceannaireachta de.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna féideartha sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus neart na píblíne a atógáil roimh Thimthriall Chluichí Los Angeles.
- Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann féachaint lena shamhail soláthair seirbhíse a chomhtháthú le hInstitiúid Spórt Éireann, agus samhail Institiúid Spórt Éireann/Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann á húsáid mar theimpléad le haghaidh tuilleadh comhordaithe agus tacaíochta.

### Cumarsáid

- Cláir chomhtháite chumarsáide a bhfuil páirt ag gach príomh-gheallsealbhóir iontu a fhorbairt ar fud an éiceachórais ardfheidhmíochta.
- Treisiú ar fud na tréimhse ullmhúcháin le haghaidh Chluichí Pháras le féiniúlacht agus cultúr Fhoireann Éireann, rud ar tháinig forbairt air le linn Thimthriall Chluichí Thóiceo.
- Próifíl na spórt Oilimpeach/Parailimpeach a ardú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

# Cluichí Thóiceo 2020: An chaoi a raibh siad

**Na torthaí sna Cluichí Oilimpeacha agus Parailimpeacha**

## FOIREANN ÉIREANN: NA CLUICHÍ OILIMPEACHA

**116**
**LÚTHCHLEASAÍ**

**20**
**SPÓRT**

- Ba í sin an fhoireann is mó riamh a sheol Éire chuig Cluichí Oilimpeacha.
- 116 lúthchleasaí ó 18 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta (20 spórt, má scartar Tumadóireacht agus Snámh, agus Raonrothaíocht agus Rothaíocht Bhóthair), líon a bhí níos mó ná an fhoireann is mó roimhe, a bhí comhdhéanta de 81 lúthchleasaí ag Cluichí Londan 1948.
- Bhí an fhoireann 116 lúthchleasaí comhdhéanta de 61 lúthchleasaí fhireanna agus de 55 lúthchleasaí bhaineanna.
- Ba mhó méid na foirne toisc gur cháiligh foirne le haghaidh spóirt fhoireannbhunaithe (i.e., Haca agus Rugbaí Seachtar an Taobh) agus de bharr na straitéise sealaíochta i Snámh.

## FOIREANN ÉIREANN: NA CLUICHÍ PARAILIMPEACHA

**29**
**LÚTHCHLEASAÍ**

**9**
**SPÓRT**

- Bhí an fhoireann comhdhéanta de 29 lúthchleasaí (14 lúthchleasaí fhireanna agus 15 lúthchleasaí bhaineanna).
- Rinneadh ionadaíocht do naoi spórt (a chuimsigh ocht gComhlacht Rialaithe Náisiúnta).
- Ba laghdú é sin ó na 48 mball d'Fhoireann Éireann ag Cluichí Rio 2016.

## Na torthaí sna Cluichí Oilimpeacha

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | SAM | 39 | 41 | 33 | 113 |
| 2 | An tSín | 38 | 32 | 18 | 88 |
| 3 | An tSeapáin | 27 | 14 | 17 | 58 |
| 4 | An Bhreatain Mhór | 22 | 21 | 22 | 65 |
| 13 | An Nua-Shéalainn | 7 | 6 | 7 | 20 |
| 20 | An Iorua | 4 | 2 | 2 | 8 |
| 25 | An Danmhairg | 3 | 4 | 4 | 11 |
| 29 | An Bheilg | 3 | 1 | 3 | 7 |
| **39** | **Éire** | **2** | **0** | **2** | **4** |

- Bhí Éire sa 40 áit is airde i dtábla na mbonn ag an deireadh.
- Ba í sin an rang is airde ó Chluichí Atlanta 1996 (an 28ú háit) agus ó Chluichí Barcelona 1992 (an 33ú háit) i leith.
- Tá níos mó bonn á mbuachan ag tíortha comparadóra ábhartha (sa 30 áit is airde), agus idir seacht mbonn agus 20 bonn á mbuachan acu.

| An Sprioc réamh-Chluichí | Na Torthaí Iarbhír | |
|---|---|---|
| Na 10 nÁit is Airde (líon = 10-15) | An 20 Áit is Airde | 46 |
| | Na 16 Áit is Airde | 35 |
| | Na 10 nÁit is Airde | 20 |
| | Na 8 nÁit is Airde | 13 |
| An Líon Iomlán Áiteanna Póidiam (líon = 3-4) | Cré-umha | 2 |
| | Airgead | 0 |
| | Ór | 2 |
| | An Líon Iomlán Áiteanna Póidiam | 4 |
| Rátaí Tiontaithe (%) | Na 10 nÁit is Airde go hÁiteanna Póidiam | 20% |
| | Na 8 nÁit is Airde go hÁiteanna Póidiam | 31% |

- Bhuaigh Éire ceithre bhonn, líon a bhí ag teacht le spriocanna agus ionchais réamh-Chluichí.
- Bhí seans ann an líon bonn sin a mhéadú, agus dornán 'neasteagmhas' ann ar fud roinnt spórt.
- Chun spriocanna sa todhchaí a chomhlíonadh, beidh sé riachtanach na 'neasteagmhais' sin a thiontú ina mboinn.
- Tá acmhainneacht ann chun Éire a dhéanamh ina tír a bhuann idir seacht mbonn agus deich mbonn san iomlán ar fud roinnt spórt.

## Na torthaí sna Cluichí Parailimpeacha

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An tSín | 96 | 60 | 51 | 207 |
| 2 | An Bhreatain Mhór | 41 | 38 | 45 | 124 |
| 3 | SAM | 37 | 36 | 31 | 104 |
| 4 | Coiste Parailimpeach na Rúise | 36 | 33 | 49 | 118 |
| 21 | An Nua-Shéalainn | 6 | 3 | 3 | 12 |
| 31 | An Bheilg | 4 | 3 | 8 | 15 |
| **32** | **Éire** | **4** | **2** | **1** | **7** |
| 40 | An Danmhairg | 3 | 1 | 1 | 5 |
| 47 | An Iorua | 2 | 0 | 2 | 4 |

- Bhí Éire in áit pas beag lasmuigh den 30 áit is airde i dtábla na mbonn.
- Ba iad cúigear lúthchleasaithe ar fud trí spórt a bhuaigh na seacht mbonn.
- Tháinig laghdú ar ár rangú agus ar ár líon bonn thar an dá Thimthriall dheireanacha.

| An Sprioc réamh-Chluichí | Na Torthaí Iarbhír | |
|---|---|---|
| Na 8 nÁit is Airde (líon = 22-28) | An 20 Áit is Airde | 52 |
| | Na 16 Áit is Airde | 49 |
| | Na 10 nÁit is Airde | 36 |
| | Na 8 nÁit is Airde | 27 |
| An Líon Iomlán Áiteanna Póidiam (líon = 8-10) | Cré-umha | 1 |
| | Airgead | 2 |
| | Ór | 4 |
| | An Líon Iomlán Áiteanna Póidiam | 7 |
| Rátaí Tiontaithe (%) | Na 10 nÁit is Airde go hÁiteanna Póidiam | 19% |
| | Na 8 nÁit is Airde go hÁiteanna Póidiam | 26% |

- Bhí idir mhaith agus olc sna torthaí foriomlána i gcomparáid le hionchais réamh-Chluichí. Bhíothas ag súil leis go mbuafaí idir 8 mbonn agus 10 mbonn (bhí na torthaí iarbhír faoi bhun na sprice) agus bhíothas ag súil leis go mbainfí áit sna 8 nÁit is Airde amach idir 22 uair agus 28 n-uaire (bhí na torthaí iarbhír de réir na sprice).
- B'ionann meánaois na foirne agus 29 mbliana d'aois, beagnach, agus tá gá ann leis an bpíblíne lúthchleasaithe cumasacha a athlíonadh.

# Comparadóirí an Timthrialla Oilimpigh agus an Timthrialla Pharailimpigh

## Comparadóirí an Timthrialla Oilimpigh

### CLUICHÍ LONDAN 2012

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | SAM | 47 | 27 | 30 | 104 |
| 2 | An tSín | 38 | 31 | 22 | 91 |
| 3 | An Bhreatain Mhór | 29 | 18 | 18 | 65 |
| 4 | An Rúis | 20 | 21 | 26 | 67 |
| 14 | An Nua-Shéalainn | 6 | 2 | 5 | 13 |
| 30 | An Danmhairg | 2 | 4 | 3 | 9 |
| 34 | An Iorua | 2 | 1 | 1 | 4 |
| **41** | **Éire** | **1** | **1** | **4** | **6** |
| 64 | An Bheilg | 0 | 1 | 2 | 3 |

### CLUICHÍ RIO 2016

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | SAM | 46 | 37 | 38 | 121 |
| 2 | An Bhreatain Mhór | 27 | 23 | 17 | 67 |
| 3 | An tSín | 25 | 19 | 27 | 71 |
| 4 | An Rúis | 19 | 17 | 20 | 56 |
| 19 | An Nua-Shéalainn | 4 | 9 | 5 | 18 |
| 28 | An Danmhairg | 2 | 6 | 7 | 15 |
| 35 | An Bheilg | 2 | 2 | 2 | 6 |
| **63** | **Éire** | **0** | **2** | **0** | **2** |
| 74 | An Iorua | 0 | 0 | 4 | 4 |

### CLUICHÍ THÓICEO 2020

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | SAM | 39 | 41 | 33 | 113 |
| 2 | An tSín | 38 | 32 | 18 | 88 |
| 3 | An tSeapáin | 27 | 14 | 17 | 58 |
| 4 | An Bhreatain Mhór | 22 | 21 | 22 | 65 |
| 13 | An Nua-Shéalainn | 7 | 6 | 7 | 20 |
| 20 | An Iorua | 4 | 2 | 2 | 8 |
| 25 | An Danmhairg | 3 | 4 | 4 | 11 |
| 29 | An Bheilg | 3 | 1 | 3 | 7 |
| **39** | **Éire** | **2** | **0** | **2** | **4** |

- Tá tíortha comparadóra ag cothabháil nó ag feabhsú a n-aschuir bonn ó Thimthriall go Timthriall.
- Ba cheart rangú sa 30 Áit is Airde a bheith mar sprioc ag Éirinn.

## Comparadóirí an Timthrialla Pharailimpigh

### CLUICHÍ LONDAN 2012

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An tSín | 95 | 71 | 65 | 231 |
| 2 | An Rúis | 36 | 38 | 28 | 102 |
| 3 | An Bhreatain Mhór | 34 | 43 | 43 | 120 |
| 4 | An Úcráin | 32 | 24 | 28 | 54 |
| **19** | **Éire** | **8** | **3** | **5** | **16** |
| 21 | An Nua-Shéalainn | 6 | 7 | 4 | 17 |
| 35 | An Iorua | 3 | 2 | 3 | 8 |
| 36 | An Bheilg | 3 | 1 | 3 | 7 |
| 50 | An Danmhairg | 1 | 0 | 4 | 5 |

### CLUICHÍ RIO 2016

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An tSín | 107 | 81 | 51 | 239 |
| 2 | An Bhreatain Mhór | 64 | 39 | 44 | 147 |
| 3 | An Úcráin | 41 | 37 | 39 | 117 |
| 4 | SAM | 40 | 44 | 31 | 115 |
| 13 | An Nua-Shéalainn | 9 | 5 | 7 | 21 |
| 25 | An Bheilg | 5 | 3 | 3 | 11 |
| **28** | **Éire** | **4** | **4** | **3** | **11** |
| 32 | An Iorua | 3 | 2 | 3 | 8 |
| 51 | An Danmhairg | 1 | 2 | 4 | 7 |

### CLUICHÍ THÓICEO 2020

| Rang | Náisiún | Ór | Airgead | Cré-umha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An tSín | 96 | 60 | 51 | 207 |
| 2 | An Bhreatain Mhór | 41 | 38 | 45 | 124 |
| 3 | SAM | 37 | 36 | 31 | 104 |
| 4 | Coiste Parailimpeach na Rúise | 36 | 33 | 49 | 118 |
| 13 | An Nua-Shéalainn | 6 | 3 | 3 | 12 |
| 20 | An Bheilg | 4 | 3 | 8 | 15 |
| **32** | **Éire** | **4** | **2** | **1** | **7** |
| 40 | An Danmhairg | 3 | 1 | 1 | 5 |
| 47 | An Iorua | 2 | 0 | 2 | 4 |

- Thit an fheidhmíocht sna Cluichí Parailimpeacha sna trí Thimthriall dheireanacha, ó 16 bhonn a bhuachan ag an mbuaic (Cluichí Londan 2012) go seacht mbonn a bhuachan i gCluichí Thóiceo.
- Thit an rangú ón 19ú háit go dtí an 32ú háit freisin.

Náisiúin chomparáideacha:
1) An Bheilg
2) An Danmhairg
3) An Nua-Shéalainn
4) An Iorua

# An Straitéis Ardfheidhmíochta

## Téamaí

### Ár bhfís

> 'Baineann Éire rath póidiam amach go seasta ar an ardán domhanda, agus an náisiún agus na glúnta atá le teacht á spreagadh'.

- Táthar ag leanúint leis an mbonnsraith a leagan le haghaidh fís na Straitéise Ardfheidhmíochta a bhaint amach. Bhí Cluichí Thóiceo 2020 ag teacht leis na hionchais ó thaobh an lín bonn de.
- Tá seans ag roinnt spórt anois boinn a bhuachan agus ba bheag nár bhuaigh dornán spórt boinn amach i gCluichí Thóiceo.
- Chun tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo, áfach, is gá córais feidhmíochta sna spóirt sin a bhrú chun cinn chun a chinntiú go dtiontóidh siad an acmhainneacht le haghaidh boinn a bhuachan ina líon méadaithe bonn i gCluichí Pháras agus i gCluichí Los Angeles.
- Maidir leis na Cluichí Oilimpeacha, is é an sprioc go mbuafadh ceithre spórt nó níos mó boinn agus go méadófaí an líon foriomlán bonn a bhuafaí go líon idir ocht gcinn agus deich gcinn thar an chéad dá Thimthriall eile.
- Maidir leis na Cluichí Oilimpeacha, is é an sprioc go mbuafaí idir 12 bhonn agus 16 bhonn i dTimthriall Chluichí Pháras agus i dTimthriall Chluichí Los Angeles.
- Ba cheart infheistíocht dhírithe i gcórais ardfheidhmíochta a d'fhéadfadh boinn a bhuachan a léiriú i gcinntí infheistíochta thar an gcéad dá Thimthriall eile.

### Ár ndearcadh

> 'Bíonn ár lúthchleasaithe agus na daoine a thacaíonn leo ina gcuid dhílis de gach a ndéanaimid'

- Thóg an córas ardfheidhmíochta céim mhór ar aghaidh ó thaobh an dírithe ar dhaoine de. Tá na lúthchleasaithe go háirithe ina gcuid dhílis den chóras anois.
- Bhí athrú suntasach ann san fhealsúnacht idir Timthriall Chluichí Rio agus Timthriall Chluichí Thóiceo. Deimhnítear an t-aistriú sin san aiseolas ó lúthchleasaithe. Is gá leanúint leis an aistriú sin agus é a threisiú sna Timthriallta atá le teacht.
- Áirítear na nithe seo le roinnt de na gnéithe sonracha ar luaigh lúthchleasaithe iad:
  - Cistiú breise ó Spórt Éireann chun freagairt do na costais mhéadaithe a tabhaíodh de bharr saincheisteanna a bhain le paindéim COVID-19.
  - Tacaíocht chun lúthchleasaithe a thabhairt ar ais i dtimpeallachtaí traenála ardfheidhmíochta nuair a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm.
  - Na socruithe taistil, inar tugadh tús áite do lúthchleasaithe le haghaidh taisteal grád gnó agus inar thaistil 'riarthóirí' i ngrád barainne.
  - An t-imeacht teacht abhaile ar lena linn a ceiliúradh na lúthchleasaithe, na cóitseálaithe agus a dteaghlach tar éis na gCluichí.
  - An feabhas ar chumarsáid, gairmiúlacht Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus na socruithe ginearálta sna campaí coinneála agus i Sráidbhaile Lúthchleasaithe Chluichí Thóiceo.

### Ár straitéis

> 'Is í seo an Straitéis Ardfheidhmíochta ó Spórt Éireann, rud a sholáthrófar i gcomhpháirt leis an mórphobal ardfheidhmíochta'

- Tríd is tríd, fáiltíonn na príomh-ghealllsealbhóirí ar fud an chórais roimh an Straitéis Ardfheidhmíochta.
- Mar sin féin, tá easpa tuisceana ann ar an stádas reatha maidir le cur chun feidhme agus leis an dul chun cinn ar phríomhréimsí ar fud na straitéise.
- Tá a lán geallsealbhóirí laistigh den chóras ag súil leis go n-ailíneofar beartais, pleananna agus cinntí sa todhchaí leis an Straitéis Ardfheidhmíochta, lena n-áirítear infheistíocht acmhainní agus samhlacha cistiúcháin.

- Fáiltítear roimh an ngealltanas a d'fhógair an rialtas go ndéanfaí infheistíocht mhéadaithe sa spórt ardfheidhmíochta, agus ba mhaith le geallsealbhóirí laistigh den chóras a thuiscint conas a dhéanfar í sin a infheistiú/a leithdháileadh ar fud an chórais.
- Tá gá ann le tuilleadh cumarsáide agus ailínithe ar fud an chórais chun a chinntiú go mbeidh sé sin infheicthe do na daoine a bhfuil baint acu leis an gcóras ardfheidhmíochta.
- Tá deis ann le díriú, sainchúram agus struchtúr an Choiste Ardfheidhmíochta a athailíniú chun é sin a bhaint amach agus chun cur chun feidhme na straitéise a bhrú chun cinn ar dhóigh níos práinní.

**Colúin**




* Lena n-áirítear an Rialtas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, institiúidí ardoideachais

## COLÚN STRAITÉISEACH 1: INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA

**Prionsabail**
- Beidh Spórt Éireann uaillmhianach agus leagfaidh sé tosaíochtaí soiléire síos le haghaidh infheistíochta
- Saineofar na critéir le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar spóirt Oilimpeacha agus Pharailimpeacha agus úsáidfear iad chun tacú lenár gcinnteoireacht maidir le samhail níos dírithe infheistíochta
- Tacófar le lúthchleasaithe cumasacha a bhfuil gealladh fúthu i spóirt neamhthosaíochta chun gur féidir leo a gcumas a uasmhéadú

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**
- Sa tréimhse roimh Chluichí Thóiceo, ba gan athrú den chuid is mó a bhí an leithdháileadh cistiúcháin a tairgeadh do spóirt
- Dar leis an tuarascáil ó Portas Consulting: *'níl ag roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta próiseas soiléir sonraithe le haghaidh cinntí infheistíochta a bhaineann le lúthchleasaithe'*
- Toisc mhór taobh thiar de sin is ea nach bhfuil soiléire ann i bhfís atá comhaontaithe ar fud raon leathan geallsealbhóirí

**Moltaí**
- Cur chuige infheistíochta dírithe feidhmíochta a chur chun feidhme agus a chur in iúl (de réir an Phlean Gníomhaíochta don Spórt, a foilsíodh an 29.11.21)
- Déanfaidh Spórt Éireann athbhreithniú tréimhsiúil ar an mbeartú tosaíochta a dhéantar ar an spórt chun dul chun cinn agus athruithe le himeacht ama a léiriú

## COLÚN STRAITÉISEACH 2: FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH

**Prionsabail**

- Soláthróidh an córas ardfheidhmíochta tacaí ar fud na bpointí is tábhachtaí de ghairm an lúthchleasaí nuair a bhíonn na riachtanais seo a leanas aige/aici:
  1) Cóitseáil den chéad scoth, an Scéim Cardála Idirnáisiúnta, cláir scoláireachta, agus tacaíocht ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
  2) Seirbhísí tacaíochta feidhmíochta agus pleanáil trasdula (e.g., ó lúthchleasaí sóisearach ina lúthchleasaí sinsearach)
  3) Pleanáil agus tacaíocht don saol tar éis ghairm an lúthchleasaí
  4) Roghanna déghairme
- Cuirfidh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar chumas na lúthchleasaithe a stíl mhaireachtála feidhmíochta a fhéinbhainistiú agus úinéireacht a ghlacadh ar a n-aistear, le tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Dar leis an tuarascáil ó Portas Consulting: *'le linn an Timthrialla, chomhlíon Institiúid Spórt Éireann ról bunathraithe chun feabhais ar son roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus sholáthair sí acmhainní iontacha lenar éascaíodh traenáil ardfheidhmíochta. Níl sé sin amhlaidh i ngach cás, agus tá tionchar i bhfad níos lú ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá lonnaithe in áiteanna atá níos faide anonn'*
- Ina lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, níltear ag tairiscint aon tacaíochta córasaí soiléire il-Timthrialla do lúthchleasaithe atá i mbéal forbartha, agus níltear ag tosú ar thacaíocht ardfheidhmíochta a thairiscint ach a luaithe a théann lúthchleasaí isteach sa leibhéal sinsir
- Oibríodh ar roinnt de na réimsí sin ón uair a scríobhadh an straitéis i leith. Cé nár luadh iad, is dóigh go mbeidh difear dearfach déanta acu cheana féin nó go ndéanfaidh siad difear dearfach i gCluichí Pháras agus ina ndiaidh, amhail an Scéim Cardála Idirnáisiúnta, roghanna déghairme agus cláir scoláireachta
- Ar an iomlán, baineadh de thátal as na tuairimí ó lúthchleasaithe i dTóiceo go raibh níos mó úinéireachta ag lúthchleasaithe ar a stíl mhaireachtála agus ar a n-aistear, ach bhí éagsúlacht iontu sin ó spórt go spórt agus bhí sé le sonrú i measc lúthchleasaithe Parailimpeacha ina bhfad níos lú cásanna

**Moltaí**

- Leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa réimse seo agus ag tógáil ar an dea-obair ann

## COLÚN STRAITÉISEACH 3: CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH

**Prionsabail**

- Bunchloch an scothspóirt ar fad is ea an chóitseáil
- Is gá cur chuige lúthchleasaí-láraithe a ghlacadh, áit a mbeidh cumarsáid oscailte agus comhroinnt eolais ann idir cóitseálaithe agus soláthraithe tacaíochta
- Gheobhaidh cóitseálaithe cumasacha Éireannacha deiseanna laistigh dár gcóras agus tabharfar tacaíocht dóibh ó thaobh acmhainní teicniúla, meabhrach, fisiciúla agus airgeadais de
- Tá freagracht chomhroinnte ar Aonad Cóitseála Spórt Éireann agus ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta as cóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe ar an leibhéal forbartha agus ar an leibhéal sóisir
- Tá freagracht chomhroinnte ar Institiúid Spórt Éireann agus ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta as tacaíocht a thabhairt do chóitseálaithe de chuid lúthchleasaithe sinsearacha atá chun páirt a ghlacadh i gCluichí Oilimpeacha nó Parailimpeacha
- Oibreoidh ár gcóras de réir caighdeáin den chéad scoth, agus é ag baint leas as saineolas idirnáisiúnta, nuair is cuí, chun seirbhísí cóitseála agus tacaíochta ardfheidhmíochta a bhrú chun cinn
- Soláthrófar tuilleadh acmhainní d'Institiúid Spórt Éireann chun gur féidir léi feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta feidhmíochta do lúthchleasaithe agus chun gur féidir léi tacaíocht níos doimhne a thabhairt do spóirt tosaíochta

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Dar leis an tuarascáil ó Portas Consulting: *'ní ann do go leor ball foirne feidhmíochta agus cóitseála a bhfuil eolas ardfheidhmíochta acu ar conas boinn a bhuachan agus ar conas struchtúir agus córais den chéad scoth a chruthú'*
- Bhí sé soiléir ó na suirbhéanna agus na hagallaimh nach bhfuil an chóitseáil ar chaighdeán leordhóthanach chun buntacú le córas den chéad scoth
- Tugtar faoi deara freisin go ndearnadh roinnt dul chun cinn sa réimse, amhail Treoraí Cóitseála Ardfheidhmíochta a earcú, rud ar dóigh dó difear a dhéanamh do Chluichí Pháras agus ina ndiaidh

**Moladh**

- Tús áite a thabhairt don réimse seo lom láithreach le haghaidh tuilleadh oibre, de réir an Phlean Gníomhaíochta don Spórt

## COLÚN STRAITÉISEACH 4: STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ

**Prionsabail**

- Sainmhíneofar an ardfheidhmíocht laistigh de gach spórt chun a chinntiú go dtuigfidh gach duine i róil cheannaireachta agus rialachais í
- Ní mór cláir ardfheidhmíochta a bheith faoi threoir ag saineolaí agus a bheith faoi réir formhaoirseacht ag Coiste Ardfheidhmíochta nó ag údarás eile toscairí (e.g., Grúpa Comhairleach Ardfheidhmíochta) a chuimsíonn comhaltaí neamhspleácha
- Beidh caighdeáin rialachais i bhfeidhm do gach clár ardfheidhmíochta. Beidh na caighdeáin sin bunaithe ar chéim forbartha/aibíochta an spóirt agus ar struchtúr an spóirt
- Fágann cistiú ilbhliantúil gur féidir pleanáil feidhmíochta a dhéanamh ar bhonn níos fadtéarmaí thar Thimthriallta Oilimpeacha/Parailimpeacha
- Ba cheart cistiú a bheith nasctha le torthaí ardfheidhmíochta a sholáthar
- Cé go bhfuil éagsúlacht ann idir na spóirt dhifriúla maidir leis an gcumas atá acu cistiú seachtrach a chruinniú, ba cheart caitheamh le cláir ardfheidhmíochta amhail is dá mbeadh gnó iontu agus ba cheart an méid sin a léiriú i bpleananna gnó
- Ba cheart an infheistíocht ón rialtas sa spórt ardfheidhmíochta a bheith ag brath ar chistiú meaitseála a fháil ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Tháinig feabhas ar rialachas an spóirt ardfheidhmíochta thar Thimthriall Chluichí Thóiceo, ar lena linn nach bhfacthas an oiread céanna tionchar agus a chonacthas in Rio, agus is ann do chaighdeáin fheabhsaithe go ginearálta ar fud comhlachtaí rialaithe. Dá ainneoin sin, bhí roinnt saincheisteanna ag leanúint ar aghaidh fós. Bhí tionchar dearfach ag gabháil le cur chun feidhme an Chóid Rialachais le bliain anuas, le héagsúlacht mhéadaithe sa chinnteoireacht ar leibhéal an Bhoird, agus le struchtúir ardfheidhmíochta agus saineolas ardfheidhmíochta níos fearr i gcomhlachtaí rialaithe

**Moltaí**

- Leanúint ar aghaidh ag infheistiú sa réimse seo agus ag tógáil ar an dea-obair ann
- Bunaithe ar an gclár 'Black Gold' sa Nua-Shéalainn, scéim a thabhairt isteach le haghaidh maoiniú corparáideach agus daonchairdiúil a mhealladh chun tacú le cláir ardfheidhmíochta na hÉireann, de réir an Phlean Gníomhaíochta don Spórt

## COLÚN STRAITÉISEACH 5: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

**Prionsabail**

- Tá comhoibriú agus ailíniú ar cheann de na príomhphionsabail feidhmíochta sa phlean straitéiseach nua. Tá siad ar cheann de na luachanna a bhuntacaíonn leis an obair ar fad freisin
- Ní mór dúinn deiseanna a chruthú chun gur féidir le hinstitiúidí ardoideachais comhoibriú laistigh den chóras ardfheidhmíochta nuair a bhíonn tiomantas comhroinnte ann chun tacú le lúthchleasaithe agus chun comhinfheistiú i réimse na hardfheidhmíochta. Beidh ag gach ollscoil/coláiste cineálacha difriúla caidreamh laistigh den chóras spóirt ardfheidhmíochta. Mar sin, ba cheart conarthaí ar leith nó comhaontuithe seirbhíse ar leith a dhéanamh idir institiúidí ardoideachais agus Spórt Éireann, á aithint go soiléir conas a fhreastalófar leo ar riachtanais ghnó na n-institiúidí
- Aithnímid go dtéann an fhoghlaim scileanna bunghluaiseachta agus an gnóthú scileanna ar leibhéil forbartha, go háirithe tríd an mbunoideachas agus tríd an meánoideachas, i bhfeidhm go mór ar fhorbairt agus cumas ár lúthchleasaithe níos faide ar aghaidh ar an gconair feidhmíochta

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Bhí méadú sa chomhoibriú ar fud príomh-gheallsealbhóirí le feiceáil fud fad Thimthriall Chluichí Thóiceo
- Ní raibh díriú mór ann le linn Thimthriall Chluichí Thóiceo ar leas a bhaint as institiúidí ardoideachais chun tacú leis an éiceachóras ardfheidhmíochta, ach is féidir é sin a chur chun feidhme thar na Timthriallta atá le teacht

**Moltaí**

- Leanúint ar aghaidh ag forbairt na gcomhaontuithe seirbhíse atá ann cheana idir geallsealbhóirí agus ag tógáil orthu, agus a fhiosrú tuilleadh conas is féidir le hinstitiúidí tríú leibhéal tacaíocht a thabhairt maidir le heolaíocht spóirt agus seirbhísí liachta a sholáthar, le forbairt lúthchleasaithe déghairme, agus le réimsí sonracha eile
- Tógáil ar an gcomhoibriú dearfach ar fud príomh-gheallsealbhóirí chun fíorghrúpaí oibre 'piaraí' a sholáthar
- Teastaíonn pleananna níos fadtéarmaí chun tionchar a sholáthar i scoileanna (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) i bhforbairt croíscileanna daoine óga. Tá sé sin ag tacú leis an bPlean Gníomhaíochta don Spórt, a bhfuil mar aidhm leis *'ráiteas comhdhearcaidh maidir le litearthacht fhisiciúil a fhorbairt agus glacadh na litearthachta fisiciúla a chur chun cinn sa spórt agus sa Chorpoideachas'*

## COLÚN STRAITÉISEACH 6: SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH

**Prionsabail**

- Plean ilspóirt a bheidh sna pleananna saoráidí, a chomhordófar ar bhonn náisiúnta agus a bheidh nasctha le hinstitiúidí ardoideachais
- Beidh saoráidí ardfheidhmíochta inrochtana agus cuimseoidh siad saoráidí cónaithe do lúthchleasaithe, do chóitseálaithe agus do bhaill foirne tacaíochta, etc.
- Déanfar ionaid réigiúnacha ardfheidhmíochta a dhíghlasáil trí chomhoibriú agus beidh siad nasctha le spóirt shonracha
- Baineann ríthábhacht le cistiú caipitil ilbhliantúil do spóirt ardfheidhmíochta atá dian ar threalamh
- Agus saoráidí á bhforbairt, féachfar chuige go seasfaidh siad an aimsir agus cuirfear san áireamh tuairimí na ndaoine a úsáidfidh iad

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Bhí tionchar mór ag Campas Spórt Éireann agus saoráidí Institiúid Spórt Éireann ar na spóirt sin atá lonnaithe iontu sin agus/nó a bhfuil láithreacht shuntasach clár acu ar an gCampas
- Ní raibh an bonneagar réigiúnach chomh forbartha céanna le linn Thimthriall Chluichí Thóiceo

**Moltaí**

- A chinntiú go ndéanfar infheistíocht dhírithe i saoráidí chun saoráidí agus bonneagar den chéad scoth a sholáthar le haghaidh príomhspórt ar fud na tíre
- Tá an clár infheistíochta caipitil ar tí méadú thar an gcéad dá Thimthriall eile, rud a thacóidh leis an réimse seo

## COLÚN STRAITÉISEACH 7: TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT

**Prionsabail**

- Tá deiseanna ag tionscadail taighde agus nuálaíochta luach a chur leis na colúin uile sa straitéis seo, lena n-áirítear Feidhmíocht Lúthchleasaithe, Seirbhísí Cóitseála agus Tacaíochta, Struchtúir Ghnó agus Pleanáil Gnó, Comhpháirtíochtaí, agus Saoráidí
- Trínár gcleachtas a anailísiú i gcónaí agus trí fhoghlaim i gcónaí ó fhoirne agus eagraíochtaí éifeachtacha laistigh dár gcóras agus lasmuigh de araon, cuirfimid leis an eolas atá againn ar na nithe a n-éiríonn leo sa réimse seo
- Tabharfar spreagadh do spóirt ardfheidhmíochta dúshláin feidhmíochta laistigh dá spórt a shainaithint ar mhaithe le ceisteanna taighde a ghiniúint agus a fhorbairt. Cothófar meon na nuálaíochta trí shainaithint a dhéanamh ar shrianta sa chóras agus trí thriail a bhaint as bealaí inar féidir bearnaí feidhmíochta a dhúnadh
- Tabharfaimid tús áite do na tionscadail sin a bhfuil an seans is mó acu dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht lúthchleasaithe agus ar spóirt ina bhfuil cumas againn boinn a bhuachan

**An tionchar a bhí aige sin ar Chluichí Thóiceo**

- Bhí roinnt fianaise ann go raibh tionchar ag taighde agus nuálaíocht ar an bhfeidhmíocht agus na torthaí i gCluichí Thóiceo. Thug Institiúid Spórt Éireann tacaíocht do thaighde a bhaineann le taisteal cianaistir, le straitéisí codlata, le trasdulta Cluichí agus leis an easnamh fuinnimh choibhneasta i spórt (RED-S) agus bhain sí úsáid as an taighde sin. Beidh sé ríthábhachtach go gcuirfear taighde agus nuálaíocht ar fud an chórais ardfheidhmíochta sa todhchaí in iúl do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ábhartha agus do gach geallsealbhóir ábhartha

**Moltaí**

- Díriú go leanúnach ar thionscadail/smaointe nuálaíochta chun gnóthachain feidhmíochta a shainaithint ar fud cláir ardfheidhmíochta

# Achoimre de réir an spóirt (na Cluichí Oilimpeacha)

## Lúthchleasaíocht (Lúthchleasaíocht Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh 27 lúthchleasaí (14 lúthchleasaí fhireanna agus 13 lúthchleasaí bhaineanna)
- Baineadh áit sna 8 nÁit is Airde amach uair amháin (Foireann Ceathrair an Rása Sealaíochta 400 m), baineadh áit sna 16 Áit is Airde amach dhá uair (an 9ú háit agus an 10ú háit) agus baineadh áit sna 24 Áit is Airde amach dhá uair (an 20ú háit agus an 21ú háit)
- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfí áit sna 8 nÁit is Airde amach trí huaire, go mbainfí áit sna 16 Áit is Airde amach trí huaire agus go mbainfí áit sna 24 Áit is Airde amach seacht n-uaire

**Anailís**

- Bhraith na lúthchleasaithe go raibh siad dea-ullmhaithe laistigh dá gcampaí aonair
- Cuireadh bac ar an ullmhúchán de dheasca phaindéim COVID-19 agus de dheasca cinntí a forchuireadh ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta maidir le cáiliú déanach
- Bhí easpa struchtúr acmhainní agus cóitseála ann sa tréimhse roimh na Cluichí
- Bhí éagsúlacht ann i measc geallsealbhóirí sa tuairim ar fheidhmíocht. Chreid roinnt geallsealbhóirí go raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais, agus chreid geallsealbhóirí eile nach raibh an fheidhmíocht ag na Cluichí sásúil
- Tá idir dhúshláin agus dheiseanna ann sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus i struchtúr an chláir

**Moltaí**

1. Struchtúr soiléir cóitseála agus straitéis shoiléir conairí a cheapadh
2. Creat níos soiléire a bhunú le haghaidh tacaíocht do lúthchleasaithe lasmuigh de Champas Spórt Éireann
3. Soiléire a chruthú i gcinntí cistiúcháin atá cuntasach agus trédhearcach

## Badmantan (Badmantan Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Cuireadh amach é sna céimeanna grúpa. Ba é an 15ú háit a rang foriomlán (níor cháiligh ach 14 lúthchleasaí le haghaidh bhabhta na 16 lúthchleasaí deiridh toisc gur tugadh cead do bheirt lúthchleasaithe dul ar aghaidh gan imirt)
- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfeadh sé babhta na 16 lúthchleasaí deiridh amach. Ba í sin an sprioc is uaillmhianaí, áfach

**Anailís**

- Bhí an t-ullmhúchán ar ardchaighdeán agus dírithe ar fheidhmíocht
- Bhí féidearthacht ann é sin a fheabhsú trí speáráil níos déine a dhéanamh
- Ag féachaint do leibhéal taithí an lúthchleasaí, bhí an fheidhmíocht go maith. D'fheidhmigh siad go maith sa dá chluiche freisin
- D'fhreastail an tacaíocht ag na Cluichí ar riachtanais na lúthchleasaithe
- Teastaíonn cistiú breise chun an fheidhmíocht a bhogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile
- Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhoimhneacht na cóitseála intíre

**Moltaí**

1. Treisiú le cáilíocht agus déine na traenála a sholáthraítear do lúthchleasaithe
2. Cur le méid na cóitseála atá ar fáil do lúthchleasaithe
3. Lúthchleasaithe a dhéanamh níos gairmiúla trí spriocdhíriú ar níos mó comórtas idirnáisiúnta agus trí threisiú leis an anailís feidhmíochta

## Dornálaíocht (Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann)

**Toradh**

- Cháiligh seachtar lúthchleasaithe (ceathrar lúthchleasaithe fireanna agus triúr lúthchleasaithe baineanna)
- Buadh dhá bhonn – Bonn Óir in Imeacht Éadrom-mheáchain na mBan agus Bonn Cré-umha in Imeacht Marcmheáchain na bhFear
- Chomh maith leis sin, baineadh an babhta ceathrú ceannais amach uair amháin agus baineadh Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh amach dhá uair

**Anailís**

- D'éirigh leis an ullmhúchán, d'ainneoin roinnt athruithe agus roinnt dúshlán rialachais a tháinig chun cinn laistigh den eagraíocht le linn an Timthrialla. Brúdh chun cinn é le dea-chóitseáil, le saoráidí sármhaithe agus le campaí traenála dea-phleanáilte
- Dea-thoradh ba ea dhá bhonn a bhaint amach ag na Cluichí. D'fhéadfadh nár buadh níos mó bonn de dheasca dornán tarraingtí doilí
- Ní ceangailte leis an gcóras ardfheidhmíochta atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha
- An acmhainneacht chun forbairt cóitseála a leathnú tuilleadh

**Moltaí**

1. Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais lena gcumasaítear conair faoi bhláth do lúthchleasaithe cumasacha, ar conair í atá ceangailte leis an gcóras ardfheidhmíochta (agus leis an trasdul dornálaithe gairmiúla ón gcóras ina dhiaidh sin)
2. Plean soiléir a fhorbairt le haghaidh forbairt cóitseálaithe
3. Leanúint le caidreamh a fhorbairt le Spórt Éireann agus le geallsealbhóirí eile
4. Leanúint le tógáil ar rath an chláir ardfheidhmíochta

## Canúáil (Canúáil Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Shroich sé an babhta leathcheannais agus bhain sé an 15ú háit amach

**Anailís**

- D'éirigh leis an ullmhúchán, agus dea-bhail ar an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí
- Cé gur rath ann féin é an cáiliú, ní raibh feidhmíocht an lúthchleasaí ina léiriú ar an gcumas atá aige dáiríre
- Bhíothas ag súil leis roimh na Cluichí go mbainfeadh sé áit sna 8 nÁit is Airde amach. Ní raibh an toradh chomh maith sin
- Tá acmhainneacht ann chun an chonair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt

**Moltaí**

1. Plean éifeachtach a dhearadh lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna laistigh de dhisciplín an ráibráis
2. Struchtúir thraenála a athbhreithniú chun campaí tráthrialta agus deiseanna tráthrialta le haghaidh comhoibriú a chinntiú
3. Tógáil ar bhonnsraith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta chun an clár a leathnú

## Lámhach Créthargaidí (Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Baineadh an 26ú háit amach

**Anailís**

- D'fhág an cáiliú déanach agus paindéim COVID-19 nach raibh a lán deiseanna traenála ar fáil
- Bhí an fheidhmíocht ag teacht leis an ionchas réamh-Chluichí don lúthchleasaí
- Tá lúthchleasaithe cumasacha ann ach is dúshlán é tacú leo
- Ní thugtar tús áite do dhisciplíní Oilimpeacha sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Moltaí**

1. Treisiú le hacmhainn ardfheidhmíochta na heagraíochta
2. Feabhas a chur ar struchtúir rialachais
3. Conair a chruthú chun a chinntiú go dtacófar go hiomlán le lúthchleasaithe cumasacha lán a gcumais a bhaint amach

## Rothaíocht – Bóthar agus Raon (Rothaíocht Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh seachtar lúthchleasaithe (cúigear lúthchleasaithe fireanna agus beirt lúthchleasaithe bhaineanna)
- Baineadh áit sna 16 Áit is Airde amach ceithre huaire
- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfí áit sna 10 nÁit is Airde amach trí huaire

**Anailís**

- Ní raibh na lúthchleasaithe den tuairim go raibh siad i mbarr a maitheasa ag dul isteach sna Cluichí dóibh
- Ní raibh cultúr ardfheidhmíochta ag gabháil leis na struchtúir chóitseála agus rialachais
- Fuair na lúthchleasaithe dea-thacaíocht ón gclár ardfheidhmíochta agus ó Institiúid Spórt Éireann, ach d'fhéadfadh an clár dul níos faide fós trí theacht ar fhís agus trí phleanáil a dhéanamh
- Bhí siad ar aon intinn sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta gur chúis díomá í an fheidhmíocht ag na Cluichí, de bharr acmhainneacht na lúthchleasaithe agus de bharr an lín lúthchleasaithe a bhí san iomaíocht
- Tá idir dhúshláin agus dheiseanna ann sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus sa soláthar saoráidí sa todhchaí

**Moltaí**

1. Fís shoiléir agus cuspóir soiléir a bhunú le haghaidh cinntí infheistíochta
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir thraenála agus chóitseála an chláir
3. An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athshainiú
4. Cultúr ardfheidhmíochta atá ailínithe le struchtúir rialachais a bhrú chun cinn

## Galf (Galf Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh ceathrar lúthchleasaithe (beirt lúthchleasaithe fhireanna agus beirt lúthchleasaithe bhaineanna)
- Bhain gach duine díobh áit sna 24 Áit is Airde amach, agus áit sna 8 nÁit is Airde bainte amach dhá uair (an 4ú háit in Imeacht na bhFear agus an 7ú háit in Imeacht na mBan)

**Anailís**

- Ós rud é go bhfuil a gcláir feidhmíochta féin ag na lúthchleasaithe, ní raibh páirt lárnach ag an aonad ardfheidhmíochta san ullmhúchán
- D'fheidhmigh na lúthchleasaithe go maith agus ba bheag nár bhuaigh siad boinn
- Déantar lúthchleasaithe 'a thabhairt isteach' sa chlár Oilimpeach
- Tá struchtúir láidre i bhfeidhm sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha (d'fhir agus do mhná araon)

**Moltaí**

1. Féachaint leis an gconair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt ar bhonn leantach
2. Leanúint le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sa trasdul ón leibhéal amaitéarach chuig an leibhéal gairmiúil
3. Tuilleadh feabhais a chur ar an gcaidreamh láidir atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta cheana féin le geallsealbhóirí

## Gleacaíocht (Gleacaíocht Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe (lúthchleasaí fireann amháin agus lúthchleasaí baineann amháin)
- Bhain lúthchleasaí amháin an babhta ceannais amach i gCapall Corr na bhFear (an 7ú háit)

**Anailís**

- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus saoráidí den chéad scoth, clár dea-struchtúrtha agus dea-rialachas mar bhonn agus thaca aige
- Chomhlíon an fheidhmíocht na hionchais, ach bhí féidearthacht ann go mbeadh sí níos fearr fós
- Táthar ag iarraidh acmhainní cóitseála a bhreisiú laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta
- Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha

**Moltaí**

1. Infheistiú i ndaoine agus cóitseálaithe ar féidir leo cabhrú le leas a bhaint as struchtúir láidre an chláir
2. An tacaíocht do lúthchleasaithe a leathnú tuilleadh ar fud an chláir náisiúnta
3. Leanúint leis an téarnamh ó thionchar phaindéim COVID-19 chun an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a thabhairt ar ais chuig na leibhéil roimhe

## Haca (Haca Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh Foireann na mBan
- D'imir an fhoireann cúig chluiche grúpa; bhuaigh sí ceann amháin díobh
- Níor cháiligh an fhoireann amach as na grúpaí agus bhí sí sa 10ú háit ar an iomlán ag an deireadh

**Anailís**

- Baineadh tairbhe as an aistriú chuig samhail leathláraithe, ach chuir paindéim COVID-19 bac ar an ullmhúchán
- Ní raibh an fhoireann in ann an fheidhmíocht a chonacthas in imeachtaí roimhe a bhaint amach
- Níl an chonair do lúthchleasaithe cumasacha ag oibriú ar leibhéal barrmhaith faoi láthair

**Moltaí**

1. Aghaidh a thabhairt ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha chun go mbeidh ailíniú ann idir an leibhéal óige agus an leibhéal sinsir
2. Plean fadtéarmach atá soiléir agus trédhearcach a bhunú le haghaidh struchtúr an chláir
3. A chinntiú go dtiocfaidh ardfheidhmíocht as an tacaíocht a thugtar do lúthchleasaithe

## Eachaíocht – Seómharcaíocht, Seóléimneach agus Dreasáiste (Eachspórt Éireann)

**Toradh**

- Naoi gcáiliú – seachtar marcach aonair (cúigear marcach fireann agus beirt mharcach bhaineanna) agus dhá fhoireann
- Baineadh áit sna 24 Áit is Airde amach cúig huaire, baineadh áit sna 16 Áit is Airde amach ceithre huaire agus baineadh áit sna 8 nÁit is Airde amach dhá uair

**Anailís**

- Chuir an líon beag comórtas bac ar an ullmhúchán, ach bhí bail measartha maith ar struchtúir ardfheidhmíochta sa tréimhse roimh na Cluichí
- Níor comhlíonadh na hionchais ar fud na ndisciplíní toisc nár fheidhmigh na marcaigh agus na capaill go maith ar an lá agus de dheasca mí-áidh
- Deacracht don chlár a bhí, agus atá, i gcapaill den chéad scoth a mhealladh agus a choinneáil

**Moltaí**

1. Réitigh a fhorbairt lena mealltar capaill ardchaighdeáin chuig an gclár
2. Tús áite a thabhairt do chomórtais do mharcaigh
3. Institiúid Spórt Éireann a leabú isteach sna cláir
4. Acmhainn oibriúcháin agus tacaíocht oibriúcháin a neartú

## Júdó (Cumann Júdó na hÉireann)

**Toradh**

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe (lúthchleasaí fireann amháin agus lúthchleasaí baineann amháin)
- Chaill an bheirt acu i mBabhta an 32 Lúthchleasaí Deiridh, agus bhain siad an 17ú háit amach

**Anailís**

- Níorbh fhéidir leis an gclár níos mó a dhéanamh chun iad a ullmhú, d'ainneoin an mhí-áidh a bhain le gortú agus le paindéim COVID-19
- Níor baineadh amach an méid a raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag súil leis, ach bhí tionchar ag easnaimh bheaga agus ag gortú (roimh na Cluichí) ina leith sin
- Tá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha ann ach níl sí ag oibriú ar dhóigh inbhuanaithe. Cúis pháirteach leis sin is ea an easpa doimhneachta atá ann sa chóitseáil

**Moltaí**

1. An acmhainn cóitseála a neartú chun cabhrú le hinbhuanaitheacht na struchtúr cóitseála a mhéadú
2. Obair a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh conair shoiléir do lúthchleasaithe cumasacha ann sa chóras
3. Struchtúr soiléir cláir a bhfuil comórtais idirnáisiúnta ina gcuid dhílis de a cheapadh

## Nuapheantatlan (Peantatlan Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe (lúthchleasaí fireann amháin agus lúthchleasaí baineann amháin); chuaigh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí baineann) san iomaíocht agus bhí ar an lúthchleasaí eile tarraingt siar roimh na Cluichí de dheasca gortaithe
- Baineadh an 24ú háit amach. Bhí an-mhí-ádh uirthi san imeacht Seóléimní, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an áit a bhain sí amach agus í san iomaíocht le haghaidh bonn a bhuachan (bhí sí sa 4ú háit roimh an imeacht Seóléimní)

**Anailís**

- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus cóitseáil shármhaith agus pleanáil shármhaith mar chuid de
- Bhí an lúthchleasaí sa 4ú háit roimh an imeacht Seóléimní, ar imeacht é a chuir bac ar a seans chun bonn a bhuachan de dheasca fadhbanna leis an gcapall
- Léargais maidir le lúthchleasaithe cumasacha, le struchtúir chóitseála sa todhchaí agus le hathruithe ar an gclár
- Is gá an chéad ghlúin eile de lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt

**Moltaí**

1. Cóitseálaí forbartha a fhostú chun cabhrú le lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt agus chun solúbthacht a mhéadú
2. A chinntiú go mbeidh plean soiléir i bhfeidhm le haghaidh ról an Stiúrthóra Feidhmíochta agus le haghaidh conas is féidir príomhchóitseálaithe eile a choinneáil
3. Leas a bhaint as an eolas laistigh den chlár chun leanúint le lúthchleasaithe cumasacha den chéad scoth a chruthú

## Rámhaíocht (Rámhaíocht Éireann)

**Toradh**

- Sé cháiliú – 13 lúthchleasaí (ceathrar lúthchleasaithe fireanna agus naonúr lúthchleasaithe baineanna) ar fud sé bhád
- Buadh dhá bhonn – Bonn Óir in Imeacht Céaslaire Beirte Éadrom-mheáchain agus Bonn Cré-umha in Imeacht Ceathrair Éadrom-mheáchain na mBan
- Baineadh áit sa 12 Áit is Airde amach sé huaire

**Anailís**

- D'éirigh leis an ullmhúchán, agus dea-bhail ar na lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí
- Bhí na campaí traenála éifeachtach ach bhí siad mar chúis le roinnt fadhbanna ó thaobh leas na lúthchleasaithe de
- Ba shármhaith a bhí caighdeán na gcóitseálaithe
- Ba chúis áthais í an fheidhmíocht ag na Cluichí ach ní raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta lánsásta léi
- Bhí an tacaíocht go maith ach tá réimsí le haghaidh feabhais sa todhchaí ann
- Tá dea-bhail ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha
- Níltear ar aon intinn faoi conas ba cheart idirghníomhú leis na meáin le linn na gCluichí

**Moltaí**

1. Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chuireann bac ar dhíriú ar fheidhmíocht amháin laistigh den chlár
2. Feabhas a chur ar an gcaidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann
3. Conair agus córas láidir cóitseála intíre a fhorbairt

## Rugbaí Seachtar an Taobh (Cumann Rugbaí na hÉireann)

**Toradh**
- Cháiligh Foireann na bhFear
- D'imir an fhoireann trí chluiche grúpa; bhuaigh sí ceann amháin díobh
- Níor cháiligh an fhoireann amach as an gcéim grúpa agus bhí sí sa 10ú háit tar éis na gcluichí réitithe le haghaidh áiteanna ón 9ú háit go dtí an 12ú háit

**Anailís**
- Chuir an cáiliú déanach agus an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar Shraithchomórtas an Domhain bac ar an ullmhúchán
- Dhéileáil an clár leis na fadhbanna sin go maith
- Níor fheidhmigh an fhoireann de réir lán a cumais
- Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha
- Cuireann an éiginnteacht faoi thodhchaí an phróisis cáiliúcháin teorainn leis an gcumas chun pleananna fadtéarmacha a dhéanamh

**Moltaí**
1. Leanúint le caidreamh láidir a fhorbairt le Spórt Éireann
2. Tógáil ar struchtúr na conaire chun a chinntiú go mbeidh imreoirí ardchaighdeáin á dtabhairt isteach sa chlár
3. Tacú le cóitseálaithe intíre a fhorbairt agus le hoiliúint a chur orthu
4. Measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta a neartú chun dul i bhfeidhm ar chinntí maidir le comórtais/le cáiliú

## Seoltóireacht (Cumann Seoltóireachta na hÉireann)

**Toradh**
- Dhá cháiliú – triúr lúthchleasaithe (beirt lúthchleasaithe fhireanna agus lúthchleasaí baineann amháin) ar fud dhá bhád
- Baineadh an 18ú háit amach san imeacht do bháid Léasair Ghathaigh agus baineadh an 13ú háit amach san imeacht do bháid 49er

**Anailís**
- Bhí an t-ullmhúchán go maith, agus ardchaighdeán cóitseála agus saoráidí mar bhonn agus thaca aige
- Bhí feidhmíocht láidir ag na struchtúir ardfheidhmíochta agus rialachais
- Bhí idir mhaith agus olc i bhfeidhmíocht an dá bhád ag na Cluichí. Thaispeáin an bád 49er go bhfuil an-ghealladh faoi don todhchaí
- Ní iomlán atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus tá sí easnamhach i roinnt réimsí
- Níl go leor doimhneachta ná forbartha ann ó thaobh na cóitseála de

**Moltaí**
1. Conair cóitseála a fhorbairt a chabhraíonn le cóitseálaithe den chéad scoth a chruthú
2. An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athchruthú ar dhóigh inbhuanaithe
3. Sruthanna ioncaim mhalartaigh a neartú agus leas a bhaint as an gcistiú ilbhliantúil atá ag teacht isteach

## Snámh agus Tumadóireacht (Cumann Snámha na hÉireann)

**Toradh**
- Snámh: cháiligh seachtar lúthchleasaithe aonair (ceathrar lúthchleasaithe fireanna agus triúr lúthchleasaithe baineanna) agus foireann sealaíochta amháin (foireann na bhfear); Tumadóireacht: cháiligh beirt lúthchleasaithe aonair (lúthchleasaí fireann amháin agus lúthchleasaí baineann amháin)
- Comhlíonadh na spriocanna cáiliúcháin don snámh agus don tumadóireacht araon
- Sroicheadh an babhta ceannais snámha den céad uair le 25 bliana anuas (Snámh Brollaigh 100 m na mBan) agus baineadh áit sna 16 Áit is Airde amach ceithre huaire
- Níor baineadh amach na spriocanna go mbainfeadh na lúthchleasaithe an fheidhmíocht is fearr ina saol amach

**Anailís**

- D'ainneoin roinnt dúshlán, d'éirigh go geal leis an ullmhúchán
- D'fheidhmigh cóitseálaithe agus struchtúir rialachais go láidir, agus rannchuidigh dea-phleanáil laistigh den chlár le dea-ullmhúchán
- B'fhearr an fheidhmíocht ag na Cluichí ná na hionchais agus bhí sí ar fheabhas; sroicheadh an babhta ceannais sa snámh den chéad uair le 25 bliana anuas
- Scóip chun cáilíocht na cóitseála a neartú lasmuigh d'Ionaid Náisiúnta
- Ní mór don tumadóireacht bunstruchtúir a chur chun feidhme chun go mbeidh seans ann go n-éireoidh leis an straitéis
- Eispéireas an-difriúil ar fad a bhí i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo
- An chéad tumadóir baineann riamh dá chuid a cháiligh le haghaidh Cluichí Oilimpeacha

**Moltaí**

1. Tógáil ar na struchtúir láidre chun móiminteam a ghnóthú agus chun éirí níos gairmiúla
2. Leanúint le spriocdhíriú ar chóitseálaithe ó áiteanna lasmuigh de na hIonaid Náisiúnta agus le huasoiliúint a chur orthu

## Taekwondo (Taekwondo Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Baineadh an 11ú háit amach
- Mheas sé go raibh mí-ádh air gur cuireadh amach é i gcoimhlint nach raibh mórán eatarthu inti

**Anailís**

- Bhí an t-ullmhúchán chomh maith agus ab fhéidir, go háirithe de bharr an ghanntanais acmhainní atá ag an gclár
- Ba chúis díomá í an fheidhmíocht sa chéad bhabhta agus níl sí ina léiriú cruinn ar chumas an lúthchleasaí
- Ba é an t-ionchas réamh-Chluichí ná go bhféadfaí bonn a bhuachan, rud nár tharla
- Tá acmhainneacht ann laistigh den chonair do lúthchleasaithe cumasacha, ach is dúshlán don chlár é tacaíocht a thabhairt dá lúthchleasaithe uile

**Moltaí**

1. Aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainní cóitseála chun a chinntiú go gcruthófar clár inbhuanaithe
2. A chinntiú go mbeidh bunstruchtúir ardfheidhmíochta i bhfeidhm
3. Conair do lúthchleasaithe cumasacha a chruthú, ar conair í a thacaíonn leis na lúthchleasaithe ardacmhainne sa chóras ar dhóigh oiriúnach

## Trí-atlan (Trí-atlan Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe (lúthchleasaí fireann amháin agus lúthchleasaí baineann amháin)
- Baineadh an 23ú háit (an lúthchleasaí baineann) agus an 48ú háit (an lúthchleasaí fireann) amach

**Anailís**

- Chuir cinntí ó World Triathlon bac ar an ullmhúchán, rud ba chúis le barraíocht iomaíochta do dhuine amháin de na lúthchleasaithe
- Ní raibh smacht iomlán ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar ullmhúcháin an lúthchleasaí eile
- Tríd is tríd, d'fheidhmigh an bheirt lúthchleasaithe de réir na n-ionchas, ag féachaint dá leibhéil ullmhúcháin
- Is eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta conas lúthchleasaithe a cháiliú le haghaidh na gCluichí
- D'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gconair do lúthchleasaithe

**Moltaí**

1. A chinntiú go mbeidh plean soiléir ann le haghaidh threo agus struchtúr an chláir
2. Struchtúir shoiléire ardfheidhmíochta a chruthú
3. Cultúr foirne atá níos comhtháite agus níos comhoibríche a chruthú
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais chonaire do lúthchleasaithe cumasacha

# Achoimre de réir an spóirt (na Cluichí Parailimpeacha)

## Parabhoghdóireacht (Boghdóireacht Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí baineann)
- Cháiligh sí don dara babhta agus bhí sí sa 9ú háit ag deireadh na gCluichí
- Is lúthchleasaí ionchasach do Chluichí Pháras í agus d'fhéadfadh sí áit póidiam a bhaint amach sa bhliain 2024 dá dtabharfaí na tacaí cearta di

**Anailís**

- D'imir paindéim COVID-19 drochthionchar ar an ullmhúchán toisc nach raibh stádas scoth-lúthchleasaí ag an lúthchleasaí agus, mar sin de, ba theoranta a bhí an rannpháirtíocht i gcomórtais sa tréimhse roimh na Cluichí
- Ní mheastar boghdóireacht a bheith ina spórt ardfheidhmíochta agus, dá bhrí sin, ní raibh ach méid an-bheag cistiúcháin ann agus bhí tacaíocht nirt agus riochtaithe in easnamh ar an lúthchleasaí
- Ba dhearfach a bhí an t-eispéireas sa champa coinneála agus sna Cluichí, cé nach raibh aon raon lasmuigh ar fáil ag an gcampa coinneála
- Teastaíonn níos mó soiléire maidir le róil laistigh den chlár

**Moltaí**

1. Fochoiste Parabhoghdóireachta a bhunú laistigh de Bhoghdóireacht Éireann
2. A chinntiú go mbeidh níos mó soiléire ann maidir leis na róil faoi seach atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, ag Spórt Éireann agus ag Cumann Parailimpeach na hÉireann i ndáil leis an gclár, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an meabhrán tuisceana idir páirtithe
3. Soiléire a thabhairt maidir leis na deiseanna atá ann le haghaidh seirbhísí agus tacaí do lúthchleasaithe a rochtain
4. Clár a bhunú le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt
5. Breithniú a dhéanamh ar chomhpháirt boghdóireachta míchumais a chur ar áireamh i gclár oideachais cóitseálaithe
6. A chinntiú go mbeidh saoráidí raoin lasmuigh ar fáil sa champa coinneála le haghaidh Chluichí Pháras

## Parachanúáil (Canúáil Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Chuaigh sé san iomaíocht in dhá imeacht: imeachtaí ráibe 200 m KL3 agus VL3
- Ba iad na hionchais réamh-Chluichí ná go sroichfí babhta ceannais A in imeacht KL3 agus go bhféadfadh go mbainfí áit póidiam amach in imeacht VL3
- Ní raibh na torthaí deiridh chomh maith agus mar a bhíothas ag súil leis: an chéad áit i mBabhta Ceannais B in imeacht KL3 (an 9ú háit ar an iomlán) agus an 5ú háit i mBabhta Ceannais A in imeacht VL3

**Anailís**

- Is teoranta atá na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil don lúthchleasaí toisc nach bhfuil sé ag cur faoi i mBaile Átha Cliath, cé gurb amhlaidh a rinne para-lúthchleasaithe ó spóirt eile nach bhfuil ag cur fúthu i mBaile Átha Cliath rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta trí Institiúid Spórt Éireann
- Oibríonn an cóitseálaí agus an lúthchleasaí go neamhspleách ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta den chuid is mó
- Ba shaincheaptha a bhí socruithe an champa coinneála agus d'éirigh leo
- Bhí laghdú ann sna roghanna ullmhúcháin de dheasca shrianta phaindéim COVID-19

**Moltaí**

1. A shoiléiriú cé atá freagrach as tacaíocht a thabhairt do Pharachanúáil
2. Parachanúáil a chur ar áireamh i bplean ardfheidhmíochta an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
3. Cur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt i leith lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt
4. Leas a bhaint as an eolas atá ag lúthchleasaithe agus cóitseálaithe reatha chun feasacht a mhúscailt ar na riachtanais atá ag parachanúálaithe

## Pararothaíocht – Bóthar agus Raon (Rothaíocht Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh seachtar lúthchleasaithe (ceathrar lúthchleasaithe fireanna agus triúr lúthchleasaithe baineanna)
- Buadh ceithre bhonn – Boinn Óir i Rás Bóthair Tandaim B na mBan agus i dTriail Ama Bóthair Tandaim B na mBan, Bonn Airgid i dTóraíocht Aonair Tandaim B na mBan agus Bonn Cré-umha i dTriail Ama H5 d'Fhir
- Rinne feidhmíocht na foirne ionchais réamh-Chluichí a chomhlíonadh nó a shárú

**Anailís**

- Cistíodh lúthchleasaithe go maith faoi Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann
- Bainistíonn Rothaíocht Éireann an clár Pararothaíochta ó thaobh an oibriúcháin de, agus baineann sé tairbhe as struchtúir, tacaí agus próisis ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
- B'ard a bhí cáilíocht na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil do lúthchleasaithe, cé go mbíonn para-lúthchleasaithe ag brath ar an bhfáil ar bhaill foirne tacaíochta ad hoc de chuid Rothaíocht Éireann a íoctar ar ráta lae
- Ba dhearfach a bhí na campaí traenála, agus ba i suíomh agus timpeallacht ardfheidhmíochta a thraenáil na lúthchleasaithe
- Ba iad fadhbanna soláthraithe trealaimh ba chúis le roinnt deacrachtaí

**Moltaí**

1. Fiosrú a dhéanamh ar an rogha a bhaineann le seirbhísí tacaíochta tiomnaithe a sholáthar don chlár Pararothaíochta (in ionad a bheith ag brath ar chonraitheoirí ad hoc a íoctar ar ráta lae)
2. An caidreamh le struchtúir cheannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann a shoiléiriú mar thaca leis an gclár
3. Acmhainní a sholáthar le haghaidh na conaire do lúthchleasaithe cumasacha le haghaidh Pararothaíochta

## Paraidhreasáiste (Eachspórt Éireann)

**Toradh**

- Cúig cháiliú – ceathrar marcach aonair (marcach fireann amháin agus triúr marcach baineann) agus foireann amháin
- Bhain gach duine de na marcaigh áit sna 18 nÁit is Airde amach (agus na torthaí sa raon idir an 12ú háit agus an 18ú háit)
- Bhí na leibhéil feidhmíochta faoi bhun na n-ionchas réamh-Chluichí (ba iad na hionchais go mbainfí áit póidiam amach uair amháin agus go mbainfí áit sna 8 nÁit is Airde amach trí huaire)
- Táthar dóchasach faoi Thimthriall Chluichí Pháras

**Anailís**

- Ní raibh ach méid teoranta cistiúcháin ar fáil agus bhí ar lúthchleasaithe costais traenála agus chomórtais a sheasamh óna n-acmhainní féin
- Tháinig fadhbanna chun cinn san ullmhúchán toisc plean oibriúcháin a bheith in easnamh sa tréimhse roimh na Cluichí
- B'ábhar struis agus achrainn do na lúthchleasaithe é an próiseas roghnúcháin
- Bhí easpa soiléire ann maidir leis an bhfáil ar sheirbhísí tacaíochta do lúthchleasaithe
- Chonacthas teannas laistigh den fhoireann le linn na gCluichí

**Moltaí**

1. Comhaontú láidir lúthchleasaithe a chur i bhfeidhm ina leagfar amach go soiléir na hiompraíochtaí agus na caighdeáin atá i gceist le cultúr ardfheidhmíochta
2. Infheictheacht an bhuiséid a mhéadú chun cabhrú le pleanáil mheántéarmach agus fhadtéarmach
3. Breithniú a dhéanamh ar chaidreamh níos dlúithe a chothú idir cláir Oilimpeacha agus Pharailimpeacha chun a chinntiú go gcomhroinnfear na nithe arna bhfoghlaim
4. Spriocanna straitéiseacha a shocrú le haghaidh an chláir agus pleanáil dá réir
5. A chinntiú go mbeidh tuilleadh comhoibrithe ann idir traenálaithe pearsanta na lúthchleasaithe agus an Stiúrthóir Feidhmíochta

## Parai-thréantógáil Meáchan (Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - Spórt)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí baineann)
- Bhí sí sa 7ú háit ag na Cluichí
- Bhain sí a sáriarracht phearsanta amach

**Anailís**

- Ní aithnítear Parai-thréantógáil Meáchan a bheith ina spórt ardfheidhmíochta agus déanann sé sin difear don chistiú agus do na seirbhísí tacaíochta a thugtar dó
- Chuaigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta i gceannas ar chéim an cháiliúcháin agus ar chéim an ullmhúcháin
- Ba dhearfach a bhí an campa coinneála, cé go raibh roinnt fadhbanna ann maidir le trealamh sonrach a sholáthar
- Níor fhreastail cáilíocht agus leithdháileadh na bhfeisteas ar na riachtanais
- Luadh gurbh fhadhb fhéideartha í an easpa caidrimh le soláthraithe tacaíochta roimh na Cluichí
- Eispéireas maith ar an iomlán ba ea an t-eispéireas sna Cluichí

**Moltaí**

1. Breithniú a dhéanamh ar Pharai-thréantógáil Meáchan a aistriú ina córas ardfheidhmíochta
2. Fiosrú a dhéanamh ar Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann a chomhtháthú tuilleadh isteach i gcóras feidhmíochta Spórt Éireann
3. Fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann le Lúthchleasaithe Parailimpeacha a aistriú isteach i róil chóitseála
4. Feabhas a chur ar phleanáil feidhmíochta agus ar sheirbhísí tacaíochta
5. Deiseanna oiliúna a shainaithint le haghaidh croíbhaill foirne feidhmíochta agus riaracháin de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann

## Para-lúthchleasaíocht (Cumann Parailimpeach na hÉireann)

**Toradh**

- Cháiligh ochtar lúthchleasaithe (ceathrar lúthchleasaithe fireanna agus ceathrar lúthchleasaithe baineanna)
- Buadh bonn amháin – Bonn óir i rás 100 m T13 na bhFear. Bhain na lúthchleasaithe eile áiteanna idir an 5ú háit agus an 13ú háit amach
- Ní raibh feidhmíocht fhoriomlán na foirne chomh maith agus ab fhéidir. Ní dhearna ach triúr lúthchleasaithe na hionchais réamh-Chluichí a chomhlíonadh nó a shárú
- Tá ag méadú ar chaighdeán na Para-lúthchleasaíochta ar fud an domhain agus tá sí ag éirí níos iomaíche i ngach Timthriall

**Anailís**

- Bhí tionchar phaindéim COVID-19 mar chúis le deacrachtaí ullmhúcháin sa tréimhse roimh na Cluichí
- Bhí roinnt fadhbanna pleanála agus cumarsáide ann laistigh den chlár, agus easpa soiléire ann in amanna maidir le róil
- Luadh go bhfuil an clár 'faoi stiúir ina n-aonar' ag lúthchleasaithe, rud a oireann do lúthchleasaithe a bhfuil a lán taithí acu ach nach n-oireann i ngach cás do lúthchleasaithe óga nach bhfuil an oiread sin taithí acu
- Bhí socruithe an champa coinneála go maith. Dá ainneoin sin, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl faoi mheon aigne traenála, ullmhúcháin agus ardfheidhmíochta na lúthchleasaithe le linn an champa coinneála
- Luadh go raibh na seirbhísí tacaíochta ina seirbhísí ad hoc in amanna

**Moltaí**

1. A chinntiú go mbeidh soiléire ann maidir le ról an Stiúrthóra Feidhmíochta i ndáil le Para-lúthchleasaíocht
2. Breithniú a dhéanamh ar an bhfreagracht as an gclár a aistriú chuig Lúthchleasaíocht Éireann
3. Pleanáil mhionsonraithe feidhmíochta agus soiléire cuntasachta idir Para-lúthchleasaíocht agus Cumann Parailimpeach na hÉireann a chur chun feidhme
4. A chinntiú go mbeidh soiléire ann maidir le róil agus freagrachtaí gach baill foirne
5. Breithniú a dhéanamh ar chomhaontú foirmiúil a dhéanamh le hInstitiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann de bharr an lín lúthchleasaithe atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann

## Parashnámh (Cumann Parailimpeach na hÉireann)

**Toradh**

- Cháiligh cúigear lúthchleasaithe (beirt lúthchleasaithe fhireanna agus triúr lúthchleasaithe baineanna)
- Buadh dhá bhonn – Bonn Óir i Snámh Brollaigh 100 m SB8 do Mhná agus Bonn Airgid i Snámh Féileacáin 50 m S6 do Mhná
- Bhain 11 snámh áit sna 8 nÁit is Airde amach
- B'fhearr feidhmíocht fhoriomlán na foirne ná na hionchais réamh-Chluichí

**Anailís**

- Bhí an fhoireann dea-ullmhaithe agus réidh le feidhmiú, agus foireann cóitseála a bhfuil a lán taithí aici i bhfeidhm
- Ba dhea-struchtúrtha a bhí an phleanáil feidhmíochta ar fud an Timthrialla agus rannchuidigh sí ar dhóigh dhearfach leis an bhfeidhmíocht
- Bhí lúthchleasaithe in ann traenáil san Ionad Náisiúnta Uisce le linn shrianta COVID-19
- Glacadh cur chuige a bhí saincheaptha don duine aonair chun an t-ullmhúchán do gach lúthchleasaí a bharrfheabhsú
- Bhí an-mheas ar sheirbhísí tacaíochta, cé gur aithníodh go bhfuil gá ann le níos mó saineolais atá sonrach don pharaspórt
- Ba dhearfach a bhí an t-eispéireas foriomlán sna Cluichí

**Moltaí**

1. Soiléire a thabhairt maidir le ról gach duine atá páirteach a chlár
2. Aghaidh a thabhairt ar fholúntais sa soláthar foirne don chlár, agus athbhreithniú a dhéanamh go háirithe ar ról an Phríomhchóitseálaí chun go mbeidh ról níos teagmhálaí ag an duine sin i ngnáthoibríochtaí laethúla an spóirt
3. Breithniú a dhéanamh ar fhreagrachtaí as ardfheidhmíocht a aistriú chuig Cumann Snámha na hÉireann
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na heagraíochta agus ar an eolas agus an saineolas atá ag soláthraí seirbhísí tacaíochta ar fud an chláir
5. Spriocdhíriú go straitéiseach ar aicmithe in imeachtaí atá sainaitheanta mar imeachtaí a bhféadfaí boinn a bhuachan iontu san fhadtéarma
6. Na conairí le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt a chur ar bhonn foirmiúil
7. Athbhreithniú a dhéanamh ar chóitseáil agus ar fhorbairt cóitseálaithe i bParashnámh

## Paralámhach Targaidí (Lámhach Targaidí Éireann)

**Toradh**

- Cháiligh lúthchleasaí amháin (lúthchleasaí fireann)
- Chuaigh sé san iomaíocht i dtrí imeacht agus bhain sé an 14ú háit, an 15ú háit agus an 21ú háit amach sna trí imeacht
- Ní raibh an fheidhmíocht chomh maith leis na hionchais réamh-Chluichí

**Anailís**

- Bhí an t-ullmhúchán chomh maith agus ab fhéidir, ag féachaint do shrianta COVID-19 agus do na saincheisteanna a bhain leo
- Ní aithnítear Paralámhach Targaidí a bheith ina spórt ardfheidhmíochta agus, dá bhrí sin, níl ach méid teoranta cistiúcháin ar fáil
- D'fhág cineál scaipthe na ndaoine aonair (bhí an lúthchleasaí lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, bhí an cóitseálaí lonnaithe sna Stáit Aontaithe) go raibh dínasc ó Chumann Parailimpeach na hÉireann ann go pointe éigin
- Rinne an easpa tacaíochta airgeadais difear mór sa tréimhse roimh na Cluichí don chlár traenála agus comórtais
- Bhí roinnt mearbhaill ann faoin gcumas chun tacaí agus seirbhísí a rochtain
- Tarraingíodh saincheisteanna feistis anuas ó thaobh na cáilíochta agus na hoiriúnachta de
- Ní raibh an t-eispéireas sna Cluichí ina eispéireas dearfach don lúthchleasaí agus don chóitseálaí

**Moltaí**

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh oibre idir Lámhach Targaidí Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann
2. Breithniú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir tacú le forbairt ardfheidhmíochta an lámhaigh targaidí
3. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar Lámhach Targaidí Éireann a aithint mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta
4. Pleanáil mhionsonraithe feidhmíochta agus pleananna mionsonraithe cistiúcháin a fhorbairt ar fud an Timthrialla
5. Soiléire a thabhairt maidir leis na critéir incháilitheachta le haghaidh cistiúcháin agus tacaíochta
6. Breithniú a dhéanamh ar an oiliúint sna meáin a fheabhsú ar fud Chumann Parailimpeach na hÉireann

# Anailís ar chomparadóirí idirnáisiúnta

## Na ranguithe ó Chluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Rang | Éire | An Nua-Shéalainn | An Danmhairg | An Iorua | An Bheilg |
|---|---|---|---|---|---|
| An Líon Bonn/an tUalú (Oifigiúil) | 39 | 13 | 25 | 20 | 29 |
| Iomlán na mBonn | 47 | 13 | 23 | 29 | 33 |
| An Líon Bonn Óir | 34 | 11 | 22 | 17 | 22 |
| An Líon Bonn per Capita | 30 | 5 | 13 | 17 | 37 |
| An Líon Bonn Óir per Capita | 21 | 4 | 18 | 9 | 27 |
| An Scór Boinn Ualaithe per Capita | 28 | 4 | 14 | 15 | 31 |
| An Scór Boinn Ualaithe de réir OTI | 77 | 22 | 41 | 44 | 62 |
| An rang meánach | 39 | 10 | 22 | 22 | 34 |
| An rang airmheánach | 34 | 11 | 22 | 17 | 31 |

Tabhair faoi deara: Glas = an rangú is fearr; dearg = an rangú is measa

- Tá ranguithe na hÉireann níos ísle ná ranguithe na náisiún comparadóra
- Sa chuid is mó de chatagóirí, tá Éire idir an 30ú háit agus an 50ú háit sna ranguithe

## Na ranguithe ó Chluichí Parailimpeacha Thóiceo


| Rang | Éire | An Nua-Shéalainn | An Danmhairg | An Iorua | An Bheilg |
|---|---|---|---|---|---|
| An Líon Bonn/an tUalú (Oifigiúil) | 32 | 21 | 40 | 47 | 31 |
| Iomlán na mBonn | 41 | 28 | 50 | 57 | 25 |
| An Líon Bonn Óir | 28 | 21 | 37 | 41 | 28 |
| An Líon Bonn per Capita | 14 | 4 | 25 | 34 | 15 |
| An Líon Bonn Óir per Capita | 8 | 3 | 14 | 16 | 19 |
| An Scór Boinn Ualaithe per Capita | 11 | 3 | 15 | 23 | 14 |
| An Scór Boinn Ualaithe de réir OTI | 48 | 23 | 50 | 64 | 41 |
| An rang meánach | 26 | 15 | 33 | 40 | 25 |
| An rang airmheánach | 28 | 21 | 37 | 41 | 25 |

Tabhair faoi deara: Glas = an rangú is fearr; dearg = an rangú is measa

- Tá ranguithe na hÉireann i meán-raon ranguithe na náisiún comparadóra
- Tá ranguithe na hÉireann ag titim le roinnt Timthriallta anuas

# Cistiú le linn Thimthriall Thóiceo

## Cistiú Measta Thimthriall Chluichí Thóiceo (2017-2021)




| Tír | Cistiú an Timthrialla (€) | Boinn Oilimpeacha (líon) | Boinn Pharailimpeacha (líon) | Iomlán na mBonn (líon) | An Cistiú in aghaidh an Bhoinn (€) |
|---|---|---|---|---|---|
| An Bheilg | €131,559,000.00 | 7 | 15 | 22 | €5,979,954.55 |
| An Danmhairg | €98,582,400.00 | 11 | 5 | 16 | €6,161,400.00 |
| Éire | €82,296,891.42 | 4 | 7 | 11 | €7,481,535.58 |
| An Nua-Shéalainn | €196,337,972.50 | 20 | 12 | 32 | €6,135,561.64 |
| An Iorua | €80,414,100.00 | 8 | 4 | 12 | €6,701,175.00 |

- Tá Éire ag an taobh íochtarach de chistiú ardfheidhmíochta i gcoibhneas leis na náisiúin chomparadóra (níl ach an Iorua níos ísle)
- Fáiltítear roimh an ngealltanas go ndéanfaí infheistíocht mhéadaithe ann, ar gealltanas é atá ag teacht leis an uaillmhian atá leagtha amach sa Straitéis Ardfheidhmíochta go méadófaí ár líon bonn ó Thimthriall go Timthriall
- Má táimid chun paireacht le náisiúin chomparadóra a bhaint amach, teastóidh infheistíocht dhírithe/spriocdhírithe sna bunriachtanais atá sainaitheanta sa Straitéis Ardfheidhmíochta
- Dá gcuirfí an beartas infheistíochta cisealaithe chun feidhme, mhéadófaí an dóchúlacht go gcomhlíonfaí na spriocanna atá leagtha amach sa straitéis

## Foinsí cistiúcháin agus breithniúcháin chistiúcháin

**Cistiú**

- Éire – sonraí inmheánacha ó Spórt Éireann agus ó Spórt Thuaisceart Éireann
- An Bheilg – sonraí ó na Pleananna Gníomhaíochta ó Sport Vlaanderen [1, 2]
- An Danmhairg – sonraí ó na Tuarascálacha Bliantúla ó Team Danmark [3, 4, 5, 6]
- An Nua-Shéalainn – sonraí ó na Doiciméid Chroí-Infheistíochta ó High Performance Sport New Zealand [7, 8, 9, 10, 11, 12]
- An Iorua – sonraí ó na Príomhdhoiciméid Dáileacháin ó Aireacht Cultúir na hIorua [13, 14, 15, 16, 17]

**Breithniúcháin**

- Tiontaíodh na figiúirí uile ina bhfigiúirí Euro (€)
- Mar thoradh ar an Timthriall cúig bliana, is meastacháin atá bunaithe ar na sonraí atá ar fáil iad na figiúirí atá tugtha. I gcás roinnt náisiún, tugadh figiúirí le haghaidh dhá Thimthriall ceithre bliana (2017-2020 agus 2021-2024). Mar sin de, baineadh úsáid as figiúirí meánacha chun teacht ar fhigiúr cúig bliana. I gcás roinnt náisiúin eile, níl figiúirí don bhliain 2021 ar fáil fós. Mar sin de, baineadh úsáid as figiúr meánach do na ceithre bliana is déanaí (2017-2020) chun teacht ar an bhfigiúr cúig bliana
- I gcás nach bhfuil na doiciméid foilsithe i mBéarla, aistríodh na doiciméid agus asbhaineadh an fhaisnéis ábhartha

# Aguisín 1: **Tuarascálacha maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Oilimpeacha** (Portas Consulting)

# An tAthbhreithniú ar Chluichí Oilimpeacha Thóiceo

## Réamhrá

**Cuspóir an athbhreithnithe**

- Meastóireacht a dhéanamh ar ullmhúcháin Fhoireann Éireann le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo agus ar a feidhmíocht lena linn
- Sainaithint a dhéanamh ar mholtaí pragmatacha maidir le conas is féidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta pleanáil agus ullmhú chun acmhainneacht na hÉireann a bhaint amach ar an dóigh is fearr ag Cluichí Oilimpeacha amach anseo

Tá an Straitéis Ardfheidhmíochta a d'fhoilsigh Spórt Éireann le déanaí mar bhonn agus thaca ag na moltaí. Tá seacht bpríomhcholún straitéiseacha ag an Straitéis sin, mar atá:




* Lena n-áirítear an Rialtas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, institiúidí ardoideachais

**Modheolaíocht**

Díorthaíodh ár mbailiú sonraí ó dhá phríomhfhoinse:

- Faisnéis a sholáthair Spórt Éireann
  - Ionchais réamh-Chluichí agus torthaí iarbhír na gCluichí
- Agallaimh le geallsealbhóirí:
  - Príomhoifigigh Feidhmiúcháin
  - Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
  - Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
  - Lúthchleasaithe

Rinneadh anailís ar an bhfaisnéis sin ansin chun teacht ar léargais shonracha agus moltaí sonracha do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Fionnachtana uileghabhálacha córais**
Sainaithníodh sé phríomhthéama ar fud an chórais ó agallaimh a dhéanamh le geallsealbhóirí sna 18 gComhlacht Rialaithe Náisiúnta:

1) **Níor bunaíodh fós an doimhneacht acmhainní ardfheidhmíochta**
   Cé gurb ann dó i gcodanna den chóras, ní ann do go leor ball foirne feidhmíochta agus cóitseála a bhfuil eolas ardfheidhmíochta acu ar conas boinn a bhuachan agus ar conas struchtúir agus córais den chéad scoth a chruthú

2) **Tá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha ann ach ní thugtar tús áite di**
   Ina lán Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, níltear ag tairiscint aon tacaíochta soiléire cláir il-Timthrialla do lúthchleasaithe atá i mbéal forbartha, agus níltear ag tosú ar thacaíocht ardfheidhmíochta a thairiscint ach a luaithe a théann lúthchleasaí isteach sa leibhéal sinsir

3) **Tá gá ann le soiléire maidir leis an bhfís agus le cinntí infheistíochta**
   Níl ag roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta próiseas soiléir sonraithe le haghaidh cinntí infheistíochta a bhaineann le lúthchleasaithe; toisc mhór taobh thiar de sin is ea nach bhfuil soiléire ann i bhfís atá comhaontaithe ar fud raon leathan geallsealbhóirí

4) **Bhí tionchar bunathraithe chun feabhais ag Campas Spórt Éireann agus ag Institiúid Spórt Éireann**
   Le linn an Timthrialla, chomhlíon Campas Spórt Éireann agus Institiúid Spórt Éireann ról bunathraithe chun feabhais ar son roinnt Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus b'acmhainní iontacha iad le haghaidh traenáil ardfheidhmíochta a éascú

   Níl sé sin amhlaidh i ngach cás, agus tá tionchar i bhfad níos lú ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta atá lonnaithe in áiteanna atá níos faide anonn

5) **Bhí feabhas soiléir ann laistigh de Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann**
   Bhí dea-thionchar suntasach ann sa tseirbhís a soláthraíodh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta le linn an Timthrialla seo, áit a raibh díriú ar an lúthchleasaí ina chuid dhílis den tacaíocht ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann

   Tá gá ann le tógáil ar an bhfeabhsú sin chun aistear leanúnach a chinntiú le geallsealbhóirí éagsúla (e.g., Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, etc.)

6) **Tá cultúr ardfheidhmíochta agus torthaí ardfheidhmíochta le baint amach ar fud an chórais fós**
   Níltear ar aon tuairim shoiléir laistigh den chóras maidir le conas is féidir na tairbhí a bhaineann le raon mór leathan lúthchleasaithe a sheoladh chuig na Cluichí a chothromú le córas a bheith ann atá socraithe le haghaidh boinn a bhuachan agus le dul san iomaíocht ar an leibhéal is airde ar bhonn comhsheasmhach

Thángthas ar roinnt de na téamaí sin laistigh den suirbhé iar-Chluichí freisin, agus gnóthaíodh roinnt léargais bhreise freisin.

Tháinig ceithre cinn de na sé théama chun solais sna freagraí ar an suirbhé:

1) **Níor bunaíodh fós an doimhneacht acmhainní ardfheidhmíochta**
   Maidir leis an gceist ar cén áit ar cheart cistiú breise a infheistiú ann, chreid gach ceann de na grúpaí geallsealbhóirí gurbh í tacaíocht cóitseála an áit is fearr ar mhaithe le feabhas a chur ar fheidhmíocht

2) **Bhí tionchar bunathraithe chun feabhais ag Campas Spórt Éireann agus ag Institiúid Spórt Éireann**
   Bhí 65% de Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta sásta nó an-sásta leis an tacaíocht a fuarthas ó Institiúid Spórt Éireann sa tréimhse roimh na Cluichí

Bhraith 60% de Chóitseálaithe agus Baill Foirne Tacaíochta go raibh an clár éifeachtach nó an-éifeachtach maidir le saoráidí oiriúnacha oiliúna a rochtain sa bhliain roimh na Cluichí

3) **Bhí feabhas soiléir ann laistigh de Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann**
   Bhí 76% de Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta sásta nó an-sásta leis an tacaíocht a sholáthair Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann sa bhliain roimh na Cluichí

   Bhí 53% de lúthchleasaithe an-sásta leis an gcampa coinneála/na campaí coinneála roimh na Cluichí

4) **Tá cultúr ardfheidhmíochta agus torthaí ardfheidhmíochta le baint amach ar fud an chórais fós**
   Bhraith 61% de lúthchleasaithe go raibh a dtoradh míshásúil/an-mhíshásúil i gcomparáid lena n-ionchais réamh-Chluichí

   Bhí 22% de Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird míshásta nó an-mhíshásta le beartais chuí éifeachtacha a bheith acu le haghaidh lúthchleasaithe ardfheidhmíochta a fhorbairt agus le haghaidh tacaíocht a thabhairt dóibh

Áiríodh na nithe seo leis na léargais eile ó na suirbhéanna:

1) **Bhí na lúthchleasaithe níos ullmhaithe ón taobh fisiciúil de ná mar a bhí siad ón taobh meabhrach de**
   Ní dhearna ach 59% de Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta a aontú go mór nó a aontú go raibh na lúthchleasaithe réidh ón taobh meabhrach de. I gcodarsnacht leis sin, chreid 76% díobh go raibh na lúthchleasaithe réidh ón taobh fisiciúil de

2) **Tearc-ullmhaithe le haghaidh na tréimhse iar-Chluichí**
   Ní dhearna ach duine amháin as gach beirt de Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird a aontú nó a aontú go mór go raibh siad réidh leis an tréimhse iar-Chluichí

3) **Nochtadh teoranta do chomórtais**
   Bhí níos mó rochtana ar chomórtais ar an dara freagra is mó a fuarthas nuair a cuireadh ceist ar lúthchleasaithe faoi cén áit ar cheart cistiú breise a sholáthar chun an fheidhmíocht a fheabhsú, agus bhí 25% de Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta míshásta leis an nochtadh a bhí ag lúthchleasaithe do chomórtais


RELAND
IRL
IRL
IRL

# Tuarascáil maidir le Lúthchleasaíocht Éireann

Athletics Ireland

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfí áit sna 8 nÁit is Airde amach trí huaire, go mbainfí áit sna 16 Áit is Airde amach sé huaire agus go mbainfí áit sna 24 Áit is Airde amach deich n-uaire
- Tar éis iad a bhailíochtú, ní rabhthas ag súil le háit sna 24 Áit is Airde a bhaint amach 10 n-uaire a thuilleadh, toisc gur fhág an cur isteach ar an sceideal comórtas nach mbeifí in ann an sprioc sin a chomhlíonadh a thuilleadh

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Bhraith na lúthchleasaithe go raibh siad dea-ullmhaithe laistigh dá gcampaí aonair
- Cuireadh bac ar an ullmhúchán de dheasca phaindéim COVID-19 agus de dheasca cinntí a forchuireadh ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta maidir le cáiliú déanach
- Bhí easpa struchtúr acmhainní agus cóitseála ann sa tréimhse roimh na Cluichí

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Bhí éagsúlacht ann i measc geallsealbhóirí sa tuairim ar fheidhmíocht. Chreid roinnt geallsealbhóirí go raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais, agus chreid geallsealbhóirí eile nach raibh an fheidhmíocht ag na Cluichí sásúil

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá idir dhúshláin agus dheiseanna ann sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus i struchtúr an chláir

## Moltaí

1) Struchtúr cóitseála níos soiléire agus samhail cóitseála níos soiléire a cheapadh
2) Creat níos soiléire a bhunú le haghaidh tacaíocht do lúthchleasaithe lasmuigh de Champas Spórt Éireann
3) Soiléire a chruthú i gcinntí cistiúcháin lúthchleasaithe atá cuntasach agus trédhearcach

*Cé gur mhó an líon lúthchleasaithe ar sheol an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta iad chuig Cluichí Thóiceo ná an líon a sheol sé chuig an dá cheann roimhe de Chluichí Oilimpeacha, ní raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais réamh-Chluichí*

**LÚTHCHLEASAÍOCHT ÉIREANN**

| 55,425 | 13 | 1,469 | €3,305,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | LÚTHCHLEASAÍ CHARDÁILTE AGUS FOIREANN SEALAÍOCHTA CHARDÁILTE AMHÁIN | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Sophie Becker/Cillín Greene/Phil Healy/ Chris O'Donnell | Foireann Ceathrair Mheasctha an Rása Sealaíochta 400 m | 8 |
| Sarah Lavin | Cliathrás 100 m | 32 |
| Louise Shanahan | Rás 800 m | 37 |
| Nadia Power | Rás 800 m | 38 |
| Phil Healy | Rás 200 m | 26 |
| Síofra Cléirigh Büttner | Rás 800 m | 39 |
| Thomas Barr | Cliathrás 400 m | 9 |
| Eilish Flanagan | Léimrás 3000 m | 27 |
| Leon Reid | Rás 200 m | 20 |
| Marcus Lawler | Rás 200 m | 29 |
| Mark English | Rás 800 m | 32 |
| Michelle Finn | Léimrás 3000 m | 25 |
| David Kenny | Siúl 20 km | 29 |
| Alex Wright | Siúl 50 km | 29 |
| Brendan Boyce | Siúl 50 km | 10 |
| Ciara Mageean | Rás 1500 m | 27 |
| Phil Healy | 400 m | 25 |
| Sarah Healy | Rás 1500 m | 34 |
| Andrew Coscoran | Rás 1500 m | 20 |
| Aoife Cooke | Maratón | Níor chríochnaigh |
| Fionnuala McCormack | Maratón | 25 |
| Kevin Seaward | Maratón | 58 |
| Paul Pollock | Maratón | 71 |
| Stephen Scullion | Maratón | Níor chríochnaigh |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

Áit sna 8 nÁit is Airde trí huaire, áit sna 16 Áit is Airde sé huaire agus áit sna 24 Áit is Airde deich n-uaire

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 22 | Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin (bonn cré-umha)<br>Áit sna 16 Áit is Airde seacht n-uaire<br>Áit sna 24 Áit is Airde naoi n-uaire |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 17 | Áit sna 8 nÁit is Airde dhá uair<br>Áit sna 16 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 24 Áit is Airde seacht n-uaire |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 27 | Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit sna 16 Áit is Airde trí huaire<br>Áit sna 24 Áit is Airde cúig huaire |

## *Bhraith lúthchleasaithe go raibh siad ullmhaithe le haghaidh na gCluichí ach bhí ábhar imní ann faoin mhéid a bhí cóitseálaithe leabaithe isteach sa chlár*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí lúthchleasaithe den tuairim go raibh siad dea-ullmhaithe le haghaidh na gCluichí
  - Bhraith roinnt mhaith díobh gur éirigh lena gcampaí aonair agus go raibh dea-bhail orthu agus iad ag dul isteach sna Cluichí
- Chuir an cáiliú déanach agus éiginnteacht maidir le córas rangaithe nua World Athletics bac ar an ullmhúchán
  - Bhí cumas teoranta ann chun campaí traenála a reáchtáil
  - Bhí tuirse ar roinnt lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí toisc iad a bheith ag feidhmiú chomh gar sin do na Cluichí
  - Chuir paindéim COVID-19 srianadh breise ar an gcumas chun campaí traenála agus deiseanna traenála a reáchtáil, ach bhíothas in ann traenáil fós de bharr an struchtúir dhíláraithe

### Cóitseáil

- Bhí triúr Treoraithe Imeachta Náisiúnta lánaimseartha ann ach d'oibrigh an-chuid de na cóitseálaithe pearsanta do lúthchleasaithe i gcáil dheonach
  - Réisímí cóitseála aonair le lúthchleasaithe, rud ba chúis le heaspa aontachta ar fud an chórais
  - Tá dearcadh ann nach bhfaigheann cóitseálaithe go leor tacaíochta agus, mar sin de, nach mbraitheann siad gur cuid den chlár iad
- Bíonn an córas ag brath ar chóitseálaithe deonacha/club nach bhfuil taithí acu ar an leibhéal idirnáisiúnta i ngach cás
- Bhí leibhéil dhifriúla chomhoibrithe ann idir cóitseálaithe agus an córas

### Rialachas

- Tháinig an Coiste Ardfheidhmíochta le chéile ceithre huaire ar a laghad in aghaidh na bliana, agus 'seiceáil agus ceistiú' mar ról aige
- Tá neamhspleáchas ag an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta laistigh den bhuiséad
- Luaigh roinnt geallsealbhóirí go bhféadfaí cuntasacht agus in-fhorfheidhmitheacht an Chóid Iompair a mhéadú

## *Chuir sriantachtaí buiséid bac ar an méid tacaíochta agus idirghníomhaíochta a bhí ar fáil do lúthchleasaithe*

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- Bhí ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta a líon foirne a laghdú go mór sa tréimhse roimh na Cluichí de dheasca thionchar phaindéim COVID-19
  - Líon foirne a bhí thart ar 25% níos lú, rud a rinne difear don acmhainneacht ardfheidhmíochta
  - Chuaigh an ró-ualach riaracháin/oibriúcháin a d'eascair as paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar an gcumas chun díriú ar ardfheidhmíocht
  - Ní raibh an cumas céanna ann chun idirghníomhú le lúthchleasaithe agus chun bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh
- Mar gheall ar an líon lúthchleasaithe agus ar na hacmhainní a bhí ar fáil, bhí sé doiligh bainistíocht feidhmíochta a dhéanamh ar gach lúthchleasaí i gcóras díláraithe agus, dá bharr sin, bhí laghdú ann sa phleanáil fhadtéarmach agus sa chumarsáid le lúthchleasaithe
- Tá roinnt geallsealbhóirí laistigh den chóras den tuairim gurb an-leathan atá an sainchúram ar an aonad ardfheidhmíochta agus atá an cistiú atá aige, rud a fhágann go bhfuiltear ag cur bac ar scothfheidhmíocht

### Institiúid Spórt Éireann

- Aithníodh gurbh amhlaidh, de dheasca an chórais dhíláraithe, nár bhain gach lúthchleasaí úsáid as tacaíocht Institiúid Spórt Éireann
- Maidir leis na lúthchleasaithe a bhain úsáid as Institiúid Spórt Éireann, mheas siad go raibh sí an-luachmhar agus go ndearna sí difear dearfach dá n-ullmhúchán
  - Ba dhea-ullmhaithe ag an bhfoireann fiseolaíochta a bhí straitéisí le haghaidh oiriúnú don teas
- I gcás na lúthchleasaithe sin nach dtraenálann gar d'Institiúid Spórt Éireann, bhí deacrachtaí ag roinnt díobh tacaíocht a fháil mura raibh siad lonnaithe gar do Champas Spórt Éireann

### Cistiú

- Bhí easpa soiléire ann maidir leis an tacaíocht a bhí ar tairiscint do roinnt daoine de lúthchleasaithe agus de chóitseálaithe
  - Ní raibh roinnt geallsealbhóirí cinnte faoin tacaíocht a bhí ar tairiscint, faoin réasúnaíocht a bhí taobh thiar di agus faoi cén uair a gheofaí í
- Ní raibh aon soiléire dhearbh ann san fhís a bhí mar bhonn agus thaca ag cinntí cistiúcháin a bhaineann le roinnt daoine de lúthchleasaithe agus de chóitseálaithe

*Cé gur seoladh ardlíon lúthchleasaithe, ba bheag lúthchleasaí a chuaigh san iomaíocht sna babhtaí ceannais agus sna babhtaí leathcheannais; ba mhór ag na lúthchleasaithe an tacaíocht níos leithne a fuarthas*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Ós rud é go bhfuil 13 lúthchleasaí chardáilte agus foireann sealaíochta chardáilte amháin ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, measadh gurbh éacht é 27 lúthchleasaí a sheoladh chuig na Cluichí
- Bhí idir mhaith agus olc ann sna léirmheasanna ar fheidhmíocht lúthchleasaithe
  - Chreid roinnt díobh go raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais den chuid is mó
  - Bhí roinnt eile díobh míshásta leis an bhfeidhmíocht agus bhraith siad go raibh feidhmíocht níos fearr ann ag imeachtaí roimhe
- D'fhág gortuithe d'iomaitheoirí sna babhtaí ceannais agus easnaimh bheaga go raibh teorainn ann leis an líon uaireanta a baineadh áit sna babhtaí ceannais/leathcheannais amach

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Ba shármhaith a bhí an tacaíocht a tugadh do lúthchleasaithe ag na Cluichí
  - Freastalaíodh ar éilimh na lúthchleasaithe
  - Bainistíodh an tacaíocht go maith ar fud Chluichí Thóiceo agus Chluichí Sapporo freisin (imeachtaí maratóin agus rás-siúil)
- Bhí roinnt míshástachta ann maidir le fad na seisiún fisiteiripe, ach aithníodh ag an am céanna gur bhain an fad laghdaithe le mórphrótacail COVID-19
- Luadh freisin an gá le tuilleadh bainistíochta lúthchleasaithe idir rásaí agus disciplíní
  - Iarradh faireachán agus tacaíocht ar bhonn níos minice

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Feabhsú ollmhór ba ea comhtháthú Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann isteach sa chóras agus, tríd is tríd, bhí caidreamh an-dearfach aici leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
- Measadh gur éirigh go geal le (campa coinneála) Fukuroi
- Bhíothas buíoch den mhéid spáis, áit a raibh dea-rochtain ar shaoráidí agus ar éascaíodh idirscaradh ó limistéir eile
- Bhí an bia den chéad scoth agus d'fhreastail sé ar riachtanais éagsúla
- I gcomparáid leis an gcampa coinneála, ní raibh blas Cluichí Oilimpeacha le sonrú an oiread céanna in Sapporo, agus bhí an chuma air go raibh sé níos srianta
- Ba mhór ag na lúthchleasaithe dá mba rud é go raibh níos mó áiseanna baile le fáil laistigh den Sráidbhaile

## *Níl an chonair do lúthchleasaithe cumasacha chomh láidir agus ba mhaith le geallsealbhóirí agus, cé gur cuí atá struchtúr reatha an chláir, cruthaíonn sé dúshláin ag an am céanna*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Is gá níos mó a dhéanamh chun an phíblíne lúthchleasaithe cumasacha a neartú, ó thaobh na slí a n-aimsítear iad de agus ó thaobh na slí a dtacaítear leo agus iad laistigh den chóras de
- I roinnt disciplíní ina dteastaíonn acmhainn láidir, is gá a chinntiú go mbeifear in ann tacú le lúthchleasaithe a fhorbraíonn ag céim níos déanaí dá ngairm
- Tá an chonair á brú chun cinn ag córas láidir inbhuanaithe clubanna

### Struchtúr an chláir

- Ní bheadh samhail láraithe ina samhail éifeachtach do gach lúthchleasaí de bharr na héagsúlachta atá ann ó thaobh na ndisciplíní de agus ó thaobh na n-áiteanna a bhfuil na lúthchleasaithe lonnaithe iontu de
- Bheadh sé éifeachtach campaí traenála a reáchtáil ar bhonn níos minice, ach teastaíonn uathu forbairt lúfar/sholúbtha lena bhfreastalaítear ar na coimitmintí difriúla atá ag lúthchleasaithe agus atá de dhlús atá ard go leor chun a chinntiú go mbeidh siad fiúntach
- Fágann an struchtúr díláraithe reatha go bhfuil sé doiligh atmaisféar foirne a chruthú laistigh den chlár

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| MOLADH 3 | MOLADH 2 | MOLADH 1 | | | | |

### 1) Struchtúr cóitseála níos soiléire agus samhail cóitseála níos soiléire a cheapadh

- Tá gá ann le cóitseálaithe aonair a leabú isteach sa chóras agus le dinimic éifeachtach idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, cóitseálaithe agus lúthchleasaithe a bhunú, rud a chabhróidh le cultúr níos comhoibríche a chruthú idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus cláir aonair agus le cóitseálaithe a dhéanamh ina ngné thábhachtach den éiceachóras
- Forbairt a dhéanamh ar phlean a bhfuil i gceist leis oiliúint shoiléir a chur ar chóitseálaithe, agus forbairt a dhéanamh ar chreat le haghaidh cóitseálaithe a fhorbairt
- A mheasúnú cibé acu is féidir nó nach féidir an chomhpháirtíocht reatha le Cóitseáil Spórt Éireann a leathnú chun gairmiúlú na cóitseála a mhéadú

### 2) Creat níos soiléire a bhunú le haghaidh tacaíocht do lúthchleasaithe lasmuigh de Champas Spórt Éireann

- Níltear in ann faoi láthair tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do lúthchleasaithe nach n-oibríonn gar do Champas Spórt Éireann
- Teastaíonn soiléire idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, lúthchleasaithe agus cóitseálaithe maidir le cad a sholáthraítear do lúthchleasaithe, agus tuilleadh solúbthachta ann sa soláthar, ag féachaint d'éilimh dhifriúla
- Dul i gcomhpháirt le hInstitiúid Spórt Éireann chun a chinntiú go dtairgfear tacaíocht, nuair is féidir, do lúthchleasaithe nach bhfuil lonnaithe i mBaile Átha Cliath
- D'fhéadfaí an tacaíocht a sholáthar trí chláir aonair, ar choinníoll go mbeidh caidreamh soiléir comhoibríoch ann idir na struchtúir chóitseála agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, mar a phléitear i moladh uimhir a haon

### 3) Soiléire a chruthú i gcinntí cistiúcháin lúthchleasaithe atá cuntasach agus trédhearcach

- Fís shoiléir a bhunú maidir le cuspóir agus uaillmhian na gcinntí cistiúcháin agus leis an réasúnaíocht atá taobh thiar díobh. Teastaíonn critéir shoiléire chun torthaí ardfheidhmíochta a sholáthar, agus is féidir iad sin a úsáid chun a stiúradh cá mhéad lúthchleasaí a fhaigheann cistiú agus cé chomh mór is a thacaítear leo
- A chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach geallsealbhóir ar chinntí cistiúcháin agus go mbeidh soiléire acu maidir leis an tacaíocht atá ar tairiscint
- Cinntí cistiúcháin atá intomhaiste agus cuntasach a chruthú



# BADMANTAN ÉIREANN

# Tuarascáil maidir le Badmantan Éireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfeadh sé babhta na 16 lúthchleasaí deiridh amach
- Mar sin féin, ba sprioc uaillmhianach í sin a bhí ag brath ar an tarraingt a fuair an lúthchleasaí, agus bhí an fheidhmíocht láidir ag na Cluichí

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Bhí an t-ullmhúchán ar ardchaighdeán agus dírithe ar fheidhmíocht
- Bhí féidearthacht ann é sin a fheabhsú trí speáráil níos déine a dhéanamh

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Ag féachaint do leibhéal taithí an lúthchleasaí, bhí an fheidhmíocht go maith. D'fheidhmigh siad go maith sa dá chluiche freisin
- D'fhreastail an tacaíocht ag na Cluichí ar riachtanais na lúthchleasaithe

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Teastaíonn cistiú breise chun an fheidhmíocht a bhogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile
- Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhoimhneacht na cóitseála intíre

## Moltaí

1) Treisiú le cáilíocht agus déine na traenála a sholáthraítear do lúthchleasaithe
2) Cur le méid na cóitseála atá ar fáil do lúthchleasaithe
3) Lúthchleasaithe a dhéanamh níos gairmiúla trí spriocdhíriú ar níos mó comórtas idirnáisiúnta agus trí threisiú leis an anailís feidhmíochta

*Bhí gealladh faoi fheidhmíocht Bhadmantan Éireann le feiceáil ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo*

**BADMANTAN ÉIREANN:**

| 13,043 | 6 | 143 | €580,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Nhat Nguyen | Cluiche Singil | 15 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Ba é an t-ionchas ná go gcáileodh Nhat le haghaidh bhabhta na 16 lúthchleasaí deiridh den imeacht
- Measadh gur sprioc ardleibhéil í sin toisc go raibh Nhat rangaithe sa 53ú háit ar domhan i mí an Mheithimh 2021

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 2 | Cuireadh an bheirt lúthchleasaithe amach sa chéim grúpa |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 2 | Chuaigh lúthchleasaí amháin ar aghaidh chuig Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh in Imeacht Singil na bhFear agus cuireadh an lúthchleasaí eile amach sa chéim grúpa in Imeacht Singil na mBan |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 1 | Cuireadh an lúthchleasaí amach sa chéim grúpa |

*Bhí an t-ullmhúchán láidir, cé gur chuir an easpa céilí speárála den chéad scoth bac air. Ba shármhaith a bhí an tacaíocht a fuarthas ó Institiúid Spórt Éireann*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Ba láidir a bhí feidhmíocht an lúthchleasaí le linn an ullmhúcháin
  - Bhuaigh an lúthchleasaí ar an imreoir a bhí rangaithe sa 15ú háit ar domhan
  - Campa an-dírithe a bhí sa champa 8 seachtaine roimh na Cluichí agus mheas an lúthchleasaí é a bheith sármhaith
- Cuireadh bac ar an ullmhúchán toisc nach rabhthas in ann céilí speárála den chéad scoth a sholáthar ar bhonn comhsheasmhach, de dheasca cistiúchán a bheith in easnamh
  - Gné fhíorthábhachtach den traenáil is ea go dteastaíonn ó lúthchleasaithe speáráil in aghaidh imreoirí atá rangaithe i measc an deichniúir imreoirí/an 20 imreoir is fearr ar domhan
  - Bhí ar an lúthchleasaí aon chéilí speárála a chistiú go páirteach

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- Tugadh tús áite do lúthchleasaithe a bhfuil acmhainn ardfheidhmíochta acu
  - Tugadh seirbhísí dírithe cóitseála agus tacaíochta don lúthchleasaí, ar lúthchleasaí cardáilte é
  - Chuir an easpa acmhainní srianadh leis sin (e.g., ní dhearna an acmhainn cóitseála soláthar do chóitseálaí chun taisteal chuig comórtais idirnáisiúnta i dteannta lúthchleasaithe eile sa chlár a chóitseáil)
- Tugadh tús áite do dhisciplíní imeachtaí singile thar dhisciplíní imeachtaí dúbailte
  - Mar gheall ar infhaighteacht agus ar fheidhmíocht na lúthchleasaithe
- Tá an clár dea-phleanáilte ar fad
  - Is clár eagraithe ina ndéantar dea-bheartú tosaíochta é an clár
  - Soláthraíonn an clár an tacaíocht cheart ag an am ceart
  - Provides the correct support at the right time

### Institiúid Spórt Éireann

- Ba shármhaith a bhí an tacaíocht a fuarthas ó Institiúid Spórt Éireann
  - Chabhraigh neart agus riochtú leis an mbearna fhisiciúil idir lúthchleasaithe Éireannacha agus a n-iomaitheoirí idirnáisiúnta a dhruidim
- Cuireann an ghaireacht don Institiúid fíorluach leis an gclár
- Ba rí-úsáideach a bhí an t-oideachas ar anailís feidhmíochta

> *Bhí na saoráidí ar fheabhas agus b'ard a bhí cáilíocht na cóitseála; ní raibh go leor doimhneachta i soláthar na cóitseála, áfach*

### Cóitseáil

- Bhí cóitseálaí an lúthchleasaí ar ardchaighdeán
  - Thug an cóitseálaí smaointe nua don lúthchleasaí
  - Cruthaíodh caidreamh láidir idir an lúthchleasaí agus an cóitseálaí
  - D'fhág an cóitseálaí an clár ó shin i leith. Mar sin de, tá an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta i mbun cóitseálaí nua a earcú
- Bhí na hacmhainní cóitseála faoi bhrú, áfach
  - Bhí freagracht ar chóitseálaí amháin as 12 lúthchleasaí a thraenáil
  - Ní raibh aon sainchóitseálaithe ann i gceann ar bith de na disciplíní
- Treisíodh leis an anailís feidhmíochta laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta ach ní raibh aon fhostaí ag obair i gcáil lánaimseartha aige sa tréimhse roimh na Cluichí

### Rialachas

- Tá dea-struchtúir rialachais i bhfeidhm ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
  - Tacaíonn sé leis an gclár ardfheidhmíochta
  - Tá na beartais chearta agus na struchtúir chearta i bhfeidhm
- D'ailínigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a straitéis le Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann

### Saoráidí

- Ba é an toradh a bhí ar an aistriú chuig an tsaoráid nua ná gur soláthraíodh bunáit den chéad scoth le haghaidh traenála
  - Bhí macasamhail na saoráidí timpeallachta comórtais le fáil inti
  - Chabhraigh an ghaireacht do shaoráidí eile (e.g., Institiúid Spórt Éireann) le hatmaisféar bunáit traenála a chruthú
- Ghlac roinnt áirithintí eile tosaíocht thar sheisiúin an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, ach aithnítear nár bhog an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta isteach i saoráid nua ach le déanaí agus go bhfuil oibríochtaí barrmhaithe á mbunú fós laistigh den tsaoráid

### *Mar gheall ar thaithí an lúthchleasaí agus ar a dhoilí a bhí an grúpa, bhí an fheidhmíocht ag teacht leis an ionchas agus bhí gealladh fúithi le haghaidh Cluichí Oilimpeacha amach anseo*

#### Feidhmíocht an lúthchleasaí

- Ag féachaint d'aois agus taithí an lúthchleasaí, bhí an fheidhmíocht ina hábhar spreagtha agus áthais
  - Cuireadh an lúthchleasaí i ngrúpa doiligh le himreoir a ghlac páirt i roinnt Cluichí Oilimpeacha difriúla agus le himreoir a bhí réimnithe in ord feabhais sna 10 nÁit is Airde. Dá ainneoin sin, d'fheidhmigh an lúthchleasaí go maith sa dá chluiche
  - Bhuaigh an lúthchleasaí go héasca sa chéad chluiche ar an imreoir a ghlac páirt i roinnt Cluichí Oilimpeacha difriúla agus níor chaill sé sa dara cluiche in aghaidh an imreora a bhí réimnithe in ord feabhais sna 10 nÁit is Airde ach sa tríú sraith
- Bhí an lúthchleasaí sásta lena fheidhmíocht ach bhí díomá air nár éirigh leis dul amach as an gcéim grúpa
  - Tá fonn air tógáil ar an eispéireas ar mhaithe leis na chéad Chluichí Oilimpeacha eile

#### An tacaíocht don lúthchleasaí

- D'fhreastail an tacaíocht ag na Cluichí ar na héilimh uile
  - Tugadh tacaíocht nirt agus riochtaithe agus tacaíocht fisiteiripe
  - Bhí tacaíocht síceolaíochta ar fáil ag na Cluichí freisin ach níor baineadh leas aisti
- Bhí an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an cóitseálaí ar an láthair leis an lúthchleasaí le linn na gCluichí agus thug siad tacaíocht shármhaith dó ar fud na bhfud
- Rinneadh an rogha gan céile speárála a thabhairt (mar thoradh ar phaindéim COVID-19) sa tréimhse roimh na Cluichí

### *Tá dúshláin maidir le cistiú agus le conairí cóitseála intíre le feiceáil laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta*

#### Cistiú

- Chun an chéad leibhéal eile d'ardfheidhmíocht a shroicheadh, táthar ar aon intinn go dteastaíonn tuilleadh cistiúcháin chun an t-aistriú a chumasú (e.g., le haghaidh cóitseálaithe agus céilí speárála) agus chun uaillmhianta an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta a chomhlíonadh

#### An chonair cóitseála

- Níl go leor cóitseálaithe ar ardchaighdeán ar fáil don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta de bharr an leibhéil cistiúcháin atá le fáil faoi láthair agus de bharr an lín theoranta cóitseálaithe intíre atá ar fáil
- Rannchuidigh sé sin le neamh-chomhsheasmhacht sa soláthar cóitseála do lúthchleasaithe agus le spleáchas ar chóitseálaithe idirnáisiúnta
- Bhain an clár slat a sciúrfadh a dhroim féin, áit a dteastaíonn cóitseáil bhreise anois ón scata méadaitheach lúthchleasaithe cumasacha nua

## LEARNINGS AND FUTURE RECOMMENDATIONS

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1<br>MOLADH 3 | MOLADH 2 | | | | |

### 1) Treisiú le cáilíocht agus déine na traenála a sholáthraítear do lúthchleasaithe

- Plean éifeachtach a bhunú a chabhraíonn le himreoirí den chéad scoth a mhealladh chuig an gclár chun speáráil le lúthchleasaithe ar bhonn comhsheasmhach

### 2) Cur le méid na cóitseála atá ar fáil do lúthchleasaithe

- Is gá an líon ball foirne cóitseála a mhéadú, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe tosaíochta agus do lúthchleasaithe sa mhórchlár araon
- Tá riachtanas ann freisin le sainchóitseálaithe a earcú le haghaidh campaí sonracha agus seisiúin shonracha, ar cóitseálaithe iad ar féidir leo díriú ar an ngné theicniúil de na himeachtaí singile agus de na himeachtaí dúbailte
- Teacht ar dhóigheanna ar féidir treisiú leis an bpíblíne cóitseálaithe intíre agus conair shoiléir cóitseála a chruthú

### 3) Lúthchleasaithe a dhéanamh níos gairmiúla trí spriocdhíriú ar níos mó comórtas idirnáisiúnta agus trí threisiú leis an anailís feidhmíochta

- An nochtadh atá ag lúthchleasaithe tosaíochta agus ag lúthchleasaithe i mbéal forbartha araon do chomórtais idirnáisiúnta, agus an deis á tabhairt le scileanna a thástáil agus iad a thagarmharcáil i gcomparáid leis na hiomaitheoirí
- A chinntiú gur leordhóthanach a bheidh an tacaíocht ag na comórtais sin, ar tacaíocht í atá nasctha le doimhneacht cóitseála níos mó, rud a chuirfeadh ar chumas an chláir leanúint ar aghaidh nuair atá na cóitseálaithe ar shiúl
- Treisiú leis an tionchar atá ag saineolas Institiúid Spórt Éireann ar anailís feidhmíochta agus ar shonraí feidhmíochta chun tuilleadh léargas a thabhairt do lúthchleasaithe

# CANÚAIL ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Canúáil Éireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Bhí lúthchleasaí amháin i gcatagóir C1, a bhain an babhta leathcheannais amach agus a bhí sa 15ú háit

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus dea-bhail ar an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Cé gur rath ann féin é an cáiliú, ní raibh feidhmíocht an lúthchleasaí ina léiriú ar an gcumas atá aige dáiríre

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá acmhainneacht ann chun an chonair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt

## Moltaí

1) Plean éifeachtach a dhearadh lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna laistigh de dhisciplín an ráibráis
2) Struchtúir thraenála a athbhreithniú chun campaí tráthrialta agus deiseanna tráthrialta le haghaidh comhoibriú a chinntiú
3) Tógáil ar bhonnsraith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta chun an clár a leathnú

*Cé gurbh éacht é cur ar chumas lúthchleasaí cáiliú toisc nach raibh an clár feidhmíochta ach ina thús, níor comhlíonadh an t-ionchas go mbainfí áit sna 8 nÁit is Airde amach*

**CANÚÁIL ÉIREANN:**

| 3,219 | 5 | 68 | €180,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Liam Jegou | C1 | 15 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Áit sna 8 nÁit is airde i gcatagóir C1 d'Fhir

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 2 | Áit sna 10 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit sna 15 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 1 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Áit sna 15 Áit is Airde uair amháin |

*Bhí an lúthchleasaí fíor-ullmhaithe agus é ag dul isteach sna Cluichí*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí comharthaí feidhmíochta láidre á dtaispeáint ag an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí
  - Tugadh le fios sna táscairí feidhmíochta go bhféadfadh sé an babhta ceannais a bhaint amach nó bonn a bhuachan
- Chuaigh an mhoill 12 mhí ar na Cluichí chun tairbhe dá ullmhacht toisc gur fhág sí go raibh níos mó ama aige chun feabhsú

### Campaí traenála

- Bhí fadhbanna ann a d'eascair as cealú dheiseanna traenála na Cónaidhme Idirnáisiúnta Canúála
- Dá ainneoin sin, ba shármhaith a bhí an campa oiliúna geimhridh a bhí ag an lúthchleasaí
  - Chomhlíon sé an gá le traenáil i ndálaí níos teo
  - Rannchuidigh sé leis an mbail shármhaith a bhí ar an lúthchleasaí

### Cóitseáil

- Ba shármhaith a bhí cóitseálaí an lúthchleasaí
  - Chabhraigh stíl/modhanna an chóitseálaí go mór leis an lúthchleasaí
- Le linn an Timthrialla, d'oibrigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta le cóitseálaithe ar bhonn níos minice, agus é mar aidhm aige an creat cóitseála agus an líonra cóitseálaithe a threisiú

### Institiúid Spórt Éireann

- Níor bhain an clár úsáid as na seirbhísí go minic
  - D'fháilteodh an clár roimh dhlús a chur le comhtháthú
  - Ba mhaith leis an gclár tuilleadh tacaíochta fisiteiripe a bheith aige le linn campaí agus imeachtaí
- B'fhíorthairbheach a bhí an tacaíocht athshlánúcháin a fuair an lúthchleasaí le linn an Timthrialla

### Cistiú

- Ní leor cistí an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta ina n-aonar chun clár lánaimseartha a reáchtáil, agus fuair an clár tacaíocht shuntasach ó dheontóir daonchairdiúil

## *Tháinig forbairt shuntasach ar an gclár le linn an Timthrialla, ach táthar spleách fós ar shaoráidí idirnáisiúnta*

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- Braitheadh go bhfuair an clár tacaíocht ollmhór ó Spórt Éireann
  - Bhí an tacaíocht ina cuid dhílis de rath an chláir
- Tháinig feabhsú as cuimse ar na struchtúir ardfheidhmíochta le linn an Timthrialla
  - Áiríodh leis sin Stiúrthóir Feidhmíochta ar ardchaighdeán agus straitéis feidhmíochta agus oibriúcháin
  - Tá muinín ag na lúthchleasaithe as na próisis ardfheidhmíochta
- Ba é disciplín an tslalóim an príomhdhisciplín ar dhírigh an clár ardfheidhmíochta air le linn an Timthrialla
  - Tugadh tús áite dó de bharr cumais, ach is clár beag é a bhfuil atmaisféar foirne in easnamh air den chuid is mó
  - Tá sé lonnaithe sa Fhrainc den chuid is mó toisc nach ann d'aon saoráidí leordhóthanacha in Éirinn
- Tá fadhbanna ann laistigh den chlár ráibráis, ar fadhbanna iad atá ag cur bac ar a chumas chun a bheith ina dhisciplín ardfheidhmíochta
  - Tá mí-ailíniú idir geallsealbhóirí ag teacht as saincheisteanna cultúrtha agus rialachais, agus tá caidreamh trína chéile ann

### Rialachas

- Tháinig feabhas ar rialachas le linn an Timthrialla
  - Tá cúigear ina suí anois ar an aonad ardfheidhmíochta. Roghnaíodh iad de bharr na taithí suntasaí ardfheidhmíochta atá acu
  - Tá próisis i bhfad níos láidre i bhfeidhm (e.g., bhí sé ar cheann de na chéad spóirt a chloígh leis an gcód rialachais)

### Saoráidí

- Ní ann d'aon saoráidí slalóim in Éirinn, ar dá bharr atá an clár lonnaithe sa Fhrainc
  - Tá an struchtúr oiriúnach don lúthchleasaí toisc go bhfuil sé i mbun staidéir sa Fhrainc ach is deacracht do lúthchleasaithe é an riachtanas chun taisteal
  - Tá sé an-chostasach, agus níl an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta in ann an clár a chistiú ina aonar
  - Níl aon lárionad le traenáil ann aige, rud a chuireann teorainn le cultúr foirne a chothú
- Is ann do shaoráidí ráibráis ach níl an clár ag díriú ar an disciplín sin i láthair na huaire

## *Ní raibh feidhmíocht an lúthchleasaí ag na Cluichí ina léiriú ar a chumas*

### Feidhmíocht an lúthchleasaí

- Toisc nár thosaigh an clár feidhmíochta ach tamaillín roimhe sin, bhí ríméad ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta gur cháiligh lúthchleasaí. D'fhéadfadh gur rófheidhmíocht í sin, ag féachaint don chistiú atá ar fáil
- Mar sin féin, ní raibh feidhmíocht an lúthchleasaí ina léiriú ar a chumas agus bhí acmhainn ann feidhmíocht níos fearr a bhaint amach
  - Chaill sé an seans an babhta ceannais a shroicheadh de dheasca meancóg amháin sa bhabhta leathcheannais

### An tacaíocht don lúthchleasaí

- Ba mhór ag an lúthchleasaí agus ag an gclár an tacaíocht
  - Tairbhe ollmhór ba ea an tacaíocht fisiteiripe

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Bhí caidreamh iontach ar bun idir Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
  - Tugadh tacaíocht iontach don chlár agus do na cóitseálaithe
- De bharr phaindéim COVID-19, bhíothas den tuairim go rabhthas ag díriú ar shrianta/lóistíocht in ionad a bheith ag díriú ar fheidhmíocht
  - Ní raibh ach beagán atmaisféir foirne ann

## *Tá acmhainneacht ann chun an chonair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Táthar ag iarraidh go mbeadh buíon lúthchleasaithe cumasacha ann sa slalóm agus sa ráibrás araon
  - Tá siad neamhchomhtháite faoi láthair ach táthar ag iarraidh go gcothófaí caidreamh idir na disciplíní chun go mbeadh ionadaíocht ann sa dá dhisciplín
- I láthair na huaire, níl ach dornán lúthchleasaithe mar chuid den chlár ráibráis, rud a chuireann teorainn leis an atmaisféar foirne
  - Táthar ag iarraidh tuilleadh lúthchleasaithe a thabhairt isteach sa chlár chun atmaisféar foirne a thógáil amach anseo
- Mar thoradh ar thionscnaimh agus ar obair le struchtúir clubanna, táthar i mbun lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint anois agus táthar ar an eolas faoi cé hiad na lúthchleasaithe cumasacha
  - Is é a bheidh i gceist leis an gcéad chéim eile ná tacú leis na lúthchleasaithe cumasacha sin lán a gcumais a bhaint amach
- Tá líon níos airde lúthchleasaithe cumasacha ann laistigh den chlár slalóim faoi láthair, ach tá roinnt lúthchleasaithe cumasacha ag teacht chun cinn sa chlár ráibráis

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 2<br>MOLADH 3 | MOLADH 3 | MOLADH 1 | | | |

**1) Plean éifeachtach a dhearadh lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna laistigh de dhisciplín an ráibráis**

- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais chun go mbeidh struchtúir éifeachtacha i bhfeidhm ionas go dtiocfaidh rath agus bláth ar an disciplín
- Teacht ar dhóigheanna chun geallsealbhóirí a ailíniú ar dhóigh níos fearr chun go dtógfar cultúr níos comhtháite isteach sa disciplín

**2) Struchtúir thraenála a athbhreithniú chun campaí tráthrialta agus deiseanna tráthrialta le haghaidh comhoibriú a chinntiú**

- Measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le níos mó campaí a chur ar siúl i dtíortha eile
- Is gá tógáil ar na nithe ar éirigh leo i gcampaí roimhe do na lúthchleasaithe tríd an líon campaí a mhéadú
- Bheadh campaí ina ndeis freisin le hatmaisféar foirne níos fearr a chruthú laistigh den chlár agus le lúthchleasaithe a tharraingt le chéile

**3) Tógáil ar bhonnsraith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta chun an clár a leathnú**

- Féachaint leis an gclár a leathnú agus le móiminteam a bhrú chun cinn laistigh de, ós rud é go bhfuil an bhonnsraith tógtha anois laistigh den chlár (e.g., Stiúrthóir Feidhmíochta, struchtúir rialachais níos fearr, etc.)
- A chinntiú go dtabharfaidh an chonair do lúthchleasaithe cumasacha tacaíocht leordhóthanach do lúthchleasaithe cumasacha óga agus go mbeidh trasdul soiléir ann idir na céimeanna difriúla den chonair
- Fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le feabhas a chur ar an gcaidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann chun gairmiúlacht a bhrú chun cinn sa chlár

# ROTHAÍOCHT ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Rothaíocht Éireann

CYCLING IRELAND

### An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Níor comhlíonadh an t-ionchas feidhmíochta bunaidh go mbainfí áit sna 10 nÁit is Airde amach trí huaire

### An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Ní raibh na lúthchleasaithe den tuairim go raibh siad i mbarr a maitheasa ag dul isteach sna Cluichí dóibh
- Ní raibh cultúr ardfheidhmíochta ag gabháil leis na struchtúir chóitseála agus rialachais
- Fuair na lúthchleasaithe dea-thacaíocht ón gclár ardfheidhmíochta agus ó Institiúid Spórt Éireann, ach d'fhéadfadh an clár dul níos faide fós trí theacht ar fhís agus trí phleanáil a dhéanamh

### An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Bhí siad ar aon intinn sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta gur chúis díomá í an fheidhmíocht ag na Cluichí, de bharr acmhainneacht na lúthchleasaithe agus de bharr an lín lúthchleasaithe a bhí san iomaíocht

### Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá idir dhúshláin agus dheiseanna ann sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus sa soláthar saoráidí sa todhchaí

### Moltaí

1) Fís shoiléir agus cuspóir soiléir a bhunú le haghaidh cinntí infheistíochta
2) Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir thraenála agus chóitseála an chláir
3) An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athshainiú
4) Cultúr ardfheidhmíochta atá ailínithe le struchtúir rialachais a bhrú chun cinn

*Cé gur mhó an líon lúthchleasaithe ar sheol an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta iad chuig na Cluichí ná an líon a sheol sé chuig na Cluichí Oilimpeacha am ar bith riamh, ní raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais réamh-Chluichí*

**ROTHAÍOCHT ÉIREANN:**

| 21,800 | 22 | 530 | €1,595,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Daniel Martin | Rás bóthair | 16 |
| Eddie Dunbar | Rás bóthair | 76 |
| Nicolas Roche | Rás bóthair | 75 |
| Nicolas Roche | Triail ama duine aonair | 28 |
| Mark Downey | Imeacht uileach | 17 |
| Shannon McCurley/Emily Kay | Imeacht Madison | 13 |
| Felix English/Mark Downey | Imeacht Madison | 12 |
| Emily Kay | Imeacht uileach | 13 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Áit sna 10 nÁit is Airde sa Rás Bóthair agus cáiliú le haghaidh Imeacht Madison agus Imeacht uileach na bhFear agus na mBan (agus áit sna 10 nÁit is Airde i ngach ceann de na himeachtaí sin)

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 4 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Áit san 20 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 30 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 3 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Áit san 20 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sa 30 Áit is Airde trí huaire |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 7 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Áit san 20 Áit is Airde cúig huaire<br>Áit sa 30 Áit is Airde sé huaire |

*Chuir an easpa comórtas bac ar ullmhacht na lúthchleasaithe, agus ní raibh struchtúir chóitseála agus rialachais ag oibriú ar leibhéil bharrmhaithe ardfheidhmíochta*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Chuir an easpa comórtas/campaí traenála ardchaighdeáin bac ar an ullmhúchán
  - Cuireadh an mórchomórtas idirnáisiúnta deireanach ar siúl 18 mí roimh na Cluichí agus chuir sé sin cosc ar lúthchleasaithe raoin bail bharrmhaith a bhaint amach
  - Cuireadh isteach go mór ar ullmhúchán na lúthchleasaithe bóthair freisin, agus d’fhág dúshláin lóistíochúla nach raibh an díriú á leagan ar fheidhmíocht
  - Ní raibh aon rochtain ar veileadróm laistigh ar feadh bliana, beagnach, sa bhliain 2020
  - Ní raibh Mallarca ina thimpeallacht leordhóthanach le traenáil inti
  - Rinneadh beagán ullmhúchán ar airde

### Cóitseáil

- Bhí na lúthchleasaithe raoin á gcóitseáil ag cóitseálaithe an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta den chuid is mó, cé go bhfuair lúthchleasaithe bóthair tacaíocht níos neamhtheagmhálaí (de bharr a stádais ghairmiúil)
  - Bhíothas den tuairim laistigh den chlár nár soláthraíodh go leor cóitseálaithe
- Bhí bac leis an acmhainn laistigh den aonad ardfheidhmíochta agus le cóitseálaithe a fhormhaoirsiú agus a bhainistiú mar thoradh ar éirí an Stiúrthóra Feidhmíochta as i mí na Nollag
- Bhí an córas comhdhéanta de bhaill foirne/chonraitheoirí nach raibh ina gcuid iomlán de Rothaíocht Éireann
  - Chuir sé sin leis an tuairim go rabhthas in ann níos mó a dhéanamh chun struchtúir chóitseála bhunaithe/traenáil a thógáil suas

### Rialachas

- Bhí ailíniú níos fearr ann idir baill foirne agus an Coiste Ardfheidhmíochta, cé nach raibh an clár ag oibriú laistigh de thimpeallacht cultúir ardfheidhmíochta
- Mar thoradh páirteach ar an bhfíric nach raibh aon Stiúrthóir Feidhmíochta buan i bhfeidhm ar feadh roinnt míonna, ba mhó ná a ghnáthfhreagrachtaí a bhí ról an Choiste Ardfheidhmíochta
  - Mar sin féin, táthar ag iarraidh a chinntiú gur ról 'seiceála agus ceistiúcháin' é ról an Choiste, in ionad ról a bheith aige sa ghnáthghnó laethúil
- Ní raibh aon ailíniú ann ar an gCoiste Ardfheidhmíochta maidir le treo an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

*Ba thacaíocht mhaith í an tacaíocht a fuarthas ón struchtúr ardfheidhmíochta agus ó Institiúid Spórt Éireann, ach bhíothas in ann níos mó a dhéanamh laistigh den chlár ó thaobh na físe agus na pleanála de*

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- B'ann do dhea-leibhéil simplíochta, inrochtaineachta agus chumarsáide ar fud an chláir le linn ullmhúcháin
  - Ní raibh aon mhaorlathas ann, rud a chinntigh feidhmiúlacht
  - Freagraíodh go tapa d'aon saincheisteanna a tháinig chun cinn
  - Bhí lúthchleasaithe bóthair sásta leis an gcumarsáid leis an gclár ardfheidhmíochta ach tá acmhainneacht ann le haghaidh níos mó nascachtaí agus níos mó soiléire sa chlár
- Ní raibh aon fhís shoiléir ann maidir leis an gclár le linn ullmhúcháin
  - Bhí easpa soiléire ann maidir le cén áit ar cheart acmhainní a dhíriú air
- Níor leor na cláir lúthchleasaithe aonair
  - Níor leagadh go leor béime ar a chinntiú go dtuigeann lúthchleasaithe agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an fheidhmíocht, na spriocanna agus na huaillmhianta reatha agus cad atá beartaithe chun iad sin a bhaint amach
- Ar ndóigh, rinne éirí an Stiúrthóra Feidhmíochta as difear don struchtúr ardfheidhmíochta agus dá fheidhmiúlacht

### Institiúid Spórt Éireann

- Ghlac na lúthchleasaithe go maith le tacaíocht
  - Fuarthas dea-thacaíocht ó sheirbhísí éagsúla
- Tá ag éirí le ról an Chinn um Thacaíocht Feidhmíochta
  - Chabhraigh sé le tacaíocht nua a thabhairt agus le sainaithint a dhéanamh ar thréimhsí inar féidir le hInstitiúid Spórt Éireann tacú le lúthchleasaithe
  - Tá sí leabaithe isteach sa chóras/chlár
- Ba mhian le roinnt geallsealbhóirí dá mbeadh tuilleadh tacaíochta faighte acu agus iad ag traenáil i Mallarca

### Saoráidí

- Níl Mallarca oiriúnach don fheidhm a thuilleadh mar champa traenála
  - Ní éascaíonn sé seisiúin diantraenála
  - Níltear in ann traenáil airde a dhéanamh ann
  - Tá cuma iargúlta air nuair atáthar lonnaithe ann ar feadh tréimhsí suntasacha ama

## *Bhí siad ar aon intinn sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta gur chúis díomá í an fheidhmíocht ag na Cluichí*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Ba í sin an fhoireann is mó a sheol sé chuig Cluichí Oilimpeacha riamh agus ba í an chéad uair riamh a cháiligh foireann le haghaidh imeacht foirne i raonrothaíocht í
- D'ainneoin cúpla cás ina raibh dea-fheidhmíocht, bhíothas díomách ar an iomlán faoin bhfeidhmíocht sa rás bóthair agus sa raonrás
  - Rás crua dúshlánach a bhí sa rás bóthair
  - Bhí mí-ádh ann freisin, áit ar tharla tuairteanna in imeachtaí, mar aon le heaspa comórtas ar fud na n-iomaitheoirí uile
  - Níor fheidhmigh lúthchleasaithe eile de réir lán a gcumais ar an lá

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Ba leor an tacaíocht i gcoitinne a tugadh ag na Cluichí
  - Ba leor í chun cur ar chumas na lúthchleasaithe díriú go hiomlán ar a bhfeidhmíocht
- Bhíothas ag brath an iomarca in amanna ar dhaoine aonair a raibh roinnt freagrachtaí orthu

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Trí eitilt i ngrád gnó, cabhraíodh go mór le téarnamh agus le riochtú
- Eitlíodh lúthchleasaithe go díreach chuig an gcampa agus eitlíodh iad amach as a luaithe a bhí an t-imeacht críochnaithe. D'oir sé sin go foirfe don fheidhmíocht ach níor oir sé an oiread céanna don mhór-eispéireas Cluichí Oilimpeacha
  - Ní raibh cuma 'Fhoireann Éireann' air. Dá mbeadh an chuma sin air, d'fhéadfadh gurbh fhearr an fheidhmíocht
  - Bhain an cinneadh gan freastal ar an searmanas clabhsúir an bonn d'atmaisféar foirne a chruthú
- Bhain drochlóistíocht leis an bhfanacht fada ag an aerfort agus leis an riachtanas chun imeacht go han-luath ar maidin tar éis imeacht fada a chur i gcrích, ach admhaíodh nach raibh sé sin faoi shainchúram Rothaíocht Éireann ná faoi shainchúram Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann

*Ní soiléir atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha, agus tá idir dheiseanna agus dhúshláin ann leis an veileadróm a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí*

## An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Aithnítear go bhfuil difríocht ann idir na conairí agus an caidreamh leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta a theastaíonn ó lúthchleasaithe raoin agus iad sin a theastaíonn ó lúthchleasaithe bóthair
- Ní ann do chonair atá soiléir go leor do lúthchleasaí, go háirithe tar éis é nó í a bheith aimsithe agus a bheith tugtha isteach sa chlár. Ní ann do shlat tomhais feidhmíochta atá soiléir go leor agus a chabhraíonn dá bharr le leibhéil áirithe tacaíochta a shocrú
- Tá sé sin ceangailte leis an dearcadh nach raibh go leor iomaíochta le haghaidh áiteanna ann roimh Chluichí Thóiceo, rud a bhféadfadh go ndearna sé difear don fheidhmíocht

## An veileadróm sa todhchaí

- Tá plé ar bun le geallsealbhóirí maidir le veileadróm a fhorbairt sa todhchaí in Éirinn agus le conas is fearr is féidir pleanáil le haghaidh é a fhorbairt
- Táthar ag iarraidh córas a bheith i bhfeidhm faoin am a bheidh an veileadróm tógtha chun go mbeifear in ann lúthchleasaithe ar lúthchleasaithe ardfheidhmíochta iad cheana féin a bhrú chun cinn ar dhóigh níos fearr i gcomparáid le fanacht go dtí go mbeidh an veileadróm tógtha sula dtosófar ar chlár agus córas a thógáil
- Táthar den tuairim freisin go mbeidh fíordheis ann le rath inbhuanaithe a bhaint amach a luaithe a bheidh sé tógtha, cé nár cheart fanacht go dtí go mbeidh sé tógtha, agus gur féidir leis an gclár rath a bhaint amach idir an dá linn

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ




### 1) Fís shoiléir agus cuspóir soiléir a bhunú le haghaidh cinntí infheistíochta

- Critéir shoiléire a chruthú a bheidh mar bhonn agus thaca ag cinntí infheistíochta agus cistiúcháin le haghaidh an chórais ardfheidhmíochta agus a bheidh mar thoisc chinntitheach taobh thiar de na cinntí sin
- Leis na critéir sin, sholáthrófaí treoir agus soiléire maidir le tosaíochtaí an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus le treo straitéiseach an aonaid ardfheidhmíochta

### 2) Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir thraenála agus chóitseála an chláir

- Breithniú a dhéanamh ar roghanna eile ar Mhallarca a úsáid mar champa traenála, agus teacht ar láithreacha is féidir a úsáid le haghaidh diansealanna gearra traenála
- Samhail, struchtúr agus conair shoiléir cóitseála a cheapadh lena gcuirfear uasoiliúint agus oiliúint ar chóitseálaithe trí infheistíocht inbhuanaithe chun cabhrú le gairmiúlacht agus cóitseáil ardfheidhmíochta a mhéadú




### 3) An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athshainiú

- A chinntiú, i gcás lúthchleasaithe bóthair agus lúthchleasaithe raoin araon, go mbeidh conair shoiléir ann ón leibhéal óige go dtí an leibhéal sinsir
- Díriú méadaithe chun a chinntiú go mbeidh córais i bhfeidhm chun gurb amhlaidh, a luaithe a aimsítear lúthchleasaithe cumasacha, a bheidh siad in ann bogadh ar aghaidh tríd an gconair ar mhaithe lena n-acmhainn a uasmhéadú ag an am ceart
- Áirítear leis sin leibhéil/cisil shoiléire tacaíochta a chruthú a bheidh cuntasach agus intomhaiste

### 4) Cultúr ardfheidhmíochta atá ailínithe le struchtúir rialachais a bhrú chun cinn

- Ailíniú leis an gCoiste Ardfheidhmíochta chun róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire a cheapadh agus chun a chinntiú go mbeidh sé mar ról ag an gCoiste treo straitéiseach a sholáthar agus formhaoirseacht a dhéanamh



# Tuarascáil maidir le Galf Éireann

GOLF IRELAND

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Chuaigh ceathrar lúthchleasaithe san iomaíocht, ar bhain gach duine díobh áit sna 24 Áit is Airde amach. Bhain beirt díobh áit sna 8 nÁit is Airde amach

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Ós rud é go bhfuil a gcláir féin ag na lúthchleasaithe, ní raibh páirt lárnach ag an aonad ardfheidhmíochta ina n-ullmhúchán

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- D'fheidhmigh na lúthchleasaithe go maith agus ba bheag nár bhuaigh siad boinn

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá struchtúir láidre i bhfeidhm sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha

## Moltaí

1) Féachaint leis an gconair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt ar bhonn leantach
2) Leanúint le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sa trasdul ón leibhéal amaitéarach chuig an leibhéal gairmiúil
3) Tuilleadh feabhais a chur ar an gcaidreamh láidir atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta cheana féin le geallsealbhóirí

*D'fheidhmigh Galf Éireann go han-mhaith ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo, agus ba bheag nár bhuaigh sé bonn*

**GALF ÉIREANN:**

| 16 | 10 | €1,710,000 |
|---|---|---|
| THACAIGH SCÉIM GHALF FHOIREANN ÉIREANN LE LÚTHCHLEASAITHE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/ Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang | An meánlíon stróc in aghaidh an bhabhta |
|---|---|---|---|
| Rory McIlroy | Imeacht Aonair na bhFear | 4 | 67.25 |
| Shane Lowry | Imeacht Aonair na bhFear | 22 | 68.5 |
| Leona Maguire | Imeacht Aonair na mBan | 23 | 69.75 |
| Stephanie Meadow | Imeacht Aonair na mBan | 7 | 68 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- **An chomparáid iomaitheoirí uile** - chun bonn a bhuachan i gcomórtais na bhfear nó i gcomórtais na mban
- **Féinchomparáid** - go bhfeidhmeodh idir triúr imreoirí agus ceathrar imreoirí níos fearr ná a meánlíon stróc i dturas Chumann na nGalfairí Gairmiúla agus Chumann na mBanghalfairí Gairmiúla sa bhliain 2021 thar cheithre lá an chomórtais (sprioc Rory McIlroy=70.2, sprioc Shane Lowry=70.4, sprioc Leona Maguire=69.9 agus sprioc Stephanie Meadow=72.2)

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ RIO 2016 | 4 | Áit sa 30 Áit is Airde trí huaire<br>Áit san 20 Áit is Airde uair amháin<br>Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 4 | Áit sa 30 Áit is Airde ceithre huaire<br>Áit san 20 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 10 nÁit is Airde dhá uair |

*Ós rud é gur lúthchleasaithe gairmiúla iad na lúthchleasaithe, ní raibh ach páirt theoranta ag an aonad ardfheidhmíochta ina n-ullmhúchán*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- De bharr chineál gairmiúil na lúthchleasaithe, ní raibh ach páirt theoranta ag an gclár ardfheidhmíochta agus ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta in ullmhúchán na lúthchleasaithe
  - Tá a gcláir agus a n-aonaid traenála féin ag imreoirí
- Braitheadh sa chlár go raibh sé níos ullmhaithe ó thaobh ionchas agus riachtanas de mar thoradh ar an taithí a gnóthaíodh i gCluichí Oilimpeacha Rio, arbh iad na chéad Chluichí riamh a raibh galf ina gcuid díobh iad
- Chuaigh an Treoraí Foirne amach sa bhliain 2019 chun an cúrsa agus an lóistíocht a anailísiú, rud a chuaigh chun tairbhe do na hullmhúcháin

### Struchtúr an chláir ardfheidhmíochta

- Ós rud é gur lúthchleasaithe gairmiúla iad na lúthchleasaithe a chuaigh san iomaíocht sna Cluichí Oilimpeacha, ní hionann caidreamh an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta leis na Cluichí Oilimpeacha agus caidreamh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta leo
  - Is é atá sa phríomhról ná a chinntiú go bhfuil lúthchleasaithe cumasacha oiriúnacha ag teacht chun cinn agus conair ardfheidhmíochta a sholáthar suas go dtí an leibhéal gairmiúil
  - Is gá leanúint le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sa trasdul ón leibhéal amaitéarach chuig an leibhéal gairmiúil (i.e., Scéim Ghalf Fhoireann Éireann)
  - A luaithe a éiríonn lúthchleasaithe ina lúthchleasaithe gairmiúla, tá ról ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ina chinntiú go mbeidh nasc ar bun leis an lúthchleasaí agus tacaíocht a thabhairt nuair is gá (e.g., lóistíocht Cluichí Oilimpeacha)

- Tháinig gach duine den cheathrar imreoirí tríd an gclár ardfheidhmíochta agus tríd an gconair ardfheidhmíochta; is léiriú é sin ar rath an chórais
- Bhí caidreamh an-láidir ag Galf Éireann le Spórt Éireann le linn an ullmhúcháin le haghaidh na gCluichí
  - Bhí an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta buíoch as an tacaíocht a fuarthas ó Spórt Éireann agus is mór aige an glacadh le fís Ghalf Éireann

## *Tá struchtúir láidre rialachais agus saoráidí sármhaithe ag an eagraíocht nua*

### Rialachas

- Is Comhlacht Rialaithe Náisiúnta nua é a bunaíodh sa bhliain 2020, agus tá an Coiste Ardfheidhmíochta ag oibriú go maith
  - Tá raon maith ionadaíochta ann ar an mBord
  - Is é atá i gceist lena ról ná beartais agus cláir a fhormhaoirsiú i réimsí ardfheidhmíochta
  - Tá ag éirí leis an dinimic, go háirithe ós rud é go mbíodh eintitis leithleacha ann d’fhir agus do mhná

### Institiúid Spórt Éireann

- Níor baineadh úsáid as seirbhísí ach thall is abhus
  - Tá a n-aonaid oiliúna féin ag imreoirí agus bíonn siad ar camchuairt ar feadh an-chuid is mó den bhliain
  - Tá saoráidí aclaíochta ar fáil ag an acadamh ardfheidhmíochta
- Baineann roinnt lúthchleasaithe úsáid aisti nuair atá siad ar ais in Éirinn
  - Baineadh an-leas as na seirbhísí a úsáideadh
- Is láidir atá an caidreamh idir Institiúid Spórt Éireann agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta

### Saoráidí

- Tá aige Ionad Náisiúnta atá lonnaithe i dTeach Carton
  - Cóitseáil agus saoráid den chéad scoth
  - Cabhraíonn sé leis an scuad imreoirí a thabhairt le chéile
- Sholáthair sé campaí sna Stáit Aontaithe a bhí úsáideach agus a chabhraigh le teagmháil a choinneáil ar bun le lúthchleasaithe sa chlár a ghlacann páirt sa chóras coláisteach

## *D’fheidhmigh na lúthchleasaithe go han-mhaith, agus bhí eispéireas sármhaith sna Cluichí Oilimpeacha ag na geallsealbhóirí uile lenar bhain*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- D’fheidhmigh an ceathrar lúthchleasaithe uile níos fearr ná na spriocanna feidhmíochta
  - Baineadh áit sna 8 nÁit is Airde amach in Imeacht na bhFear agus in Imeacht na mBan araon
  - Maidir le lúthchleasaí amháin, a bhain an 23ú háit amach sa deireadh, bhí sí sa 5ú háit le linn Bhabhta 3. Dá bhrí sin, bhí seans ann go mbeadh feidhmíocht níos fearr fós bainte amach ag an bhfoireann
- Bhí an ceathrar lúthchleasaithe uile ina n-eiseamláirí ar fud na bhfud

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Bhain roinnt lúthchleasaithe úsáid as an tacaíocht a tugadh
  - B'úsáideach a bhí an tacaíocht fisiteiripe agus cothúcháin

### Pleanáil agus lóistíocht

- B'eispéireas an-dearfach é do na geallsealbhóirí uile
  - Tá na lúthchleasaithe ag súil cheana féin le féachaint le páirt a ghlacadh i gCluichí Oilimpeacha Pháras
- Ba shármhaith a bhí an idirghníomhaíocht le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - B'iontach a bhí an chomhairle agus an chumarsáid
- Bhíothas ag stopadh in óstán leithleach lasmuigh den Sráidbhaile toisc go raibh sé níos gaire don chúrsa
  - D'éirigh leis sin agus chabhraigh sé le himeachtaí eile a mhacasamhlú

## *Tá struchtúir fhónta ag an gclár do lúthchleasaithe cumasacha agus tá sé ag leanúint le lúthchleasaithe den chéad scoth a tháirgeadh*

### Lúthchleasaithe cumasacha sa chlár

- Is tábhachtach don chonair atá Scéim Ghalf Fhoireann Éireann agus cabhraíonn sí le greim a choinneáil ar lúthchleasaithe cumasacha nach mbeadh in ann trasdul rathúil a dhéanamh ón leibhéal amaitéarach chuig an leibhéal gairmiúil ar shlí eile
- Cuireadh a lán dua isteach sa chonair do lúthchleasaithe cumasacha ó thaobh smaointe agus acmhainní de
  - Táthar ag iarraidh cur chuige aontaithe a ghlacadh ach tá gné réigiúnach ag an gconair freisin
- Is conair thrédhearcach í do lúthchleasaithe, atá ar an eolas faoin mbealach agus faoi riachtanais gach céime

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1<br>MOLADH 2 | | | MOLADH 3 | | |

**1) Féachaint leis an gconair do lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt ar bhonn leantach**

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha a bhfuil ag éirí léi cheana féin trína chinntiú go dtabharfar do lúthchleasaithe cumasacha óga an tacaíocht cheart, rud a chabhróidh leo lán a gcumais a bhaint amach
- Tógáil ar an mbonnsraith láidir i dTeach Carton agus leanúint le lúthchleasaithe a thabhairt le chéile

**2) Leanúint le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe sa trasdul ón leibhéal amaitéarach chuig an leibhéal gairmiúil**

- Leanúint, trí Scéim Ghalf Spórt Éireann, le cistiú agus tacaíocht a thabhairt d'imreoirí a thiontaigh ina n-imreoirí gairmiúla le déanaí chun a chinntiú go dtacófar leo le linn an trasdula agus nach dtitfidh aon lúthchleasaí amach as an mbuíon lúthchleasaithe cumasacha

**3) Tuilleadh feabhais a chur ar an gcaidreamh láidir atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta cheana féin le geallsealbhóirí**

- Caidreamh láidir a thógáil agus a chothú le hInstitiúid Spórt Éireann chun go mbeifear in ann tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe i gcás go mbeidh sí ag teastáil
- Leanúint le comhpháirtíocht le Spórt Éireann a bhfuil iontaoibh aisti agus atá ailínithe ó thaobh físe agus beartas de a bheith ann
- A chinntiú go leanfaidh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta lena dhícheall a dhéanamh chun tacaíocht a thabhairt d'imreoirí gairmiúla nuair is gá chun go leanfaidh siad le páirt a ghlacadh sa chlár le haghaidh imeachtaí ar nós na gCluichí Oilimpeacha


adidas
TOKYO 2020

# Tuarascáil maidir le Gleacaíocht Éireann

GYMNASTICS IRELAND

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe, agus baineadh an 7ú háit amach (iomaitheoir sa bhabhta ceannais)

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus saoráidí den chéad scoth, clár dea-struchtúrtha agus dea-rialachas mar bhonn agus thaca aige

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Chomhlíon an fheidhmíocht na hionchais, ach bhí féidearthacht ann go mbeadh sí níos fearr fós

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Táthar ag iarraidh acmhainní cóitseála a bhreisiú laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta
- Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha

## Moltaí

1) Infheistiú i ndaoine agus cóitseálaithe ar féidir leo cabhrú le leas a bhaint as struchtúir láidre an chláir
2) An tacaíocht do lúthchleasaithe a leathnú tuilleadh ar fud an chláir náisiúnta
3) Leanúint leis an téarnamh ó thionchar phaindéim COVID-19 chun an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a thabhairt ar ais chuig na leibhéil roimhe

*Bhí Cluichí Oilimpeacha Thóiceo ina gcluichí rathúla do Ghleacaíocht Éireann, ar lena linn a baineadh babhta ceannais amach den chéad uair riamh*

**GLEACAÍOCHT ÉIREANN:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **~25,000**<br>AN LÍON BALL<br>(TABHAIR FAOI DEARA: RINNE PAINDÉIM COVID-19 DIFEAR MÓR DON LÍON SIN. B'IONANN AN LÍON BALL ROIMH AN BPAINDÉIM AGUS NÍOS MÓ NÁ 35,000 BALL) | **2**<br>AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE, AGUS TACAÍOCHT DO PHAINÉAL SINSIR NA MBAN A BHUNÚ | **84**<br>AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | **€650,000**<br>AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Megan Ryan | Uilemhíreanna Aonair | 72 |
| Megan Ryan | Barraí Míchothroma | 76 |
| Rhys McClenaghan | Capall Corr | 7 |
| Megan Ryan | An Mhír Urláir | 72 |
| Megan Ryan | An Bíoma | 88 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Bhíothas ag baint áiteanna sna babhtaí ceannais agus áiteanna póidiam amach go seasta ag mórimeachtaí amhail Craobhchomórtas na hEorpa, Craobhchomórtas an Domhain agus na Cluichí Oilimpeacha

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 1 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Gan aon Áit sa 30 Áit is Airde<br>Gan aon Áit sa 40 Áit is Airde |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 2 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Gan aon Áit sa 30 Áit is Airde<br>Áit sa 40 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 2 | Áit sna 10 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit san 20 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 30 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 40 Áit is Airde uair amháin |

*D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus soláthar sármhaith traenála agus tacaíochta ar fáil do na lúthchleasaithe. Bhí rialachas láidir agus airgeadas láidir mar bhonn agus thaca aige sin*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí dea-bhail ar an mbeirt lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí
  - Measadh go raibh bail ar lúthchleasaí amháin a bhí chomh maith sin go bhféadfadh an lúthchleasaí sin an babhta ceannais a bhaint amach/bonn a bhuachan

### Institiúid Spórt Éireann

- Bhí caidreamh sármhaith ann, agus bhí an soláthar seirbhíse den chéad scoth
  - Ba mhinic a thug cleachtóirí cabhair nuair nach raibh sé éasca dóibh déanamh amhlaidh
  - Sholáthair sí tacaíocht an-mhaith síceolaíochta le linn phaindéim COVID-19
  - Dhéileáil sí go maith le gortú a bhí ag lúthchleasaí, ag obair di i gcomhoibriú maith leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
- Tá sí leabaithe isteach sa chlár go hiomlán
- Baintear leas aisti nuair atá seirbhísí á seachfhoinsiú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath (e.g., Corcaigh)

### Rialachas

- Struchtúir láidre rialachais
  - Tugann an Coiste Ardfheidhmíochta dea-thacaíocht don chlár
  - Níl an Bord i mbun feidhme agus ní chuireann sé isteach ar an ardfheidhmíocht laethúil

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- Campaí traenála dea-phleanáilte/timpeallacht traenála dhea-phleanáilte
  - Chuathas go dtí an tSeapáin ar champa traenála sa bhliain 2019
  - Bhí nochtadh idirnáisiúnta ann (e.g., tháinig club ó na Stáit Aontaithe anseo le haghaidh campa), ach ní raibh sé chomh cuimsitheach agus a bhíothas ag iarraidh toisc nach rabhthas in ann freastal ar champaí idirnáisiúnta ná iad a óstáil de dheasca phaindéim COVID-19
  - Roghnaíodh campaí agus comórtais chun go mbeadh lúthchleasaithe i mbarr a maitheasa ag an am ceart agus chun go gcleachtfadh siad gnáthaimh
- D'fhág paindéim COVID-19 gur ar an duine aonair a bhí an traenáil agus go raibh beagán páirtithe traenála ann. Dá ainneoin sin, ní dhearnadh difear dona don traenáil toisc gur dhéileáil an clár go maith leis sin

### Airgeadas

- Déanann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ranníocaíocht shuntasach le hairgeadas an chláir ardfheidhmíochta
  - Is trí thráchtáil a ghineann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta idir 60% agus 75% dá ioncam
  - Mar sin féin, rinne paindéim COVID-19 difear ollmhór don ioncam agus, dá dheasca sin, tá an t-airgeadas níos neamhchobhsaí ná mar a bhí sé

## *Rud a rinne bunathrú chun feabhais don chlár ba ea an bogadh chuig Campas Spórt Éireann*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Thug an clár tacaíocht an-mhaith do lúthchleasaí amháin, a fuair an tacaíocht ar fad a bhí ag teastáil
- D'éirigh go geal leis an gclár
  - Sainaithníodh riachtanais agus tacaíocht go tapa
  - Bhí sé an-dírithe/an-inoiriúnaithe, agus bhí pleananna mionsonraithe agus teagmhasacha aige
  - Thug sé an-aird ar leas na lúthchleasaithe agus ní dhearna sé iarracht an iomarca oibre a thabhairt do na lúthchleasaithe
  - Bhí sé mar aidhm aige na Cluichí Oilimpeacha a normalú agus caitheamh leo amhail is dá mbeadh aon imeacht eile iontu
  - Spriocdhíríodh an cistiú ar lúthchleasaithe sonracha
- Tá struchtúir shoiléire i bhfeidhm aige
  - Mar shampla, is ann do chúig chlár conaire atá mar bhonn agus thaca ag cén chuma atá ar lúthchleasaí rathúil
- Comhpháirtí iontach a bhí i Spórt Éireann agus chabhraigh sé le tacaíocht a thabhairt don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta

### Cóitseáil

- Tá cóitseálaithe iontacha ann sa chlár, ach ní oibríonn a bhformhór go lánaimseartha
- Is ann do roinnt acmhainneachta ar fud na hÉireann ach níl go leor doimhneachta ann sa bhuíon cóitseálaithe teicniúla
- Níl aon chóitseálaí náisiúnta lánaimseartha ann do na mná
  - Tá sé ag brath ar chóitseálaithe/chonraitheoirí club-bhunaithe ach tá sé i mbun cóitseálaí lánaimseartha a fhostú

### Saoráidí agus trealamh

- Tá an clár lonnaithe san Ionad Náisiúnta Gleacaíochta ar Champas Spórt Éireann
  - Is saoráid shármhaith í atá ina cuid dhílis de rath an chláir
  - Táthar ag iarraidh mol láraithe náisiúnta cóitseála/lúthchleasaithe cumasacha a chruthú ag an ionad/ tá tús curtha leis an bpróiseas um mol den sórt sin a chruthú ag an ionad
- De bharr ardchaighdeán na saoráide, mealltar foirne idirnáisiúnta eile chun cuairt a thabhairt uirthi le haghaidh campaí
- Aithníonn an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an tacaíocht ó Spórt Éireann i leith saoráid shármhaith a sholáthar

***D'fheidhmigh an bheirt lúthchleasaithe i gcomhréir leis na hionchais den chuid is mó, ach bhí an acmhainneacht ann go mbeadh na torthaí níos fearr fós dá mba rud é nár thit siad***

### Feidhmíocht na Lúthchleasaithe

- Bhí an bheirt lúthchleasaithe measartha sásta lena bhfeidhmíocht
  - Chríochnaigh duine de na lúthchleasaithe an t-imeacht go han-mhaith tar éis titime agus ghnóthaigh sí a lán taithí
  - Bhain an lúthchleasaí eile an chéad bhabhta ceannais Gleacaíochta sna Cluichí Oilimpeacha riamh amach, rud atá ina léiriú ar cháilíocht an lúthchleasaí agus ar neart an chláir
  - Cháiligh an lúthchleasaí le haghaidh an bhabhta ceannais tríd an scór is airde a ghnóthú, ach chaill sé an seans chun bonn a bhuachan de dheasca titime
  - D'fhreagair an lúthchleasaí go maith don titim agus chríochnaigh sí a gnáthamh go han-mhaith

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- B'iontach a bhí an tacaíocht a fuarthas ó Institiúid Spórt Éireann, agus bhí na seirbhísí riachtanacha uile ar fáil
- Rinne na cóitseálaithe difear suntasach le linn na gCluichí agus ghnóthaigh na cóitseálaithe taithí luachmhar

### Pleanáil agus lóistíocht

- D'fheidhmigh an clár go han-neamhspleách le linn na hoibre pleanála agus lóistíochta le haghaidh na gCluichí
  - D'eagraigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a champa traenála féin/a eitiltí féin (ní raibh ag campa Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann saoráidí lena gcumasófaí don chlár traenáil oiriúnach a dhéanamh)
- Thug Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann cabhair nuair a bhí sí in ann déanamh amhlaidh (e.g., feisteas) agus bhí sí comhoibríoch maidir le ligean don chlár feidhmiú go neamhspleách

***Táthar ag iarraidh go mór an cháilíocht cóitseála a mhéadú laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta, agus is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha***

### Cóitseáil

- Táthar ag iarraidh go mbeadh cóitseálaithe teicniúla/cóitseálaithe náisiúnta ann laistigh den chlár chun cabhrú le hoideachas a chur ar chóitseálaithe eile agus le buíon cóitseálaithe cumasacha a chruthú
- Ba mhaith leis bonneagar níos láidre cóitseálaithe a chruthú laistigh den Ionad Náisiúnta
  - Shainaithin sé na baill foirne atá ag teastáil
- Tá sé ag iarraidh faoi láthair cóitseálaí náisiúnta lánaimseartha do na mná a earcú
- Tá conairí soiléire ann le haghaidh gach disciplín cóitseálaithe, ar conairí iad atá ag teacht le conairí na lúthchleasaithe agus a chabhraíonn le cóitseálaithe a theacht ina gcóitseálaithe ardfheidhmíochta

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Conair shoiléir le haghaidh gach disciplín, ar conair í a thosaíonn ó aois an-óg i Scuaid, i gComórtais Náisiúnta, i gComórtais Idirnáisiúnta agus i Seirbhísí Tacaíochta
- Fianaise ar rath laistigh den chonair
  - Buadh bonn i gCraobhchomórtas an Domhain/Bhain Lúthchleasaí an Babhta Ceannais i gCraobhchomórtas an Domhain Amach/Bhain Lúthchleasaí an Babhta Ceannais i gCraobhchomórtas na hEorpa/Buadh boinn i gCraobhchomórtas Thuaisceart na hEorpa
  - Tá an chéad ghrúpa cailíní sinsearacha tar éis teacht tríd an gcóras conaire nua
  - Is ann do líon maith lúthchleasaithe cumasacha fireanna agus baineanna a d'fhéadfadh dul san iomaíocht ar an ardán domhanda
- Rinne moill dhá bhliain a bhain le paindéim COVID-19 difear don chonair do lúthchleasaithe cumasacha
  - Chaill lúthchleasaithe óga deis ach d'fhág sé sin go rabhthas in ann tús nua a thógáil. Rinneadh conairí a athsheoladh agus a athfhorbairt chun a chinntiú go mbeadh na conairí uile ailínithe

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 2 | MOLADH 2<br>MOLADH 1 | MOLADH 1 | | | |

### 1) Infheistiú i ndaoine agus cóitseálaithe ar féidir leo cabhrú le leas a bhaint as struchtúir láidre an chláir

- Tá i bhfeidhm ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta na saoráidí agus na struchtúir le haghaidh ardfheidhmíochta ach teastaíonn uaidh anois na hacmhainní chun dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den fhorbairt
- Teastaíonn uaidh bainisteoirí conaire a oibreoidh le cláir forbartha clubanna chun a chinntiú go dtabharfaí lúthchleasaithe cumasacha ardchaighdeáin isteach san Ionad
- Teastaíonn uaidh comhordaitheoirí agus baill foirne riaracháin a chabhróidh le pleanáil tacaíochta agus le lóistíocht
- Teastaíonn uaidh baill foirne theicniúla lánaimseartha a oibreoidh laistigh den Ionad, gan a bheith ag brath ar chonraitheoirí

### 2) An tacaíocht do lúthchleasaithe a leathnú tuilleadh ar fud an chláir náisiúnta

- Féachaint leis na seirbhísí tacaíochta do lúthchleasaithe (e.g., Institiúid Spórt Éireann) a leathnú ar fud an chláir náisiúnta (e.g., lúthchleasaithe óga atá níos faide síos an chonair do lúthchleasaithe cumasacha)

### 3) Leanúint leis an téarnamh ó thionchar phaindéim COVID-19 chun an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a thabhairt ar ais chuig na leibhéil roimhe

- Féachaint leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta a atógáil le linn an chéad Timthrialla eile chun filleadh ar na leibhéil roimhe a bhí ann roimh theacht phaindéim COVID-19
- Obair le lúthchleasaithe cumasacha óga a chaill dhá bhliain laistigh den chonair chun a chinntiú nach ndéanfadh an cailliteanas gearrthéarmach sa traenáil difear don acmhainneacht fhadtéarmach
- Féachaint le hairgeadas a thabhairt ar ais go dtí na leibhéil roimhe, nuair a bhí an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag soláthar méideanna láidre ioncaim

# HACA ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Haca Éireann

Hockey Ireland

(TABHAIR FAOI DEARA: IS DÍRITHE AR FHOIREANN HACA NA MBAN AMHÁIN ATÁ AN TUARASCÁIL SEO, AGUS NÍ ATHBHREITHNIÚ É AR CHLÁR NA BHFEAR AGUS AR CHLÁR NA MBAN)

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh Foireann na mBan. D'imir sí cúig chluiche, ar bhuaigh sí ceann amháin díobh
- Níor cháiligh sí amach as na linnte agus bhí sí sa 10ú háit ag an deireadh

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Baineadh tairbhe as an aistriú chuig samhail leathláraithe, ach chuir paindéim COVID-19 bac ar an ullmhúchán

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Ní raibh an fhoireann in ann an fheidhmíocht a chonacthas in imeachtaí roimhe a bhaint amach

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Cé go ndearnadh feabhsuithe, is féidir níos mó a dhéanamh fós chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an gconair

## Moltaí

1. Tógáil ar an gconair fheabhsaithe trí leanúint leis an leibhéal óige agus an leibhéal sinsir a ailíniú
2. Obair le geallsealbhóirí chun plean fadtéarmach atá soiléir agus trédhearcach a bhunú le haghaidh struchtúr an chláir
3. A chinntiú go dtiocfaidh timpeallacht ardfheidhmíochta as an tacaíocht a thugtar do lúthchleasaithe

*Chabhraigh Haca Éireann le Foireann Ban cáiliú den chéad uair riamh, ach níor fheidhmigh an fhoireann de réir lán a cumais ag na Cluichí*

**HACA ÉIREANN:**

| 33,521 | 736 | €2,510,000 |
|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

- D'imir sí cúig chluiche. Bhuaigh sí ceann amháin agus chaill sí ceithre cinn, a d'fhág go raibh sí sa 5ú háit ina linn sa deireadh
- Níor cháiligh sí amach as na linnte agus bhí sí sa 10ú háit ar an iomlán ag an deireadh

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Cáiliú amach as na linnte chuig na céimeanna díbeartha

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | Gan aon cháiliú | N/B |
| CLUICHÍ RIO 2016 | Gan aon cháiliú (Is amhlaidh a cháiligh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta Foireann Fear) | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | Cháiligh sé Foireann Ban | Baineadh an 10ú háit amach |

*Bhí méideanna iomaíocha am cluiche agus traenála ann laistigh den chlár, ach bhí deis ag an gclár le dul níos faide fós ó thaobh tacaíocht agus saoráidí a sholáthar de*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- D'eascair deacracht as Craobhchomórtas na hEorpa a bheith chomh gar sin do na Cluichí
  - Ba ghá don fhoireann feidhmiú i mbarr a maitheasa dhá uair laistigh de thréimhse ghairid ama
  - Dá ainneoin sin, is amhlaidh a thug an clár aghaidh ar réimsí le haghaidh forbairt ó Chraobhchomórtas na hEorpa san ullmhúchán le haghaidh na gCluichí
- Bhí an fhoireann ar aon chéim le foirne eile ón taobh fisiciúil de agus í ag dul isteach sna Cluichí ach bhí sí chun deiridh orthu ón taobh teicniúil de agus ó thaobh teaictící de

### Institiúid Spórt Éireann

- De bhreis ar Institiúid Spórt Éireann, fuarthas tacaíocht ó Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann agus ó bhaill foirne ar conradh de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Ar an iomlán, bhí tionchar dearfach acu sin ar an gclár, go háirithe maidir le gortuithe a chosc
- Chuir roinnt de na daoine sin ar cuireadh agallamh orthu in iúl gur mhaith leo tuilleadh tacaíochta a fháil agus leag siad béim ar na deacrachtaí dúchasacha atá i gceist le tacaíocht a thabhairt do spórt foirne a bhfuil cineál leathghairmiúil aige
- Tá acmhainneacht ann chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhordú idir cóitseálaithe agus Institiúid Spórt Éireann

### Saoráidí agus trealamh

- Bhíothas in ann na saoráidí haca go ginearálta ag Campas Spórt Éireann a fheabhsú
  - Mar shampla, bhí seomraí feistis, seomraí cruinnithe/limistéir foirne agus seomraí téarnaimh in easnamh
  - D'fhág sé sin nach raibh an tsaoráid chomh cuimsitheach agus chomh compordach agus ab fhéidir

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- De dheasca phaindéim COVID-19, bhí níos mó ama ann le haghaidh traenáil toisc go raibh teorainn leis an taisteal ag clubanna
- Bhí an clár ag iarraidh dul go dtí an Mhalaeisia, ach cealaíodh an turas de bharr saincheisteanna sábháilteachta
  - Bhí sé intuigthe gur tugadh tús áite don tsábháilteacht. Mar sin féin, chuir sé sin isteach ar an gclár agus bhíothas ag iarraidh campa aimsire teo
  - Chuir sé sin teorainn leis an gcumas chun timpeallacht de chineál Thóiceo a mhacasamhlú, cé gur dhea-phleanáilte a bhí an traenáil teasa
- Fuarthas níos mó ama ag imirt cluichí sa bhliain 2021 (e.g., cluichí in aghaidh na Breataine Móire agus in aghaidh na hAlban, agus cluichí i gCraobhchomórtas na hEorpa), ach bhíothas ag iarraidh níos mó cluichí a imirt in aghaidh na bhfoirne ardrangaithe

## *B'éifeachtach le linn na tréimhse ullmhúcháin a bhí an t-aistriú a rinneadh le déanaí chuig samhail leathláraithe*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Chuaigh an t-aistriú chuig clár traenála leathláraithe/leathghairmiúil chun tairbhe don ullmhúchán go mór
  - B'fhearr an nochtadh d'fhoirne idirnáisiúnta
  - B'fhearr an cumas chun tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe agus chun traenáil leo
- Tá roinnt fadhbanna ann fós leis an gclár agus leis an struchtúr
  - Chabhraigh an cuspóir chun dul san iomaíocht ag Cluichí Oilimpeacha leis an tiomantas don chlár agus dá chineál leathláraithe agus leis an díriú ar an gclár agus ar a chineál leathláraithe, ach níltear cinnte in aon chor an samhail inbhuanaithe í sin do na lúthchleasaithe nó nach ea
  - Ní ann do shoiléire iomlán maidir le treo an chláir tar éis Chluichí Oilimpeacha Thóiceo
  - Níl acmhainn iomlán ag baill foirne tacaíochta (e.g., Institiúid Spórt Éireann) chun coinneáil suas le riachtanais an chláir toisc nach bhfuil struchtúir iomlána i bhfeidhm
  - Ní bheadh go leor acmhainní agus acmhainne ann dá mba rud é gur cháiligh Foireann na bhFear agus Foireann na mBan araon

### Cistiú

- Admhaíodh go bhfuil difríocht mhór idir spórt foirne a chistiú agus spóirt aonair a chistiú
- Táthar ag iarraidh Clár na bhFear agus Clár na mBan araon a chistiú, ach ní leor na hacmhainní reatha chun tacaíocht iomlán a thabhairt don dá chlár

### Cóitseáil

- Tá struchtúir chonaire cóitseála i bhfeidhm, ach níl plean comharbais soiléir ann le haghaidh cóitseálaithe go fóill
- Is gá tacaíocht a thabhairt do chóitseálaithe, agus uasoiliúint a chur orthu, maidir le ceannaireacht cláir agus le tacaíocht theicniúil/oirbheartaíochta

## *Cé gurbh éacht iontach é cáiliú, níor fheidhmigh an fhoireann de réir lán a cumais*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Níor fheidhmigh an fhoireann chomh maith agus ba mhaith léi
  - Níor chomhlíon an fhoireann na hionchais
  - Chaill an fhoireann an cluiche cinniúnach in aghaidh na hIndia
- Mar sin féin, d'fhoghlaim an fhoireann a lán ceachtanna ón bhfeidhmíocht agus b'eispéireas iontach é an chéad uair a ghlac an fhoireann páirt i gCluichí Oilimpeacha
  - Ghnóthaigh na himreoirí óga taithí
  - Foghlaimíodh ceachtanna oirbheartaíochta agus meabhrach
- Bhí roinnt daoine den tuairim gur measadh gur thábhachtaí an cáiliú rathúil ná an fheidhmíocht ag na Cluichí iad féin

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Fuarthas dea-thacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann ag na Cluichí
  - Bhí tacaíocht iontach fisiteiripe agus liachta ar fáil
- Bhí tacaíocht nirt agus riochtaithe ar fáil le linn an réamhchampa, ach ní raibh sí ar fáil le linn na gCluichí
  - Bhíothas ag iarraidh go dtabharfaí tacaíocht tar éis an réamhchampa (níor tairgeadh ach tacaíocht fhíorúil le linn na gCluichí)
  - Bhí teorainn leis sin de bharr an lín daoine a bhí creidiúnaithe

### Pleanáil agus lóistíocht

- Rinne Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann jab an-mhaith ach is ann fós do réimsí le haghaidh feabhais
  - Ba shármhaith a bhí an campa coinneála
  - Ní raibh rochtain ann ar sheomraí foirne nó ar ghiomnáisiamaí ag na Cluichí
  - Sa searmanas oifigiúil, bhí mothú aisteach ann feisteas traenála a chaitheamh nuair a bhí feisteas oifigiúil á chaitheamh ag náisiúin eile
- Bhí an clár ar shiúl ar feadh míosa roimhe sin, ach níor measadh é a bheith ina fhadhb in aon chor

## *Cé go ndearnadh feabhsuithe, is féidir níos mó a dhéanamh fós chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Rinneadh feabhsuithe laistigh den chonair (e.g., Scuad Forbartha na mBan faoi 21)
- Tá acmhainneacht ann chun tuilleadh feabhais a dhéanamh chun a chinntiú nach gcaillfear aon lúthchleasaithe cumasacha ar an mbealach
  - Tá bearna ann fós idir an leibhéal náisiúnta agus na leibhéil sóisir
  - Ba cheart leas a bhaint as an bplean forbartha 'HookedForLife' chun uasoiliúint a chur ar imreoirí óige
  - D'fhéadfadh clár atá níos soiléire agus níos ailínithe leis an gclár don leibhéal sinsir a bheith ag an leibhéal faoi 18/faoi 16
- Is gá a chinntiú go mbeidh imreoirí sóisir ag dul san iomaíocht ar an leibhéal is airde ina n-aoisghrúpaí faoi seach chun nach mbeidh cuma chomh scanrúil céanna ar chomórtais sinsir
- Táthar á admháil gur féinchistithe atá na cláir gráid aoise, rud nach dtarlaíonn go minic i náisiúin iomaitheora

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 3<br>RMOLADH 1 | MOLADH 3 | MOLADH 2 | | | |

### 1) Tógáil ar an gconair fheabhsaithe trí leanúint leis an leibhéal óige agus an leibhéal sinsir a ailíniú

- Rinneadh dea-obair leis na foirne faoi 21 agus faoi 23. Féachaint le foirne a leabú isteach go hiomlán sa chlár agus lena chinntiú go gcomhtháthófar iad go soiléir isteach sna foirne sinsir ón leibhéal sóisir
- Plean soiléir a cheapadh le haghaidh lúthchleasaithe faoi 16 agus faoi 18, ar plean é a bheidh ag teacht leis an mórchlár
- A chinntiú go ndéanfar na bunáiteanna réigiúnacha a nascadh leis an gclár náisiúnta agus go gcomhtháthófar iad isteach ann

### 2) Obair le geallsealbhóirí chun plean fadtéarmach atá soiléir agus trédhearcach a bhunú le haghaidh struchtúr an chláir

- Comhoibriú le geallsealbhóirí (e.g., Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, etc.) chun plean, fís agus straitéis a chruthú a bheidh soiléir le haghaidh struchtúr an chláir do na trí bliana roimh Chluichí Oilimpeacha Pháras
- A chinntiú go mbeidh soiléire i measc na ngeallsealbhóirí uile san éiceachóras maidir le treo an chláir agus maidir le cé na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó gach geallsealbhóir de réir mar a théitear ar aghaidh
- A chinntiú go dtabharfar breac-chuntas sa chlár ar struchtúr soiléir le haghaidh na nithe seo: an clár, conas a idirghníomhaíonn na lúthchleasaithe ann, treo an chláir, pleanáil comórtais, agus an bealach ón staid reatha chuig Cluichí Oilimpeacha amach anseo

### 3) A chinntiú go dtiocfaidh timpeallacht ardfheidhmíochta as an tacaíocht a thugtar do lúthchleasaithe

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na leibhéil reatha tacaíochta d'fhoirne (e.g., cóitseálaithe, neart agus riochtú, etc.) chun a chinntiú go dtairgfear an leibhéal ceart tacaíochta sna réimsí cearta agus go gcuirfear feabhas ar thacaíocht go seasta (e.g., tacaíocht traenála)
- Obair le Spórt Éireann chun measúnú a dhéanamh ar an soláthar saoráidí sa todhchaí agus ar an inmharthanacht a bhaineann le níos mó saoráidí a thairiscint (e.g., seomra foirne, seomraí feistis, etc.)
- Leanúint le hInstitiúid Spórt Éireann a leabú isteach tuilleadh sa chlár



# Tuarascáil maidir le hEachspórt Éireann

HORSE SPORT IRELAND

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh seachtar lúthchleasaithe aonair agus cháiligh dhá fhoireann
  - Áit sna 24 Áit is Airde cúig huaire
  - Áit sna 16 Áit is Airde ceithre huaire
  - Áit sna 8 nÁit is Airde dhá uair

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Chuir an líon beag comórtas bac ar an ullmhúchán, ach bhí bail measartha maith ar struchtúir ardfheidhmíochta sa tréimhse roimh na Cluichí

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Níor comhlíonadh na hionchais ar fud na ndisciplíní toisc nár fheidhmigh na marcaigh agus na capaill go maith ar an lá agus de dheasca mí-áidh

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Deacracht don chlár a bhí, agus atá, i gcapaill den chéad scoth a mhealladh agus a choinneáil

## Moltaí

1) Réitigh a fhorbairt lena mealltar capaill ardchaighdeáin chuig an gclár
2) Tús áite a thabhairt do chomórtais do mharcaigh
3) Institiúid Spórt Éireann a leabú isteach sna cláir
4) Acmhainn oibriúcháin agus tacaíocht oibriúcháin a neartú

(Tabhair faoi deara: Tá moltaí breise ann le haghaidh disciplíní ar leith)

*D'ainneoin líon maith lúthchleasaithe, níor chomhlíon Eachspórt Éireann na hionchais réamh-Chluichí a socraíodh dó*

**EACHSPÓRT ÉIREANN:**

| 81 | €2,440,000 |
|---|---|
| AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Heike Holstein | Dreasáiste | 37 |
| Sarah Ennis | Seómharcaíocht | 36 |
| Austin O'Connor | Seómharcaíocht | 13 |
| Sam Watson | Seómharcaíocht | 30 |
| Foireann (an triúr lúthchleasaithe thuas) | Seómharcaíocht | 8 |
| Bertram Allen | Léimneach | 15 |
| Darragh Kenny | Léimneach | 17 |
| Cian O'Connor | Léimneach | 7 |
| Foireann (an triúr lúthchleasaithe thuas agus Shane Sweetnam) | Léimneach | Díbeartha |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Seómharcaíocht – Áit ar an bpóidiam
- Dreasáiste – Áit sna 10 nÁit is Airde (tar éis é sin a bhailíochtú, coigeartaíodh an t-ionchas ina ionchas go mbainfí áit sa 20 Áit is Airde amach)
- Seóléimneach – Áit ar an bpóidiam

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 8 | Áit sna 8 nÁit is Airde trí huaire (Bonn Cré-umha amháin)<br>Áit sna 16 Áit is Airde ceithre huaire<br>Áit sna 24 Áit is Airde cúig huaire |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 6 | Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit sna 16 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 24 Áit is Airde trí huaire |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 8 | Áit sna 8 nÁit is Airde dhá uair<br>Áit sna 16 Áit is Airde ceithre huaire<br>Áit sna 24 Áit is Airde cúig huaire |

(Tabhair faoi deara: Comhairtear lúthchleasaí amháin sa líon lúthchleasaithe, fiú i gcás go ndeachaigh an lúthchleasaí san iomaíocht i níos mó ná imeacht amháin)

## *Chuir an easpa comórtais bac ar an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí*

(Tabhair faoi deara: Sa tuarascáil seo, roinntear na léargais ina dtrí dhisciplín ar leith. Mar thoradh ar lúthchleasaithe Dreasáiste gan a bheith ar fáil le haghaidh agallamh, áfach, is lú an líon léargas le haghaidh Dreasáiste agus níl aon mholtaí atá sonrach don disciplín sin aige)

### Ullmhacht na lúthchleasaithe/na gcapall

**Gach disciplín:**
- Chuir an easpa ama comórtais bac ar an ullmhacht
  - Tugadh an iomarca tosaíochta do thraenáil thar am comórtais
  - Bhí cumas srianta ann chun an fheidhmíocht a thagarmharcáil i gcomparáid le tíortha eile
- Bhí dea-mhóiminteam acu agus cháiligh siad go luath roimh theacht phaindéim COVID-19

**Seómharcaíocht:**
- Tugadh cead speisialta do lúthchleasaithe ardfheidhmíochta chun traenáil, rud a chabhraigh leis an ullmhacht

**Seóléimneach:**
- Bhí dea-bhail ar na capaill sa tréimhse roimh na Cluichí

**Dreasáiste:**
- Bhí siad chomh hullmhaithe agus ab fhéidir toisc nár ceadaíodh ach beagán taistil idirnáisiúnta

### Campaí traenála agus an timpeallacht traenála

**Seóléimneach:**
- Cuireadh bac ar chineál idirnáisiúnta an chláir de dheasca phaindéim COVID-19
- Imeacht maith ba ea imeacht Florida. Mhacasamhlaigh sé dálaí Thóiceo agus chabhraigh sé le dea-mhíleáiste a chur isteach sna capaill
- Níor reáchtáladh go leor campaí traenála foirne, rud a rinne difear do chultúr foirne a chruthú

**Seómharcaíocht:**
- Tá fadhbanna ann maidir le taisteal agus dul chuig campaí. Theastaigh taisteal idirnáisiúnta ón gclár ach ní raibh aon bhunáit san Eoraip aige

**Dreasáiste:**
- Bhíothas ag iarraidh go dtabharfaí faoi níos mó turas/níos mó campaí as baile

### Airgeadas

**Gach disciplín:**
- De dheasca an Bhreatimeachta, is mó go mór an costas a bhaineann le traenáil a dhéanamh san Eoraip agus le dul san iomaíocht inti
- Ní raibh soiléire iomlán ann maidir leis na cinntí cistiúcháin a rinneadh ar chistí a chaitheamh ar thraenáil nó iad a chaitheamh ar chomórtais

## *Ar an iomlán, bhí bail measartha maith ar struchtúir ardfheidhmíochta na ndisciplíní, ach bhíothas in ann níos mó a dhéanamh maidir le tacaíocht ghinearálta*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

**Seóléimneach:**
- Ós rud é go raibh na marcaigh ar an gcamchuairt idirnáisiúnta, bhí deacracht ann maidir lena áirithiú cé na capaill a bhí ar fáil ag imeachtaí
- Aonaid atá an-saincheaptha don duine aonair, rud a chuir bac ar chultúr foirne a chruthú

**Seómharcaíocht:**
- Is dúshlán é clár a reáchtáil le lúthchleasaithe atá lonnaithe in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon
- Is dea-chlár é ag a bhfuil struchtúir fhónta a tógadh suas ó Chluichí Oilimpeacha Londan agus Cluichí Oilimpeacha Rio i leith
- Cuid dhúchasach den imeacht nua-aimseartha is ea nach mór do lúthchleasaithe a bheith ina saineolaithe ar na trí dhisciplín uile
  - Tá dreasáiste chun deiridh ar na disciplíní eile ó thaobh na cáilíochta de

**Dreasáiste:**
- Tá treocht aníos ag gabháil leis an gclár ach bhíothas in ann níos mó a dhéanamh maidir le pleanáil agus le lúthchleasaithe a bhainistiú
- Cé gurbh údar conspóide é, ba é an cinneadh roghnúcháin nach seolfaí ach marcach amháin chuig na Cluichí an cinneadh ceart

### Cóitseáil

**Gach disciplín:**
- D'fhéadfadh go mbeadh cabhair tugtha don ullmhúchán dá mba rud é gur tugadh tuilleadh tacaíochta maidir leis na Stiúrthóirí Ardfheidhmíochta
- Níl aon fhorluí suntasach ann idir na struchtúir chóitseála agus thacaíochta ar fud na dtrí dhisciplín

### Institiúid Spórt Éireann

**Gach disciplín:**
- Beagán teagmhála, áit a raibh an nascacht is mó ag Seómharcaíocht

**Seóléimneach:**
- Ar mhachnamh don chlár, bheadh sé ina chabhair dá mba rud é gur ghlac na marcaigh tuilleadh leis an tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann (e.g., neart agus riochtú, cothú, etc.)
  - Tháinig deacrachtaí chun cinn toisc nach raibh marcaigh lonnaithe in Éirinn

## *Ní raibh an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais réamh-Chluichí*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

**Dreasáiste:**
- D'fheidhmigh an lúthchleasaí chomh maith agus ab fhéidir agus ba bheag nár ghnóthaigh sé a sháriarracht phearsanta

**Seómharcaíocht:**
- Níor fheidhmigh siad de réir lán a gcumais mar lúthchleasaithe a bhí in ann bonn a bhuachan
  - B'amhlaidh sin toisc nach raibh cumas teicniúil na marcach ar an leibhéal riachtanach chun dul san iomaíocht le haghaidh bonn a bhuachan ar an lá agus toisc nár fheidhmigh na capaill de réir an chaighdeáin riachtanaigh

**Seóléimneach:**
- Bhí mí-ádh ann go pointe éigin, go háirithe ós rud é go raibh fuil sróine le linn an imeachta ag an gcapall le lúthchleasaí a raibh seans aici bonn a bhuachan

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

**Gach disciplín:**
- Bhíothas sásta leis an tacaíocht a tugadh ag na Cluichí
- Bhí sé sin níos tábhachtaí fós de bharr na hardteochta agus na bogthaise
- Bhí acmhainneacht ann le haghaidh tuilleadh comhoibrithe idir na baill foirne tacaíochta do na trí dhisciplín

**Seómharcaíocht:**
- Bhí dornán ball foirne tacaíochta ann, rud a chuir áthas ar an gclár

**Dreasáiste:**
- Bhíothas ag iarraidh go bhfaighfí tuilleadh tacaíochta ó thraenálaithe

### Pleanáil agus lóistíocht

**Gach disciplín:**
- Bhí na Cluichí Oilimpeacha seo an-doiligh ó thaobh taistil de
  - Bhí sé crua do na capaill go háirithe a bheith ag taisteal ar feadh tréimhse chomh fada sin

**Seóléimneach agus Dreasáiste:**
- D'éirigh go geal le fanacht san óstán toisc gur chabhraigh sé leis an "ngnáth"-thimpeallacht feidhmíochta a chruthú

> *Bíonn sé doiligh do na cláir na capaill is fearr a mhealladh agus a choinneáil*

### An chonair do lúthchleasaithe agus do chapaill

**Gach disciplín:**
- Tá an cumas ag Éirinn chun capaill den chéad scoth a tháirgeadh. Dá ainneoin sin, bíonn sé doiligh do na cláir na capaill chumasacha a choinneáil agus dreasachtaí a thabhairt d'úinéirí chun go ligfidh siad don chlár a gcapaill a úsáid i gCluichí Oilimpeacha
- Cuireann sé sin teorainn leis an líon capall den chéad scoth atá ar fáil don chóras agus fágann sé nach leor an doimhneacht laistigh den chonair do chapaill

**Seóléimneach:**
- Tá dea-bhuíon marcach óg ann
- Níl aon mharcaigh bhaineanna ardleibhéil ann i láthair na huaire, áfach

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
| | MOLADH 1<br>MOLADH 2 | | | | | |

### 1) Réitigh a fhorbairt lena mealltar capaill ardchaighdeáin chuig an gclár

- Conair shoiléir a chruthú lena leagfar amach an bealach le haghaidh capaill den chéad scoth a thabhairt isteach sa chlár ag an gcéim cheart dá bhforbairt
- Caidreamh láidir a fhorbairt le húinéirí, ar caidreamh é a chabhróidh le capaill den chéad scoth a thabhairt isteach sa chlár
- Dreasachtaí a thabhairt d'úinéirí chun go ligfidh siad don chlár a gcapall a úsáid

### 2) Tús áite a thabhairt do chomórtais do mharcaigh

- Pleanáil fhadtéarmach comórtais a fhorbairt chun a chinntiú go ngnóthóidh marcaigh an nochtadh is mó agus go dtabharfar tús áite d'am comórtais lena linn
- Úsáid a bhaint as am comórtais méadaithe chun feidhmíocht a thagarmharcáil i gcomparáid le hiomaitheoirí

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
| | | MOLADH 3<br>MOLADH 4 | | | | |

### 3) Institiúid Spórt Éireann a leabú isteach sa chlár

- Obair i gcomhar le hInstitiúid Spórt Éireann chun tuilleadh gairmiúlachta a thabhairt isteach sa chlár
- A chinntiú go mbeidh plean soiléir ann lena dtabharfar tacaíocht do mharcaigh nach bhfuil lonnaithe gar do Champas Spórt Éireann

### 4) Acmhainn oibriúcháin agus tacaíocht oibriúcháin a neartú

- Tacaíocht níos leithne a sholáthar maidir leis na Stiúrthóirí Ardfheidhmíochta
- Róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire na mball foirne laistigh den chlár feidhmíochta a bhunú
- Sineirgí idir baill foirne oibriúcháin agus baill foirne tacaíochta a aimsiú agus a shainaithint

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
| | MOLADH 5<br>MOLADH 7<br>MOLADH 8 | | | | MOLADH 6 | |

**SEÓMHARCAÍOCHT:**

**5) Teastaíonn plean soiléir lena dtabharfar aghaidh ar dhisciplín an Dreasáiste**

- Cabhróidh sé lena chinntiú gur ar chaighdeán den chéad scoth a bheidh na trí dhisciplín uile

**6) Imscrúdú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le mol satailíte a chruthú san Eoraip**

- A bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil inmharthanacht ag baint le mol is féidir a úsáid mar bhunáit le haghaidh comórtais Eorpacha


**SEÓLÉIMNEACH**

**7) Treisiú leis an gcultúr foirne**

- An fhoireann a thabhairt le chéile ar bhonn níos minice chun timpeallacht foirne a chothú

**8) Teacht ar réitigh lena gcinnteofar go mbeidh na marcaigh/na capaill is fearr ar fáil**

- Treisiú leis an tiomantas don chlár i measc marcach agus capall


adidas
TOKYO 2020
TOKYO 2020

# Tuarascáil maidir le Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Buadh dhá bhonn (Bonn Óir amháin agus Bonn Cré-umha amháin), baineadh an babhta ceathrú ceannais amach uair amháin agus baineadh Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh amach dhá uair

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'éirigh leis an ullmhúchán, d'ainneoin roinnt athruithe agus roinnt dúshlán rialachais a tháinig chun cinn laistigh den eagraíocht le linn an Timthrialla. Brúdh chun cinn é le dea-chóitseáil, le saoráidí sármhaithe agus le campaí traenála dea-phleanáilte

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Cúis mhór áthais ba ea dhá bhonn a bhaint amach ag na Cluichí
- Níor buadh níos mó bonn de dheasca dornán tarraingtí doilí

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Ní ceangailte leis an gcóras ardfheidhmíochta atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha
- An acmhainneacht chun forbairt cóitseála a leathnú tuilleadh
- Teastaíonn plean soiléir le haghaidh trasdul dornálaithe gairmiúla ón gcóras

## Moltaí

1) Leanúint le caidreamh a fhorbairt le Spórt Éireann agus le geallsealbhóirí eile
2) Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais ionas go gcruthófar conair faoi bhláth do lúthchleasaithe cumasacha
3) Plean soiléir a fhorbairt le haghaidh forbairt cóitseálaithe
4) Leanúint le tógáil ar rath an chláir ardfheidhmíochta

*Bhí Cluichí Oilimpeacha Thóiceo an-rathúil do Chumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann, áit ar bhain sé amach an athuair na leibhéil ratha a bhain sé amach le linn Chluichí Oilimpeacha Londan*

## CUMANN DORNÁLAÍOCHTA LÚTHCHLEASA NA HÉIREANN:

| 18,387 | 15 | 1,124 | €2,940,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Aidan Walsh | Marcmheáchan | 3 |
| Michaela Walsh | Cleitmheáchan | 9 |
| Emmet Brennan | Trom-mheáchan Éadrom | 17 |
| Kurt Walker | Cleitmheáchan | 5 |
| Brendan Irvine | Cuilmheáchan | 17 |
| Aoife O'Rourke | Meánmheáchan | 9 |
| Kellie Harrington | Éadrom-mheáchan | 1 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Níor chuir sé ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí faoi bhráid Spórt Éireann, cé gur iarradh air a lán uaireanta déanamh amhlaidh

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 6 | Baineadh Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh amach dhá uair<br>Dhá Bhonn Cré-umha<br>Bonn Airgid amháin<br>Bonn Óir amháin |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 8 | Baineadh Babhta an 32 Lúthchleasaí Deiridh amach uair amháin<br>Baineadh Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh amach ceithre huaire<br>Baineadh an Babhta Ceathrú Ceannais amach trí huaire |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 7 | Baineadh Babhta na 16 Lúthchleasaí Deiridh amach dhá uair<br>Baineadh an Babhta Ceathrú Ceannais amach uair amháin<br>Bonn Cré-umha amháin<br>Bonn Óir amháin |

*D'éirigh leis an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí. Brúdh chun cinn é le dea-chóitseáil, le saoráidí sármhaithe agus le campaí traenála dea-phleanáilte*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Ar an iomlán, bhí dea-bhail ar na lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí, agus dea-leibhéil ullmhachta ann
  - Bhí siad dea-ullmhaithe ón taobh meabhrach de agus ón taobh fisiciúil de araon
- Bhí gortuithe ag roinnt lúthchleasaithe, agus chuir an easpa speárála bac ar an ullmhacht

### Cóitseáil

- D'éirigh leis an struchtúr um chóitseálaithe sonracha a bheith ann le haghaidh grúpaí áirithe lúthchleasaithe
  - D'éascaigh sé sin speisialtóireacht
  - Ba dhea-phleanáilte a bhí na teaglamaí idir lúthchleasaithe agus cóitseálaithe a roghnaíodh i dteannta na foirne síceolaíochta
  - Bhí dea-dhinimic ann idir lúthchleasaithe agus cóitseálaithe

### Saoráidí

- Bhí saoráidí den chéad scoth ar fáil ag Campas Spórt Éireann, agus leibhéil láidre tacaíochta ann
- B'fhearr leo dá mbeadh níos mó geallsealbhóirí le chéile san aon saoráid amháin (e.g., baill foirne riaracháin) agus go dtabharfaí roinnt seirbhísí breise (e.g., cóiríocht do lúthchleasaithe)

### Campaí traenála agus an timpeallacht traenála

- Bhí rath ar na comórtais agus na campaí traenála a roghnaíodh
  - Leis na comórtais a roghnaíodh, soláthraíodh an chothromaíocht cheart idir comórtais agus traenáil agus laghdaíodh an dóchúlacht go leathfaí COVID-19
  - D'éirigh leis céilí speárála a thabhairt isteach ó thíortha eile
- Tháinig laghdú ar mhéid an ghrúpa traenála de dheasca phaindéim COVID-19, ach chabhraigh sé sin le cultúr dlúth a chruthú
- D'fhág an mearbhall faoi chritéir cháiliúcháin/chomórtais cháiliúcháin Chumann Idirnáisiúnta na Dornálaíochta Amaitéaraí nár seoladh lúthchleasaithe chuig comórtais ar mhian leo go seolfaí iad chucu, ag breathnú siar dóibh anois
- Cuireadh srian le lúthchleasaithe cumasacha nua a thabhairt isteach toisc nach raibh aon Chraobhchomórtas Náisiúnta ann
- Bhí cultúr láidir scuad traenála ann
  - Forbraíodh grúpa dornálaithe a d'fhéadfadh rath a bhaint amach, in ionad grúpa daoine aonair a fhorbairt
  - Chabhraigh an t-ullmhúchán le linn an Timthrialla lena lán dornálaithe a thabhairt ar aghaidh chuig caighdeán Cluichí Oilimpeacha

## *Bhíothas ag ullmhú le haghaidh na gCluichí le linn déileáil le roinnt dúshlán rialachais agus le hathruithe ar an eagraíocht agus ar an gclár*

### Institiúid Spórt Éireann

- Thug cleachtóirí tacaíocht shármhaith, rud a chuir luach leis an gclár
  - Dhéileáil sí go maith le COVID-19
- Chabhraigh gaireacht Institiúid Spórt Éireann don chlár Dornálaíochta le cleachtóirí a leabú isteach sa chlár
- B'iontach a bhí an tacaíocht fisiteiripe ach níor leor í, ag féachaint do mhéid an chláir. Tugtar faoi deara gur chonraigh Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann a fhisiteiripeoir féin go díreach agus gur thug Institiúid Spórt Éireann tacaíocht fisiteiripeoirí ionaid

### Airgeadas

- Bhíothas ag iarraidh go dtabharfaí tuilleadh cistí don chlár ardfheidhmíochta
- Ní ghineann an t-aonad ardfheidhmíochta ná an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta mórmhéideanna ioncaim

### Rialachas

- Bunaíodh Coiste Comhairleach Ardfheidhmíochta, ach níl ag éirí leis
  - Níl aon chomhoibriú ar bun idir oifigigh thofa agus baill foirne
  - Ní raibh an saineolas riachtanach ag na comhaltaí
- Táthar ar aon intinn nach barrmhaith atá an caidreamh reatha idir an t-aonad ardfheidhmíochta agus na comhaltaí
  - Creideann roinnt díobh gur réiteach ar na fadhbanna é aonad ardfheidhmíochta ar leith a bheith ann
  - B'fhearr le roinnt eile díobh go réiteofaí fadhbanna mar chomhlacht amháin agus creideann siad go gcruthófaí níos mó fadhbanna dá scarfaí iad

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Tharla athruithe suntasacha le linn an Timthrialla
  - Áirítear leo sin Stiúrthóir Ardfheidhmíochta nua, saoráid nua agus beartais roghnúcháin nua
- Bhí cumarsáid oscailte agus iontaoibh ann idir formhór na ngeallsealbhóirí ardfheidhmíochta
- Bhí comhtháthú láidir ann laistigh den fhoireann sa tréimhse roimh na Cluichí

## *Ba shármhaith a bhí an fheidhmíocht ag na Cluichí, ar lena linn a buadh dhá bhonn*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Feidhmíocht an-mhaith lenar baineadh Bonn Óir amháin agus Bonn Cré-umha amháin amach
  - Comhlíonadh spriocanna inmheánacha
- Bhíothas den tuairim go bhféadfaí níos mó bonn a bhuachan fós
  - Ba iad na lúthchleasaithe a bhuaigh an bonn sa deireadh a bhuaigh ar na lúthchleasaithe nár éirigh leo áit ar an bpóidiam a bhaint amach
  - Tarraingtí doilí do lúthchleasaithe
- Chruthaigh na lúthchleasaithe iad féin go maith agus iad ag feidhmiú
  - B'fhearr an t-ionracas ná mar a bhí sé le linn Cluichí roimhe sin

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Tacaíocht iontach
  - Chuaigh an tacaíocht síceolaíochta chun tairbhe do lúthchleasaithe nach raibh páirt glactha acu i gCluichí Oilimpeacha riamh
  - Comhtháthaíodh tacaíocht síceolaíochta isteach i gcinntí cóitseála
- Bhíothas ag iarraidh níos mó creidiúnúchán. Chuir an líon srian leis an tacaíocht
- D'éirigh le struchtúr na tacaíochta ó chóitseálaithe
  - Níor tugadh an iomarca faisnéise agus ní raibh barraíocht cóitseálaithe ann a bhí ag iarraidh tionchar a imirt

### Pleanáil agus lóistíocht

- B'fhearr an tacaíocht a fuarthas ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann ná mar a bhí sí sna Cluichí roimhe
  - Fuair lúthchleasaithe gach a raibh ag teastáil uathu
  - B'ann do líon foirne láidir chun tacú le lúthchleasaithe
- B'an-mhaith a bhí an campa réamh-Chluichí in Miyazaki
  - Rinneadh traenáil leordhóthanach, rud a chabhraigh le lúthchleasaithe dul i dtaithí ar an aeráid

## *Tarraingíodh dúshláin maidir leis an gconair do lúthchleasaithe cumasacha, le forbairt cóitseála agus leis an trasdul do dhornálaithe gairmiúla anuas le linn na n-agallamh le geallsealbhóirí*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Tá cumas teoranta ag an aonad ardfheidhmíochta chun tionchar a imirt ar an gconair agus idirghníomhú le lúthchleasaithe óga, rud ar fadhb mhór í
  - Cuireann sé sin srian le pleanáil fhadtéarmach
  - Tá rochtain do lúthchleasaithe cumasacha agus measúnú orthu in easnamh
  - Ní ann d'aon chonair shoiléir ná d'aon nasc soiléir idir aoisghrúpaí, rud a chuireann teorainn le trasdul dornálaithe agus le leabú dornálaithe
- Cuireann sé sin srian le cumas na gcóitseálaithe ardfheidhmíochta chun feidhmíocht dornálaithe óga a fheabhsú

### Forbairt cóitseála

- D'fhéadfaí níos mó a dhéanamh le forbairt cóitseálaithe agus tá gá ann le huasoiliúint a chur ar chóitseálaithe reatha
- Teastaíonn conair cóitseála shoiléir agus bealach chun forbartha

### An trasdul gairmiúil

- Tá gá ann le próiseas a thabhairt isteach lena ndéanfar idirchaidreamh le dornálaithe a fhágann an córas chun dul leis an spórt go gairmiúil ar mhaithe leis an réasúnaíocht agus an iompraíocht a thuiscint

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
| | MOLADH 2 | | MOLADH 1 | | | |

### 1) Leanúint le caidreamh a fhorbairt le Spórt Éireann agus le geallsealbhóirí eile

- Tá feabhsú suntasach tagtha ar an gcaidreamh idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus Spórt Éireann le linn an Timthrialla, agus é bunaithe ar an tuiscint go bhfuil ag éirí leis an gclár ceannaireachta agus ardfheidhmíochta
- Tá gá ann leis an mbonnsraith sin a úsáid chun leanúint leis an gcaidreamh a thógáil agus chun a chinntiú go mbeidh ailíniú agus comhoibriú ann maidir le struchtúir rialachais agus le conas is féidir leis an eagraíocht a hoibríochtaí a fheabhsú lasmuigh den chlár ardfheidhmíochta

### 2) Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialachais ionas go gcruthófar conair faoi bhláth do lúthchleasaithe cumasacha

(Tabhair faoi deara: Admhaítear go bhfuil athbhreithniú leithleach ar rialachas á dhéanamh faoi láthair, agus tá na moltaí thíos ar leithligh ón athbhreithniú sin)

- Soiléire a ghnóthú ar an gcaidreamh idir an t-aonad ardfheidhmíochta agus na baill agus ar conas a idirghníomhóidh siad leis an eagraíocht de réir mar a théitear ar aghaidh, áit a mbunófar freagrachtaí soiléire idir na geallsealbhóirí uile
- Mar chuid den obair sin, is gá díriú méadaithe a leagan ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha agus ar conas teacht ar mheán lena gcumasaítear conair shoiléir rathúil ón mbunleibhéal go dtí an leibhéal ardfheidhmíochta
- Chun déanamh amhlaidh, teastaíonn níos mó comhordúcháin idir an t-aonad ardfheidhmíochta agus na baill

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
| | RECOMMENDATION 4 | RECOMMENDATION 3 | | | | |

### 3) Plean soiléir a fhorbairt le haghaidh forbairt cóitseálaithe

- Plean a cheapadh lena gcinnteofar go gcuirfear ar chóitseálaithe an oiliúint lena gcabhrófar leo a scileanna agus a saineolas a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhealach soiléir
- Plean forbartha do chóitseálaithe a chruthú, ar plean é lena ngabhann conair shoiléir ina leagfar amach an phirimid cóitseála ón mbunleibhéal go dtí an scothleibhéal

### 4) Leanúint le tógáil ar rath an chláir ardfheidhmíochta

- An clár ardfheidhmíochta a fhorbairt agus a dhoimhniú ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbainfear tuilleadh ratha amach
- Leas a bhaint as an gcaidreamh láidir reatha le hInstitiúid Spórt Éireann agus as a bheith lonnaithe ar Champas Spórt Éireann chun na mórsheirbhísí agus na mórchórais a leabú isteach tuilleadh sa chlár
- Féachaint le dlús a chur leis na naisc leis na mórchórais agus leis an spórt go ginearálta (e.g., tionchar réigiúnach)



# CUMANN LÁMHAIGH CRÉTHARGAIDÍ NA hÉIREANN

# Tuarascáil maidir le Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh lúthchleasaí amháin, a bhain an 26ú háit amach san imeacht Inneall Scaoilte

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'fhág an cáiliú déanach agus paindéim COVID-19 nach raibh a lán deiseanna traenála ar fáil

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Bhí an fheidhmíocht ag teacht leis an ionchas réamh-Chluichí don lúthchleasaí

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá lúthchleasaithe cumasacha ann ach is dúshlán é tacú leo
- Ní thugtar tús áite do dhisciplíní Oilimpeacha sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta

## Moltaí

1) Treisiú le hacmhainn ardfheidhmíochta na heagraíochta
2) Feabhas a chur ar struchtúir rialachais
3) Conair a chruthú chun a chinntiú go dtacófar go hiomlán le lúthchleasaithe cumasacha lán a gcumais a bhaint amach

*Sheol Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann lúthchleasaí amháin chuig na Cluichí, a d'fheidhmigh i gcomhréir leis na hionchais den chuid is mó*

**CUMANN LÁMHAIGH CRÉTHARGAIDÍ NA HÉIREANN:**

| 744 | 1 | 9 | €110,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Derek Burnett | Inneall Scaoilte | 26 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Níor liostaíodh aon ionchas follasach feidhmíochta ach bhíothas dóchasach go gcáileodh lúthchleasaí baineannach amháin

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 1 | Baineadh an 27ú háit amach |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 1 | Baineadh an 26ú háit amach |

*Rinne an easpa traenála de dheasca phaindéim COVID-19, mar aon le saincheisteanna roghnúcháin, bac a chur ar an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Chuir an roghnú/cáiliú déanach bac ar ullmhacht an lúthchleasaí
  - Ní raibh an lúthchleasaí i mbun taistil ag an am agus ní rabhthas ag súil go hiomlán leis go gcáileodh sé
- Bhí sé níos doilí dul i mbun taistil idirnáisiúnta de dheasca phaindéim COVID-19, rud a laghdaigh an líon deiseanna traenála a bhí ar fáil
  - Rinneadh é sin níos measa toisc go raibh iomaitheoirí intíre in easnamh
- Mar sin féin, bhí bail ullmhachta measartha maith ar an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí

### Cóitseáil

- Bhí sé i gceist le straitéis cóitseála an lúthchleasaí a cháiligh ná a fháil amach cé na nithe ar éirigh leo san am atá thart agus féachaint leis an bhfeidhmíocht sin a athchruthú ag na Cluichí

### Rialachas

- Chuir saincheisteanna rialachais bac ar an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí
- Bhí mór-shaincheisteanna roghnúcháin ann sa tréimhse roimh na Cluichí
  - Tairgeadh cuireadh speisialta le haghaidh Imeacht na bhFear, ar ina leith a chreid beirt lúthchleasaithe gur cheart iad a bheith ainmnithe
  - Níor tairgeadh aon chuireadh speisialta le haghaidh Imeacht Inneall Scaoilte na mBan
  - Bhain na saincheisteanna sin an barr den ullmhúchán, agus níor úsáideadh aon struchtúir shoiléire chun iad a mhaolú
- Ní ann do go leor saineolais ar Chluichí Oilimpeacha/ardfheidhmíocht laistigh de struchtúir rialachais agus d'fhéadfaí níos mó a dhéanamh chun an t-aonad ardfheidhmíochta/disciplíní Oilimpeacha a chomhtháthú i measc na mball ina n-iomláine

## *Bhíothas in ann níos mó a dhéanamh maidir le struchtúir ardfheidhmíochta agus le soláthar saoráidí*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Chuaigh an eagraíocht agus an clár i mbun gnímh go tapa chun tacú leis an lúthchleasaí a cháiligh go déanach
- Chuir an ganntanas struchtúr ardfheidhmíochta laistigh den chlár teorainn le rath an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
  - Níorbh ann d'aon treoraí ardfheidhmíochta ná d'aon saineolas dílis laistigh den eagraíocht
  - Níor leordhóthanach a bhí an bhonnsraith ardfheidhmíochta nó na struchtúir ardfheidhmíochta
  - Tá sé an-spleách ar oibrithe deonacha
- Mar gheall ar an difríocht mhór atá ann ón leibhéal amaitéarach go dtí an leibhéal gairmiúil, baineann ríthábhacht le struchtúir ardfheidhmíochta ar mhaithe le rath a bhaint amach

### Cistiú

- Ní raibh aon chistiú ardfheidhmíochta ag an lúthchleasaí a cháiligh sa deireadh
- Is spórt an-chostasach é lena n-éilítear cistiú suntasach do lúthchleasaithe chun go mbeidh siad iomaíoch
  - Is bacainn í sin ar rochtain do lúthchleasaithe óga/cumasacha

### Saoráidí agus trealamh

- Níl na saoráidí ná an trealamh den chéad scoth
  - Ní barrmhaith atá an cháilíocht, ós rud é nach soláthraíonn ach saoráid amháin comórtais ar bhonn tráthrialta
  - Níl an trealamh ag teacht le caighdeáin na gcomórtas idirnáisiúnta
- Is gá go mbeidh bunáit idirnáisiúnta ag an traenáil ardfheidhmíochta chun go mbeifear in ann dul in iomaíocht leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan ar bhonn seachtainiúil

## *Bhíothas ag súil leis an bhfeidhmíocht, ag féachaint don tréimhse ullmhúcháin*

### Feidhmíocht an lúthchleasaí

- Níor chúis díomá í an fheidhmíocht ach bhí an acmhainneacht ann chun feidhmíocht níos fearr a bhaint amach
  - Bhí drochthús ag an lúthchleasaí agus bhí sé sa tóir ar na hiomaitheoirí eile ó shin i leith
  - B'fhearr i bhfad a fheidhmíocht sna babhtaí deireanacha
- Mar thoradh ar an easpa traenála, bhí an fheidhmíocht ag teacht leis na hionchais den chuid is mó

### An tacaíocht don lúthchleasaí

- Fuair sé tacaíocht ó chóitseálaí a bhí ar fáil chun tacaíocht agus comhairle a thairiscint
  - Bhí caidreamh láidir ann idir an lúthchleasaí agus an cóitseálaí
- Bhí na seirbhísí uile (e.g., neart agus riochtú, cothú, etc.) ar fáil don lúthchleasaí, ach ní raibh sé riachtanach iad a úsáid

### Pleanáil agus lóistíocht

- Sholáthair Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann dea-leibhéil ghairmiúlachta le linn na gCluichí
  - B'iontach go háirithe a bhí an Chef de Mission

*Is ann do lúthchleasaithe cumasacha ardchaighdeáin. Mar sin féin, baineann an dúshlán leis an tacaíocht a theastaíonn chun bogadh chuig leibhéal den chéad scoth a thabhairt, agus ní thugtar tús áite do dhisciplíní Oilimpeacha laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta*

### Lúthchleasaithe cumasacha sa chlár

- Tá lúthchleasaithe cumasacha ann sa ghrúpa a d'fhéadfadh a bheith den chéad scoth (e.g., bhain lúthchleasaí amháin an 7ú háit amach le déanaí i gCraobhchomórtas Gránghunna na hEorpa 2021)
- Dúshlán níos mó is ea a thabhairt do na lúthchleasaithe sin na struchtúir agus an tacaíocht a theastaíonn uathu chun iad a thógáil ó acmhainn den chéad scoth go dul san iomaíocht go seasta ar an ardán domhanda
- Is ann d'ábhar imní freisin go bhfuil na lúthchleasaithe cumasacha ag díriú ar an iomarca disciplíní nó nach bhfuil siad ag glacadh páirt sna disciplíní is cuid de chlár na gCluichí Oilimpeacha
- Tá difríocht mhór ann freisin idir an leibhéal amaitéarach agus an leibhéal gairmiúil, rud a mhéadaíonn an gá le conair láidir do lúthchleasaithe cumasacha a bheith ann

### Disciplíní Oilimpeacha

- Is lú an tóir ar na disciplíní agus an ionadaíocht dóibh sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta ná mar atá siad i gcás disciplíní eile nach disciplíní Oilimpeacha iad
- Cúis pháirteach leis sin is ea go bhfuil níos mó bacainní ar rochtain ag na disciplíní Oilimpeacha
- Cruthaíonn sé sin deacracht maidir leis an gconair agus le cinntí rialachais

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1<br>MOLADH 3 | MOLADH 1 | MOLADH 2 | | | |

### 1) Treisiú le hacmhainn ardfheidhmíochta na heagraíochta

- Acmhainn an aonaid ardfheidhmíochta a thógáil trí Stiúrthóir/Bhainisteoir Ardfheidhmíochta ag a bhfuil saineolas agus taithí ar an timpeallacht a fhostú
- Forbairt a dhéanamh, a luaithe atá tuilleadh acmhainne tugtha isteach, ar phlean soiléir a chabhróidh le mórchóras ardfheidhmíochta a chruthú (e.g., cóitseáil den chéad scoth, seirbhísí tacaíochta, saoráidí den chéad scoth, etc.)

### 2) Feabhas a chur ar struchtúir rialachais

- A chinntiú go mbeidh ag struchtúir rialachais eolas fairsing ar na disciplíní Oilimpeacha/an timpeallacht Oilimpeach chun treo straitéiseach cuí agus formhaoirseacht a sholáthar don choiste feidhmiúcháin
- Plean soiléir a cheapadh maidir le conas a idirghníomhóidh na baill agus na haonaid ardfheidhmíochta chun ailíniú agus comhoibriú a chinntiú de réir mar a théitear ar aghaidh
- A chinntiú go mbeidh cód/struchtúr soiléir rialachais ann lena stiúrfar cinnteoireacht i gcás go dtiocfaidh saincheisteanna amhail achomhairc roghnúcháin chun cinn agus a chinntiú go gcloífear leis

### 3) Conair a chruthú chun a chinntiú go dtacófar go hiomlán le lúthchleasaithe cumasacha lán a gcumais a bhaint amach

- Conair do lúthchleasaithe cumasacha a thógáil a thacóidh le lúthchleasaithe ardacmhainne ón taobh iomlánaíoch de
- Leas a bhaint as tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann chun gairmiúlacht a fheabhsú i measc lúthchleasaithe
- A chinntiú go dtacófar go hiomlán le disciplíní Oilimpeacha laistigh den eagraíocht chun go mbeidh mórbhuíon lúthchleasaithe cumasacha ar fáil

# CUMANN JÚDÓ NA hÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Cumann Júdó na hÉireann

### An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh beirt lúthchleasaithe – lúthchleasaí amháin in Imeacht 100 kg na bhFear agus lúthchleasaí amháin in Imeacht 70 kg na bhFear
- Chaill an bheirt acu i mBabhta an 32 Lúthchleasaí Deiridh

### An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Níorbh fhéidir leis an gclár níos mó a dhéanamh chun iad a ullmhú, d'ainneoin an mhí-áidh a bhain le gortú agus le paindéim COVID-19

### An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Níor baineadh amach an méid a raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag súil leis, ach bhí tionchar ag easnaimh bheaga agus ag gortú ina leith sin

### Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha ann ach níl sí ag oibriú ar dhóigh inbhuanaithe. Cúis pháirteach leis sin is ea an easpa doimhneachta atá ann sa chóitseáil

### Moltaí

1) An acmhainn cóitseála a neartú chun cabhrú le hinbhuanaitheacht na struchtúr cóitseála a mhéadú
2) Obair chun a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha agus líon foirne leordhóthanach ag an gconair do lúthchleasaithe cumasacha
3) Leanúint le struchtúr cláir a bhfuil comórtais idirnáisiúnta ina gcuid dhílis de a thógáil

*Chabhraigh Cumann Júdó na hÉireann lena líon lúthchleasaithe inmhianaithe a cháiliú le haghaidh Chluichí Oilimpeacha Thóiceo, ach níor bhain sé a ionchais feidhmíochta amach*

**CUMANN JÚDÓ NA HÉIREANN:**

| 1,837 | 5 | 13 | €230,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Megan Fletcher | 70 kg | 17 |
| Ben Fletcher | 100 kg | 17 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Ionchas go gcáileodh beirt lúthchleasaithe, a mbainfeadh lúthchleasaí amháin díobh áit sna 16 Áit is Airde amach

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 1 | Baineadh an 9ú háit amach – chaill an lúthchleasaí sa Bhabhta Ceathrú Ceannais |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 2 | Baineadh an 17ú háit amach dhá uair – chaill an bheirt acu i mBabhta an 32 Lúthchleasaí Deiridh |

*Cuireadh bac ar an ullmhúchán de dheasca phaindéim COVID-19 agus de dheasca gortaithe, ach rinne an clár a dhícheall na lúthchleasaithe a ullmhú le haghaidh na gCluichí*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí éagsúlacht ann idir an bheirt lúthchleasaithe ó thaobh a n-ullmhachta de
  - Mar thoradh ar dhianghortú a fulaingíodh tamaillín roimhe sin, ní raibh lúthchleasaí amháin in ann dul san iomaíocht roimh na Cluichí
  - Bhí an lúthchleasaí eile ag dul isteach sna Cluichí le hullmhúchán iontach
- Sa dá chás sin, níorbh fhéidir leis an gclár níos mó a dhéanamh chun tacú leis na lúthchleasaithe ullmhú ar an mbealach is fearr is féidir

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Ba lonnaithe i Sasana den chuid is mó a bhí an bheirt lúthchleasaithe a cháiligh. Dá bhrí sin, d’oibrigh an struchtúr ar bhonn díláraithe
- Ba lonnaithe i dTuaisceart Éireann a bhí formhór na lúthchleasaithe eile a bhí sa chlár
- Bheadh sé luachmhar dá mba rud é gur tugadh na lúthchleasaithe le chéile ar bhonn níos minice

### Saoráidí agus trealamh

- De bharr an chineáil dhíláraithe, níor lonnaithe in Éirinn a bhí an-chuid de na saoráidí ar bhain na lúthchleasaithe leas astu
- Níl aon Dojo Náisiúnta ann. Ba i mBéal Feirste a thraenáil formhór na lúthchleasaithe a bhí lonnaithe in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann
  - Ba leor na saoráidí i mBéal Feirste

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- Bhí sé mar chuspóir ag an gclár páirt a ghlacadh i gcomórtais a oiread agus ab fhéidir
  - Chuir paindéim COVID-19 teorainn le cumas an chláir chun oibriú
  - Bhí buntáiste ag céilí comhraic toisc go raibh cláir níos mó le hoibriú acu ar an leibhéal intíre, rud nach raibh Éire in ann a dhéanamh
  - D'fhág sé sin nach raibh an clár in ann dul chun cinn a dhéanamh ar na héachtaí a baineadh amach sa Chamchuairt Dhomhanda sa bhliain 2019, ar lena linn a bhuaigh sé 10 mbonn

## *Ba shármhaith a bhí caighdeán na gcóitseálaithe, d'ainneoin deacrachtaí cistiúcháin*

### Institiúid Spórt Éireann

- Ós rud é gur lonnaithe i mBéal Feirste agus i Sasana a bhí formhór na lúthchleasaithe, níor baineadh úsáid ar bhonn tráthrialta as na seirbhísí ar sholáthair Institiúid Spórt Éireann iad
- Sna cásanna inar baineadh úsáid astu, b'iontach a bhí an tacaíocht a fuarthas
  - Bhíothas buíoch go háirithe as seirbhísí cothúcháin, a raibh tionchar suntasach acu ar an bhfeidhmíocht

### Cistiú

- Mórbhacainn le linn na tréimhse ullmhúcháin ba ea cistiú
  - Caitheadh sciar suntasach den bhuiséad ar chostais foirne, rud a chuir teorainn leis na cistí a bhí ar fáil le haghaidh na feidhmíochta go ginearálta (e.g., taisteal chun freastal ar chomórtais)
  - Ba é an toradh a bhí air sin gur leagadh roinnt freagrachtaí ar bhaill foirne (e.g., bhí baint lárnach ag an Stiúrthóir Feidhmíochta leis an gcóitseáil)

### Cóitseáil

- Tugadh cóitseáil shármhaith do na lúthchleasaithe
  - Soláthar den chéad scoth, a raibh seisiúin dhea-phleanáilte rianúil i gceist leis
  - Thairg cóitseálaithe an leibhéal ceart freagrachta do lúthchleasaithe

## *Níor chomhlíon na lúthchleasaithe na spriocanna bunaidh de bharr easnaimh bheaga agus de bharr easpa ullmhúcháin de dheasca gortaithe*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Cé nár baineadh aon rath amach, bhí sé doiligh do lúthchleasaí amháin déanamh amhlaidh de dheasca an ghortaithe a bhí aici roimh na Cluichí, agus b'éacht é cáiliú le haghaidh na gCluichí iad féin
- Níorbh fhéidir leis an lúthchleasaí eile níos mó a dhéanamh agus bhí easnaimh bheaga ar an bhfeidhmíocht, ag cailleadh dó sa chuid dheireanach dá chluiche i mBabhta an 32 Lúthchleasaí Deiridh
  - Chaill sé sa deireadh in aghaidh an lúthchleasaí a bhuaigh an Bonn Airgid

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Tugadh tacaíocht thar barr do lúthchleasaithe
  - Tugadh ceathrar lúthchleasaithe tacaíochta chuig na Cluichí, agus deiseanna speárála á dtairiscint acu (idir chéilí deaslámhacha agus chéilí clélámhacha le haghaidh na beirte lúthchleasaithe cháilithe)
  - Chuir paindéim COVID-19 srian le húsáid a bhaint as roinnt den tacaíocht ghinearálta
- Fuarthas dea-thacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann
  - B'úsáideach go háirithe a bhí an tacaíocht fisiteiripe agus cothúcháin

### Pleanáil agus lóistíocht

- Fuarthas tacaíocht iontach ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - Timpeallacht traenála thar barr ba ea Fukuroi
  - Bhíothas buíoch gur tugadh aird ar mhionsonraí (e.g., bia saor ó ghlútan a sholáthar)
- Ba chomhpháirtí thar barr é Spórt Éireann roimh na Cluichí agus lena linn, agus rinne sé a dhícheall freastal ar na hiarrataí ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

## *Tá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha ann ach níl sí ag oibriú ar dhóigh inbhuanaithe. Cúis pháirteach leis sin is ea an easpa doimhneachta atá ann sa chóitseáil*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Ní inbhuanaithe atá an chonair reatha agus na hacmhainní a chuirtear ar fáil di
  - Táthar ag díriú na n-acmhainní teoranta ar na scoth-lúthchleasaithe reatha
  - Tá sé doiligh ceangaltais a thabhairt do lúthchleasaithe nach bhfuil chomh fada sin síos an chonair
- Tá sé sin ag rannchuidiú le bearna mhór a chruthú idir na lúthchleasaithe sinsearacha agus na lúthchleasaithe sóisearacha

### Doimhneacht na cóitseála

- Ní ann d'aon chonair cóitseála
  - Bhíothas rípleách ar oibrithe deonacha agus ar dhaoine aonair áirithe
- Tá spleáchas mór ann ar an Stiúrthóir Feidhmíochta maidir le seirbhísí cóitseála
- Ní ann d'aon tacar soiléir cóitseálaithe forbartha laistigh den chóras

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 2<br>MOLADH 3 | MOLADH 1 | | | | |

### 1) An acmhainn cóitseála a neartú chun cabhrú le hinbhuanaitheacht na struchtúr cóitseála a mhéadú

- Tá gá ann le struchtúr cóitseála níos inbhuanaithe a thógáil le haghaidh an chórais agus le haghaidh na gcóitseálaithe laistigh de
- Is é atá i gceist leis sin acmhainn cóitseála a thógáil lena n-éascófar am le scoth-lúthchleasaithe agus le lúthchleasaithe óga araon
- Teastaíonn soiléire maidir le róil agus le freagrachtaí ionas nach dtabharfar an iomarca oibre do chóitseálaithe
- Plean a bhunú le haghaidh forbairt a dhéanamh ar chóitseálaithe atá níos faide síos an phirimid agus a oibríonn le lúthchleasaithe cumasacha óga
- Comhoibriú le hAonad Cóitseála Spórt Éireann maidir le cóitseálaithe a fhorbairt

### 2) Obair chun a chinntiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha agus líon foirne leordhóthanach ag an gconair do lúthchleasaithe cumasacha

- A luaithe a bheidh struchtúir chóitseála i bhfeidhm, conair shoiléir éifeachtach do lúthchleasaithe cumasacha a bhunú ón leibhéal óige go dtí an leibhéal sinsir, ar conair í a gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil di as seo amach

### 3) Leanúint le struchtúr cláir a bhfuil comórtais idirnáisiúnta ina gcuid dhílis de a thógáil

- Leanúint le díriú a leagan ar chomórtais idirnáisiúnta lena soláthrófar rochtain do lúthchleasaithe ar na lúthchleasaithe is fearr is féidir, agus breithniú a dhéanamh ar dheiseanna le lúthchleasaithe a nochtadh tuilleadh do chomórtais idirnáisiúnta
- A chinntiú gurb inbhuanaithe do na geallsealbhóirí uile a bheidh an fhéilire comórtas agus na coimitmintí

# CUMANN RUGBAÍ NA hÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Cumann Rugbaí na hÉireann

IRFU

(TABHAIR FAOI DEARA: IS DÍRITHE AR FHOIREANN SEACHTAR FEAR AN TAOBH AMHÁIN ATÁ AN TUARASCÁIL SEO, AGUS NÍ ATHBHREITHNIÚ É AR CHLÁR NA BHFEAR AGUS AR CHLÁR NA MBAN. TÁ MOLADH SONRACH DO CHLÁR NA MBAN LE FÁIL AG DEIREADH NA TUARASCÁLA)

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Cháiligh Foireann na bhFear. D'imir sí trí chluiche, ar bhuaigh sí ceann amháin díobh
- Níor cháiligh sí amach as an gCéim Grúpa agus bhí sí sa 10ú háit ag an deireadh

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Chuir an cáiliú déanach agus an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar Shraithchomórtas an Domhain bac ar an ullmhúchán
- Dhéileáil an clár leis na fadhbanna sin go maith

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Níor fheidhmigh an fhoireann de réir lán a cumais

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha
- Cuireann an éiginnteacht faoi thodhchaí an phróisis cáiliúcháin teorainn leis an gcumas chun pleananna fadtéarmacha a dhéanamh

## Moltaí

1) Leanúint le caidreamh láidir a fhorbairt le Spórt Éireann
2) Tógáil ar struchtúir na conaire chun a chinntiú go mbeidh imreoirí ardchaighdeáin á dtabhairt isteach sa chlár
3) Tacú le cóitseálaithe intíre a fhorbairt agus le hoiliúint a chur orthu
4) Measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta a neartú chun dul i bhfeidhm ar chinntí maidir le comórtais/le cáiliú

*Ós rud é nach raibh an clár ach ina thús, b'éacht mór é cabhrú le Foireann na bhFear cáiliú, ach níor fheidhmigh an fhoireann de réir lán a cumais le linn na gCluichí*

**CUMANN RUGBAÍ NA HÉIREANN:**

TÁ FOIREANN SEACHTAR FEAR AN TAOBH MAR CHUID DE CHLÁR LÁNGHAIRMIÚIL ATÁ LONNAITHE AG CEANNCHEATHRÚ CHUMANN RUGBAÍ NA HÉIREANN AR CHAMPAS SPÓRT ÉIREANN

**€1,040,000**
AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020)

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Níor cháiligh an fhoireann amach as an gCéim Grúpa – bhí sí sa 10ú háit tar éis na gcluichí réitithe le haghaidh áiteanna ón 9ú háit go dtí an 12ú háit
- D'imir sí trí chluiche. Bhuaigh sí ceann amháin agus chaill sí dhá cheann

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Bhí Cumann Rugbaí na hÉireann ag iarraidh go gcáileodh Foireann Fear agus Foireann Ban araon (Tabhair faoi deara: Níor cháiligh Foireann Ban)

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ RIO 2016 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | FOIREANN AMHÁIN | Baineadh an 10ú háit amach – cuireadh an lúthchleasaí amach sa Chéim Grúpa |

*Chuir an cáiliú déanach agus paindéim COVID-19 bac ar chumas an chláir chun ullmhú go hoiriúnach le haghaidh na gCluichí. Mar sin féin, bhí an clár lúfar agus dhéileáil sé go maith leis*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí bac ar an ullmhacht toisc nár cháiligh an fhoireann ach mí amháin roimh na Cluichí
  - Bhí an fhoireann traochta ón taobh meabhrach de agus ón taobh fisiciúil de araon
  - Bhí gortuithe ag roinnt imreoirí
  - Ní raibh ach beagán ama ann chun straitéisí agus pleananna a cheapadh le haghaidh na gCluichí
- Mar sin féin, bhí na lúthchleasaithe fíor-ullmhaithe le haghaidh an chomórtais repêchage é féin (i.e., an comórtas cáiliúcháin)

### Saoráidí agus trealamh

- Saoráid thar barr is ea an cheanncheathrú nua ar Champas Spórt Éireann
  - Saoráidí sármhaithe
  - Fuarthas tacaíocht an-mhaith ó thaobh seirbhísí de (e.g., anailís feidhmíochta, cothú, neart agus riochtú, etc.)
- Ní rabhthas in ann úsáid iomlán a bhaint as an tsaoráid nua (e.g., imreoirí nua a thabhairt isteach san ionad) de dheasca phaindéim COVID-19

### Cistiú

- Tá dea-thionchar suntasach aige ar an gclár
  - Cabhraíonn sé le lúthchleasaithe a chistiú chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh sa chlár
  - Rannchuidigh sé le forbairt scoth-lúthchleasaithe, ag cabhrú dó leis an gcéad leibhéal eile de lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus cóitseálaithe ardfheidhmíochta a fhás agus a chothú

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- Ba ghnách go mbeadh Craobhchomórtas an Domhain ar an áit ina ndéanfaí an t-ullmhúchán le haghaidh na gCluichí/le haghaidh cáiliúcháin
  - Ní raibh sé sin indéanta de dheasca phaindéim COVID-19
- D'fhág sé sin go raibh ar an gclár rogha mhalartach ar phleanáil ullmhúcháin a bhunú go tapa
  - Eagraíodh cluichí iomaíocha in aghaidh Fhoireann na Breataine Móire agus Fhoireann na Stát Aontaithe
  - Imríodh cluichí in aghaidh na bhfoirne cúige freisin
- Níl sé chomh maith is atá dul san iomaíocht i gCraobhchomórtas an Domhain ach ba rogha mhalartach mhaith í sna himthosca

## *Tá dinimic shármhaith le Spórt Éireann cruthaithe ag an gclár agus tá tacar cóitseálaithe ardchaighdeáin ag an gclár*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Is clár measartha nua é a bhí ag foghlaim ar bhonn leanúnach le linn an Timthrialla
  - Rinneadh dul chun cinn suntasach i dtréimhse ghairid ama
  - Eochairchholún ardfheidhmíochta don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta is ea an clár Seachtar an Taobh
- Tá ag éirí go geal le caidreamh an chláir le Spórt Éireann
  - Tugann Spórt Éireann an chothromaíocht cheart idir neamhspleáchas agus tacaíocht
  - Tuigeann Spórt Éireann gur coincheap atá difriúil le cláir eile é an clár Seachtar an Taobh
  - Is ann d'iontaoibh idir an dá eagraíocht

### Cóitseáil

- Tá ag an gclár cóitseálaithe den chéad scoth ar féidir leo cabhrú leis na lúthchleasaithe dul in iomaíocht leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan (e.g., Fidsí, an Nua-Shéalainn, etc.)
- Ós rud é go bhfuil an clár Seachtar an Taobh ina chlár measartha nua, níl go leor cóitseálaithe Seachtar an Taobh ann a bhfuil taithí theicniúil agus saineolas teicniúil acu
  - Ní mheastar go fóill gur bealach gairme inmharthana é an post mar chóitseálaí Seachtar an Taobh
  - Mar sin féin, chruthaigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta cúrsa ar líne maidir le gairm cóitseála i Seachtar an Taobh chun féachaint leis an gconair cóitseála a neartú

## *Níor fheidhmigh an fhoireann mar ba mhaith léi le linn na gCluichí*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Níor fheidhmigh an fhoireann mar ba mhaith léi agus bhí sí meallta ina feidhmíocht
  - Níor chabhraigh an cáiliú déanach leis an bhfeidhmíocht
  - Ar roinnt bealaí, ba é a bhí san imeacht cáiliúcháin ná imeacht níos mó agus díriú níos mó ná na Cluichí Oilimpeacha, agus bhí an fhoireann ag feidhmiú i mbarr a maitheasa le linn an imeachta cáiliúcháin
- Mar gheall ar anabaíocht an chláir, b'éacht ann féin é cáiliú le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha
- D'fhoghlaim an fhoireann a lán faoin eispéireas sna Cluichí Oilimpeacha mar thoradh ar an bhfeidhmíocht

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Thug an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a fhoireann tacaíochta féin leis (e.g., fisiteiripeoir, dochtúir, etc.)
  - Ba mhór ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta é sin toisc gur chabhraigh sé le freastal ar mhórstrus fisiciúil an spóirt
- D'éirigh leis an tacaíocht ach bhíothas ag iarraidh fós go mbeadh tuilleadh ball foirne tacaíochta ar fáil

### Pleanáil agus lóistíocht

- Thug Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann dea-thacaíocht
  - Ba shármhaith a bhí an lóistíocht agus chuaigh eitiltí grád gnó chun tairbhe do na lúthchleasaithe go mór
- Cé go raibh giomnáisiam comhroinnte ar fáil, níor baineadh úsáid as de bharr shaincheisteanna COVID-19 agus bhí a ngiomnáisiam féin ag roinnt tíortha eile
  - Bheadh sé úsáideach dá mba rud é gur macasamhlaíodh é sin

## *Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha; mar sin féin, tá an éiginnteacht faoin bpróiseas cáiliúcháin ag cur bac ar phleanáil fhadtéarmach an chláir*

### Imeachtaí Cáiliúcháin/Comórtais

- Táthar éiginnte faoin bpróiseas cáiliúcháin a bheidh ann le haghaidh Cluichí Oilimpeacha amach anseo
- Táthar éiginnte freisin faoi na struchtúir chomórtais a bheidh ann sa todhchaí
- Ní hé amháin gur riosca straitéiseach é sin ach cuireann sé bac ar phleanáil fhadtéarmach an chláir freisin
  - Níltear in ann pleanáil le haghaidh blianta amach anseo nuair nach bhfuil soiléire iomlán ann faoi cé na comórtais is tábhachtaí ó thaobh cáiliúcháin de

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go mbeidh go leor doimhneachta ann sa chluiche chun go mbeidh comharbas lúthchleasaithe cumasacha ann
- Is soiléir agus ailínithe ar an scothleibhéal atá an chonair reatha
- D'éirigh roinnt imreoirí as le déanaí. Dá bhrí sin, tá gá méadaithe ann le conair láidir do lúthchleasaithe cumasacha a bheith ann
- Is gá a chinntiú gur ag ardú na gcaighdeán agus ag cur dúshlán roimh na himreoirí atá ann cheana a bheidh na himreoirí sin a bheidh ag teacht isteach sa traenáil

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1 | | MOLADH 2 | | | |

### 1) Leanúint le caidreamh láidir a fhorbairt le Spórt Éireann

- Tá ag éirí go han-mhaith leis an gcothromaíocht idir an tacaíocht agus an neamhspleáchas a sholáthraíonn Spórt Éireann do Chumann Rugbaí na hÉireann
- Tá gá ann le leanúint leis an gcaidreamh láidir sin agus le hé a bhreisiú tuilleadh, ar caidreamh é lena gcinntítear gur comhpháirtí comhtháite laistigh de Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann é an clár Seachtar an Taobh, agus leanúint le haistear gairmiúil an chláir laistigh de Chumann Rugbaí na hÉireann ag an am céanna

### 2) Tógáil ar struchtúr na conaire chun a chinntiú go mbeidh imreoirí ardchaighdeáin á dtabhairt isteach sa chlár

- An chonair do lúthchleasaithe cumasacha is fir, rud atá láidir cheana féin, a dhoimhniú agus a leathnú chun a chinntiú go dtabharfar isteach sa chlár imreoirí ardchaighdeáin a bheidh ag cur dúshlán roimh an mbuíon imreoirí reatha
- Is tábhachtaí fós é sin toisc gur éirigh roinnt imreoirí as an gclár le déanaí
- Cé nár cháiligh foireann ban le haghaidh na gCluichí, baineann an moladh seo le clár na mban freisin, ar gá dó a chinntiú go mbeidh conair shoiléir ann do lúthchleasaithe cumasacha
- Buntaca leis sin is ea cruthú a dhéanamh ar na struchtúir chomórtais/an cluiche intíre a theastaíonn chun go n-éireoidh le lúthchleasaithe cumasacha ardfheidhmíochta, agus freastal ar bhunriachtanais eile na conaire do lúthchleasaithe cumasacha (e.g., an straitéis um lúthchleasaithe cumasacha a aistriú, lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint, etc.)

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | MOLADH 3 | | MOLADH 4 | | |

### 3) Tacú le cóitseálaithe intíre a fhorbairt agus le hoiliúint a chur orthu

- Tógáil ar an gconair rathúil cóitseála chun an líon cóitseálaithe intíre den chéad scoth i Seachtar an Taobh a mhéadú
- Tá gá ann le cóitseálaithe a fhorbairt a bhfuil an-saineolas agus an-eolas ar Sheachtar an Taobh acu, áit a bhfuil siad ina bhfíorspeisialtóirí sa chluiche

### 4) Measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le caidreamh idirnáisiúnta a neartú chun dul i bhfeidhm ar chinntí maidir le comórtais/le cáiliú

- Leanúint le cur leis an tionchar idirnáisiúnta a chabhraíonn leis an gclár rannchuidiú leis an gcinnteoireacht le haghaidh an chluiche agus í a bhrú chun cinn (e.g., cinnteoireacht maidir le córais cháiliúcháin, le struchtúir chomórtais, etc.)
- Plé a dhéanamh le Spórt Éireann ar thacaíocht fhéideartha a thabhairt maidir le poist a ghnóthú i gCónaidhmeanna Eorpacha agus Domhanda chun gur féidir tionchar a imirt ar chinntí ardfheidhmíochta

PEANTATLAN ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Peantatlan Éireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Chuaigh lúthchleasaí amháin san iomaíocht agus bhain sí an 24ú háit amach (Tabhair faoi deara: Cháiligh lúthchleasaí eile, ach bhí ar an lúthchleasaí sin tarraingt siar de dheasca gortaithe roimh na Cluichí)

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán, agus cóitseáil shármhaith agus pleanáil shármhaith mar chuid de

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Bhí an lúthchleasaí sa cheathrú háit agus í ag dul isteach i ndisciplín na Seóléimní; chuir fadhbanna leis an gcapall bac ar a seans chun bonn a bhuachan, áfach

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Léargais maidir le lúthchleasaithe cumasacha, le struchtúir chóitseála sa todhchaí agus le hathruithe ar an gclár

## Moltaí

1) Cóitseálaí forbartha a fhostú chun cabhrú le lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt agus chun solúbthacht a mhéadú
2) A chinntiú go mbeidh plean soiléir i bhfeidhm le haghaidh ról an Stiúrthóra Feidhmíochta agus le haghaidh conas is féidir príomhchóitseálaithe eile a choinneáil
3) Leas a bhaint as an eolas laistigh den chlár chun leanúint le lúthchleasaithe cumasacha den chéad scoth a chruthú

*Níor bhain Peantatlan Éireann a spriocanna feidhmíochta bunaidh amach toisc gur tharraing lúthchleasaí amháin siar de dheasca gortaithe (roimh na Cluichí) agus toisc go raibh mí-ádh ar an lúthchleasaí eile i ndisciplín na Seóléimní*

**PEANTATLAN ÉIREANN:**

| 57 | 3 | 635 | €1,080,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Natalya Coyle | Imeacht Aonair | 24 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Ionchas go gcáileodh beirt lúthchleasaithe, a mbainfeadh an bheirt díobh áit sna 10 nÁit is Airde amach

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 2 | Áit sna 10 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit san 20 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 30 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 2 | Áit sna 10 nÁit is Airde dhá uair<br>Áit san 20 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sa 30 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 1 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Áit sa 30 Áit is Airde uair amháin |

## *D'éirigh go geal leis an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí don lúthchleasaí a chuaigh san iomaíocht*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Níorbh fhéidir leis an ullmhúchán a bheith níos fearr
  - Bhí sé de chumas ag an lúthchleasaí bonn a bhuachan agus í ag dul isteach sna Cluichí
- D'éirigh go geal leis an ullmhúchán
  - Chabhraigh an cáiliú luath leis an mbrú a mhaolú agus d'fhág sé nár ghá ualach róthrom a chur ar an lúthchleasaí
  - Bhí feidhmíocht láidir ann le linn na Camchuairte Domhanda agus le linn Chraobhchomórtas na hEorpa
- Tharraing lúthchleasaí eile siar de dheasca gortaithe tar éis cáiliú
- Rinne Spórt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann jab iontach chun a chinntiú go mbeadh na lúthchleasaithe chomh hullmhaithe agus ab fhéidir

### Saoráidí

- Ba thar barr a bhí na saoráidí ag Campas Spórt Éireann
  - Bhí siad ar an mbonn le dul in iomaíocht in aghaidh na náisiún mór
  - Bhí sé úsáideach gur ar an láithreán a bhí gach a raibh ag teastáil (cumhdaítear na disciplíní uile, seachas Seóléimneach, ar an gCampas)

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Stiúrthóir Feidhmíochta sármhaith nár dhírigh ach ar ardfheidhmíocht, rud a chuir ar chumas an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin díriú ar fhreagrachtaí eile
- Is eol don aonad ardfheidhmíochta conas cabhrú le lúthchleasaithe rath a bhaint amach agus lean sé leis sin san ullmhúchán
  - Eolas sármhaith ar cad a theastaíonn chun go n-éireoidh le lúthchleasaithe sa Nuapheantatlan
  - Is fianaise air sin iad na boinn atá buaite aige ar an ardán domhanda
- Bhí an Nuapheantatlan láraithe san Eoraip, áit a raibh dea-theagmhálaithe ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
  - D'éascaigh sé sin campaí idirnáisiúnta le linn an Timthrialla

### Institiúid Spórt Éireann

- Bhain an bheirt lúthchleasaithe a cháiligh leas suntasach as an tacaíocht
- Dea-sheirbhís
  - Go háirithe maidir leis an tacaíocht a tugadh i ndáil le gortú duine de na lúthchleasaithe

*Bhí cóitseálaithe sármhaithe ann, ach níor leor an líon cóitseálaithe chun traenáil a éascú do scoth-lúthchleasaithe agus do lúthchleasaithe i mbéal forbartha araon, agus chuir paindéim COVID-19 bac ar champaí traenála*

### Cóitseáil

- Tá an clár seo ina chlár nach féidir leis a bheith ag brath ar oibrithe deonacha agus teastaíonn uaidh cóitseálaithe ardchaighdeáin a thuigeann cineál an spóirt ildisciplín
- Tá cóitseálaí pionsóireachta sármhaith ag an gclár
  - Is cuid ríthábhachtach den chlár é agus cuireann sé luach ollmhór leis
- Bhí teorainn le clúdach an chláir mar gheall ar an nganntanas cóitseálaithe
  - Le linn aon chomórtais, ní raibh aon chóitseálaithe ar fáil do na lúthchleasaithe in Éirinn le haghaidh traenála má bhí na cóitseálaithe ag freastal ar an gcomórtas le lúthchleasaithe
  - Laghdaigh sé sin solúbthacht an chláir

### Campaí traenála

- D'fhág paindéim COVID-19 nárbh fhéidir le gach disciplín ullmhúchán a dhéanamh (e.g., ní raibh aon Phionsóireacht ná aon Seóléimneach ar siúl ar feadh tréimhse fhada)
- Ós rud é nach raibh a lán comórtas ar siúl sa tír seo, bhí an clár ag brath ar champaí idirnáisiúnta agus ar chomórtais idirnáisiúnta
- Chuir an ganntanas campaí idirnáisiúnta a bhí ar bun le linn phaindéim COVID-19 bac ar na hullmhúcháin tamaillín roimh na Cluichí

### Cistiú

- Ba mhór ag an gclár an tacaíocht agus an cistiú a fuair sé
- Teastaíonn ón gclár leibhéal comhsheasmhach cistiúcháin chun go n-éireoidh leis (e.g., chun íoc as cóitseálaithe)
  - Ós rud é go bhfuil idirthréimhse ag teacht do na lúthchleasaithe, baineann ríthábhacht le cistiú comhsheasmhach a fháil

## *Bhíothas ar an mbóthar ceart le haghaidh bonn a bhuachan go dtí disciplín na Seóléimní, ar lena linn a dhiúltaigh an capall do léim thar fhálta*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Scriosadh an seans a bhí ag an lúthchleasaí chun bonn a bhuachan/chun áit sna 5 Áit is Airde/sna 10 nÁit is Airde a bhaint amach de dheasca mí-áidh i ndisciplín na Seóléimní
  - Tugadh capall di a dhiúltaigh do léim thar fhálta, agus rinne sí feallanna
- Roimh an imeacht Seóléimní, bhí an lúthchleasaí sa cheathrú háit agus bhí seans maith aici bonn a bhuachan tar éis di feidhmiú go maith sa Snámh agus sa Phionsóireacht

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Ba shármhaith a bhí an tacaíocht i dTóiceo
  - Tugadh cúigear céilí speárála le haghaidh pionsóireachta (a raibh raon stíleanna difriúla acu)
  - Chabhraigh sé sin leis an gclár smacht a choinneáil ar speáráil

### Pleanáil agus lóistíocht

- Rinneadh an cinneadh dul ann mí amháin roimh ré le haghaidh campa traenála
  - Ba thimpeallacht iontach í agus bhí na lúthchleasaithe rí-ullmhaithe dá barr
- Fuarthas tacaíocht thar barr ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - Tá aistriú suntasach tagtha chun cinn ón Timthriall roimhe i leith, agus is fearr i bhfad an caidreamh le Spórt Éireann agus le hInstitiúid Spórt Éireann
  - Cur chuige a bhí láraithe ar an lúthchleasaí
  - Bhí soiléire ann maidir leis na nithe a d'fhéadfadh Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann a dhéanamh agus leis na nithe nach bhféadfadh sí a dhéanamh
  - Bhí Fukuroi go han-mhaith

## *Aimsíodh léargais níos ginearálta maidir le lúthchleasaithe cumasacha, le struchtúir chóitseála sa todhchaí agus le hathruithe ar an gclár le linn na n-agallamh le geallsealbhóirí*

### Lúthchleasaithe cumasacha sa chlár

- Chuir paindéim COVID-19 bac suntasach ar an gcumas chun cabhrú le lúthchleasaithe atá ag teacht chun cinn taithí iomaíoch idirnáisiúnta a ghnóthú
- Tagann lúthchleasaithe cumasacha chun cinn de réir an Timthrialla agus táthar ag buaicphointe an Timthrialla anois, ós rud é go bhfuil beirt lúthchleasaithe ag druidim le deireadh a ngairme
- Tá roinnt lúthchleasaithe cumasacha ag teacht chun cinn, ach is é is dóichí go mbeidh siad san iomaíocht sa bhliain 2028 in ionad na bliana 2024
- Tá sé doiligh teacht ar lúthchleasaithe cumasacha sa Nuapheantatlan, ach is eol don chlár cé atá á lorg aige/an lúthchleasaí ceart
- Teastaíonn ón Nuapheantatlan lúthchleasaithe atá níos sine agus a bhfuil acmhainn bhreise acu
- Ní féidir le lúthchleasaithe óga cóitseáil a fháil nuair a théann cóitseálaithe amach leis na lúthchleasaithe tosaíochta

### Todhchaí na cóitseála san aonad ardfheidhmíochta

- Ós rud é go bhfuil an Stiúrthóir Feidhmíochta ar iasacht ó Institiúid Spórt Éireann, is gá plean a dhéanamh le haghaidh na gcéad chéimeanna eile
- Tugtar aitheantas soiléir don luach a chuireann an Stiúrthóir Feidhmíochta reatha leis an gclár
- Ní bheifear in ann samhail oibre inmharthana a bhunú as seo amach ach amháin más rud é go socraítear róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ón tús agus gurb ann d'ionchais shoiléire

### Athruithe sa chlár ardfheidhmíochta

- D'fhéadfadh go ndéanfaí athruithe laistigh den Nuapheantatlan, go háirithe maidir le disciplín na Seóléimní
- Ós rud é gur clár beag é, tá acmhainneacht ann chun a bheith lúfar ina leith sin agus d'fhéadfadh an clár freagairt do na hathruithe sin ar bhealach níos tapa ná mar a d'fhéadfadh na náisiúin mhóra

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ




### 1) Cóitseálaí forbartha a fhostú chun cabhrú le lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt agus chun solúbthacht foirne a mhéadú

- Tá gá ann leis an acmhainn cóitseála a neartú agus le cóitseálaí forbartha a fhostú chun obair i gcomhar leis an aonad ardfheidhmíochta reatha
- Chruthódh sé sin an doimhneacht sa líon cóitseálaithe lena gcuirfear ar chumas cóitseálaithe dul chuig comórtais idirnáisiúnta le lúthchleasaithe, agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna do na lúthchleasaithe sin atá ag fanacht sa bhaile
- Thabharfadh sé sin tacaíocht níos fearr do na lúthchleasaithe óga agus neartódh sé an phíblíne lúthchleasaithe cumasacha
- Toradh eile a bheadh ar chóitseálaí forbartha a fhostú ba ea go gcabhrófaí le solúbthacht agus ualach oibre na foirne ardfheidhmíochta reatha

### 2) A chinntiú go mbeidh plean soiléir i bhfeidhm le haghaidh ról an Stiúrthóra Feidhmíochta agus le haghaidh conas is féidir príomhchóitseálaithe eile a choinneáil

- A chinntiú go mbainfear an toradh ceart amach maidir le ról an Stiúrthóra Feidhmíochta, áit a leagfar róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire amach
- A chinntiú go gcoinneofar na cóitseálaithe ríthábhachtacha atá laistigh den chóras agus go dtabharfar tacaíocht dóibh
- Ba cheart tuilleadh dualgas bainistíochta a thairiscint mar chuid den tacaíocht sin

### 3) Leas a bhaint as an eolas laistigh den chlár chun leanúint le lúthchleasaithe cumasacha den chéad scoth a chruthú

- Is léir gurb ann don eolas riachtanach sa chlár le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha den chéad scoth a aimsiú agus a chothú
- Leanúint le húsáid agus leas a bhaint as an eolas sin chun cabhrú le lúthchleasaithe cumasacha a ghiniúint, áit a mbeidh plean soiléir le fáil amach anseo le haghaidh an chéad Timthrialla eile mar aon le comharbas soiléir lúthchleasaithe




# RÁMHAÍOCHT ÉIREANN

# Tuarascáil maidir le Rámhaíocht Éireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Baineadh áit sa 12 Áit is Airde amach sé huaire agus buadh dhá bhonn – Bonn Óir in Imeacht Céaslaire Beirte Éadrom-mheáchain agus Bonn Cré-umha in Imeacht Ceathrair Éadrom-mheáchain na mBan

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'éirigh leis an ullmhúchán, agus dea-bhail ar na lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí
- Bhí na campaí traenála éifeachtach agus ba shármhaith a bhí caighdeán na gcóitseálaithe

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Ba chúis áthais í an fheidhmíocht ag na Cluichí ach ní raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta lánsásta léi
- Bhí an tacaíocht go maith ach tá réimsí le haghaidh feabhais sa todhchaí ann

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá dea-bhail ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha
- Níltear ar aon intinn faoi conas ba cheart idirghníomhú leis na meáin le linn na gCluichí

## Moltaí

1) Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chuireann bac ar dhíriú ar fheidhmíocht amháin laistigh den chlár
2) Feabhas a chur ar an gcaidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann
3) Conair láidir cóitseála intíre agus córais láidre cóitseála intíre a fhorbairt

*Tá Rámhaíocht Éireann ag bogadh i dtreo clár ardfheidhmíochta le blianta beaga anuas agus b'éacht mór é dhá bhonn a bhuachan*

**RÁMHAÍOCHT ÉIREANN:**

| 3,429 | 15 | 885 | €2,290,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Ronan Byrne/Philip Doyle | Imeacht Céaslaire Beirte | 10 |
| Aifric Keogh/Eimear Lambe/Fiona Murtagh/Emily Hegarty | Bád Ceathrair | 3 |
| Aoife Casey/Margaret Cremen | Imeacht Céaslaire Beirte Éadrom-mheáchain | 8 |
| Monika Dukarska/Aileen Crowley | Bád Beirte | 11 |
| Paul O'Donovan/Fintan McCarthy | Imeacht Céaslaire Beirte Éadrom-mheáchain | 1 |
| Sanita Puspure | Imeacht Céaslaire Aonair | 12 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Ba í an sprioc go gcáileodh ceithre bhád
- Áit sna 6 Áit is Airde trí huaire, áit sna 8 nÁit is Airde ceithre huaire agus áit sa 12 Áit is Airde cúig huaire
- Trí bhonn

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 1 | Gan aon Áit sa 12 Áit is Airde<br>Gan aon Áit sna 8 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit sna 6 Áit is Airde |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 5 | Áit sa 12 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 8 nÁit is Airde dhá uair<br>Áit sna 6 Áit is Airde dhá uair<br>Bonn amháin (Bonn Airgid) |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 13 | Áit sa 12 Áit is Airde sé huaire<br>Áit sna 8 nÁit is Airde trí huaire<br>Áit sna 6 Áit is Airde dhá uair<br>Dhá bhonn (Bonn Óir agus Bonn Cré-umha) |

*Bhí dea-bhail fhisiciúil ar na lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí agus d'éirigh leis an ullmhúchán*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí dea-bhail fhisiciúil ar na lúthchleasaithe agus iad ag dul isteach sna Cluichí
  - Bhí an-chuid díobh ag feidhmiú gar dá sáriarracht phearsanta
- Chabhraigh an straitéis campaí traenála leis an ullmhacht a threisiú, ach níor oir sí don leas foriomlán
  - Soláthraíodh traenáil iontach leis na campaí agus d'éirigh leo
  - Mar sin féin, bhí tionchair shíceolaíochta ag na campaí is faide (a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19) (e.g., ní raibh na lúthchleasaithe in ann a mbaill teaghlaigh a fheiceáil) agus chruthaigh siad tuirse go pointe éigin i measc na foirne
  - D'fhéadfadh go mbeadh an déine treisithe agus go mbeadh cabhair tugtha maidir le dul i dtaithí ar dhálaí na Seapáine trí nochtadh d'aeráidí nua dá mba rud é go raibh níos mó éagsúlachta ann i láithreacha na gcampaí. Dá ainneoin sin, bhí sé intuigthe gur fanadh san aon áit amháin, ag féachaint do phaindéim COVID-19
- Rinne an clár a dhícheall a chinntiú gur nochtadh na lúthchleasaithe do go leor comórtas, d'ainneoin phaindéim COVID-19
  - Comórtas rathúil ba ea Craobhchomórtas na hEorpa 2021

### Cóitseáil

- D'éirigh an Príomhchóitseálaí as i lár an Timthrialla
  - Bhí éagsúlacht ann sna tuairimí ar cé chomh dian is a bhí an tionchar a bhí aige sin
- Ba shármhaith a bhí cáilíocht na cóitseála sa chóras
  - Bhí dea-chaidreamh ann idir na lúthchleasaithe agus na cóitseálaithe
- Ní barrmhaith a bhí na struchtúir chóitseála, áfach
  - Bhíothas den tuairim nár caitheadh go sásúil leis na cóitseálaithe nó nár cuireadh san áireamh iad sa mhórchóras in Éirinn
  - Is féidir feabhas a chur ar chaidreamh na gcóitseálaithe le hInstitiúid Spórt Éireann
  - Níor leor an líon cóitseálaithe intíre a bhí sa chlár

### Cistiú

- Admhaíodh an tábhacht a bhaineann le cistiú ilbhliantúil agus an tionchar atá aige ar inbhuanaitheacht agus ar phleanáil
- Ní raibh tuiscint shoiléir ag na geallsealbhóirí ar na critéir le haghaidh mhéid an chistiúcháin ó Spórt Éireann a thugtar do spóirt, agus mheas roinnt daoine nár tugadh go leor luacha saothair, trí chistiú breise a sholáthar laistigh den chóras, as an rath

## *D'fhéadfaí an caidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann a fheabhsú agus bhí neamhéifeachtúlachtaí oibriúcháin ann, d'ainneoin na saoráidí sármhaithe a bhí ar fáil ag Ceanncheathrú Rámhaíocht Éireann*

### Institiúid Spórt Éireann

- Bhí dea-thionchar suntasach ag na seirbhísí agus ba mhór ag na lúthchleasaithe iad
  - Bhí na cleachtóirí réidh lena ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin a dhéanamh ar son na lúthchleasaithe
- Mar sin féin, d'fhéadfaí an caidreamh idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus Institiúid Spórt Éireann a fheabhsú
  - Ós rud é go bhfuil sé lonnaithe i láithreacha difriúla, tá sé doiligh braistint 'aon fhoirne amháin' a chruthú idir Institiúid Spórt Éireann agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta
  - D'fhéadfaí an chumarsáid idir na páirtithe a fheabhsú, agus an méid sin nasctha leis an ngá le hionchais soláthair seirbhíse a shainiú go soiléir

### Rialachas

- D'éirigh leis na struchtúir nuair a bhíothas ag iarraidh cead speisialta a fháil do lúthchleasaithe chun go mbeadh siad in ann traenáil le linn phaindéim COVID-19
- Níl an rialachas ach ina thús fós le haghaidh an chláir ardfheidhmíochta, ach tá sé ag dul ar an mbóthar ceart
  - Níltear ag barr an chultúir ardfheidhmíochta, ach táthar ar an mbóthar ceart
- Tá gá ann le tuiscint níos soiléire a bheith ag comhlachtaí rialaithe ar cad a fhéadfaidh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta a dhéanamh maidir le comhaontuithe tráchtála
  - Bhí easpa soiléire maidir le Riail 40 agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann mar chúis le bagairtí ar urraitheoirí an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

### Saoráidí

- Is thar barr atá an tsaoráid láraithe agus brúnn sí foghlaim chun cinn go seasta
- Chuir bainistíocht na saoráide bac ar an bhfeidhmíocht, áfach
  - Bhí croíchistiú agus baill foirne ag teastáil uaidh le haghaidh a oibríochtaí casta a reáchtáil, rud a d'fhág nár leagadh díriú chomh mór sin ar an bhfeidhmíocht
  - Ní raibh ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta na saineolaithe teicniúla fostaithe ná an buiséad chun fadhbanna saoráide a réiteach
- D'fhéadfaí an tsaoráid a thiontú ina timpeallacht níos compordaí
  - Tá sí feidhmiúil ach tá compord in easnamh uirthi, rud a fhágann go bhfuil cuma scoite uirthi

*B'éacht mór é dhá bhonn a bhuachan, ach ní raibh an fhoireann lánsásta leis an bhfeidhmíocht. Bhí an tacaíocht go maith, ach is ann do réimsí le haghaidh feabhsuithe pleanála fós*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- B'ábhar ollmhór sásaimh é dhá bhonn a bhuachan, lenar áiríodh an chéad bhonn riamh i spórt foirne ban, ach ní raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta lánsásta fós
  - Bhíothas den tuairim go bhféadfaí níos mó bonn a bhuachan
  - D'ainneoin an éachta mhóir, bhí foireann Imeacht Ceathrair Éadrom-mheáchain na mBan den tuairim nár fheidhmigh sí de réir lán a cumais sa bhabhta ceannais
  - Níor chabhraigh na dálaí leis an bhfeidhmíocht

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- B'iontach a bhí an tacaíocht (e.g., neart agus riochtú), agus chabhraigh sí leis na lúthchleasaithe díriú go hiomlán ar a bhfeidhmíocht

### Pleanáil agus lóistíocht

- Bhí dea-athrú suntasach ann le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
- Is ann do réimsí le haghaidh feabhais fós, áfach
  - Bhíothas ag iarraidh go mbeadh tuilleadh comhtháthúcháin ann ag céim níos luaithe den Timthriall
  - Bhí an chuma air gur soláthraíodh roinnt codanna den fheisteas faoi dheifir, agus níor soláthraíodh an feisteas iomlán
  - Bhí easpa soiléire ann maidir le costais áirithe (e.g., iompar na mbád)
  - Laistigh den Sráidbhaile, bhíothas in ann níos mó a dhéanamh chun braistint 'Fhoireann Éireann' a chruthú (e.g., ní raibh aon seomra foirne ná aon láthair shuí ann)

### Saoráidí

- Bhí fadhbanna ann maidir leis an gcampa coinneála
  - Ós rud é nach raibh rochtain ar uisce ann, ní raibh ar fáil sa traenáil ach meaisíní rámhaíochta
  - Chuir sé sin bac ar an bhfeidhmíocht agus cailleadh scileanna teicniúla
- Dá ainneoin sin, ba shocrú maith é an campa

## *Is in áit mhaith atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha; mar sin féin, tá easpa soiléire ann maidir le conas ba cheart don chlár ardfheidhmíochta déileáil leis na meáin*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm go mór ar an bpíblíne lúthchleasaithe cumasacha toisc gur cealaíodh imeachtaí sóisir (e.g., Coupe de la Jeunesse)
- Dá ainneoin sin, tá píblíne láidir lúthchleasaithe cumasacha ag teacht chun cinn, agus buadh dhá bhonn airgid ag Craobhchomórtas an Domhain faoi 23 sa bhliain 2021
- Bhí próifíl aoise óg ag na lúthchleasaithe a chuaigh san imeacht ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo freisin
- Is é atá i mboinn a bhuachan ar an leibhéal sóisir ná fianaise go bhfuil an clár ag bogadh i dtreo cultúr ardfheidhmíochta inbhuanaithe

### Na meáin

- Tháinig saincheisteanna chun cinn maidir le coimitmintí meán ag na Cluichí
- Bhí tuairim ann go bhféadfadh go mbeadh barraíocht nochta do na meáin ag roinnt lúthchleasaithe óga agus nach raibh an taithí acu chun déileáil le hionchais agus lena bhfeidhmíocht ag an aon am amháin. Ó thaobh leas na lúthchleasaithe de, ba cheart na lúthchleasaithe a chosaint freisin
- Admhaítear freisin go soláthraíonn na meáin an deis leis an spórt a chur chun cinn, agus is gá an chothromaíocht a aimsiú idir nochtadh agus cosaint

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1 | MOLADH 2<br>MOLADH 3 | | | MOLADH 1 | |

### 1) Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a chuireann bac ar dhíriú ar fheidhmíocht amháin laistigh den chlár

- **Saoráidí** - comhoibriú le Spórt Éireann/leis an Roinn Spóirt chun plean/réiteach soiléir a cheapadh lena dtabharfar aghaidh ar an dóigh a n-oibríonn an tIonad Náisiúnta Rámhaíochta, agus róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire a bhunú maidir le bainistíocht saoráidí, ar róil agus freagrachtaí iad a bheidh ag teacht leis an saineolas aonair
- **Na meáin** - plean soiléir meán a bhunú lena mbainfear leas as cumhacht na hinfheictheachta, mar aon lena chinntiú gurb é feidhmíocht an fócas soiléir, go háirithe ag imeachtaí móra

### 2) Feabhas a chur ar an gcaidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann

- Is mian leis an dá pháirtí feabhas a chur ar an gcaidreamh
- Ionchais shoiléire a shainiú maidir le soláthar tacaíochta, agus soiléire a thabhairt maidir le conas a oibríonn an caidreamh
- Cainéil shoiléire chumarsáide idir na páirtithe uile a bhunú, agus trédhearcacht a bhunú sa phleanáil lena gcinntear cén uair is féidir tacaíocht a thairiscint agus cén áit ar féidir í a thairiscint
- A chinntiú go mbeidh comhtháthú ann idir na soláthraithe seirbhíse agus aonad ardfheidhmíochta an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta maidir le fís agus modheolaíocht an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

### 3) Conairí agus córais láidre cóitseála intíre a fhorbairt

- Obair i gcomhpháirt le hAonad Cóitseála Spórt Éireann chun cóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe atá i mbéal forbartha agus ar an leibhéal sóisir a bhunú agus chun uasoiliúint a chur orthu
- A chinntiú go dtairgfear an tacaíocht cheart (e.g., tacaíocht theicniúil, tacaíocht meabhrach, tacaíocht fhisiciúil, tacaíocht airgeadais, etc.) do chóitseálaithe cumasacha chun go mbeidh siad in ann a n-acmhainn a uasmhéadú
- Deiseanna leordhóthanacha oideachais agus oiliúna a sholáthar chun gur féidir le cóitseálaithe uasoiliúint a dhéanamh
- A chinntiú go mbeidh pirimid shoiléir agus conair shoiléir ann do chóitseálaithe a bheidh ag bogadh ón mbunleibhéal go dtí an scothleibhéal
- Is gá cóitseálaithe a dhéanamh ina gcuid lárnach den chóras agus a chinntiú go measfaidh siad go bhfuil meas orthu

# CUMANN SEOLTÓIREACHTA NA hÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Cumann Seoltóireachta na hÉireann

IRISH SAILING

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- San 18ú háit san imeacht do bháid Léasair Ghathaigh agus sa 13ú háit amach san imeacht do bháid 49er

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Bhí an t-ullmhúchán go maith, agus ardchaighdeán cóitseála agus saoráidí mar bhonn agus thaca aige
- Bhí feidhmíocht láidir ag na struchtúir ardfheidhmíochta agus rialachais

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Bhí idir mhaith agus olc i bhfeidhmíocht an dá bhád ag na Cluichí. Thaispeáin an bád 49er go bhfuil an-ghealladh faoi don todhchaí

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Ní iomlán atá an chonair do lúthchleasaithe cumasacha agus tá sí easnamhach i roinnt réimsí
- Níl go leor doimhneachta ná forbartha ann ó thaobh na cóitseála de

## Moltaí

1) Conair cóitseála a fhorbairt a chabhraíonn le cóitseálaithe den chéad scoth a chruthú
2) An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athchruthú ar dhóigh inbhuanaithe
3) Sruthanna ioncaim mhalartaigh a neartú agus leas a bhaint as an gcistiú ilbhliantúil atá ag teacht isteach

*Cé go raibh feidhmíocht ag an mbád 49er a raibh gealladh fúithi, níor bhain Cumann Seoltóireachta na hÉireann a ionchais feidhmíochta amach*

**CUMANN SEOLTÓIREACHTA NA HÉIREANN:**

| 20,187 | 9 | 460 | €3,070,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Annalise Murphy | Imeacht do bháid Léasair Ghathaigh | 18 |
| Robert Dickson/Sean Waddilove | Bád 49er | 13 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Áit sa 12 Áit is Airde dhá uair, agus bonn amháin lena linn (bhí sé sin ar an gcoinníoll gurbh iad dálaí áirithe gaoithe na tosca ba mhó taobh thiar den dóchúlacht go mbuafaí bonn)

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 8 | Áit sna 24 Áit is Airde ceithre huaire<br>Áit sna 16 Áit is Airde trí huaire – Beirt Iomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais de Rásaí Boinn<br>Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 6 | Áit sna 24 Áit is Airde trí huaire<br>Áit sna 16 Áit is Airde trí huaire – Beirt Iomaitheoirí sa Bhabhta Ceannais de Rásaí Boinn<br>Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin – Bonn Airgid amháin |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 3 | Áit sna 24 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 16 Áit is Airde uair amháin |

(Tabhair faoi deara: Is liostaithe go fíorasach atá áiteanna, má bhí siad sna 8 nÁit is Airde/sna 16 Áit is Airde/sna 24 Áit is Airde (e.g., is ionann áit sna 24 Áit is Airde agus aon lúthchleasaí/aon fhoireann a bhain áit amach sna 24 Áit is Airde, a bhí sna 24 Áit is Airde ach nach raibh sna 16 Áit is Airde)

> ***D'éirigh leis an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí, agus campaí láidre traenála agus soláthar saoráidí a bhí níos fearr ná mar a bhí sa Timthriall roimhe mar bhonn agus thaca aige***

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí ar na lúthchleasaithe an bhail fhisiciúil a theastaigh uathu
  - Bhí siad ag na leibhéil chearta mheáchain
  - San Imeacht do Bháid 49er, ba ghá do na lúthchleasaithe feidhmiú i mbarr a maitheasa dhá uair laistigh de thréimhse ghairid ama i mí an Mhárta 2021, ach bhí na lúthchleasaithe i mbarr a réime agus iad ag dul isteach sna Cluichí
- Ós rud é gur cuireadh na Cluichí bliain amháin siar, tugadh níos mó ama do na lúthchleasaithe sna báid 49er chun forbairt agus bhí siad níos ullmhaithe le haghaidh na gCluichí dá bharr

### Saoráidí agus trealamh

- Bhí dea-thionchair shuntasacha ag an mbogadh chuig an ionad i nDún Laoghaire
  - D'fhág an bhunáit láraithe go raibh lúthchleasaithe in ann teacht isteach agus amach de réir a sceidil
  - Chuaigh sé sin chun tairbhe do chultúr an chláir
  - Bhí roinnt fadhbanna cóiríochta ann leis an ionad, áfach
- Ba leordhóthanach a bhí cáilíocht an trealaimh, ag féachaint do chéim na forbartha
  - Chruthaigh sé sin muinín ar fud an chórais
  - De réir mar a théann an clár ar aghaidh agus a fheabhsaíonn na lúthchleasaithe, áfach, is amhlaidh is tábhachtaí atá na buntáistí beaga a dhíorthaítear ó ghnóthachain trealaimh agus ó thástáil

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- Bhí dea-chomhoibriú ar bun le Spórt Éireann chun cabhrú leis na lúthchleasaithe traenáil agus taisteal le linn phaindéim COVID-19
  - Soláthraíodh uaireanta oiriúnacha le haghaidh ullmhúcháin
  - Chabhraigh sé le lúthchleasaithe a mhothú go bhfuil meas orthu
- D'éirigh leis an straitéis traenála um shaoráidí Seapánacha a mhacasamhlú
  - Rinne an clár a dhícheall an aeráid a mhacasamhlú
  - Cabhraigh sé le laigí agus láidreachtaí sonracha a mheas maidir le haeráid Thóiceo

### Institiúid Spórt Éireann

- Fuarthas tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann agus ó chonraitheoirí/chleachtóirí príobháideacha araon. Bhí an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta sásta leis an tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann
- Chuaigh an comhoibriú níos fearr atá ar bun idir Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann chun tairbhe don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta

*Ba shármhaith a bhí caighdeán na cóitseála, agus sheas struchtúir ardfheidhmíochta agus rialachais an aimsir. D'fhág cineál an spóirt gur dhifriúil le spóirt eile a bhí na riachtanais chistiúcháin*

### Cóitseáil

- Is sármhaith atá an tacar reatha cóitseálaithe
  - Tá siad den chineál ceart agus ar ardchaighdeán
  - Tá siad an-teicniúil agus tá a lán taithí acu ar a sainréimsí
- B'fhearr leis na lúthchleasaithe dá mba rud é go raibh níos mó laethanta acu leis na cóitseálaithe
  - Go háirithe toisc gur cailleadh roinnt laethanta le cóitseálaithe nuair nach raibh na dálaí oiriúnach

### Cistiú

- Tugadh tacaíocht dhaonchairdiúil spriocdhírithe le linn an Timthrialla
  - B'éacht ollmhór é an Cheanncheathrú Feidhmíochta nua a chistiú
  - Tháinig stad ar an bhfás sa líon deontóirí de dheasca phaindéim COVID-19 agus toisc nach rabhthas in ann imeachtaí cruinnithe airgid a reáchtáil
- Bhí impleachtaí airgeadais ann don spórt atá dian ar chaipiteal
  - Bhí cistiú ilbhliantúil ag teastáil ach is údar áthais é go bhfuil sé mar chuid de Straitéis Ardfheidhmíochta nua
  - Bheadh sé úsáideach dá mba rud é go raibh leithdháileadh buiséid caipitil ann
- Caitheadh an chuid is mó den chistiú lúthchleasaithe ar fheidhmíocht agus bhí níos mó cistiúcháin ag teastáil le haghaidh costais mhaireachtála

### Struchtúr ardfheidhmíochta

- Tá scaradh ann idir an clár Cluichí Oilimpeacha agus an chuid eile den eagraíocht
  - Bhí beagán teagmhála agus roinnt míthuiscintí ann
- Tá sé struchtúrtha chun spriocdhíriú ar cheithre cinn de na deich ndisciplín Oilimpeacha. Bhí siad ar na cinn ar cheart spriocdhíriú orthu
- Sheas an struchtúr an aimsir le linn phaindéim COVID-19
  - Cuireadh pleananna teagmhasacha éifeachtacha i bhfeidhm

### Rialachas

- Bhí leibhéil láidre rialachais ann sa Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta, áit ar imir an Grúpa Stiúrtha um Chluichí Oilimpeacha ról tábhachtach
  - Roghnaíodh raon leathan daoine aonair, a bhfuil cúlra ardfheidhmíochta ag gach duine díobh
  - Bhí dea-struchtúr aige, áit a bhfuil na cinntí bunaithe ar fheidhmíocht, agus ar fheidhmíocht amháin, agus nach gcuireann aonaid eile isteach orthu
  - Tugadh aiseolas díreach don Bhord

## *Bhí idir mhaith agus olc ann i bhfeidhmíocht an dá bhád a cháiligh*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- D'éirigh go geal le bád amháin agus d'fheidhmigh sí níos fearr ná na hionchais
  - Agus foireann óg aige, bhuaigh an bád 49er an chéad rás agus an rás deiridh den chomórtas
  - D'fhág dícháiliú mí-ámharach nach rabhthas in ann áit sna 10 nÁit is Airde a bhaint amach
  - Ba chuar foghlama mór é do na lúthchleasaithe agus ba thoradh iontach é freisin, ag féachaint do chéim a bhforbartha
- Ní raibh na dálaí san Imeacht do bháid Léasair Ghathaigh oiriúnach don lúthchleasaí agus, dá bharr sin, ní raibh an lúthchleasaí san iomaíocht le haghaidh boinn

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Ba dheacracht í gan roinnt ball foirne tacaíochta (e.g., síceolaíocht) a bheith ar fáil ar an láthair le linn na rásaí, ach tuigeadh gur comhaontaíodh é sin roimh na Cluichí
- Ós rud é go raibh an tseoltóireacht ar siúl in Enoshima (thart ar dhá uair an chloig ó Thóiceo), comhaontaíodh go mbeadh tacaíocht chianda ar an gcur chuige is fearr
- Ba go cianda a bhí an comhairleoir rialacha, rud a chuir deacracht leis an imeacht
  - Tháinig fadhbanna dícháiliúcháin chun cinn. Dá mba rud é go raibh geallsealbhóirí ar an eolas faoi na fíricí faoi dhícháiliúcháin roimhe in imeachtaí eile, ní bheadh an fhreagairt chéanna acu

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Cé nach raibh aon saoráidí cleachtaidh ann, ba dhea-chinneadh ón bhfoireann é dul chuig Fukuroi
  - Chuaigh an fhoireann ann a luaithe ab fhéidir, rud a chabhraigh léi dul i dtaithí ar an aeráid agus atmaisféar foirne a thógáil
- Bhí feabhas mór ann ar Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - Bhí sé dírithe ar na lúthchleasaithe agus d'fhreastail sé go maith orthu; dhéileáil sé go maith le paindéim COVID-19
- Bhí cuma an-srianta agus iargúlta ar an óstán é féin roimh an imeacht
  - Ní raibh go leor saoráidí ann, rud a chuir srian le forghníomhú an phlean feidhmíochta. Ní raibh an fhadhb chéanna ag na foirne a bhí ag stopadh in óstáin mhóra

## *Níl an chonair do lúthchleasaithe cumasacha mar atá sí faoi láthair in ann rath a chothú isteach sna Cluichí Oilimpeacha in Los Angeles, agus ní barrmhaith atá leibhéal na forbartha cóitseála ach oiread*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- De bharr fadhbanna cistiúcháin, ciorraíodh roinnt céimeanna den chonair, go háirithe i gcéim na forbartha
  - Bhí sé riachtanach roinnt céimeanna den chonair a chónascadh, rud a chruthaigh bearna mhór ón leibhéal sóisir go dtí an leibhéal sinsir
  - Tá tús curtha ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta leis an gclár sóisir a atógáil, ach ní ann faoi láthair do go leor cistiúcháin ná do go leor gealltanas go soláthrófaí cistiú chun go mbeifear in ann an chonair iomlán a athchruthú
  - Tá easpa soiléire ann do lúthchleasaithe maidir le cad is an bealach conaire ann agus conas dul tríd
- Tá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta lúthchleasaithe cumasacha a bheidh in ann feidhmiú go maith i bPáras, toisc go mbeidh gach céim den fhorbairt curtha i gcrích ag gach lúthchleasaí a bheidh i láthair ag na Cluichí
- Ábhar imní níos mó is ea Cluichí Oilimpeacha Los Angeles 2028, agus d'fhéadfadh ciorruithe sa chonair difear a dhéanamh don fheidhmíocht ag na Cluichí Oilimpeacha sin mura gcuirtear iad ina gceart lom láithreach

### Forbairt cóitseála

- Níl aon naisc ann idir cóitseálaithe club agus cóitseálaithe feidhmíochta
  - Gníomhaíonn siad mar chláir leithleacha, rud a chuireann teorainn leis an líon cóitseálaithe cumasacha atá ag teacht chun cinn
- Níl aon fhorbairt gairme ná dul chun cinn gairme ar fáil in Éirinn, rud a bhaineann an bonn de tharraingteacht na gairme cóitseála
- Ní ann do go leor cóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe óga, agus níl ag na cóitseálaithe reatha an t-am ná na hacmhainní chun aird a dhíriú ar dhuine ar bith seachas na lúthchleasaithe is fearr
  - Teastaíonn níos mó acmhainní cóitseála chun lúthchleasaithe a bhrú chun cinn

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ




### 1) Conair cóitseála a fhorbairt a chabhraíonn le cóitseálaithe den chéad scoth a chruthú

- Conair shoiléir agus bealach soiléir a fhorbairt le haghaidh cóitseálaithe ar an mbealach ar fad ó chóitseáil club go cóitseáil feidhmíochta, agus a chinntiú gur comhtháite idir na céimeanna a bheidh an chonair cóitseála
- Obair i gcomhar le hAonad Cóitseála Spórt Éireann chun tacar cóitseálaithe forbartha agus óige ar ardchaighdeán a bhunú, ar cóitseálaithe iad a bheidh leabaithe isteach sa chlár
- Féachaint le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar cén tacaíocht a theastaíonn ó chóitseálaithe forbartha (e.g., tacaíocht theicniúil, tacaíocht meabhrach, tacaíocht fhisiciúil, tacaíocht airgeadais, etc.), ag féachaint do chéim a bhforbartha, agus plé a dhéanamh ar a indéanta atá an soláthar tacaíochta sin

### 2) An chonair do lúthchleasaithe cumasacha a athchruthú ar dhóigh inbhuanaithe

- Leanúint leis an gconair do lúthchleasaithe cumasacha a thabhairt ar ais chuig a leibhéil roimhe, ar lena linn a bhí na céimeanna lán
- Anailís a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann leis an gconair a atógáil ar dhóigh níos inbhuanaithe lena gcinnteofar nach ndéanfar na ciorruithe roimhe ar an gconair choíche
- Plean soiléir a cheapadh le haghaidh an bhealaigh do lúthchleasaithe cumasacha chun go mbeidh siad in ann páirt a ghlacadh i gCluichí Oilimpeacha Los Angeles 2028
- A chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán ag lúthchleasaithe ar an mbealach ón leibhéal sóisir go dtí an leibhéal sinsir agus ar conas is féidir é a chur i gcrích

### 3) Sruthanna ioncaim mhalartaigh a neartú agus leas a bhaint as an gcistiú ilbhliantúil atá ag teacht isteach

- Úsáid a bhaint as tacaíocht ó Spórt Éireann lena gcabhraítear le fiosrú a dhéanamh ar shruthanna malartacha cistiúcháin a fhorbairt agus treisiú leis na sruthanna ioncaim daonchairdiúla/tráchtála reatha
- Úsáid a bhaint as an gcistiú caipitil ilbhliantúil a tugadh isteach le déanaí mar bhonnsraith le haghaidh infheistíocht fhadtéarmach inbhuanaithe le himeacht ama lena mbreiseofar saoráidí agus trealamh

# CUMANN SNÁMHA NA hÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Cumann Snámha na hÉireann

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Comhlíonadh na spriocanna cáiliúcháin don snámh agus don tumadóireacht araon
- Sroicheadh an babhta ceannais snámha den céad uair le 25 bliana anuas agus baineadh áit sna 16 Áit is Airde amach ceithre huaire
- Níor baineadh amach na spriocanna go mbainfeadh na lúthchleasaithe an fheidhmíocht is fearr ina saol amach

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- D'ainneoin roinnt dúshlán, d'éirigh go geal leis an ullmhúchán
- D'fheidhmigh cóitseálaithe agus struchtúir rialachais go láidir, agus rannchuidigh dea-phleanáil laistigh den chlár le dea-ullmhúchán

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- B'fhearr an fheidhmíocht ag na Cluichí ná na hionchais agus bhí sí ar fheabhas; sroicheadh an babhta ceannais sa snámh den chéad uair le 25 bliana anuas
- Bhain an chéad lúthchleasaí baineannach riamh de chuid an chláir tumadóireachta an babhta leathcheannais amach

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Scóip chun cáilíocht na cóitseála a neartú lasmuigh d'Ionaid Náisiúnta
- Ní mór don tumadóireacht bunstruchtúir a chur chun feidhme chun go mbeidh seans ann go n-éireoidh leis an straitéis
- Eispéireas an-difriúil ar fad a bhí i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

## Moltaí

1) Tógáil ar na struchtúir láidre chun móiminteam a thógáil laistigh de struchtúr láraithe gairmiúlaithe
2) Leanúint le spriocdhíriú ar chóitseálaithe ó áiteanna laistigh agus lasmuigh de na hIonaid Náisiúnta agus le huasoiliúint a chur orthu

*Bhí Cluichí Oilimpeacha Thóiceo sármhaith ag Cumann Snámha na hÉireann, agus tá an clár ag taispeáint feabhsú leanúnach sna trí Thimthriall Cluichí Oilimpeacha is déanaí*

**CUMANN SNÁMHA NA HÉIREANN:**

| 12,433 | 17 | 645 | €2,380,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

## Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Mona McSharry | Snámh Brollaigh 100 m | 8 |
| Jack McMillan/Finn McGeever/Shane Ryan/ Brendan Hyland | Rás Sealaíochta Saorstíle 4 x 200 m | 14 |
| Daniel Wiffen | Rás Saorstíle 800 m | 14 |
| Tanya Watson | Léibheann 10 m | 15 |
| Ellen Walshe | Meascra Aonair 200 m | 19 |
| Mona McSharry | Snámh Brollaigh 200 m | 20 |
| Daniel Wiffen | Rás Saorstíle 1500 m | 20 |
| Brendan Hyland | Snámh Féileacáin 200 m | 23 |
| Darragh Greene | Snámh Brollaigh 200 m | 23 |
| Ellen Walshe | Snámh Féileacáin 100 m | 24 |
| Danielle Hill | Snámh Droma 100 m | 25 |
| Oliver Dingley | Lingchlár 3 m | 25 |
| Darragh Greene | Snámh Brollaigh 100 m | 29 |
| Danielle Hill | Rás Saorstíle 50 m | 33 |
| Shane Ryan | Snámh Féileacáin 100 m | 37 |

## An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

SNÁMH:
- Go mbainfeadh 60% de na lúthchleasaithe an fheidhmíocht is fearr ina saol amach ag na Cluichí
- Go gcáileodh cúigear lúthchleasaithe nó níos mó le haghaidh na foirne trí amanna A de chuid na Cónaidhme Idirnáisiúnta um Shnámh Amaitéarach (FINA)
- Go gcáileodh duine amháin nó níos mó de na lúthchleasaithe sealaíochta le haghaidh na gCluichí

TUMADÓIREACHT:
- Go mbainfeadh 100% de na lúthchleasaithe an fheidhmíocht is fearr ina saol faoi amanna FINA amach ag na Cluichí
- Go gcáileodh beirt lúthchleasaithe nó níos mó le haghaidh na foirne

## Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 4 | Gan aon Áit sna 8 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit sna 16 Áit is Airde<br>Áit sna 24 Áit is Airde uair amháin |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 4 | Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit sna 16 Áit is Airde dhá uair<br>Áit sna 24 Áit is Airde ceithre huaire |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 11 | Áit sna 8 nÁit is Airde uair amháin<br>Áit sna 16 Áit is Airde ceithre huaire<br>Áit sna 24 Áit is Airde naoi n-uaire |

(Tabhair faoi deara: Baineadh áit sna 8 nÁit is Airde amach sa bhliain 2016 trí Thumadóireacht agus aithnítear gurb ionann áit i mbabhta ceannais Snámha agus áit sna 8 nÁit is Airde agus gurb ionann áit i mbabhta ceannais Tumadóireachta agus áit sa 12 Áit is Airde)

## *Cé gurbh ann d'imthosca doilí, d'éirigh leis an ullmhúchán, áit a raibh na struchtúir chóitseála agus rialachais láidir*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Cé gurbh ann d'imthosca doilí, d'éirigh go geal leis an ullmhúchán do lúthchleasaithe
  - Bhí fadhbanna ann le FINA, rud ba chúis le saincheisteanna roghnúcháin/cáiliúcháin le haghaidh dhá áit cáiliúcháin
  - Bhí easpa comórtas ann agus bhí nochtadh do rásaí thar lear in easnamh de dheasca phaindéim COVID-19
  - Tholg lúthchleasaithe COVID-19
  - Bhí saoráidí traenála dúnta ar feadh tréimhsí suntasacha, rud a d'fhág, go bunúsach, gur cailleadh thart ar 14 seachtaine den traenáil
- Dá ainneoin sin, chinntigh bainistíocht láidir cláir go raibh ullmhúchán leordhóthanach ann do na lúthchleasaithe
  - Cé nárbh ionann iad agus comórtais, seoladh rásaí inmheánacha
  - Ba é an toradh a bhí ar dhisciplíní a imfhálú go rathúil ná nár chuir saincheisteanna ullmhúcháin isteach ar an ullmhúchán eile
  - Bhí solúbthacht ann sna critéir roghnúcháin agus cháiliúcháin

### Cóitseáil

- Chreid geallsealbhóirí go raibh dea-cháilíocht cóitseálaithe ann sa chóras
  - Ba leor an doimhneacht sna trí ionad láraithe
- I gcás na lúthchleasaithe atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe, bhí an tacaíocht cóitseála níos neamhtheagmhálaí

### Rialachas

- Cruthaíodh i gcásanna inar tháinig saincheisteanna aníos go raibh na struchtúir éifeachtach
  - Bhí na róil rialachais an-soiléir le linn na saincheisteanna roghnúcháin/cáiliúcháin, agus b'eol do gach duine na róil – agus cuireadh i gcrích iad sin go maith
  - Dá ainneoin sin, bhí díomá ar dhaoine sa chlár i leith na lúthchleasaithe nár cháiligh sa deireadh

## *Ba dhea-phleanáilte a bhí an córas ardfheidhmíochta, agus bhí na saoráidí leordhóthanach. Bhí tuairimí measctha ann ar a mhéid a bhí Institiúid Spórt Éireann leabaithe isteach sa chlár*

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- Rannchuidigh pleanáil éifeachtach laistigh den chlár le hullmhúchán láidir na lúthchleasaithe
  - Bhí ionchais shoiléire ag gach duine aonair, a socraíodh leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta roimh na Cluichí
  - Chabhraigh na trí ionad láraithe le formhór mór na lúthchleasaithe a ghabháil
  - Tugadh cuairt ar an gcampa coinneála sa bhliain 2019 chun a chinntiú gur leordhóthanach a bheadh na saoráidí agus na seirbhísí
- B'fhearr i bhfad an caidreamh a bhí ag an struchtúr ardfheidhmíochta le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - Bhíothas ag tógáil caidrimh fud fad an Timthrialla, agus ní le linn na gCluichí amháin (mar a tharla i dTimthriallta roimhe sin)
  - Thuig Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann riachtanais an chláir go soiléir
- Bhí an clár Tumadóireachta díláraithe sa mhéid is go raibh roinnt lúthchleasaithe lonnaithe sa Ríocht Aontaithe
  - Chinntigh lucht bainistíochta an chláir gur éirigh leis sin mar chóras

### Institiúid Spórt Éireann

- Bhí Institiúid Spórt Éireann ina cuid dhílis den chlár agus chuir sí breisluach leis na lúthchleasaithe
- Bhí geallsealbhóirí eile den tuairim gurbh fhearr leo dá mba rud é go raibh na cleachtóirí níos leabaithe isteach sa chlár (e.g., ní raibh siad ar fáil ach ag amanna sonracha), cé gur tugadh dea-thacaíocht do na lúthchleasaithe

### Saoráidí

- Bhí na saoráidí ar ardchaighdeán agus chabhraigh siad leis an mbonnsraith a sholáthar le haghaidh clár inbhuanaithe
  - Is ann do bhunáit láidir i mBaile Átha Cliath le haghaidh Tumadóireachta agus le haghaidh Snámha araon
  - Is ann do shaoráidí ardchaighdeáin i Luimneach agus i mBeannchar le haghaidh Snámha
- Oireann an soláthar saoráidí don chóras

## *Ba shármhaith a bhí an fheidhmíocht ag na Cluichí, cé go raibh roinnt fadhbanna ann ag an gcampa coinneála*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Bhí ionadaíocht láidir ann ar fud na foirne uiscíochta
  - Ba í an fhoireann Snámha ba mhó riamh a seoladh chuig na Cluichí í
  - Bhí roinnt tumadóirí ann den chéad uair riamh, mar aon leis an gcéad tumadóir baineann riamh a rinne ionadaíocht d'Éirinn ag Cluichí Oilimpeacha
- Ba shármhaith a bhí an fheidhmíocht ar fud na foirne
  - Baineadh babhta ceannais snámha amach den chéad uair le 25 bliana anuas, briseadh cúig thaifead Éireannacha, agus rinne 13 dhuine as 15 shnámhóir a rangú a mhéadú nó a rangú réamh-Chluichí a choinneáil
  - Baineadh babhta leathcheannais amach sa léibheann 10 m (Tumadóireacht)

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Bhí dea-fhoireann tacaíochta ann ag na Cluichí
- Cé gur tugadh níos mó creidiúnúchán do bhaill foirne, bhí an fhoireann ag iarraidh go mbeadh áit ann le haghaidh tacaíocht anailíse feidhmíochta
  - Tacaíodh leis an ról sin ag imeachtaí Craobhchomórtais roimhe sin, agus meastar é a bheith tábhachtach
- Bhí tacaíocht síceolaíochta ar fáil, ach bhíothas in ann í a úsáid ar dhóigh níos éifeachtaí
  - Ós rud é gurbh í an chéad uair riamh a tháinig roinnt de na lúthchleasaithe agus na cleachtóirí le chéile í, bhí sé doiligh caidreamh a thógáil chomh gar sin do na Cluichí

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Ní raibh campa coinneála Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann oiriúnach do riachtanais na foirne, ach thángthas ar phleananna malartacha trí chomhoibriú idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
  - Ní raibh aon uisce le traenáil air in Fukuroi. Dá bhrí sin, d'aimsigh an clár a champa coinneála féin. Ba shármhaith a bhí an campa coinneála, cé is moite d'fhadhbanna le seomraí a bhí lonnaithe ar urlár arbh urlár caite tobac é roimhe sin

- Thug Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann dea-chabhair agus dea-thacaíocht
  - Chabhraigh sí le déileáil le cás doiligh (tharraing duine aonair siar de dheasca gortaithe) ach bhí próiseas rianúil i bhfeidhm agus bhí dea-chumarsáid ar bun
  - Ní raibh aon timpeallachtaí foirne ná aon saoráidí foirne ann laistigh den Sráidbhaile Oilimpeach chun meascadh le lúthchleasaithe Éireannacha eile, ach admhaítear go ndearnadh amhlaidh chun tús áite a thabhairt don tsábháilteacht agus chun leathadh COVID-19 a laghdú
  - Bheadh sé úsáideach dá mba rud é go measfaí Snámh agus Tumadóireacht a bheith ina dhá spórt leithleacha i gCluichí amach anseo maidir le feisteas a sholáthar

***Aimsíodh léargais maidir le doimhneacht na cóitseála, le struchtúir an chláir tumadóireachta agus le Cluichí Oilimpeacha amach anseo le linn na n-agallamh le geallsealbhóirí***

### Doimhneacht na cóitseála

- Is ann do chóitseáil den chéad scoth laistigh de na hIonaid Náisiúnta ach ní ann ach do dhornán cóitseálaithe gairmiúla laistigh den chóras in Éirinn go ginearálta

### Struchtúr an chláir tumadóireachta

- Tá straitéis an chláir tumadóireachta ag díriú anois ar lúthchleasaithe cumasacha intíre agus ar chlár atá lonnaithe in Éirinn a thógáil
- Tá gá ann le bunstruchtúir feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun go n-éireodh leis an straitéis (e.g., struchtúir chóitseála, saoráidí, conairí, etc.)

### Cluichí Oilimpeacha amach anseo

- Ba é a bhí i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo ná Cluichí Oilimpeacha a raibh níos lú cur isteach ag gabháil leo (e.g., líon níos lú sluaite) agus a raibh imthosca uathúla eile mar chuid díobh (e.g., tástáil um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR)) Dá bharr sin, níor tugadh eispéireas iomlán Cluichí Oilimpeacha do na lúthchleasaithe
- Tá gá ann le cabhrú le lúthchleasaithe ullmhú le haghaidh Cluichí Oilimpeacha amach anseo, mar a mbeidh an t-eispéireas rídhifriúil leis an eispéireas sin i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo
- Is ann d'údar mór imní go bhfuil paindéim COVID-19 go háirithe ag déanamh difear ollmhór don chonair forbartha do roinnt de na lúthchleasaithe óga agus go bhféadfadh gur cailleadh lúthchleasaithe cumasacha dá barr. Is ní é sin ar gá faireachán a dhéanamh air d'fhonn roinnt coigeartuithe sonracha/ clár sonrach a dhéanamh

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| MOLADH 1 | MOLADH 1 | MOLADH 1<br>MOLADH 2 | | | | |

**1) Tógáil ar na struchtúir láidre chun móiminteam a thógáil laistigh de struchtúr láraithe gairmiúlaithe**

- **Cultúr** – na caighdeáin a ardú, bacainní a bhrú ar aghaidh, agus caighdeáin níos airde a shocrú chun fíorchultúr ardfheidhmíochta a threisiú ina mbeidh imeachtaí móra ina ndeiseanna le haghaidh ratha agus ina mbeifear ag iarraidh níos mó ná cáiliú lena n-aghaidh
- **Infheistíocht** – infheistíocht a dhíriú ar lúthchleasaithe a bhfuil de chumas acu babhtaí ceannais a bhaint amach agus boinn a bhuachan chun a chinntiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir ag an soláthar foirne agus ag an airgeadas agus nach leathfar iad go róchúng
- **Tacaíocht** – an caidreamh le hInstitiúid Spórt Éireann agus le hInstitiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann a dhoimhniú chun a chinntiú go mbeidh siad leabaithe isteach go hiomlán sa chlár, i gcás na lúthchleasaithe atá lonnaithe gar do Champas Spórt Éireann agus iad sin atá lonnaithe i mBeannachar agus i Luimneach

**2) Leanúint le spriocdhíriú ar chóitseálaithe ó áiteanna laistigh agus lasmuigh de na hIonaid Náisiúnta agus le huasoiliúint a chur orthu**

- Féachaint le gairmiúlacht agus cáilíocht na gcóitseálaithe lasmuigh de na hIonaid Náisiúnta a fhorbairt chun go mbeidh doimhneacht cóitseála ann is cuí do chultúr ardfheidhmíochta
- Leanúint le comhoibriú a chinntiú idir an clár, cóitseálaithe gairmiúla reatha agus cóitseálaithe forbartha lena n-éascófar deiseanna uasoiliúna agus oiliúna
- Breithniú a dhéanamh ar obair i gcomhar le hAonad Cóitseála Spórt Éireann, a bhfuil freagracht chomhroinnte air as cóitseálaithe a fhorbairt gach áit

# TAEKWONDO ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Taekwondo Éireann

TAEKWONDO IRELAND

## An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Lúthchleasaí amháin i roinn Cuilmheáchain na bhFear (58 kg), a bhain an 11ú háit amach

## An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Bhí an t-ullmhúchán chomh maith agus ab fhéidir, go háirithe de bharr an ghanntanais acmhainní atá ag an gclár

## An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Ba chúis díomá í an fheidhmíocht agus ní raibh sí ina léiriú cruinn ar chumas an lúthchleasaí

## Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Tá acmhainneacht ann laistigh den chonair do lúthchleasaithe cumasacha, ach is dúshlán don chlár é tacaíocht a thabhairt dá lúthchleasaithe uile

## Moltaí

1) Aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainní cóitseála chun a chinntiú go gcruthófar clár inbhuanaithe
2) A chinntiú go mbeidh bunstruchtúir ardfheidhmíochta i bhfeidhm
3) Conair do lúthchleasaithe cumasacha a chruthú, ar conair í a thacaíonn leis na lúthchleasaithe ardacmhainne sa chóras ar dhóigh oiriúnach

*Cé nach raibh ach buiséad beag aige, bhí díomá ar Taekwondo Éireann fós nár bhain sé toradh níos fearr amach ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo*

**TAEKWONDO ÉIREANN:**

| 1,090 | 1 | 72 | €180,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Jack Woolley | Cuilmheáchan – 58 kg | 11 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Áit ar an bpóidiam

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 0 | N/B |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 1 | Baineadh an 11ú háit amach |

*Bhí dea-bhail ar an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí, cé gur chuir paindéim COVID-19 isteach ar an gclár go mór*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Bhí dea-bhail ar an lúthchleasaí agus é ag dul isteach sna Cluichí. Bhí sé réimnithe in ord feabhais sa 6ú háit agus bhíothas dóchasach go bhféadfadh sé bonn a bhuachan
  - Bhí bail iontach maith air ón taobh fisiciúil de
- Níorbh fhéidir leis an lúthchleasaí ná leis an gclár níos mó a dhéanamh chun ullmhú

### Cóitseáil

- Níor soláthraíodh aon chóitseálaithe lánaimseartha ná páirtaimseartha a fuair pá (seachas caiteachais) don lúthchleasaí le linn na n-ullmhúchán
  - Bhíothas spleách ar an Stiúrthóir Feidhmíochta cuid mhór ama a thiomnú don chlár

### Campaí traenála

- Bhí sé doiligh tabhairt faoi champaí traenála de dheasca phaindéim COVID-19
  - D'éirigh leis an gclár, áfach, campaí a sholáthar don lúthchleasaí (e.g., turais chun na hEorpa)
- D'fhág paindéim COVID-19 freisin go raibh sé doiligh teacht ar chéilí speárála ardchaighdeáin
  - Is beag céile speárála ardchaighdeáin atá ar fáil in Éirinn
  - Dhéileáil an clár go maith leis sin trí lúthchleasaithe cumasacha ó thíortha eile (e.g., an Spáinn) a aimsiú
- In Éirinn, bhí campa traenála ardchaighdeáin ag an lúthchleasaí mar a raibh sé ag traenáil go lánaimseartha as a chlub

### Cistiú

- Níor leor an cistiú chun an clár a reáchtáil ar bhonn inbhuanaithe gan róspleáchas a bheith ann ar dhaoine aonair áirithe
- Bhíothas den tuairim gurbh fhéidir gurbh oiriúnaí méadú níos mó fós a dhéanamh sa chistiú chun rath níos marthanaí a éascú, ag féachaint do na forbairtí agus na feabhsuithe atá déanta ag an gclár le blianta beaga anuas

## *Bhí an clár ardfheidhmíochta ag oibriú ar dhóigh neamh-inbhuanaithe le linn na tréimhse ullmhúcháin*

### An struchtúr/clár ardfheidhmíochta

- Níl an clár ardfheidhmíochta in áit inar féidir é a reáchtáil ar bhonn inbhuanaithe
  - Bhí an tacaíocht don lúthchleasaí comhdhéanta den chuid is mó de chóitseálaí páirtaimseartha amháin/Stiúrthóir Feidhmíochta amháin a rinne a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin ar son an chláir
  - Ní raibh aon samhail shoiléir ann laistigh den chóras ardfheidhmíochta, a bhí an-spleách ar dhaoine aonair/ar chlubanna aonair
  - Teastaíonn taisteal idirnáisiúnta ón gclár, ar taisteal é atá costasach agus a éilíonn baill foirne tacaíochta, rud nach bhfuil ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
  - Cuireadh méid suntasach oibre riaracháin le hualach oibre na mball foirne neamhíoctha

### Rialachas

- Ní raibh aon Choiste Ardfheidhmíochta soiléir i bhfeidhm

### Institiúid Spórt Éireann

- Fuair an lúthchleasaí tacaíocht an-mhaith
  - Ba shármhaith a bhí an tacaíocht nirt agus riochtaithe
  - Tugadh dea-thacaíocht fisiteiripe agus síceolaíochta freisin

### Saoráidí

- Oibríonn an clár amach as roinnt clubanna
- Thraenáil an lúthchleasaí go lánaimseartha as a chlub, a sholáthair tacaíocht shármhaith
  - Chabhraigh sé lena oiread traenála agus tacaíochta agus ab fhéidir a fháil i dtimpeallacht ag a bhfuil saoráidí ardchaighdeáin
  - Ba mhór ag an gclár an tacaíocht a fuarthas ó Spórt Éireann chun cabhrú leis an lúthchleasaí traenáil ag an gclub

## *Ní raibh feidhmíocht an lúthchleasaí ag teacht leis na hionchais réamh-Chluichí*

### Feidhmíocht an lúthchleasaí

- B'údar díomá é feidhmíocht an lúthchleasaí
  - Measadh nach bhfuair sé cothrom na Féinne ón réiteoir, toisc gur gearradh pionós ar an lúthchleasaí as a chic inaitheanta féin
- Ní raibh an toradh ina léiriú ar fhíorchumas nó fíor-acmhainn an lúthchleasaí

### An tacaíocht don lúthchleasaí

- Ní raibh aon tacaíocht ghairmiúil ag an lúthchleasaí, rud a chuir bac ar a fheidhmíocht
- Ní raibh aon chéile speárála mar chuid den fhoireann tacaíochta
  - Níorbh ann do na creidiúnúcháin chun go mbeifear in ann céile speárála a thabhairt leis agus chun riachtanais chóitseálaí a chomhlíonadh
  - Níl sé inchurtha leis an tacaíocht speárála a thug spóirt eile leo
- B'fhearr leis dá mba rud é gur tugadh sain-fhisiteiripeoirí leis (i.e., na fisiteiripeoirí sin a bhfuil saineolas sonrach acu ar Taekwondo)

### An t-eispéireas i gcoitinne

- Ba shármhaith a bhí Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, ach bhí fadhbanna ann maidir leis na meáin
  - Thug sí dea-thacaíocht don chlár
  - Timpeallacht leordhóthanach réamh-Chluichí ba ea campa Fukuroi
  - D'fhéadfadh go raibh an iomarca airde poiblíochta ar an lúthchleasaí
- B'fhearr leis an gclár dá mba rud é gur soláthraíodh oiliúint sna meáin ag céim níos luaithe
  - Mar shampla, bheifí buíoch dá mba rud é gur soláthraíodh oiliúint ar bhonn bliantúil

## *Tá acmhainneacht ann laistigh den chonair do lúthchleasaithe cumasacha, ach is dúshlán don chlár é tacaíocht a thabhairt dá lúthchleasaithe uile*

### An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Tá ag an gclár lúthchleasaithe óga ardchaighdeáin atá ag teacht tríd an gcóras
  - Tá aige roinnt lúthchleasaithe a bhfuil boinn Eorpacha buaite acu/atá rangaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta
- Tá sé doiligh tacaíocht a thabhairt do na lúthchleasaithe óga de bharr an ghanntanais acmhainní cóitseála atá ann faoi láthair
  - Is gá iad a sheoladh amach chuig tíortha eile chun go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach
- Chuir paindéim COVID-19 cosc ar roinnt lúthchleasaithe óga traenáil agus chuir sí isteach ar an gclár

## NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 3 | MOLADH 1 | MOLADH 2 | | | |

**1) Aghaidh a thabhairt ar an easpa acmhainní cóitseála chun a chinntiú go gcruthófar clár inbhuanaithe**

- Tá gá ann leis an acmhainn cóitseála a threisiú chun go mbeidh an córas in ann oibriú ar dhóigh inbhuanaithe agus chun nach mbeidh sé ag brath ar oibrithe deonacha
- De bharr éilimh an chláir, is gá struchtúr soiléir cóitseála agus ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm

**2) A chinntiú go mbeidh bunstruchtúir ardfheidhmíochta i bhfeidhm**

- A chinntiú go mbeidh struchtúir rialachais i bhfeidhm agus go n-imreoidh siad an ról ceart laistigh den aonad (e.g., an Coiste Ardfheidhmíochta)
- Tá gá ann leis an acmhainn riaracháin ardfheidhmíochta laistigh den eagraíocht a threisiú chun nach gcuirfidh sí le hualach oibre na n-oibrithe deonacha

**3) Conair do lúthchleasaithe cumasacha a chruthú, ar conair í a thacaíonn leis na lúthchleasaithe ardacmhainne sa chóras ar dhóigh oiriúnach**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tacaíocht reatha atá i bhfeidhm do lúthchleasaithe óga agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na tacaíochta sin
- Agus é bainteach leis an gcéad mholadh, tá gá ann le hacmhainní cóitseála a threisiú chun go mbeidh lúthchleasaithe óga in ann go leor ama cóitseála a fháil

# TRÍ-ATLAN ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Trí-atlan Éireann

Triathlon Ireland

### An Toradh ag Cluichí Oilimpeacha Thóiceo

- Baineadh an 23ú háit agus an 48ú háit amach

### An tUllmhúchán le haghaidh na gCluichí

- Chuir cinntí ó World Triathlon bac ar an ullmhúchán, rud ba chúis le barraíocht iomaíochta do dhuine amháin de na lúthchleasaithe
- Ní raibh smacht iomlán ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar ullmhúchán an lúthchleasaí eile

### An Fheidhmíocht ag na Cluichí

- Tríd is tríd, d’fheidhmigh an bheirt lúthchleasaithe de réir na n-ionchas, ag féachaint dá leibhéil ullmhúcháin faoi seach

### Mórléargais i leith an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

- Is eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta conas lúthchleasaithe a cháiliú le haghaidh na gCluichí
- D’fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gconair do lúthchleasaithe

### Moltaí

1) A chinntiú go mbeidh plean soiléir ann le haghaidh threo agus struchtúr an chláir
2) Struchtúir shoiléire ardfheidhmíochta a chruthú
3) Cultúr foirne atá níos comhtháite agus níos comhoibríche a chruthú
4) Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais chonaire do lúthchleasaithe cumasacha

*Lean Trí-atlan Éireann lena thaifead um lúthchleasaithe a cháiliú le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha ar bhonn seasta, ach níor bhain sé amach a sprioc bhunaidh go mbainfí áit sa 32 Áit is Airde amach i ndisciplín na bhFear agus i ndisciplín na mBan araon*

**TRÍ-ATLAN ÉIREANN:**

| 14,417 | 5 | 6 | €940,000 |
|---|---|---|---|
| AN LÍON BALL | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE CARDÁILTE | AN LÍON LAETHANTA DE THACAÍOCHT INSTITIÚID SPÓRT ÉIREANN (2017-2020) | AN CISTIÚ DO CHLÁIR ARDFHEIDHMÍOCHTA (2017-2020) |

### Feidhmíocht i gCluichí Oilimpeacha Thóiceo

| Lúthchleasaí/Lúthchleasaithe | Disciplín | Rang |
|---|---|---|
| Russell White | Fad Oilimpeach | 48 |
| Carolyn Hayes | Fad Oilimpeach | 23 |

### An t-ionchas feidhmíochta bunaidh/na hionchais feidhmíochta bhunaidh

- Go mbainfí áit sa 32 Áit is Airde amach i ndisciplín na bhFear agus i ndisciplín na mBan, agus sprioc uaillmhianach go mbainfí áit sna 16 Áit is Airde amach i ndisciplín na bhFear

### Feidhmíocht stairiúil i gCluichí Oilimpeacha

| | AN LÍON LÚTHCHLEASAITHE | FEIDHMÍOCHT |
|---|---|---|
| CLUICHÍ LONDAN 2012 | 2 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Áit sa 30 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 40 Áit is Airde uair amháin |
| CLUICHÍ RIO 2016 | 2 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Áit sa 30 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 40 Áit is Airde dhá uair |
| CLUICHÍ THÓICEO 2020 | 2 | Gan aon Áit sna 10 nÁit is Airde<br>Gan aon Áit san 20 Áit is Airde<br>Áit sa 30 Áit is Airde uair amháin<br>Áit sa 40 Áit is Airde uair amháin |

*Chuir an iomarca comórtais de bharr cinntí ó World Triathlon bac ar ullmhúchán duine amháin de na lúthchleasaithe, agus ní raibh baint dhíreach ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta le hullmhúchán an lúthchleasaí eile*

### Ullmhacht na lúthchleasaithe

- Chuir an próiseas anordúil cáiliúcháin do lúthchleasaí amháin bac ar ullmhacht an lúthchleasaí sin
  - Bhí ar an lúthchleasaí, de bharr na gcinntí ón gCónaidhm Idirnáisiúnta, páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhí ar siúl an-ghar do na Cluichí chun go ngnóthódh sé go leor pointí le haghaidh cáiliú. Ba é an toradh a bhí air sin ná tuirse agus ábhair imní maidir le gortú
- Rinne an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an lúthchleasaí a oiread agus ab fhéidir leo chun cáiliú agus ní dhéanfadh siad aon rud ar dhóigh dhifriúil
- Ba le foireann sheachtrach a rinneadh ullmhúchán an lúthchleasaí eile

### Saoráidí

- Is sármhaith atá na saoráidí ag Campas Spórt Éireann, ach is féidir leo bheith costasach in amanna don chlár (e.g., rochtain ar linnte snámha/lánaí)
  - I roinnt cásanna, bhí sé níos saoire campa traenála a reáchtáil i dtír eile (e.g., sa Spáinn)
- Táthar ag iarraidh laistigh den chlár go mbeadh na lúthchleasaithe lonnaithe sa Champas ar bhonn níos minice

### Cistiú

- Beidh tionchar suntasach ag cistiú ilbhliantúil ar an gclár agus is mór ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta an t-aistriú sin

### An timpeallacht traenála agus campaí traenála

- Bhí sé doiligh don chlár na campaí traenála agus an sceideal traenála a phleanáil toisc gurbh í an fheidhmíocht a shocraigh cé na himeachtaí ba ghá a iontráil
- Ní dhéantar ach roinnt an-bheag traenála grúpa, agus is beag lúthchleasaí a thraenálann i limistéir atá gar dá chéile
- Ní dhéantar tagarmharcáil idir a chéile/ní thugann siad dúshlán ar a chéile go hinmheánach
- Bhí sé beartaithe dul chuig campa traenála airde ach ní raibh na hamanna oiriúnach, agus bhí sé doiligh tabhairt faoi thaisteal breise de dheasca phaindéim COVID-19
  - B'fhearr leis an gclár é sin ach ní raibh an dara rogha aige. D'éirigh leis an gcampa malartach (bhí páirtithe traenála agus seomraí teasa ann, rinneadh iarracht dul i dtaithí ar an aeráid, etc.)

## *Ní raibh struchtúir an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta soiléir le linn an ullmhúcháin, go háirithe maidir le cóitseáil agus le tacaíocht do lúthchleasaithe*

### An clár/struchtúr ardfheidhmíochta

- Tá aige buíon bheag scoth-lúthchleasaithe, rud a chabhraíonn leis na barr-lúthchleasaithe a chistiú mar is cuí
- Ní raibh aon struchtúir shoiléire feidhmíochta/aon chomhaontuithe soiléire feidhmíochta i bhfeidhm ar fud an aonaid
  - Bhí struchtúir in easnamh maidir le tacaíocht a sholáthar do lúthchleasaithe, le conas a idirghníomhaíonn lúthchleasaithe leis an gclár, le hionchais lúthchleasaithe agus le critéir infheistíochta
- Níl an córas ardfheidhmíochta chomh ceangailte leis an aonad agus ab fhéidir nó le gnéithe/ranna eile den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta

### Institiúid Spórt Éireann

- Ós rud é gur beag lúthchleasaí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, níor bhain ach dornán lúthchleasaithe úsáid as an tseirbhís
  - Tá a thacaíocht nirt agus riochtaithe féin ag lúthchleasaí amháin, agus cumhdaíodh é ina chlár féin
  - Bhain an lúthchleasaí eile úsáid as seirbhísí Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann

### Cóitseáil

- Bhí Cóitseálaí Náisiúnta ardchaighdeáin aige, ach chonraigh sé cóitseálaithe eile mar chuid de chláir lúthchleasaithe aonair freisin
- Níorbh é cóitseálaithe a chonrú isteach i gcláir lúthchleasaithe leithleacha an dearadh ab fhearr le haghaidh an chláir
  - Bhí sé doiligh dul i bhfeidhm ar an traenáil/í a rialú
  - Ní féidir cóitseálaithe ardchaighdeáin a áirithiú
  - Níl aon soiléire ann maidir leis an gcaidreamh agus na hionchais idir cláir aonair agus clár an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Bhíothas in ann an caidreamh le cóitseálaithe ar conradh a bhainistiú ar dhóigh níos fearr chun dínasc a sheachaint

### Rialachas

- Tá struchtúir láidre ardfheidhmíochta i bhfeidhm aige
  - Cheap sé Coiste Ardfheidhmíochta le linn an Timthrialla seo, rud a bhfuil na saineolaithe ardfheidhmíochta a theastaíonn uaidh mar fhoireann aige
  - Comhlíonann an Coiste an ról um dhúshlán a chur agus tacaíocht a thabhairt

> *Bhíothas ag súil le feidhmíocht lúthchleasaí amháin, ag féachaint dá leibhéal ullmhúcháin, agus d'fheidhmigh an lúthchleasaí de réir na n-ionchas, tríd is tríd*

### Feidhmíocht na lúthchleasaithe

- Níor fheidhmigh lúthchleasaí amháin de réir lán a chumais, ach bhíothas ag súil leis sin de bharr a ullmhúcháin
  - Bhí an-tuirse air faoi thús na gCluichí agus bhí fadhbanna gortaithe aige fud fad na gCluichí
  - Dá ainneoin sin, b'eispéireas iontach é don lúthchleasaí
- Bhí idir mhaith agus olc ann sna léirmheasanna ar fheidhmíocht an lúthchleasaí eile. Measadh go raibh sí ar aon dul leis na hionchais nó gur thearcfheidhmíocht í

### An tacaíocht do lúthchleasaithe

- Ba shármhaith a bhí an tacaíocht
  - Bhí gortú ag lúthchleasaí amháin, ach fuarthas an-tacaíocht ina leith ó na baill foirne de chuid Institiúid Spórt Éireann ag an gcampa coinneála agus sa Sráidbhaile
- Ní raibh soiléire iomlán ann maidir leis na róil agus na freagrachtaí idir cóitseálaithe agus leis an tacaíocht ghinearálta ag na Cluichí

### Pleanáil agus lóistíocht

- Bhí feabhas mór ann ar an gcaidreamh le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus bhí sé an-dearfach
  - Dhéileáil sí go han-mhaith le paindéim COVID-19, agus dea-chumarsáid ar bun
  - Ba thar barr a bhí an campa agus thug sé do na lúthchleasaithe an seans is fearr le haghaidh rath a bhaint amach

> *Is eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta conas cabhrú le lúthchleasaithe cáiliú le haghaidh Cluichí Oilimpeacha ach d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gconair do lúthchleasaithe cumasacha*

### Imeachtaí Cáiliúcháin/comórtais

- Is eol don chlár conas cabhrú le lúthchleasaithe cáiliú go seasta le haghaidh Cluichí Oilimpeacha
- Maidir le himeachtaí cáiliúcháin/le himeachtaí sealaíochta dúshlánacha, tá tíortha a bhfuil a lán lúthchleasaithe maithe acu in ann imeachtaí aonair a ghéilleadh chun lúthchleasaithe a choinneáil saor le haghaidh an imeachta sealaíochta
  - Ní féidir leis an gclár déanamh amhlaidh i láthair na huaire toisc go bhfuil easpa doimhneachta aige agus toisc go bhféadfadh sé deacrachtaí a chruthú a bheadh níos mó ná an rath a d'fhéadfadh sé a sholáthar

## An chonair do lúthchleasaithe cumasacha

- Tá roinnt lúthchleasaithe cumasacha óga aige, ach teastaíonn uathu go mbeadh na struchtúir i bhfeidhm chun go n-éireodh leo
  - Taispeántar sna sonraí traenála faoin mbuíon reatha lúthchleasaithe cumasacha óga gur féidir leo feidhmiú de réir ardchaighdeáin
  - Tá aige an Clár um Lúthchleasaithe Cumasacha Éiritheacha, a thógann daoine ó réigiúin dhifriúla agus a mheasúnaíonn ar cheart nó nár cheart páirt a thabhairt dóibh i scuaid náisiúnta. Tá an clár sin rud beag trína chéile i láthair na huaire, áfach
  - Níl na lúthchleasaithe i mbéal forbartha ag glacadh páirt ina lán rásaí le 18 mí anuas
- Tá an bheirt lúthchleasaithe Oilimpeacha ag fanacht sa chlár, rud ar dea-thuar é don todhchaí agus a chabhraíonn le scoth-lúthchleasaithe a úsáid chun áiteanna a ghnóthú le haghaidh lúthchleasaithe atá i mbéal forbartha

# NA NITHE A FOGHLAIMÍODH AGUS MOLTAÍ DON TODHCHAÍ

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 1 | | MOLADH 2 | | | |

## 1) A chinntiú go mbeidh plean soiléir ann le haghaidh threo agus struchtúr an chláir

- Sainiú soiléir a dhéanamh ar struchtúr an chláir agus ar conas a oibríonn na geallsealbhóirí laistigh den chóras lena chéile (e.g., díláraithe nó láraithe, cláir/cóitseálaithe aonair nó cláir/cóitseálaithe atá faoi stiúir ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, etc.)

## 2) Struchtúir shoiléire ardfheidhmíochta a chruthú

- A luaithe a bheidh an struchtúr sainithe, athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an clár agus struchtúir an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta oiriúnach don fheidhm chun dearadh an chláir a chur i gcrích
- Tá gá ann le struchtúir shoiléire a chruthú laistigh den chlár maidir le tacaíocht do lúthchleasaithe, ar struchtúir iad lena bhfreastalófar ar chaidreamh na lúthchleasaithe difriúla le clár an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- A chinntiú go mbeidh tuiscint ag na geallsealbhóirí laistigh den chlár ar a gcaidreamh leis an gclár trí ionchais shoiléire a leagan amach maidir le tacaíocht agus le soláthar seirbhíse
- Is féidir an t-aistriú i dtreo dea-chleachtais ghnó ardfheidhmíochta a bhrú chun cinn trí Stiúrthóir Feidhmíochta a fhostú, ar cheart dó nó di a bheith in ann an pobal trí-atlain a spreagadh agus a aontú

| INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA | FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH | CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH | STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ | COMHPHÁIRT-ÍOCHTAÍ | SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH | TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | MOLADH 3<br>MOLADH 4 | | | | | |

## 3) Cultúr foirne atá níos comhtháite agus níos comhoibríche a chruthú

- Féachaint le lúthchleasaithe agus cóitseálaithe a thabhairt le chéile ar bhonn níos minice chun a chinntiú go mbeidh cultúr foireanndírithe ag an gclár
- A chinntiú gurb amhlaidh, i gcás go dtabharfar lúthchleasaithe le chéile, a thabharfar le chéile iad i dtimpeallacht ardfheidhmíochta agus a chuirfear fíorluach le cláir aonair
- Measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht a bhaineann le campaí traenála níos minice le lúthchleasaithe
- Dá réir sin, tá gá ann lena chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach saoráidí ann lena n-éascófar campaí traenála nó seisiúin traenála do roinnt lúthchleasaithe
- Agus é bainteach leis sin, tá gá ann le comhoibriú a threisiú laistigh den eagraíocht chun go n-idirghníomhóidh an t-aonad ardfheidhmíochta le ranna eile (e.g., an tAonad Margaíochta)

## 4) Athbhreithniú a dhéanamh ar na córais chonaire do lúthchleasaithe cumasacha

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na struchtúir le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt agus ar na conairí do lúthchleasaithe cumasacha chun ailíniú agus comhtháthú a chinntiú idir céimeanna difriúla chun go mbeidh an chonair soiléir agus comhleanúnach

# Aguisín 2: **Tuarascálacha maidir le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Parailimpeacha** (Grey Matters)

# An tAthbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

## Réamhrá

Tá dhá rannán ar leith ann san Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Tugtar sa chéad rannán léargas 'tras-spóirt' ar na dearcthaí a tuairiscíodh ar fud na Foirne. Sa rannán sin, tugtar léargas uileghabhálach ar ar thit amach ar fud Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha Thóiceo, bunaithe ar na dearcthaí a chuir daoine aonair ó spóirt dhifriúla in iúl. I mbeagán focal, tháinig trí mhór-shaincheist chun cinn ar fud na Foirne. Bhí roinnt díobh sin de chineál difreálach sa mhéid a tharraing spóirt áirithe iad anuas ach nach ndearna aon spórt eile aon trácht orthu:

1) Cuireadh ábhair imní in iúl nach ndearnadh aon ghníomh i leith na moltaí ón Athbhreithniú ar Chluichí Rio, cé go raibh na moltaí sin cruinn agus láidir. Mar sin, cuirfear in iúl go láidir sa tuarascáil tras-spóirt uainn nach mór mionbhreithniú a dhéanamh ar na dearcthaí atá tuairiscithe agus nach mór na spóirt, na baill foirne tacaíochta agus na lúthchleasaithe a chur ar an eolas faoin mbreithniú sin, is cuma cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon ghníomh ina leith.

2) Léirítear sna sonraí gur braitheadh gurbh fhoireann dhá chiseal í. I mbeagán focal, caitheadh go difriúil le spóirt dhifriúla agus tugadh leibhéil dhifriúla tacaíochta dóibh. Leagfar amach sna sonraí uainn roinnt ábhar imní a cuireadh in iúl, lenar áiríodh an dóigh ar dáileadh an feisteas foirne agus an fháil a bhí air, na saincheisteanna cóiríochta a tháinig chun cinn agus na leibhéil tacaíochta a fuarthas.

3) Tugtar le tuiscint sna sonraí tras-spóirt go raibh roinnt coinbhleachtaí ann idir na róil éagsúla a bhí ag daoine aonair áirithe. Rud tábhachtach, sainaithníodh saincheisteanna idirphearsanta agus coinbhleachtaí leasa freisin agus tugadh le tuiscint go raibh siad sin taobh thiar de na fadhbanna foirne dhá chiseal.

Bhí saincheisteanna eile ann a bhain le hullmhúchán na lúthchleasaithe le haghaidh na gCluichí. Áiríodh leo sin an próiseas le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint (rud ar measadh gur próiseas neamhphleanáilte fánach é i roinnt spórt faoi láthair), mar aon leis an ngné chomhchoiteann d'fhorbairt cóitseálaithe/lúthchleasaithe a úsáid mar mhodh le haghaidh ionchais choiteanna agus samhlacha comhroinnte meabhrach a ghiniúint. Luaigh roinnt daoine freisin an acmhainneacht atá ann lúthchleasaithe atá ag dul ar scor a thabhairt isteach mar cheannairí forbartha amach anseo.

Tugtar sa dara rannán léargas 'laistigh den spórt', agus tuarascálacha aonair á soláthar do gach Comhlacht Rialaithe Náisiúnta a ndeachaigh lúthchleasaithe dá gcuid san iomaíocht ag Cluichí Parailimpeacha Thóiceo. Cuireadh na tuarascálacha sin le chéile bunaithe ar na freagraí a fuarthas ó lúthchleasaithe, ó chóitseálaithe, ó bhaill foirne tacaíochta, ó Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta agus ón Lucht Ardbhainistíochta. Tabhair faoi deara nach bhfuil aon tuarascáil aonair ann do Leadóg Bhoird Éireann mar gheall ar an easpa rannpháirtíochta a bhí ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta sin sa chéim agallaimh den phróiseas athbhreithniúcháin.

Ar deireadh, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn. Mar shampla, luaigh roinnt rannpháirtithe go raibh athruithe déanacha ar bhaill foirne agus ar cheapacháin thábhachtacha ar cheann amháin de na dúshláin a bhí le sárú acu. Rud tábhachtach, beidh gá ann le haghaidh a thabhairt ar na dearcthaí atá tuairiscithe agus leis na gníomhartha a dhéanfar ina dhiaidh sin a chur in iúl, fiú amháin i gcás go measfar go bhfuil na saincheisteanna a tarraingíodh anuas gan bhunús.

# An Tuarascáil Tras-Spóirt

I dteannta na dtuarascálacha maidir le gach ceann de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (atá tugtha sa dara rannán den Athbhreithniú seo), tá léargas uileghabhálach breise ann ar ar thit amach ar fud Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha Thóiceo. Tá sé sin bunaithe ar dhearcthaí na ndaoine a cuireadh faoi agallamh ar fud na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi seach. Bhí roinnt díobh sin de chineál difreálach sa mhéid a tharraing daoine aonair áirithe/Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta áirithe iad anuas ach nach ndearna aon duine aonair eile/aon Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta eile aon trácht orthu. Bhí dearcthaí eile coiteann ar fud na ndaoine uile a cuireadh faoi agallamh.

## Moltaí ón Athbhreithniú ar Chluichí Rio

Cuireadh ábhair imní in iúl nach ndearnadh le linn Thimthriall Thóiceo aon ghníomh i leith na moltaí ón Athbhreithniú ar Chluichí Rio, cé go raibh na moltaí sin cruinn agus láidir. Is féidir go bhfuil cúiseanna bailí ann leis sin, ar ndóigh. Mar sin féin, braitheadh go láidir nach mór mionbhreithniú a dhéanamh ar na dearcthaí tuairiscithe sin agus nach mór na spóirt, na baill foirne tacaíochta agus na lúthchleasaithe a chur ar an eolas faoin mbreithniú sin, is cuma cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon ghníomh ina leith. Dá bhrí sin, ba cheart an plean gníomhaíochta a thiocfaidh as an Athbhreithniú ar Chluichí Thóiceo a chur in iúl go soiléir do na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, do na baill foirne tacaíochta agus do na lúthchleasaithe.

## An ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann

Aithníodh go bhfuil eolas, saineolas agus tuiscint láidir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann ar an spórt Parailimpeach agus go bhfuil an spórt Parailimpeach tábhachtach dó. Mar sin féin, tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Is faoi choimirce Chumann Parailimpeach na hÉireann a fheidhmíonn Parashnámh agus Para-lúthchleasaíocht araon. Cé gur chosúil gur measadh go raibh sé sin ar an tsamhail is fearr le haghaidh Parashnámha, bhí teannas le feiceáil i gcás Para-lúthchleasaíochta ó thaobh oibríochtaí agus bainistíochta de. Bhí teannas den chineál céanna le feiceáil ar fud na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga, agus easpa treo straitéisigh, ionchuir agus rialaithe le tabhairt faoi deara. Bhí easpa soiléire ann maidir le róil agus freagrachtaí freisin. Is gá breithniú a dhéanamh ar a inbhuanaithe atá Cumann Parailimpeach na hÉireann i ndáil leis an bpríomhról atá aige mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta ar fud na spórt uile agus i ndáil leis an ról breise atá aige mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht. Leagadh béim ar fud na spórt ar an ngá atá ann le scrúdú a dhéanamh ar eagrú agus sainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann chun a chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm i leith gach ceann de na spóirt a dhéanfaidh ionadaíocht d'Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo.

Tugtar le tuiscint sna sonraí tras-spóirt go raibh roinnt coinbhleachtaí ann idir na róil éagsúla a bhí ag daoine aonair áirithe laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann. Sainaithníodh roinnt saincheisteanna idirphearsanta agus coinbhleachtaí leasa freisin. Mar shampla, leagadh béim ar fud na spórt ar an ngá le soiléire a bheith ann maidir le ról an Stiúrthóra Feidhmíochta, agus teannas le brath ó thaobh cuntasachta agus freagrachta de.

Braitheadh go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ag athruithe ar struchtúr ceannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann agus ag athruithe gaolmhara foirne le linn Thimthriall Thóiceo agus san ullmhúchán le haghaidh na gCluichí agus go ndeachaigh an méid sin i bhfeidhm ar oibríochtaí. Go háirithe, bhí creideamh ann ar fud na spórt gur ceapadh an Ceann Imeachta go ródhéanach sa Timthriall chun fíorthionchar a imirt ar Fhoireann Éireann. É sin ráite, braitheadh ar fud na spórt go ndearna an Ceann Imeachta agus na Ceannairí Foirne jab an-mhaith i dTóiceo, agus cur chuige réamhghníomhach réiteachdhírithe á ghlacadh acu i leith déileáil le saincheisteanna ag na Cluichí. Mar gheall ar an iomlaoid i bhfoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann idir na Timthriallta, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléire ann ar fud na mball foirne uile i ndáil lena gcuid ról agus freagrachtaí ar fud Thimthriall Pháras, agus béim á leagan ar an ngá atá ann le pleanáil chomharbais.

Bhí tuairimí measctha ann maidir leis an dóigh ar soláthraíodh na gnéithe oibríochtúla agus lóistíochúla de na Cluichí. Ar fud Fhoireann Éireann, tarraingíodh aird ar fhadhbanna a bhain le cáilíocht an fheistis foirne, mar aon le fadhbanna a bhain le trealamh, leis na meáin agus le cóiríocht. Cruthaíonn creidiúnú fadhbanna ag na Cluichí i gcónaí, agus braitheadh go ndeachaigh an easpa creidiúnúcháin a bhí ar bhaill foirne agus ar chóitseálaithe i bhfeidhm ar an tacaíocht a tugadh do na lúthchleasaithe.

Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar gach gné den ullmhúchán le haghaidh na gCluichí, ar ndóigh. Braitheadh ar fud na spórt, áfach, gur éirigh go maith le Foireann Éireann rioscaí COVID-19 a mhaolú do lúthchleasaithe agus tús áite a thabhairt d'fheidhmíocht ag an am céanna.

Toisc eile ba ea gur braitheadh go raibh an t-atmaisféar i bhFoireann Éireann go dona i dTóiceo, áit ar ghlac formhór na spórt cur chuige druidte, nár idirghníomhaigh siad le spóirt eile agus nach ndearna siad aon iarracht iad féin a chomhtháthú isteach i 'bhFoireann Éireann'. Braitheadh go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun na Cluichí a dhéanamh ina n-eispéireas speisialta do na lúthchleasaithe agus do bhaill foirne.

## Córas dhá chiseal

Léirítear sna sonraí ar fud na spórt gur braitheadh go raibh foireann dhá chiseal ann laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann. I mbeagán focal, caitheadh go difriúil le spóirt dhifriúla agus tugadh leibhéil dhifriúla tacaíochta dóibh. Is léir go mbíonn spóirt áirithe (i.e., Parashnámh, Pararothaíocht agus Para-lúthchleasaíocht) ag oibriú ar leibhéal an-ard, agus struchtúir dhea-fhorbartha ardfheidhmíochta i bhfeidhm acu. Is léir freisin go bhfuil spóirt eile ag céim níos luaithe dá bhforbairt. Mar thoradh air sin, braitheadh go raibh éagothroime ann maidir leis an dóigh ar tacaíodh le spóirt agus le lúthchleasaithe le linn Thimthriall Thóiceo. Braitheadh freisin, áfach, nárbh ann don éagothroime sin ag na Cluichí féin maidir leis an tacaíocht a fuarthas ó Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Is gá a rá nach raibh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile ar aon tuairim gurbh ann d'aon chóras dhá chiseal den sórt sin. Bhí braistint ann i measc roinnt spórt gur treo straitéiseach cuí do Chumann Parailimpeach na hÉireann atá i gcóras cisealaithe cistiúcháin agus tacaíochta a úsáid do spóirt phóidiam shainaitheanta. Mar shampla, fuair Parashnámh, Para-lúthchleasaíocht agus Pararothaíocht dea-thacaíocht ó Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann agus ó Institiúid Spórt Éireann. Bhraith na lúthchleasaithe sna spóirt sin freisin go bhfuair siad dea-thacaíocht ó chóitseálaithe agus ó bhaill foirne tacaíochta. Mar sin féin, ní bhfuair lúthchleasaithe aonair ó na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta beaga aon tacaíocht cardála ná aon tacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt, agus ba iad cóitseálaithe deonacha a chóitseáil an chuid is mó díobh. Laistigh de na spóirt bheaga, bhí dearcadh ann gur cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann tacaíocht chothrom a thabhairt do gach spórt, bunaithe ar acmhainneacht na lúthchleasaithe laistigh den spórt chun boinn a bhuachan, nó gur cheart dó tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freagracht a ghlacadh as cláir pharaspóirt. Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear an straitéis ardfheidhmíochta uaidh in iúl ar mhaithe le rannpháirtíocht agus soiléire dhearfach a chinntiú do gach páirtí.

Ar aon dul leis an gcóras dhá chiseal sin, bhí pleanáil chórasach ardfheidhmíochta agus ullmhúchán córasach ardfheidhmíochta le feiceáil i bParashnámh agus i bPararothaíocht. Ag an am céanna, ghlac spóirt eile cur chuige níos fánaí i leith pleanáil agus ullmhú le linn na gcéimeanna cáiliúcháin, ullmhúcháin agus iomaíochta. Chabhrófaí le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin trí chur chuige níos córasaí a ghlacadh i leith pleanáil agus ullmhú, le tacaíocht ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus ó Institiúid Spórt Éireann.

## Soláthar seirbhíse tacaíochta

Soláthraítear seirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt do lúthchleasaithe agus do chóitseálaithe ó mheascán d'Institiúid Spórt Éireann, d'Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann agus de sholáthraithe seirbhíse de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann. Bhí comhdhearcadh dearfach ann, tríd is tríd, faoi cháilíocht

na soláthraithe seirbhíse eolaíochta agus leighis spóirt. Tugadh éagothroime ó thaobh rochtana de faoi deara ar fud na spórt, áfach. Braitheadh go raibh caidreamh an-dearfach ar bun idir na soláthraithe seirbhíse sin agus roinnt lúthchleasaithe cardáilte (go háirithe lúthchleasaithe Parashnámha agus Pararothaíochta). Bhí plean dea-fhorbartha soláthar seirbhíse i bhfeidhm ina leith sin, rud lenar tacaíodh le feidhmíocht. Fuarthas tuairimí níos measctha ó lúthchleasaithe eile. Bhraith roinnt spórt beag gur bheag ionchur a fuair siad ó Institiúid Spórt Éireann. Ag an am céanna, níor bhain roinnt lúthchleasaithe cardáilte leas iomlán as an soláthar seirbhíse a bhí ar fáil ó Institiúid Spórt Éireann.

Thug Institiúid Spórt Éireann faoi deara nach ndearna Cumann Parailimpeach na hÉireann aon iarraidh ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt ná ar rochtain ar sheisiúin oscailte thráthrialta ag an Institiúid thar ceann aon spórt seachas Para-lúthchleasaíocht agus Parashnámh. Sa bhliain 2018, mhol Institiúid Spórt Éireann do Chumann Parailimpeach na hÉireann clár lena n-áireofaí ceardlanna, cláir ullmhúcháin le haghaidh na gCluichí agus tacaí eile a chur i bhfeidhm i gcomhairle le lúthchleasaithe ó na spóirt bheaga. Níor tugadh an plean sin chun críche agus, toisc gur leis na Cluichí amháin a bhain an tacaíocht a thug Institiúid Spórt Éireann do Chumann Parailimpeach na hÉireann, ba ar Chumann Parailimpeach na hÉireann a bhí an fhreagracht as an tsamhail eolaíochta agus leighis spóirt roimh na Cluichí.

Tháinig trí phríomhthoisc chun cinn ar fud na spórt maidir leis an soláthar seirbhíse a bhí ar fáil ó Institiúid Spórt Éireann.

Ar an gcéad dul síos, leagadh béim ar a thábhachtaí atá eolas agus saineolas oiriúnach atá sonrach don pharaspórt. I roinnt spórt (i.e., Pararothaíocht agus Parashnámh), bhí tacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt dea-chomhtháite isteach i bpleanáil agus i soláthar agus braitheadh gur chabhraigh sí go mór le feidhmíocht na lúthchleasaithe. Ní raibh an méid céanna fianaise ar chomhtháthú eolaíochta agus leighis spóirt ná ar phleanáil feidhmíochta le fáil i spóirt eile, agus leas fíorbheag á bhaint acu as tacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt. Mar thoradh air sin, tharla sé i roinnt cásanna nach raibh aithne ag na cleachtóirí eolaíochta agus leighis spóirt ar na lúthchleasaithe lena raibh siad ag obair ag na Cluichí. Ní ionann an tsamhail tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt do Chumann Parailimpeach na hÉireann agus do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann. Is fearr le Cumann Parailimpeach na hÉireann a thacaíocht fisiteiripe, síceolaíochta agus liachta féin a chonrú agus ní cheapann sé soláthraithe de chuid Institiúid Spórt Éireann ach amháin le linn na gCluichí. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige comhordaithe bunaithe a ghlacadh i leith seirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt a sholáthar ar fud an Timthrialla Cluichí Parailimpeacha agus ba cheart d'Institiúid Spórt Éireann obair go dlúth le lucht ceannaireachta feidhmíochta gach spóirt (e.g., an Stiúrthóir Feidhmíochta, an Príomhchóitseálaí, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, etc.) agus le lucht ceannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann chun gach paraspórt a spreagadh iarrataí ar sheirbhísí tacaíochta a dhéanamh chuig Institiúid Spórt Éireann.

Ar an dara dul síos, leagadh béim ar an ngá le comhaontú foirmiúil a bheith ann idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann, go háirithe i gcás na spórt sin a bhfuil lúthchleasaithe acu sa dá dhlínse. Dá mbeadh comhaontú mionsonraithe tacaíochta Timthrialla uile i bhfeidhm idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann, agus an tsamhail atá i bhfeidhm idir Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann á húsáid mar bhonn le haghaidh comhpháirtíocht rathúil, sholáthrófaí leibhéal comhtháite soláthar seirbhíse do lúthchleasaithe chun freastal ar a riachtanais gheografacha ar fud Timthriallta Cluichí Parailimpeacha amach anseo.

Ar an tríú dul síos, b'amhlaidh, ar fud na spórt, a bhí frustrachas ar lúthchleasaithe atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath faoin deacracht a bhíonn acu soláthraithe de chuid Institiúid Spórt Éireann a rochtain go tráthrialta. I gcomhar le Cumann Parailimpeach na hÉireann, ba cheart d'Institiúid Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir tacú le lúthchleasaithe tosaíochta atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath trí shamhail sholúbtha tacaíochta a úsáid. Ba cheart di a chinntiú freisin go gcomhaontófar iarrataí ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt ar shlí thráthúil phleanáilte le lucht ceannaireachta feidhmíochta an spóirt lena mbaineann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann.

I bhfianaise na saincheisteanna sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar shoiléire a thabhairt maidir le húsáid straitéiseach a bhaint as an gcumas atá ag Institiúid Spórt Éireann chun tacú le spóirt

spriocdhírithe. Go háirithe, ba le tacaíocht feidhmíochta a thabhairt do Chumann Parailimpeach na hÉireann ag na Cluichí amháin a bhain an ról a bhí ag Institiúid Spórt Éireann (seachas i gcás lúthchleasaithe cardáilte). Thug Institiúid Spórt Éireann faoi deara gurbh é lucht ceannaireachta feidhmíochta Chumann Parailimpeach na hÉireann a d'iarr an cineál tacaíochta sin agus go bhfuil acmhainn agus toilteanas araon aici tacaíocht a thabhairt don Chumann Parailimpeach le linn an Timthrialla Cluichí Parailimpeacha ar fad. Chuir Institiúid Spórt Éireann in iúl go láidir gur gá do Chumann Parailimpeach na hÉireann an tsamhail tacaíochta a bhí i bhfeidhm idir an Institiúid agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann le haghaidh Thimthriall Thóiceo a mhacasamhlú le haghaidh Thimthriall Pháras. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh Institiúid Spórt Éireann tacú le hullmhúchán ar fud an Timthrialla ar fad agus, ar an tslí sin, tionchar a imirt ar threo straitéiseach na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

## Cóitseáil

Ar fud na spórt, sainaithníodh ról agus tionchar na cóitseála a bheith ar cheann amháin de na príomhthosca taobh thiar d'fheidhmíocht. Mar gheall ar na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil laistigh den spórt Parailimpeach, ba iad cóitseálaithe deonacha, ag obair dóibh i gcáil pháirtaimseartha, a thacaigh le formhór na spórt, seachas Pararothaíocht, Parashnámh agus Para-lúthchleasaíocht. Cé go raibh na lúthchleasaithe sásta, den chuid is mó, le leibhéal agus cáilíocht na cóitseála a fuair siad, ábhar imní ar fud na spórt ba ea an easpa próiseas ardchaighdeáin a bhí ar fáil le haghaidh forbairt cóitseála agus cóitseálaithe trí na córais agus na conairí ardfheidhmíochta. Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar chlár forbartha agus oideachais cóitseálaithe a bhunú don pharaspórt in Éirinn.

Luadh ar fud na spórt freisin go bhfuil drochleibhéal feasachta ann laistigh de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ar na riachtanais atá ag para-lúthchleasaithe. D'fhéadfadh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta oiliúint feasachta ar mhíchumas a thairiscint chun cur ar chumas cóitseálaithe tacaíocht níos fearr a thabhairt do lúthchleasaithe faoi mhíchumas laistigh dá gclub féin agus lasmuigh de araon.

Bhí ábhair imní ann ar fud na spórt gur bunaithe ar dhaoine aonair, seachas ar chórais, atá na conairí reatha cóitseála agus forbartha. Is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar cad a tharlóidh i gcás go bhfágfaidh na daoine aonair sin an clár agus ar an gcumas atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann, nó ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta aonair, chun na leibhéil reatha feidhmíochta a choinneáil ar bun nó a fheabhsú ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo. Ar fud na spórt, luadh gur cheart iniúchadh a dhéanamh ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le lúthchleasaithe atá ag dul ar scor a fhostú mar chóitseálaithe nó mar cheannairí ar mhaithe le hinniúlacht a thógáil laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann agus de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta aonair araon.

## An córas a áirithiú don saol atá romhainn

Tugadh le tuiscint ar fud na spórt gur 'éirigh lúthchleasaithe aníos' ina spórt féin, gan aon phróiseas córasach a bheith ann le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt. Mar gheall air sin agus ar aoisphróifíl na lúthchleasaithe i roinnt spórt, is léir go bhfuil sé tábhachtach sainaithint, forbairt agus aistriú lúthchleasaithe cumasacha a dhéanamh ina gcuid dhílis d'aon phlean straitéiseach amach anseo. Aithníodh ar fud na spórt go mbíonn caighdeáin feidhmíochta ag méadú ar fud an domhain agus gur gá spriocdhíriú go straitéiseach ar aicmithe in imeachtaí agus i spóirt inar sainaithníodh spriocanna fadtéarmacha bonn. Ar fud na spórt, agus mar léiriú ar na hacmhainní teoranta a bhí ar fáil do Chumann Parailimpeach na hÉireann, braitheadh gur gá do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta aonair tuilleadh infheistíochta a dhéanamh sna conairí agus na cláir ardfheidhmíochta atá i bhfeidhm acu don pharaspórt ar mhaithe le caighdeáin feidhmíochta a ardú. Sainaithníodh Cumann Parailimpeach na hÉireann mar chomhlacht ag a bhfuil an ról is tábhachtaí maidir le tacú leis an aistriú chuig struchtúr ardfheidhmíochta laistigh de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta trí sheirbhísí tacaíochta, oideachas, saineolas agus straitéisí a sholáthar agus trí chumarsáid a dhéanamh.

# BOGHDÓIREACHT ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Boghdóireacht Éireann

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Boghdóireacht Éireann parabhoghdóir amháin, Kerrie Leonard, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Chuaigh sí san iomaíocht san imeacht Oscailte Boghanna Cumaisc. Bhí Cluichí Thóiceo ar na chéad Chluichí a bhí aici mar lúthchleasaí toisc gur theip uirthi cáiliú do Chluichí Rio 2016. Bhí Kerrie rangaithe san 20ú háit ar domhan agus bhain sí an dara babhta amach i dTóiceo. Bhí sí rangaithe sa 9ú háit ag deireadh na gCluichí.

Is í Boghdóireacht Éireann, ar Comhlacht Rialaithe Náisiúnta uile-Éireann atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha í, a rialaíonn Parabhoghdóireacht. Comhoibríonn Boghdóireacht Éireann le Boghdóireacht Thuaisceart Éireann, ar eite réigiúnach chleamhnaithe de chuid Bhoghdóireacht na Breataine Móire í. Ghlac an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an fhreagracht as Parabhoghdóireacht air féin sa bhliain 2015, agus an struchtúr rialachais á leagan amach i meabhrán tuisceana idir Boghdóireacht Éireann, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Tá an tUachtarán reatha ag obair sa ról le dhá bhliain anuas agus thug sé faoi deara láithreach bonn nach raibh aon phlean ardfheidhmíochta foirmiúil i bhfeidhm.

D'admhaigh Boghdóireacht Éireann féin nach raibh sí réidh leis an bhfreagracht as Parabhoghdóireacht a ghlacadh air féin agus labhair sí go macánta faoin leibhéal reatha eolais atá ag an eagraíocht ar an bparaspórt. Mar thoradh air sin agus ar earráidí eile a rinneadh ar an mbóthar i dtreo Chluichí Rio 2016, bhí rún daingean ag an spórt lúthchleasaí a cháiliú do Chluichí Thóiceo 2020. Is maith is eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta na gníomhartha a theastaíonn chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na riachtanais atá ag parabhoghdóirí chun go bhfaighidh siad tacaíocht níos fearr le linn Thimthriall Chluichí Pháras 2024 agus ina dhiaidh. É sin ráite, is ó bhonn ballraíochta réasúnta beag a thagann cuid mhór dá chistiú. Tacaíonn an t-airgead sin le gach rud, lena n-áirítear boghdóireacht ar an leibhéal gnáthphobail, disciplíní Oilimpeacha agus Parailimpeacha agus gach rud eile nach disciplíní Oilimpeacha agus Parailimpeacha iad.

Toisc ríthábhachtach a bheidh taobh thiar den rath a bheidh ar Pharabhoghdóireacht in Éirinn sa todhchaí is ea comhoibriú níos fearr a chothú idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha amhail Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Spórt Éireann.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Parabhoghdóireachta suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an stiúrthóir feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí pointí a raibh fiúntas ag baint leo a athbhreithniú agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 60 nóiméad agus cuireadh na daoine uile ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Tógadh am chun a chinntiú gur thuig na rannpháirtithe uile na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

### Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Boghdóireacht Éireann parabhoghdóir amháin, Kerrie Leonard, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 san imeacht Oscailte Boghanna Cumaisc. Dóbair di áit a bhaint amach i gCluichí Rio 2016 agus bhí Cluichí Thóiceo ar na chéad Chluichí a bhí aici mar lúthchleasaí. D'fhreastail sí ar Chluichí Londan 2012 mar bhall den fhoireann boghdóireachta.

Mheas Boghdóireacht Éireann go raibh acmhainneacht ag an lúthchleasaí áit ar an bpóidiam a bhaint amach i gCluichí Thóiceo. Bhí sí réimnithe san 18ú háit ag na Cluichí agus bhain sí an dara babhta amach. Bhí sí rangaithe sa 9ú háit ag deireadh na gCluichí. Mar gheall ar a rangú roimh na Cluichí, ní féidir a argóint gur sháraigh sí ionchais feidhmíochta agus gur féidir léi cáiliú do Chluichí Pháras 2024 agus feidhmiú ar shlí níos fearr fós ag na Cluichí sin, fad a gheobhaidh sí an tacaíocht chuí.

Cé nach féidir a rá go cinnte cén tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar fheidhmíocht an lúthchleasaí, is cosúil, bunaithe ar na staitisticí a shealbhaíonn Fondúireacht Boghdóireachta an Domhain uirthi, gur tháinig meath beag ar a feidhmíocht, ó 664 phointe, an toradh is fearr a bhain sí amach in imeachtaí cáiliúcháin sa bhliain 2019, go 657 bpointe sa bhliain 2021.

### Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Ní raibh Boghdóireacht Éireann dea-ullmhaithe nuair a ghlac sí an fhreagracht as Parabhoghdóireacht uirthi féin ó Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann sa bhliain 2015. Creideann an lucht ceannaireachta reatha gur comhdaíodh an meabhrán tuisceana idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann agus go ndearnadh dearmad air díreach ina dhiaidh sin, toisc nach ndearnadh aon trácht air nuair a bhí dualgais á n-aistriú idir an tUachtarán amach agus an tUachtarán isteach agus toisc nach raibh aon phleananna ardfheidhmíochta i bhfeidhm le haghaidh aon cheann de na cláir. Bhí easpa saineolais ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar Pharabhoghdóireacht freisin. Tar éis na bearnaí sin a aithint, beartaíodh fochoiste Parabhoghdóireachta a bhunú chun leasanna parabhoghdóirí a chur ar aghaidh. Níor bunaíodh an fochoiste sin go fóill, áfach. Cé go gcreideann an lúthchleasaí gur cuireadh iallach ar Bhoghdóireacht Éireann Parabhoghdóireacht a ghlacadh uirthi féin tar éis Chluichí Londan 2012, níor luaigh sí cé acu a cuireadh nó nár cuireadh aon roghanna eile chun cinn.

Is féidir go raibh an easpa eolais a bhí ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar Pharabhoghdóireacht, go háirithe na ceanglais riaracháin le haghaidh lúthchleasaí a aicmiú agus a cháiliú do Chluichí Parailimpeacha, ar cheann amháin de na cúiseanna nach ndearnadh aon ionadaíocht don tír i gCluichí Rio (2016). Mar shampla, cé nár cháiligh an lúthchleasaí do Chluichí Rio amach is amach, d'fhéadfadh go mbeadh seans aici áit dhépháirteach a ghnóthú dá mbeadh tuiscint níos fearr ann ar na ceanglais. Rud tábhachtach, bhí rún daingean ag an Uachtarán nua a chinntiú nach mbeadh an spórt sa riocht céanna roimh Chluichí Thóiceo.

Bhuail an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta le Cumann Parailimpeach na hÉireann sa bhliain 2019 chun plean a chur i bhfeidhm. Bhrúigh Cumann Parailimpeach na hÉireann an clár oibre chun cinn agus d'iarr sé ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta an t-eolas is deireanaí a thabhairt dó go tráthrialta. Mar sin féin, aisiompaíodh na róil sin tar éis moill a chur ar na Cluichí agus bhraith an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta gur stiúir sé féin an comhrá le Cumann Parailimpeach na hÉireann maidir le conas iarratas a dhéanamh ar áit dhépháirteach ag na Cluichí. Ar a thaobh féin, thug Cumann Parailimpeach na hÉireann tacaíocht agus treoir gach tráth le linn an phróisis agus rannchuidigh sé leis an iarratas rathúil ar áit dhépháirteach. Foinse frustrachais ar leith le linn na tréimhse sin ba ea nach bhfuarthas aon fhaisnéis shoiléir ó Chumann Parailimpeach na hÉireann faoi Chomhaontú Roghnúcháin Fhoireann Pharailimpeach na hÉireann ná faoi na spriocdhátaí a bhí i bhfeidhm do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta ina leith sin.

Is comhlacht beag é an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta, agus a láimhdeachas cothrom le thart ar €70k in aghaidh na bliana. Is ó Spórt Éireann a thagann €15k den fhigiúr sin. Mar gheall air sin, agus mar gheall nach n-aithníonn Spórt Éireann Boghdóireacht mar spórt ardfheidhmíochta, is gá do pharabhoghdóirí iad féin a chistiú. Cé gur labhair an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go hoscailte macánta leis an lúthchleasaí maidir le scóip na tacaíochta is féidir a thairiscint, tagann teannas chun cinn nuair a chuireann lúthchleasaithe iad féin i gcomparáid le lúthchleasaithe i spóirt eile. Bhraith an lúthchleasaí nár leor, tríd is tríd, an tacaíocht a chuir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ar fáil di. Bhraith sí freisin gur fúithi féin agus faoina cóitseálaí a bhí sé gníomhú toisc nach raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ar an eolas faoi na ceanglais cháiliúcháin is déanaí. Ní raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an lúthchleasaí ar aon tuairim lena chéile faoi sin, áfach. Cé gur aontaigh sé go bhfuil sé soiléir gur tháinig gach gné den traenáil faoi raon feidhme an lúthchleasaí agus an chóitseálaí, bhraith an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go ndearna sé iarracht shuntasach tacú leis an lúthchleasaí Cluichí Thóiceo 2020 a bhaint amach. Rud tábhachtach, thuairiscigh an lúthchleasaí gur tháinig feabhas ar an leibhéal tacaíochta agus teagmhála a fuarthas ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta díreach roimh na Cluichí, go háirithe sa bhliain 2021. Gné ar leith den ullmhúchán a chuir teorainn le blaiseadh an lúthchleasaí den iomaíocht ba ea an fíoras nach raibh sí in ann díolúine scoth-lúthchleasaí a fháil chun freastal ar chomórtais thar lear le linn shrianta taistil COVID-19, ach amháin i gcás imeachtaí ag a raibh cuótaí Parailimpeacha. Measadh go raibh sé sin ar cheann amháin de na tosca is mó a chuaigh i bhfeidhm ar chumas an lúthchleasaí bheith chomh hullmhaithe agus is féidir le haghaidh Chluichí Thóiceo.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**

Ós rud é nach clár cistithe ardfheidhmíochta í Boghdóireacht, ní raibh aon rochtain ag an lúthchleasaí ar sheirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt roimh na Cluichí. Foinse frustrachais don lúthchleasaí ba ea é sin.

Mar sin féin, dúirt an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta gur tarraingíodh an-aird ag a chruinnithe ginearálta bliantúla do na blianta 2019, 2020 agus 2021 ar an easpa acmhainní a bhí ar fáil dó. Ina theannta sin, mar gheall ar shrianta COVID-19, thionóil an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta dhá chruinniú bhreise lena lúthchleasaithe idirnáisiúnta, ceann amháin sa bhliain 2020 agus an ceann eile sa bhliain 2021, ar lena linn a tarraingíodh aird ar na teorainneacha sin arís eile. Creidtear go bhféadfadh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta bheith níos trédhearcaí agus níos cumarsáidí maidir leis na srianta ar faoina mbun a oibríonn sé. Luadh, áfach, go bhfuil forbairtí dearfacha i ndán dó ina leith sin.

Mhol an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta obair an Cheannaire Foirne, a choinnigh dea-thaifid ar dhul chun cinn an lúthchleasaí. Ba bheag teagmháil a bhí ag an duine sin leis an gcóitseálaí, áfach. 18 mí roimh na Cluichí, chinn an lúthchleasaí agus a cóitseálaí nach bhfreastalódh an cóitseálaí ar na Cluichí agus phleanáil siad ar an mbonn sin. Cé nach eol cén tionchar a bhí ag an gcinneadh sin ar fheidhmíocht an lúthchleasaí, thuairiscigh sí go raibh sí dea-ullmhaithe le haghaidh na gCluichí, seachas an easpa blaiste a fuair sí den iomaíocht agus an easpa rochtana a fuair sí ar thacaíocht nirt agus riochtaithe. Luaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann nach bhfuair sé aon iarraidh ar thacaíocht nirt agus riochtaithe ó Bhoghdóireacht Éireann.

## Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Bhí an lúthchleasaí lonnaithe sa champa coinneála láraithe in Narita. Toisc nach raibh aon rochtain ann ar raon boghdóireachta, ní raibh sí in ann cleachtadh sular osclaíodh an raon turnaiminte i dtús an chomórtais. I gcodarsnacht leis sin, bhí deis ag an lúthchleasaí leas a bhaint as tacaíocht nirt agus riochtaithe agus as seirbhísí tacaíochta eile ag an gcampa coinneála, cé nach raibh na seirbhísí sin ar fáil di in Éirinn roimh na Cluichí.

Dúradh go raibh atmaisféar dearfach i réim sa Sráidbhaile agus níor tuairiscíodh aon fhadhbanna ó thaobh tacaíochta lóistíochúla de. Dúirt an lúthchleasaí gur bhain sí an-taitneamh as na Cluichí, tríd is tríd, agus go raibh sí sásta lena torthaí toisc gur fheidhmigh sí níos fearr ná a rangú. Ní nach ionadh, ní dhearnadh aon ionadaíocht don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta ag na Cluichí. Dá bhrí sin, ní raibh sé in ann aon trácht a dhéanamh ar eispéireas an lúthchleasaí.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Infheistíocht**

Ní fhaigheann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta aon tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann i ndáil lena chláir ardfheidhmíochta. Thug Institiúid Spórt Éireann faoi deara nach bhfuair sí aon iarraidh fhoirmiúil ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt ná ar rochtain ar sheisiúin oscailte thráthrialta ag an Institiúid. Mar sin féin, is cosúil go raibh easpa soiléire ann maidir leis na modhanna agus na próisis trína bhféadfadh lúthchleasaithe neamhchardáilte tacaíocht a fháil trí Institiúid Spórt Éireann. Beidh tuilleadh soiléire ag teastáil ina leith sin le linn Thimthriall Pháras (agus ina dhiaidh) agus is ar Chumann Parailimpeach na hÉireann a bheidh an phríomhfhreagracht as lúthchleasaithe den sórt sin a shainaithint (i.e., ba cheart leibhéal éigin tacaíochta a thabhairt do lúthchleasaithe nach bhfuil cardáilte nó a imríonn spóirt nach n-aithnítear mar spóirt ardfheidhmíochta). Toisc gur leis na Cluichí amháin a bhain an tacaíocht a thug Institiúid Spórt Éireann do Chumann Parailimpeach na hÉireann, ba ar Chumann Parailimpeach na hÉireann a bhí an fhreagracht as an tsamhail eolaíochta agus leighis spóirt roimh na Cluichí. Mar sin, tá rannpháirtíocht boghdóirí Éireannacha i gCluichí Parailimpeacha amach anseo éiginnte ach amháin i gcás gur féidir le lúthchleasaithe iad féin a chistiú agus a bhfeidhmíocht a fheabhsú gan aon rochtain a bheith acu ar sheirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt. Dúirt an lúthchleasaí gurbh iad seirbhísí nirt agus riochtaithe na seirbhísí ar dhóigh di leas agus tairbhe a bhaint astu dá mbeadh siad ar fáil di.

**Struchtúir agus rialachas/caidreamh le geallsealbhóirí**

Cé gur thóg sé tamall fada ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta glacadh go hiomlán le Parabhoghdóireacht, tá sé soiléir go bhfuil toilteanas ann feabhas a chur ar an teagmháil le geallsealbhóirí ó chuaigh an tUachtarán reatha i mbun an phoist. Tá sé soiléir gur tháinig feabhas de réir a chéile air sin idir an bhliain 2015, tráth a ghlac an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta an fhreagracht as Parabhoghdóireacht air féin, agus an lá atá inniu ann. Mar sin féin, tá an caidreamh le geallsealbhóirí lag agus tearcfhorbartha go fóill. É sin ráite, tá rún daingean ag an Uachtarán na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt leis an gcéad Uachtarán eile, atá le teacht isteach sa bhliain 2023.

**Treo straitéiseach**
Beag beann ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil di, tá sé soiléir go dtacaíonn Boghdóireacht Éireann le Parabhoghdóireacht ardfheidhmíochta agus go bhfuil sí ag iarraidh caidreamh níos dlúithe a bhunú lena príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha. Ní bheidh sí in ann é sin a dhéanamh go hiomlán agus leanúint le tacaíocht a thabhairt do gach disciplín eile boghdóireachta idir an leibhéal gnáthphobail agus an leibhéal ardfheidhmíochta mura ndéantar tuilleadh infheistíochta sa spórt, áfach.

## Rannán 5: Moltaí

**1) Rialachas**
- Ba cheart don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta fochoiste Parabhoghdóireachta a chruthú a luaithe is féidir chun ionadaíocht a dhéanamh do leasanna boghdóirí faoi mhíchumas. Tá tuilleadh soiléire ag teastáil maidir leis an ról atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, ag Spórt Éireann agus ag Cumann Parailimpeach na hÉireann. Moltar, dá bhrí sin, go ndéanfaí an meabhrán tuisceana a comhaontaíodh sa bhliain 2015 a athdhréachtú mar gheall ar an dóigh ar fhorbair na heagraíochtaí sin thar na sé bliana seo a chuaigh thart.
- Cé go n-oibríonn an cóitseálaí agus an lúthchleasaí go neamhspleách ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, d'fhéadfadh gurbh fhiú dóibh cruinnithe níos tráthrialta a eagrú le Boghdóireacht Éireann ar mhaithe le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn suas go Cluichí Pháras 2024.

**2) Straitéis**
- Is gá breithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé mar aidhm straitéiseach go fóill go ndéanfaí ionadaíocht do Pharabhoghdóireacht ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo. Má tá, is gá do na comhpháirtithe uile a chomhaontú cé na hacmhainní is féidir a chur ar fáil chun parabhoghdóir a chur ar an bpóidiam ag Cluichí Pháras agus ina ndiaidh.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar rochtain a thabhairt ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt, cibé acu trí Institiúid Spórt Éireann nó trí sholáthraí ceadaithe.
- Bhí sé soiléir le linn an athbhreithniúcháin nach ann d'aon chur chuige córasach i leith lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt. I gcodarsnacht leis sin, tá sé sin ag brath ar dhaoine aonair a bheith ag teacht chun cinn trí chlubanna boghdóireachta, seachas tríd an gcóras. Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann agus do Bhoghdóireacht Éireann an chonair le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt a chur ar bhonn foirmiúil i bParabhoghdóireacht.
- Moltar go ndéanfaí an meabhrán tuisceana a comhaontaíodh sa bhliain 2015 a athbhreithniú agus a nuashonrú a luaithe is féidir agus go leasófaí é chun an intinn atá ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta, ag Cumann Parailimpeach na hÉireann agus ag Spórt Éireann as seo amach a léiriú.

**3) Cóitseáil**
- Ní raibh sé soiléir cé acu atá nó nach bhfuil aon chur chuige córasach i bhfeidhm ag Boghdóireacht Éireann i leith cóitseálaithe Parabhoghdóireachta a fhorbairt. Mura bhfuil, ba cheart di breithniú a dhéanamh ar chomhpháirt boghdóireachta do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar áireamh ina clár reatha oideachais cóitseálaithe.
- Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an easpa rochtana ar raon lasmuigh ag an gcampa coinneála chun a chinntiú go mbeidh ceann ar fáil ag Cluichí amach anseo. Cé gur thug an campa coinneála deis don lúthchleasaí cleachtadh a fháil ar a timpeallacht nua, bhí impleachtaí feidhmíochta ag an neamhábaltacht chun traenáil. Dúirt Cumann Parailimpeach na hÉireann le Boghdóireacht Éireann dhá bhliain ar a laghad roimh na Cluichí nach raibh aon raon lasmuigh ar fáil ag an láthair campa coinneála a áirithíodh (agus thug sé le tuiscint go dtacódh sé le Boghdóireacht Éireann teacht ar rogha oiriúnach). In Narita, bhí an lúthchleasaí in ann cleachtadh le trealamh a bhí oiriúnach do thraenáil laistigh.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Boghdóireacht Éireann**

- Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann deiseanna a chruthú chun timpeallacht de chineál Cluichí Parailimpeacha a ionsamhlú sa phrapáil le haghaidh na gCluichí chun aghaidh a thabhairt ar chásanna nach bhfaigheann lúthchleasaithe aon rochtain ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt le linn a n-ullmhúchán le haghaidh na gCluichí iontu agus ina bhfaigheann siad rochtain uirthi ina dhiaidh sin ag na Cluichí féin. Chabhródh sé sin leis na croíbhaill foirne tuiscint níos fearr a ghnóthú ar riachtanais na lúthchleasaithe uile roimh an imeacht agus le cultúr foirne níos láidre a fhorbairt laistigh d'Fhoireann Éireann freisin.

# CANÚÁIL ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Canúáil Éireann

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Canúáil Éireann parachanúálaí amháin, Patrick O'Leary, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Chuaigh sé san iomaíocht in imeachtaí ráibe 200 m KL3 agus VL3. Chríochnaigh sé sa chéad áit i mBabhta Ceannais B (agus sa 9ú háit san iomlán) in imeacht KL3 agus chríochnaigh sé sa chúigiú háit i mBabhta Ceannais A in imeacht VL3. Bhí sé sin faoi bhun ionchas. Bhíothas ag súil leis go mbainfeadh an lúthchleasaí Babhta Ceannais A amach in imeacht KL3 agus go bhfaigheadh sé áit ar an bpóidiam in imeacht VL3.

Is í Canúáil Éireann a rialaíonn Parachanúáil. Tá Canúáil Éireann lonnaithe san fhoirgneamh céanna le Cumann Parailimpeach na hÉireann, rud a chinntíonn gur féidir dlúthchaidreamh a choinneáil ar bun eatarthu. A bhuí le tacaíocht ó Chumann Parailimpeach na hÉireann, tá an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta dearfach i leith na todhchaí agus creideann sé go mbeidh ardleibhéal muiníne ag a chuid lúthchleasaithe i bPáras. É sin ráite, má tá ionadaíocht le déanamh d'Éirinn ag Cluichí Pháras 2024 agus ina ndiaidh (agus mura leanann a scoth-pharachanúálaí reatha le bheith iomaíoch), beidh ar an spórt lúthchleasaí amháin ar a laghad a shainaithint, a fhorbairt, a aicmiú agus a cháiliú sa chéad trí bliana eile. Cé go ndeachaigh lúthchleasaithe ó spóirt eile i dteagmháil leis maidir leis an rún atá acu aistriú chuig an spórt, dúirt an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go macánta leo nach bhfuil sé in ann clár Parachanúála ardfheidhmíochta a thairiscint mar gheall ar na brúnna eile atá ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus mar gheall ar na tosaíochtaí eile atá aige.

Mura féidir leis an spórt gníomhú go tapa chun lúthchleasaithe cumasacha féideartha nua a shainaithint agus a aicmiú, tá sé deacair a shamhlú go gcáileoidh aon pharachanúálaí chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn i bPáras. Má tá ardaidhmeanna an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta le baint amach, beidh sé riachtanach an ghníomhaíocht sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus is dóigh go mbeidh tacaíocht shuntasach óna phríomh-chomhpháirtithe ag teastáil uaidh. Dá bhrí sin, is féidir go mbeidh ionadaíocht i gCluichí Los Angeles 2028 ina cuspóir fadtéarmach níos réadúla.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh eolas, scileanna agus taithí an lúthchleasaí agus an chóitseálaí reatha rannchuidiú dearfach a dhéanamh maidir leis an gcuardach ar son parachanúálaithe cumasacha a d'fhéadfadh cáiliú do Chluichí Pháras 2024 agus/nó do Chluichí Los Angeles 2028 agus maidir le forbairt parachanúálaithe den sórt sin.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Parachanúála suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:
- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an stiúrthóir feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:
- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí pointí a raibh fiúntas ag baint leo a athbhreithniú agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 90 nóiméad agus cuireadh na daoine uile ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Tógadh am chun a chinntiú gur thuig na rannpháirtithe uile na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

### Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Canúáil Éireann parachanúálaí amháin, Patrick O'Leary, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Chuaigh sé san iomaíocht in imeachtaí ráibe 200 m KL3 agus VL3. Chríochnaigh sé sa chéad áit i mBabhta Ceannais B (agus sa 9ú háit san iomlán) in imeacht KL3, agus é ag críochnú laistigh de 42.42 soicind, agus chríochnaigh sé sa chúigiú háit in imeacht VL3, agus é ag críochnú laistigh de 52.91 soicind. Bhí sé sin faoi bhun ionchas. Bhíothas ag súil leis go mbainfeadh an lúthchleasaí Babhta Ceannais A amach in imeacht KL3, agus am faoi bhun 41 soicind á ghnóthú aige. Bhíothas ag súil leis freisin go bhfaigheadh an lúthchleasaí áit ar an bpóidiam in imeacht VL3, agus am faoi bhun 48 soicind á ghnóthú aige.

Tá Parachanúáil neadaithe laistigh de dhisciplín ráibe an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta. San am i láthair, ní théann ach scoth-pharachanúálaí Éireannach amháin san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá an lúthchleasaí den tuairim go bhfuil an easpa tacaíochta a fhaightear ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar cheann amháin de na cúiseanna leis sin. Cé gur cosúil go nglacann an cóitseálaí agus an lúthchleasaí leis an scéal mar atá, tá imní orthu faoina mbeidh i ndán do Pharachanúáil in Éirinn tar éis dóibh dul ar scor.

## Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Fuair an lúthchleasaí roinnt cistiúcháin ó Spórt Éireann agus óna Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta le linn Thimthriall Thóiceo. Bhí rochtain theoranta aige ar sheirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt, áfach, toisc go gcónaíonn agus go n-oibríonn sé go lánaimseartha i nGaillimh. Dúradh gur dírithe go príomha ar Bhaile Átha Cliath a bhí an soláthar seirbhíse eolaíochta agus leighis spóirt ó Chumann Parailimpeach na hÉireann. Ba é an t-aon eisceacht ina leith sin ná rochtain ar thacaíocht síceolaíochta spóirt, toisc gur thar an bhfón nó trí fhíschomhdháil a soláthraíodh an tacaíocht sin. Thuairiscigh Canúáil Éireann nach bhfuair sí aon iarraidh go ndéanfadh sí iarratas chuig Institiúid Spórt Éireann ar aon tacaíocht nó idirghabhálacha thar ceann an lúthchleasaí.

Ní cosúil go bhfuil an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta i riocht maith chun tacú le para-lúthchleasaithe, agus tá sé sin le feiceáil ar roinnt slite. Mar shampla, tuairiscíodh go raibh leibhéal íseal eolais ann laistigh de struchtúr tacaíochta na Foirne Náisiúnta agus nach raibh tuiscint cheart aici ar imeachtaí agus aicmithe Parachanúála ná ar na himeachtaí cáiliúcháin ar gá do lúthchleasaithe freastal orthu chun bád a cháiliú do Chluichí Parailimpeacha. Cé gur thagair an lúthchleasaí do Chóitseálaí Ráibeanna Náisiúnta ina agallamh, dheimhnigh Canúáil Éireann nach bhfostaíonn sí aon Chóitseálaí den sórt sin. Meastar, mar sin, gur mhíthuiscint ar thaobh an lúthchleasaí é sin.

Oibríonn an cóitseálaí agus an lúthchleasaí chomh neamhspleách sin ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta go ngníomhaíonn an lúthchleasaí mar Cheannaire Foirne Parachanúála ag mór-chraobhchomórtais, beag beann ar an mBainisteoir Foirne do Chanúálaithe Ráibe Oilimpeacha a bheith i láthair freisin. I bhfocail eile, glacann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta cur chuige réchúiseach. Cé gur cosúil go n-oireann sé sin don dá pháirtí, ní dóigh go mbeidh sé inbhuanaithe san fhadtéarma, go háirithe i gcás go rachaidh lúthchleasaithe nua nach bhfuil chomh cleachta céanna isteach sa chonair. Go bunúsach, shainaithin an lúthchleasaí agus an cóitseálaí cur chuige atá oiriúnach dóibh féin. Aithnítear, áfach, go n-imríonn an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ról tábhachtach go fóill maidir le cistiú a áirithiú agus maidir le lúthchleasaithe a roghnú. Tá Canúáil Éireann den tuairim go n-oibríonn an cóitseálaí agus an lúthchleasaí go neamhspleách dá ndeoin féin. Cé gur cosúil go n-oireann sé sin don lúthchleasaí agus don chóitseálaí araon, b’fhearr le Canúáil Éireann caidreamh oibre níos dlúithe a chothú eatarthu.

Creideann an lúthchleasaí gur sampla eile den easpa eolais atá ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar Pharachanúáil faoi láthair is ea gurb é an lúthchleasaí féin a scríobh an beartas roghnúcháin. D’fhág sé sin go raibh baol ann go dtiocfadh coinbhleacht leasa chun cinn mura rud é go raibh an lúthchleasaí ar an aon lúthchleasaí amháin a bhí incháilithe chun dul san iomaíocht i dTóiceo. Cé go ndeachthas i gcomhairle leis an lúthchleasaí maidir le forbairt an bheartais, b’amhlaidh, dá ainneoin sin, a dhréachtaigh an Stiúrthóir Feidhmíochta é le hionchur ó Chumann Parailimpeach na hÉireann. Cuireadh an beartas faoi dhianphróiseas athbhreithniúcháin inmheánaigh sular foilsíodh é freisin.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Cé go gcreideann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta gur tháinig feabhas ar an gcaidreamh idir Spórt Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann le linn Thimthriall Thóiceo, níl an cóitseálaí ná an lúthchleasaí ar aon tuairim leis ina leith sin. Ábhar imní ar leith a bhí ag an lúthchleasaí agus é ag ullmhú le haghaidh na gCluichí ba ea an easpa rochtana a bhí air ar Institiúid Spórt Éireann agus ar an easpa soláthair chianda a bhí ar fáil dó; dúradh gur ‘dírithe go príomha ar Bhaile Átha Cliath’ a bhí na seirbhísí sin. Ní cosúil gur cuireadh Stiúrthóir Feidhmíochta Chanúáil Éireann ar an eolas faoi sin agus, cé go raibh an lúthchleasaí i dteideal seirbhísí de chuid Institiúid Spórt Éireann a fháil mar lúthchleasaí cardáilte, ní bhfuair Institiúid Spórt Éireann aon iarraidh ar thacaíocht den sórt sin ó Chanúáil Éireann. Tugadh faoi deara gur sholáthair Institiúid Spórt Éireann seirbhísí tacaíochta do lúthchleasaithe ó spóirt eile lasmuigh de Bhaile Átha Cliath le linn Thimthriall Thóiceo, agus an méid sin á dhéanamh aici tar éis iarraidh a fháil ó na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faoi seach.

Dúradh go bhfuair an lúthchleasaí tacaíocht mhaith ó Chumann Parailimpeach na hÉireann maidir lena bhád a iompar go Tóiceo, ach labhair an lúthchleasaí agus an cóitseálaí araon amach faoi raon leathan seirbhísí lóistíochúla. Maidir leis an bhfeisteas foirne, mar shampla, níor oiriúnaigh sé i gceart, ní raibh sé oiriúnach don timpeallacht i dTóiceo, bhí sé ar dhroch-cháilíocht agus ní raibh sé oiriúnach

do mhíchumas sonrach an lúthchleasaí. Ní raibh sé soiléir ach oiread cén feisteas a bhí le caitheamh ag imeachtaí sonracha (e.g., searmanais). Bhí difríochtaí móra ann freisin idir an feisteas a tugadh don lúthchleasaí agus é sin a tugadh don chóitseálaí.

Chun cabhrú le hullmhúchán an lúthchleasaí, sholáthair Cumann Parailimpeach na hÉireann cistiú le haghaidh campa coinneála 'féineagraithe', áit ar tugadh cuireadh do lúthchleasaithe ar lánchumas deiseanna traenála agus rásaíochta a sholáthar. Measadh é sin a bheith an-luachmhar. Ba mhaith an rud é go raibh an campa sin suite i ngar do bhaile an lúthchleasaí. Laghdaigh sé sin an méid iomlán scartha ó bhaill teaghlaigh agus ó chairde, i gcomparáid leis an scéal dá dtaistealódh an lúthchleasaí chuig an bpríomhchampa coinneála sa tSeapáin.

### Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Beag beann ar na dúshláin a bhí le sárú roimh na Cluichí, bhraith an lúthchleasaí go raibh sé 'an-réidh' leo. Tá sé sin ag teacht le tuairim an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, a bhí dearfach faoi cé chomh maith agus a d'ullmhaigh an lúthchleasaí. Chreid an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go raibh sé sin inchurtha síos go príomha do thaithí an lúthchleasaí agus an chóitseálaí. Mar sin féin, chreid an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go gcabhrófaí leis an lúthchleasaí tuilleadh dá mbeadh rochtain aige ar ghrúpa traenála ar bhonn níos tráthrialta. Chuir paindéim COVID-19 srian le haon deiseanna den sórt sin, áfach.

Ábhar imní ar leith a bhí ag an lúthchleasaí ba ea na socruithe a rinneadh le haghaidh eitilt chuig Tóiceo agus uaidh araon. Níor cuireadh na ticéid eitilte ná aon mhionsonraí faoi na heitiltí ar fáil dó. Fiú amháin nuair a cuireadh faisnéis ar fáil, ba iad na dátaí, agus ní na hamanna, an t-aon fhaisnéis amháin a tugadh. Ní rabhthas in ann aon iompar talún a phleanáil go dtí gur eisíodh mionsonraí iomlána faoi na heitiltí. Bhí na daoine a cuireadh faoi agallamh den tuairim nár soláthraíodh faisnéis mhionsonraithe faoi na heitiltí ach amháin tar éis an Ceann Imeachta a chóipeáil isteach i ríomhphoist. Bhí fonn ar an lúthchleasaí a rá nach bhféadfaí aon locht ar bith a chur ar an gCeann Foirne as an drochleibhéal tacaíochta lóistíochúla a tugadh. Ba é an toradh a bhí ar mhionsonraí faoi na heitiltí a eisiúint go déanach ná gur cuireadh strus breise ar an lúthchleasaí agus gur ghá dó taisteal chuig an aerfort ar an iompar poiblí. Riosca méadaithe féideartha COVID-19, agus riosca inseachanta, ba ea é sin. Chomhaontaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann dátaí taistil dhá mhí ar a laghad roimh an lá imeachta. Mar gheall ar na dúshláin a bhain leis an taisteal idirnáisiúnta ar fud na paindéime, tharla sé go ndearnadh eitiltí a athrú nó a chealú go tráthrialta. Eisíodh mionsonraí faoi na heitiltí díreach tar éis do Chumann Parailimpeach na hÉireann deimhniú a fháil ón nGníomhaireacht Taistil.

Samplaí eile de chásanna nár pleanáladh rudaí i gceart roimh ré iontu ba ea nár tugadh aon seaicéid bháistí don lucht Parachanúála, cé gur spórt lasmuigh í Parachanúáil, agus nár socraíodh ach lamháltas bagáiste 10 kg do na heitiltí. Cé nach raibh sé sin fadhbach ar deireadh, bhí sé ina fhoinse eile struis a d'fhéadfaí a sheachaint. Ina theannta sin, ba i mBaile Átha Cliath amháin a bhí vacsaínithe fliú agus COVID-19 ar fáil roimh an taisteal. D'fhág sé sin gur ghá lá saor a thógáil ón obair chun taisteal, agus an lúthchleasaí á rá gurbh fhearr leis féin socruithe áitiúla.

Mar sin féin, bhí an lúthchleasaí sásta lena fheidhmíocht fhoriomlán agus dúirt sé gur mhór an chabhair é seomra a chomhroinnt le lúthchleasaí níos aibí (ó spórt eile) a ghlac cur chuige comhchosúil i leith feidhmíochta.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**

Cé go raibh rochtain aige ar an raon iomlán seirbhísí tacaíochta i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe, roghnaigh an lúthchleasaí gan leas a bhaint as a bhformhór, seachas seirbhísí síceolaíochta spóirt. Cé go ndearna na baill foirne dea-iarracht dul i dteagmháil leis an lúthchleasaí, tharla sé, ní nach ionadh, nach raibh sé ag iarraidh obair le cleachtóirí nua. Bhraith sé go raibh easpa taithí ar an gcuid is mó díobh ar na Cluichí agus nach raibh aon aithne acu air mar dhuine ach oiread. Bhí an lúthchleasaí den tuairim go raibh riosca gan ghá ag baint le hobair le cleachtóirí nár oibrigh sé leo riamh. Bhí tuairim an lúthchleasaí ar na baill foirne tacaíochta ag na Cluichí ag teacht le tuairimí an chóitseálaí, a dúirt go bhfuarthas dea-thacaíocht, tríd is tríd, ó Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Mhol an bheirt acu an tacaíocht síceolaíochta spóirt a fuarthas. Cé go raibh an lúthchleasaí ar aon tuairim lena chóitseálaí den chuid is mó, cháin sé an easpa tacaíochta, dar leis, a thug na croíbhaill foirne don Cheann Imeachta. Bhraith an lúthchleasaí gur fágadh an Ceann Imeachta scoite. Bhraith sé freisin nár fheidhmigh na baill foirne tacaíochta mar fhoireann amháin.

**Tacaíocht ó Fhoireann Éireann**
Tuairiscíodh go raibh cultúr 'Fhoireann Éireann' in easnamh bunaithe ar bharúil go raibh na spóirt dhifriúla measartha druidte agus nár mheasc siad le chéile i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe. Ina theannta sin, bunaithe ar thuairim na ndaoine a cuireadh faoi agallamh, is cosúil nár thug formhór na gcroíbhall foirne aon tacaíocht don Cheann Imeachta (rud nár luaigh an Ceann Imeachta féin).

Tarraingíodh aird ar shaincheist an chreidiúnúcháin, go háirithe maidir leis na leibhéil dhifriúla rochtana a tugadh do bhaill foirne i róil chomhchosúla. I gcásanna áirithe, ba chosúil go raibh na leibhéil rochtana ar ionaid bunaithe ar riachtanais phearsanta na mball foirne, seachas an ról a bhí acu ag na Cluichí ná riachtanais na lúthchleasaithe. D'oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhréir le diansrianta na liúntas creidiúnúcháin a chuir Coiste Eagrúcháin Chluichí Thóiceo 2020 i bhfeidhm. Cinneadh an leibhéal rochtana ar ionaid bunaithe ar an gcineál creidiúnúcháin a eisíodh chuig duine aonair, bunaithe ar an ról a bhí aige/aici ag na Cluichí Parailimpeacha. Bhí teorainneacha sonracha ann leis an líon ball foirne tacaíochta a ceadaíodh in aghaidh an spóirt agus in aghaidh na toscaireachta.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Infheistíocht**
D'fhéadfaí tátal a bhaint as go bhfuil an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ag déanamh infheistíocht i lúthchleasaí, seachas i gclár/straitéis ardfheidhmíochta. Mar sin, d'fhéadfadh an infheistíocht sin teacht chun deiridh tráth a rachaidh an lúthchleasaí reatha ar scor, rud a d'fhéadfadh tarlú sa bhliain 2022.

Chuir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ábhair imní in iúl faoi chlár le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt a bheith in easnamh. Cuirfear scor amach anseo an lúthchleasaí leis na hábhair imní sin freisin. Cé gurb eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta go bhfuil roinnt lúthchleasaithe ag iarraidh aistriú chuig an spórt ó spóirt eile, níl sé i riocht maith faoi láthair tacú lena bhforbairt.

**Struchtúir agus rialachas/caidreamh le geallsealbhóirí**
Creidtear nach ndéantar aon tagairt do Pharachanúáil sa phlean ardfheidhmíochta atá i bhfeidhm ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta faoi láthair. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an eolas faoi sin agus aithníonn sí gur cheart aghaidh a thabhairt air mar luath-thosaíocht.

**Treo straitéiseach**
Tá cuid mhór le déanamh má tá ionadaíocht le déanamh do Pharachanúáil i gCluichí amach anseo. Cé go bhfuil na comhpháirtithe straitéiseacha uile ar an eolas faoi sin, beidh orthu gníomhú chun an aidhm sin a bhaint amach. Is gá aon chomhiarracht a chomhordú, agus freagrachtaí gach gníomhaireachta á leagan amach go soiléir.

## Rannán 5: Moltaí

**1) Rialachas agus soláthar foirne**

- Más ar an mBainisteoir Foirne Ráibeanna atá an fhreagracht as Parachanúáil, ba cheart é sin a chur in iúl go soiléir. Mar shampla, ba cheart don duine sin ionadaíocht a dhéanamh do chanúálaithe Oilimpeacha agus do chanúálaithe Parailimpeacha araon ag mórimeachtaí. Mar mhalairt air sin, má earcaítear mais chriticiúil parachanúálaithe cumasacha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar phost mar bhainisteoir Parachanúálaithe cumasacha a chruthú.
- Tá fianaise ann go bhfuil easpa eolais ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar nithe a bhaineann go sonrach le Parachanúáil. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin trí dhul i dteagmháil le lúthchleasaithe ar scor, a d'fhéadfadh bheith toilteanach rud éigin a thabhairt ar ais chun forbairt agus fad saoil an spóirt a chinntiú.
- Is eol don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta nach ndéantar aon tagairt do Pharachanúáil sa phlean ardfheidhmíochta uaidh. Mar sin, ba cheart Parachanúáil a chur ar áireamh sa phlean mar ábhar tosaíochta anois.

**2) Straitéis**

- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chur chuige ilghníomhaireachta a fhorbairt i leith lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt. Má tá ardaidhmeanna an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta le baint amach, beidh sé riachtanach an ghníomhaíocht sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus is dóigh go mbeidh tacaíocht shuntasach ó phríomh-chomhpháirtithe ag teastáil uaidh. Mar mhalairt air sin, ba cheart don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil ionadaíocht in Los Angeles ina cuspóir fadtéarmach níos réadúla. Má tá, ba cheart dó é sin a léiriú ina phleanáil fhadtéarmach. Beidh tiomantas ag teastáil i gcás an dá rogha sin, mar aon le leibhéal infheistíochta atá i gcomhréir leis an uaillmhian.

**3) Cóitseáil agus oideachas**

- Is cosúil go bhfuil drochleibhéal feasachta ann ar na riachtanais atá ag Parachanúálaithe. D'fhéadfadh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta oiliúint feasachta ar mhíchumas a thairiscint chun cur ar chumas cóitseálaithe tacaíocht níos fearr a thabhairt do lúthchleasaithe faoi mhíchumas laistigh dá gclub féin agus lasmuigh de araon.
- Mura ndearna sé amhlaidh cheana féin, ba cheart don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta breithniú a dhéanamh ar scileanna eolais agus taithí an chóitseálaí/an lúthchleasaí reatha a úsáid sa chóras as seo amach.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Canúáil Éireann**

- Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir na croíbhaill foirne a fhorbairt ionas gur féidir leo oibriú ar shlí níos fearr ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal na foirne le linn Cluichí.
- Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann agus do Spórt Éireann breithniú a dhéanamh ar conas is féidir an leibhéal teagmhála idir lúthchleasaithe agus croíbhaill foirne a mhéadú díreach roimh na Cluichí. D'fhéadfadh sé sin cabhrú le lúthchleasaithe agus le baill foirne tuiscint níos fearr a ghnóthú ar a chéile mar dhaoine aonair agus ar an dóigh ar féidir le cleachtóirí eolaíochta agus leighis spóirt rannchuidiú le feidhmíocht na lúthchleasaithe.
- Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir le Cumann Parailimpeach na hÉireann tacaíocht níos fearr a thabhairt do na spóirt bheaga agus ba cheart breithniú a dhéanamh ar bhall foirne ar leith a cheapadh chun forbairt na spórt beag a bhainistiú.
- Moltar go ndéanfadh Cumann Parailimpeach na hÉireann athbhreithniú ar an bpróiseas creidiúnúcháin foirne ar mhaithe le tuilleadh comhsheasmhachta agus déine a chur i bhfeidhm i leith na leibhéal rochtana a thugtar do bhaill foirne a bhfuil na freagrachtaí céanna orthu.
- Ba cheart don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta seirbhísí cianda/for-rochtana (e.g., neart agus riochtú) a iarraidh do lúthchleasaithe nach mbíonn in ann taisteal chuig Baile Átha Cliath agus ba cheart dó tuiscint shoiléir a ghnóthú ar na seirbhísí a sholáthraíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann.


TOKYO 2020
TOKYO 2020

# Tuarascáil maidir le Rothaíocht Éireann

CYCLING IRELAND

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Rothaíocht Éireann seachtar lúthchleasaithe do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Ba é clár Pararothaíochta Rothaíocht Éireann an clár Éireannach is rathúla ag Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020, agus ceithre bhonn (dhá bhonn óir, bonn airgid amháin agus bonn cré-umha amháin) á mbuachan ag an bhfoireann ar fud dhá rothar.

Cé go gcistíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann é faoi mheabhrán tuisceana, is í Rothaíocht Éireann a bhainistíonn an clár Pararothaíochta ó thaobh an oibriúcháin de. Tugann Rothaíocht Éireann tacaíocht airgeadais agus acmhainní don chlár freisin. Bunaithe ar an rath a bhí air, is cosúil go dtearc-chistítear an clár Pararothaíochta. Is cosúil freisin go bhfuil an clár in ann na hacmhainní a leithdháiltear air a uasmhéadú a bhuí leis an bhfoireann cóitseála/ceannaireachta láidir, shofhreagrúil agus inoiriúnaithe atá i bhfeidhm aige. Cé go bhfuil an fhoireann faoi stiúir ag Príomhchóitseálaí seanchleachta faoi láthair, is cosúil, bunaithe ar an ualach oibre a bhíonn i gceist, nach mbeidh an tsamhail sin inbhuanaithe sa todhchaí. Bhí an fhoireann Pararothaíochta dea-ullmhaithe le haghaidh Chluichí Thóiceo. Buntaca leis an ullmhúchán sin ba ea clár traenála comhleanúnach dea-phleanáilte agus pleanáil feidhmíochta dhea-fhorbartha a chur i bhfeidhm le linn Thimthriall Thóiceo.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Pararothaíochta suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin/an Treoraí Feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí athéisteacht le pointí a raibh fiúntas ag baint leo agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 35 nóiméad agus 65 nóiméad agus cuireadh na daoine uile a cuireadh faoi agallamh ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Cinntíodh freisin gur thuig siad na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d’Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d’éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D’éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

### Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Rothaíocht Éireann seachtar lúthchleasaithe do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020.

Bhí an fhoireann comhdhéanta de rothaithe a raibh raon éagsúil taithí acu, agus beirt acu (Katie-George Dunlevy agus Eve McCrystal) ag dul san iomaíocht sna Cluichí Parailimpeacha den dara huair tar éis dóibh boinn óir agus airgid a bhuachan i gCluichí Rio 2016. Bhí cúigear lúthchleasaithe (Ronan Grimes, Richael Timothy, Gary O’Reilly, mar aon le Martin Gordon agus Eamon Byrne, péire tandaim) ag glacadh páirt sna Cluichí Parailimpeacha den chéad uair riamh.

Bhuaigh an péire bhaineann tandaim bonn óir in dhá imeacht – Rás Bóthair B agus Triail Ama Bóthair B – agus bonn airgid sa Tóraíocht Aonair. Bhuaigh Gary O’Reilly bonn cré-umha i dTriail Ama H5. D’éirigh leis an bhfoireann Pararothaíochta a hionchais feidhmíochta réamh-Chluichí a chomhlíonadh nó a shárú maidir leis na boinn a buadh (Tábla 1).

Cistíodh na baill uile den fhoireann trí Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann agus fuair siad go léir tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann (Tábla 1).

**Tábla 1. Leibhéal cistiúcháin, ionchais feidhmíochta agus torthaí do Rothaíocht Éireann**

| Lúthchleasaí | Leibhéal Cistiúcháin | Ionchas Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|---|
| Martin Gordon<br>Eamon Byrne (píolóta) | Den chéad scoth (€30k) | Idir na 5 áit is airde agus na 8 n-áit is airde | An 5ú háit agus níor chríochnaigh |
| Katie-George Dunlevy<br>Eve McCrystal (píolóta) | Póidiam (€60k) | Póidiam x 2 | An 6ú háit, an 2ú háit, an 1ú háit agus an 1ú háit |
| Gary O'Reilly | Den chéad scoth (€20k) | Idir na 5 áit is airde agus na 8 n-áit is airde | An 3ú háit agus an 4ú háit |
| Richael Timothy | Den chéad scoth (€20k) | Idir na 5 áit is airde agus na 8 n-áit is airde | An 11ú háit agus an 14ú háit |
| Ronan Grimes | Póidiam (€40k) | Póidiam | An 15ú háit, an 4ú háit, an 6ú háit agus an 11ú háit |

## Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Bainistíonn Príomhchóitseálaí clár Pararothaíochta Rothaíocht Éireann. Cé go gcistíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann é trí mheabhrán tuisceana, is í Rothaíocht Éireann a bhainistíonn an clár Pararothaíochta ó thaobh an oibriúcháin de. Sa chleachtas, oibríonn Pararothaíocht faoi chlár ardfheidhmíochta Rothaíocht Éireann. Mar sin, baineann sí tairbhe as tacaíocht sna réimsí seo a leanas: saineolas; taighde agus forbairt; teicneolaíocht; timpeallacht traenála; agus riarachán. Bhí na lúthchleasaithe aonair uile cardáilte agus bhí siad go léir ag fáil cistiú ó Spórt Éireann. Agus é de dhualgas air an spórt a fhorbairt, tugann Coimisiún Pararothaíochta tacaíocht chun ullmhú le haghaidh na gCluichí freisin. Braitheadh, tríd is tríd, go ndéanann an clár Pararothaíochta bun thar a acmhainn, bunaithe ar na hacmhainní a fhaigheann sé. Dúradh gur chlár 'barainneach' é, agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis sin á n-aithint. Ar an taobh dearfach de, bhí an clár in ann dea-thoil agus acmhainn bhreise a ghiaráil trí oibrithe deonacha agus trí chaidreamh a chothú le roinnt soláthraithe. Braitheadh freisin go raibh an fhoireann Pararothaíochta, an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta san áireamh, inoiriúnaithe, sofhreagrúil agus réiteachdhírithe. Bhí sé sin ina láidreacht ar leith le linn Thimthriall Thóiceo, i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar phearsanra agus i bhfianaise na ndúshlán a chruthaigh paindéim COVID-19. Míbhuntáistí na samhla cistiúcháin, áfach, ba ea go raibh an clár spleách ar oibrithe deonacha agus gur sainaithníodh cáilíocht na n-oibrithe deonacha mar laige. Tugadh le tuiscint nach mbeadh an cur chuige sin inbhuanaithe do Thimthriallta amach anseo.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Dúradh go bhfuil caidreamh dearfach feidhmiúil ar bun idir lúthchleasaithe agus cóitseálaithe agus go raibh sé sin ar cheann de na príomhthosca a bhí taobh thiar de rath na foirne. Cé gur aithníodh an ról ríthábhachtach a d'imir an Príomhchóitseálaí maidir le rath na foirne ag na Cluichí, cuireadh ábhair imní in iúl faoina inbhuanaithe atá an tsamhail reatha soláthar foirne maidir le méid na hoibre a bhíonn i gceist a chothabháil, toisc go raibh ualach oibre suntasach ar an bPríomhchóitseálaí.

Dúradh go bhfuil caidreamh dearfach ar bun idir Spórt Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Mar sin féin, tháinig an caidreamh sin faoi strus nuair a bhíothas ag druidim le deireadh an Timthrialla Cluichí, go háirithe mar gheall ar athruithe i bpearsanra laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann. Cé gur luadh gur chruthaigh na hathruithe sin dúshláin don chaidreamh idir Rothaíocht Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann, ní raibh aon fhrithiarmhairtí diúltacha acu go fóill do na hacmhainní ná don chistiú a bhí ar fáil do na lúthchleasaithe.

Tá rochtain ag an bhfoireann Pararothaíochta ar líonra seanbhunaithe ball foirne tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt agus braitheadh gur thacaigh an caidreamh sin go mór le hullmhúchán na foirne. Tugadh faoi deara, áfach, go raibh an fhoireann Pararothaíochta spleách ar bhaill foirne tacaíochta ráta

laethúil ad hoc de chuid Rothaíocht Éireann (e.g., meicneoirí) a bheith ar fáil le linn campaí traenála thar lear. Tugadh faoi deara go raibh cáilíocht agus saineolas an líonra cleachtóirí sin ar cheann amháin de phríomhláidreachtaí an chláir agus braitheadh gur cuireadh feabhas ar an struchtúr agus na próisis tacaíochta ar fud na foirne Pararothaíochta dá bharr sin. Dúradh, áfach, nach mbeadh an tsamhail sin inbhuanaithe sa todhchaí.

Dúradh go raibh an soláthar eolaíochta agus leighis spóirt ó Institiúid Spórt Éireann éifeachtach agus, cé nár chónaigh roinnt de na lúthchleasaithe i mBaile Átha Cliath, bhí rochtain acu ar na seirbhísí a bhí ag teastáil agus bhí solúbthacht ann ó thaobh rochtana de.

Dúradh go raibh an t-ullmhúchán le haghaidh na gCluichí dearfach. Beag beann ar shrianta COVID-19, bhraith na lúthchleasaithe go raibh siad ullmhaithe le haghaidh na ndálaí i dTóiceo. Dúradh go raibh an bhunáit traenála in Mallorca agus an campa traenála sa Phortaingéil éifeachtach. Ní hé amháin go bhfuair na lúthchleasaithe na saoráidí agus na hacmhainní a bhí ag teastáil, ach fuair siad timpeallacht ardfheidhmíochta dá gcuid traenála freisin. Dúradh go raibh an chomrádaíocht laistigh den fhoireann Pararothaíochta ar cheann amháin de na príomh-shaintréithe a thacaigh le feidhmíocht agus forbairt na rothaithe ar fud Thimthriall Thóiceo. Cé nach raibh an aimsir chomh te lena rabhthas ag súil leis le linn an champa coinneála réamh-Chluichí sa Phortaingéil, bhraith na rothaithe go raibh siad réidh leis na dálaí aimsire i dTóiceo. Cuireadh é sin síos do cháilíocht an fheachtais ullmhúcháin, lenar áiríodh na straitéisí teasa agus an tacaíocht eolaíochta spóirt a cuireadh chun feidhme.

Tarraingíodh aird ar roinnt tosca mar nithe a bhféadfadh go raibh tionchar diúltach acu ar fheidhmíocht. Toisc amháin a chuaigh i bhfeidhm ar an ullmhúchán ba ea fadhb le soláthraí trealaimh, go háirithe an teip fráma tandaim a sheachadadh. Cé gur réitíodh an fhadhb sin trí theagmhálaithe pearsanta laistigh de Rothaíocht Éireann, léirigh sí an tábhacht a bhaineann le soláthraí iontaofa agus slabhra soláthair iontaofa a úsáid. Ina theannta sin, ní raibh aon Stiúrthóir Ardfheidhmíochta ag Rothaíocht Éireann sna naoi mí díreach roimh Chluichí Thóiceo. Chuir sé sin ualach oibre breise ar dhaoine eile, go háirithe an Príomhchóitseálaí agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Braitheadh, tríd is tríd, go raibh an lóistíocht taistil cuí, beag beann ar shrianta COVID-19. Ba í Rothaíocht Éireann a dhear an feisteas feidhmíochta, le hionchur ó na lúthchleasaithe, agus bhí an feisteas sin oiriúnach don teas agus don bhogthaise. Mar sin féin, bhí fadhbanna suntasacha agus díomá shuntasach ann maidir le cáilíocht fheisteas Fhoireann Éireann agus maidir leis an dóigh ar leithdháileadh é. Bhí díomá ar lúthchleasaithe a bhí páirteach i gCluichí Parailimpeacha roimhe gur tháinig fadhbanna feistis den chineál céanna chun cinn ag Cluichí roimhe agus nár réitíodh iad go fóill.

Bhí na lúthchleasaithe agus na baill foirne sásta leis an gcampa coinneála in Masuda agus bhraith siad gur chuidigh na seirbhísí tacaíochta, na saoráidí traenála agus an timpeallacht leis an ullmhúchán. Is fiú a rá gur imir an caidreamh a chruthaigh Rothaíocht Éireann le Méara Masuda le linn chéim an ullmhúcháin ról lárnach maidir leis na socruithe sin.

### Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Dúirt an fhoireann Pararothaíochta go raibh eispéireas dearfach aici i dTóiceo, cé gur mhór idir na Cluichí sin agus na cinn a tháinig rompu. Cuireadh an t-imeacht Pararothaíochta ar siúl lasmuigh den Sráidbhaile. Cé gur fhág sé sin go raibh an fhoireann Pararothaíochta scoite ó Fhoireann Éireann, dúirt na baill den fhoireann gurbh ann d'atmaisféar dearfach 'foireann laistigh d'fhoireann' ina gcampa. Braitheadh, áfach, go raibh dícheangal ann idir Pararothaíocht agus Cumann Parailimpeach na hÉireann agus nach raibh aon spéis ag an gCumann ach amháin i bPara-lúthchleasaíocht agus i bParashnámh. Bhraith roinnt de na lúthchleasaithe nach raibh aon phointe teagmhála acu laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann agus go raibh sé deacair cumarsáid a dhéanamh leis dá dheasca sin.

Sholáthair Rothaíocht Éireann ataisé meán do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Dúradh gur ghné dhearfach de na Cluichí é sin, go háirithe mar gheall ar an gcumas a bhí ag an ataisé aird a tharraingt ar rath na foirne.

CYCLING IRELAND

Rud spéisiúil, thug na lúthchleasaithe faoi deara an frustrachas a bhí orthu faoi na socruithe meán a rinne Cumann Parailimpeach na hÉireann. Dúradh go raibh siad lán le hearráidí agus bunaithe ar dhrocheolas.

Bhí roinnt de na lúthchleasaithe míshásta leis na socruithe cóiríochta ag an ionad rothaíochta, áit ar chomhroinn siad seomraí le baill foirne. Bhraith siad go ndearna sé sin dochar dá bhfeidhmíocht agus dá bhfolláine. Nuair a bhog na lúthchleasaithe chuig Sráidbhaile na Lúthchleasaithe, tar éis dóibh a gclár iomaíochta a chríochnú, bhraith siad nár soláthraíodh cóiríocht chuí dóibh. Sa dá chás, aithníodh gur réitíodh an fhadhb tar éis idirghabháil ó na lúthchleasaithe agus/nó na baill foirne tacaíochta.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Bhí na lúthchleasaithe an-sásta leis na seirbhísí cóitseála agus tacaíochta a fuarthas le linn na gCluichí. Bhí an fisiteiripeoir mar bhall seanbhunaithe den fhoireann Pararothaíochta agus bhí sé sin ina ghné dhearfach den tacaíocht feidhmíochta a tugadh. Bhí imní ann go raibh cuid mhór den fhaisnéis agus de na seirbhísí liachta a fuarthas ó Chumann Parailimpeach na hÉireann sa bhliain roimh na Cluichí agus lena linn dírithe go príomha ar shaincheisteanna COVID-19, seachas ar an tsláinte i gcoitinne. Ábhar imní ar leith a bhí ag lúthchleasaithe a bhfuil laguithe orthu ba ea an easpa formhaoirseachta liachta a rinne Cumann Parailimpeach na hÉireann le linn Thimthriall Thóiceo.

**Tacaíocht ó Fhoireann Éireann**
Tugadh le tuiscint go gcuireann Cumann Parailimpeach na hÉireann baill de na foirne Para-lúthchleasaíochta agus Parashnámha chun cinn chun críocha meán agus urraíochta in ionad lúthchleasaithe ó Phararothaíocht (agus ó spóirt eile). Bhí díomá ar na lúthchleasaithe faoin easpa cumhdaigh a fuair an fhoireann Pararothaíochta sna meáin, go háirithe mar gheall ar an rath a bhí uirthi. D'fhág sé sin gur cailleadh deis iontach chun an spórt a chur chun cinn. Bhí díomá ar na lúthchleasaithe freisin faoin easpa atmaisféir foirne a bhí ann laistigh d'Fhoireann Éireann sa Sráidbhaile.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Caidreamh eagraíochtúil**
Dúradh go bhfuil caidreamh eagraíochtúil dearfach ar bun laistigh de Phararothaíocht agus de Rothaíocht Éireann. Cuireadh é sin síos do cháilíocht, seiftiúlacht agus saineolas an Phríomhchóitseálaí agus don tsoiléire maidir le róil a bhí ann laistigh den eagraíocht. Is é an Príomhchóitseálaí an t-aon fhostaí lánaimseartha amháin laistigh den chlár Pararothaíochta agus, mar gheall ar an ualach oibre a bhíonn i gceist le nithe nach mbaineann leis an gcóitseáil, dúradh nach mbeadh an cur chuige sin inbhuanaithe sa todhchaí. Gné thábhachtach den chlár tacaíochta ba ea an cumas a bhí ag daoine laistigh de Phararothaíocht leas a bhaint as teagmhálaithe pearsanta agus as líonraí seanbhunaithe chun rochtain a fháil ar chóitseálaithe agus baill foirne ar ardchaighdeán ar bhonn ad hoc. Caitheadh amhras ar a inbhuanaithe a bheadh an cur chuige sin sa todhchaí freisin, áfach.

**Infheistíocht**
Agus í faoi shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann agus Rothaíocht Éireann, faigheann Pararothaíocht tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann agus soláthraítear seirbhísí dírithe tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt di. Dúradh gurbh an-mhaith a bhí an glacadh le seirbhísí tacaíochta agus an caidreamh idir lúthchleasaithe agus cleachtóirí. Ba iad na laigí a sainaithníodh sa chóras ná an easpa infheistíochta i bpearsanra agus i struchtúr inbhuanaithe soláthar foirne.

**Treo straitéiseach**
Mar gheall ar rath an chláir Pararothaíochta, tarraingíodh aird ar an ngá atá ann leis an tsamhail cistiúcháin amach anseo a bhreithniú. Rud sonrach, sainaithníodh gur gá breithniú a dhéanamh ar an dóigh a gcistítear foirne Rothaíochta Oilimpí agus Parailimpí, agus ar na hacmhainní a sholáthraítear dóibh, i ndáil le torthaí na gclár faoi seach.

Dúradh gur fadhb í an easpa treorach lárnaí agus treo lárnaigh a fhaightear ón Rialtas, ó Spórt Éireann agus ó ghníomhaireachtaí Rialtais maidir le cinntí a bhaineann le conas acmhainní a sholáthar do chláir Pharailimpeacha agus Oilimpeacha.

Beag beann ar rath reatha na foirne Pararothaíochta, aithnítear gur gá tuilleadh a dhéanamh chun conair chomhleanúnach a bhunú le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt ar fud an spóirt agus ar fud aicmithe laistigh den spórt ar mhaithe leis na leibhéil reatha feidhmíochta a choinneáil ar bun.

I bhfianaise na gcomhpháirtithe éagsúla a bhfuil ról acu sa chlár Pararothaíochta a sholáthar, tá sé tábhachtach go scrúdófaí na struchtúir agus na córais atá i bhfeidhm laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann agus de Rothaíocht Éireann, agus idir an dá chomhlacht sin, faoi láthair agus go ndaingneofaí iad. Is cosúil go bhfuil samhail láidir chomhroinnte mheabhrach ann laistigh de Phararothaíocht. Cé gur faoi Rothaíocht Éireann atá sé Pararothaíocht a rialú, tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh fís chomhroinnte ann don spórt ar fud an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus Chumann Parailimpeach na hÉireann i gcoitinne araon.

## Rannán 5: Moltaí

1) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an dóigh a leithdháiltear acmhainní ar Phararothaíocht, go háirithe an spleáchas ar chonraitheoirí ráta laethúil ad hoc.

2) D'fhéadfadh go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ag athruithe i struchtúr foirne ceannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann, agus ag an ngluaiseacht ghaolmhar ball foirne, ar an gcaidreamh le Pararothaíocht. Tá sé tábhachtach go mbeadh soiléire agus trédhearcacht ann maidir leis an tionchar a bhíonn ag nithe den sórt sin ar Phararothaíocht.

3) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar acmhainní a sholáthar do chonair le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a fhorbairt a bhunú laistigh de Phararothaíocht.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Rothaíocht Éireann**

- Tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Ba cheart struchtúr agus sainchúram eagraíochtúil Chumann Parailimpeach na hÉireann a scrúdú chun a chinntiú go gcuirfear cur chuige comhsheasmhach i bhfeidhm ar fud na bparaspórt uile.
- Ar mhaithe le forbairt na Pararothaíochta sa todhchaí, agus in oirchill buíon lúthchleasaithe uile-Oileáin a bheith ann, ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhaontú foirmiúil a dhéanamh idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann. Sholáthródh sé sin do lúthchleasaithe leibhéal comhtháite soláthar seirbhíse chun freastal ar a riachtanais gheografacha.


507

# Tuarascáil maidir le hEachspórt Éireann

HORSE SPORT IRELAND

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Eachspórt Éireann ceathrar marcach do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020, rud a chumasaigh dó lúthchleasaithe a iontráil sna himeachtaí Foirne agus sna himeachtaí Aonair araon (i bParai-eachraíocht). Chríochnaigh gach duine de na marcaigh san 20 Áit is Airde, agus a dtorthaí féin sa raon idir an 12ú háit agus an 18ú háit ina n-aicmiú faoi seach.

Luaigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go macánta nach raibh Parai-eachaíocht mar phríomhchuspóir aige. Mar sin féin, tar éis do bheirt mharcach cáiliú do Chluichí Thóiceo 2020 trí imeachtaí cáiliúcháin, cinneadh clár Parai-eachaíochta a thógáil trí chomhlacht cleamhnaithe atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha. Chuir Eachspórt Éireann Coiste Ardfheidhmíochta ar bun chun tacú leis an gclár Parai-eachaíochta. Áiríodh leis sin Stiúrthóir Ardfheidhmíochta a cheapadh, a d'fheidhmigh ansin mar Bhainisteoir Foirne i dTóiceo.

Mar thoradh ar an ardráta neamhfhreastail i measc na náisiún Parai-eachaíochta (de dheasca phaindéim COVID-19), cuireadh áiteanna breise ar fáil i mí na Bealtaine 2021 agus roghnaíodh foireann de cheathrar marcach ansin chun dul san iomaíocht i dTóiceo.

Glacadh, tríd is tríd, nár éirigh leis an bhfoireann Parai-eachaíochta ionchais feidhmíochta a chomhlíonadh i dTóiceo. Mar sin féin, tá an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta dóchasach go fóill faoi fheidhmíocht na foirne i gCluichí Pháras 2024.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Parai-eachaíochta suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:
- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus na stiúrthóirí feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:
- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí pointí a raibh fiúntas ag baint leo a athbhreithniú agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 90 nóiméad agus cuireadh na daoine uile ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Tógadh am chun a chinntiú gur thuig na rannpháirtithe uile na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

## Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Bhuaigh Éire bonn cré-umha san imeacht Foirne i gCluichí Londan 2012, agus í ag críochnú taobh thiar den Ghearmáin agus den Bhreatain Mhór. San imeacht Aonair, bhuaigh na marcaigh bonn airgid amháin agus bonn cré-umha amháin eile. D'fhág sé sin gur chríochnaigh Éire sa 6ú háit i dtábla foriomlán na mbonn le haghaidh Parai-eachaíochta. Chaill an clár móiminteam tar éis na gCluichí i Londain agus níor cháiligh ach marcach amháin do Chluichí Rio 2016. Níor bhain an marcach áit ar an bpóidiam amach in aon imeachtaí, áfach.

Sa bhliain 2019, thóg Eachspórt Éireann struchtúr cláir agus rialachais le haghaidh Parai-eachaíochta. Cheap sé Stiúrthóir Ardfheidhmíochta ansin, a chuaigh i mbun an róil i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus ar iarradh air/uirthi struchtúr ardfheidhmíochta a chur i bhfeidhm, lenar áiríodh traenáil, don bhuíon bheag para-lúthchleasaithe. Cé go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar an bpleanáil le haghaidh Chluichí Thóiceo, dúradh go raibh cistiú ar an toisc aonair is mó a chuaigh i bhfeidhm ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt. Tá cuid mhór de na lúthchleasaithe Parai-eachaíochta lonnaithe thar lear agus, ar aon dul leis sin, sholáthair Eachspórt Éireann cistiú do na Trialacha Parailimpeacha, a tionóladh go fíorúil. Chuir sé sin ar chumas an Stiúrthóra Ardfheidhmíochta agus ar an bpainéal roghnúcháin daoine a roghnú as measc an raoin is leithne is féidir, bunaithe ar cé a bhí sa riocht is fearr díreach roimh na Cluichí.

Chuir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta €40k ar fáil don chlár Parai-eachaíochta don tréimhse 12 mhí-18 mí roimh na Cluichí. Sholáthair Spórt Éireann roinnt 'cistiúcháin cruatain' freisin tar éis deimhniú a fháil i mí na Bealtaine 2021 gur cháiligh foireann do na Cluichí. Chumhdaigh sé sin na costais a bhain le capaill a eitilt go Tóiceo, tar éis dóibh tréimhse éigeantach coraintín a chaitheamh in Aachen.

Léirítear sa tábla seo a leanas na hionchais feidhmíochta do gach ball den fhoireann ina n-aicmiú faoi seach (Tábla 1).

**Tábla 1. Ionchais feidhmíochta agus torthaí d'Eachspórt Éireann**

| Lúthchleasaí | Ionchas Feidhmíochta | Torthaí |
|---|---|---|
| Michael Murphy | Póidiam | An 18ú hÁit |
| Tamsin Addison | Na 8 nÁit is Airde | An 12ú hÁit |
| Kate Kerr Horan | Na 8 nÁit is Airde | An 18ú hÁit |
| Rosemary Gaffney | Na 8 nÁit is Airde | An 15ú hÁit |

San imeacht Foirne, chríochnaigh Éire sa 12ú háit, i bhfad faoi bhun an tríú háit a ghnóthaigh sí i Londain sa bhliain 2012.

### Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Chomhaontaigh na hagallaithe uile gur dóigh go raibh an easpa cistiúcháin ar an toisc is mó a chuir teorainn lena n-ullmhúcháin. Sholáthair Eachspórt Éireann agus Spórt Éireann tacaíocht cistiúcháin do roinnt gnéithe d'ullmhúchán na foirne le haghaidh Chluichí Thóiceo. Áiríodh léi sin, mar shampla, cistiú chun freastal ar na costais a bhain le capaill a roghnú agus iad a iompar go Tóiceo. Ceanglaíodh ar na lúthchleasaithe Parai-eachaíochta an chuid is mó dá speansais traenála agus iomaíochta a chumhdach lasmuigh den tacaíocht sin. Rinne an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta na pointí seo a leanas maidir leis an gclár Parai-eachaíochta a chistiú freisin:

- Rinne an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta iarracht urraíocht a áirithiú. Níor éirigh leis déanamh amhlaidh, áfach, toisc go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil Parai-eachaíocht neamhtharraingteach d'urraitheoirí.
- Feidhmíonn Spórt Éireann samhail comhchistiúcháin. Mar sin féin, toisc go bhfuil líon beag ball ag Parai-eachaíocht, níl ag an spórt aon sruth ioncaim ar ina aghaidh is féidir leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta cistiú ó Spórt Éireann a tharraingt anuas.
- Creideann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go bhfuil méid áirithe oilc ann idir na para-lúthchleasaithe agus na lúthchleasaithe ar lánchumas ar chláir eile. Tá súil ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt air sin nuair a chuirfidh sé an t-iarratas cistiúcháin uaidh isteach le haghaidh Thimthriall Pháras.

Beag beann ar an bhfíorbheagán foinn a bhí ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta tacú le clár ardfheidhmíochta Parai-eachaíochta, thosaigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus gníomhaireachtaí eile ar rannchuidiú a dhéanamh tar éis do bheirt lúthchleasaithe cáiliú do na Cluichí. Fianaise air sin is ea gur chuir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta coiste ardfheidhmíochta ar bun agus gur cheap sé Stiúrthóir Ardfheidhmíochta, ar cuireadh de chúram air/uirthi clár ardfheidhmíochta agus struchtúr rialachais a thógáil don chlár Parai-eachaíochta.

Chuir an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta/Bainisteoir Foirne imní in iúl faoi phlean oibriúcháin soiléir a bheith in easnamh do na Cluichí, lenar áiríodh an easpa soiléire maidir le línte cumarsáide. Ní hé amháin go raibh plean oibriúcháin in easnamh do Chluichí Thóiceo 2020, ach rinneadh an scéal níos casta fós de dheasca víreas heirpéis capaill a bheith ann, rud ar ghá ceanglais choraintín a chur i bhfeidhm ina leith, agus de dheasca shrianta COVID-19. Cé gur iarr an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta plean oibriúcháin ó Threoraí na Foirne Oilimpí, níor cuireadh plean den sórt sin ar fáil.

**Roghnú**
Dúradh gur phróiseas achrannach é an próiseas roghnúcháin le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Braitheadh gur tháinig athrú ar an gcur chuige roghnúcháin, rud a rinne dochar do na lúthchleasaithe sin a cháiligh trí imeachtaí roghnúcháin a iontráil. Bhí an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta den tuairim go raibh an beartas roghnúcháin láidir, á rá nach raibh sé bunaithe ar cháiliú trí mhórimeachtaí amháin agus go raibh sé bunaithe freisin ar fheidhmíocht ag 'comórtas ionsamhlaithe'. Dá bhrí sin, tar éis don Choiste Parailimpeach Idirnáisiúnta fógra déanach a thabhairt i mí na Bealtaine 2021 go bhféadfadh Éire Foireann Parai-eachaíochta iomlán a sheoladh go Tóiceo, agus an líon lúthchleasaithe á mhéadú ó bheirt go ceathrar dá bharr sin, thionóil an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta imeacht roghnúcháin chun go bhféadfaí baill fhéideartha den fhoireann a bhreithniú lena roghnú bunaithe ar a bhfeidhmíocht reatha, seachas ar fheidhmíocht stairiúil.

Cé gur mheas an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta gur éirigh leis an imeacht roghnúcháin, ní raibh lúthchleasaí amháin a cuireadh faoi agallamh ar aon tuairim leo. Chreid an lúthchleasaí sin gur cheart dó/di áit ráthaithe a bheith aige/aici. Dar leis an lúthchleasaí, (a) bhí an t-ionad agus an próiseas neamhshábháilte agus (b) gortaíodh a c(h)apall dá dheasca sin agus (c) dá mbeadh tuilleadh eolais aige/aici ag an am, ní rachadh sé/sí thar lear chun cáiliú toisc go raibh mórchostas airgeadais pearsanta ag baint leis sin. Cé gur admhaigh Eachspórt Éireann gur gortaíodh capall agus gurbh eachtra mhífhortúnach é sin, níor chreid sé go raibh an t-imeacht neamhshábháilte ar na cúiseanna seo a leanas: (a) tionóladh an t-imeacht ag clós gairmiúil; (b) d'athraigh an lúthchleasaí a bhí i gceist a g(h)náthamh nuair nár thug sé/sí a g(h)náthbhaill foirne tacaíochta leis/léi, rud a d'fhéadfadh tuilleadh struis a chur air/uirthi agus an baol gortaithe a mhéadú; agus (c) ní dhearna aon lúthchleasaí eile a ghlac páirt sa triail ag an ionad sin gearán á rá go raibh an t-ionad neamhshábháilte.

Creideann an lúthchleasaí gur ghá d'aon mharcach ar mhian leis/léi go mbreithneofaí é/í lena roghnú 'iarracht a dhéanamh' freastal ar imeacht cáiliúcháin agus gur roghnaigh roinnt marcach gan déanamh amhlaidh ach gur roghnaíodh go fóill iad. Cheistigh an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta é sin, á dheimhniú gur fhreastail na marcaigh uile ar imeacht cáiliúcháin. Ábhar imní eile a tarraingíodh anuas ba ea an fíoras nach ndeachaigh na lúthchleasaithe uile san iomaíocht faoi na dálaí céanna (e.g., laistigh vs. lasmuigh). Dúirt an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta gur tharla sé sin toisc gur i nGrád/Aicme eile a bhí an marcach a chuaigh san iomaíocht laistigh agus go raibh sé cuí an socrú sin a dhéanamh don mharcach sin. I gcodarsnacht leis sin, bhí an lúthchleasaí buíoch as an gcúnamh a thug an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta dó/di chun go bhféadfadh sé/sí dul san iomaíocht thar lear, go háirithe an tacaíocht a fuarthas i ndáil le hiontráil i gcomórtais, i ndáil le páipéarachas agus i ndáil le capall an lúthchleasaí a iompar. Bhí na ceachtanna a d'fhoghlaim an lúthchleasaí ón taisteal thar lear inaistrithe chuig an eispéireas i dTóiceo freisin. Mar sin, bhain an lúthchleasaí tairbhe as dul san iomaíocht ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus faoi shrianta COVID-19, agus é/í ag ullmhú le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020.

Dúirt an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta gurb ann do chaidreamh dearfach idir é féin, lúthchleasaithe agus traenálaithe ach go dtagann teannas aníos in amanna. Tháinig an teannas sin as saincheisteanna roghnúcháin agus as an easpa soiléire a bhí ann idir lúthchleasaithe agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta. Thug an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta aghaidh ar an teannas sin trí bheartas roghnúcháin soiléir a chur i bhfeidhm agus trí chruinnithe macánta iomlána a thionól ar roinnt ócáidí.

Mar achoimre, ghlac Eachspórt Éireann leis go raibh an próiseas roghnúcháin ina fhoinse shuntasach struis do na lúthchleasaithe agus gur ghá é a bhainistiú go cúramach dá réir sin.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Toisc nach lúthchleasaithe cardáilte iad lúthchleasaithe Parai-eachaíochta, níl aon rochtain dhíreach acu ar sheirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt. Dúradh go ndearna sé sin dochar dá n-ullmhúchán, i gcomparáid le lúthchleasaithe cardáilte i spóirt eile. Mar sin féin, nuair a bhí comhairle ón dochtúir foirne de dhíth orthu, bhraith na lúthchleasaithe go bhfuair siad dea-thacaíocht agus mheas siad gurbh eispéireas dearfach é sin le linn tréimhse strusmhar.

Cé go raibh sé/sí lonnaithe san Ísiltír, dúirt an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta go bhfuair sé/sí dea-thacaíocht ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ó Chumann Parailimpeach na hÉireann i ndáil lena ról mar Stiúrthóir Ardfheidhmíochta agus mar Bhainisteoir Foirne araon. Thug sé/sí le tuiscint, áfach, go mbainfí tairbhe as comhráite ardfheidhmíochta a thionól ar bhonn níos minice le hEachspórt Éireann agus leis na lúthchleasaithe le linn na tréimhse ullmhúcháin agus na tréimhse cáiliúcháin. Tugadh faoi deara go raibh na ceardlanna de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann tábhachtach agus úsáideach ina leith sin. Dúirt an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta, áfach, gur mhaith léi tuilleadh soiléire a fháil faoin mbuiséad don Timthriall reatha (Timthriall Pháras) ionas go bhféadfadh sé/sí pleanáil ar shlí níos éifeachtaí. Ina theannta sin, níorbh eol don Stiúrthóir Ardfheidhmíochta ná do na lúthchleasaithe go díreach cé na seirbhísí tacaíochta a bhí ar fáil dóibh ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus/nó ó Institiúid Spórt Éireann.

Ba mhór ag na lúthchleasaithe an chomhairle a fuair siad ón dochtúir foirne agus ó na baill foirne tacaíochta maidir le conas ullmhú le haghaidh na ndálaí i dTóiceo. Thug an tréidlia foirne comhairle dóibh freisin maidir le conas na capaill a ullmhú le haghaidh na leibhéal réamh-mheasta teasa agus bogthaise a bheadh ann le linn an chomórtais.

**An campa coinneála agus lóistíocht**

Cé nach raibh aon rochtain acu ar chroíbhaill foirne Chumann Parailimpeach na hÉireann ag an gcampa coinneála in Aachen, b'amhlaidh a bhí rochtain ag na marcaigh ar an gCeann Imeachta thar an bhfón. Choinnigh an Ceann Imeachta an fhoireann ar an eolas faoi na ceanglais iontrála agus faoin bpróiseas teachta i dTóiceo. Bhí ríthábhacht ag baint leis an bhfaisnéis sin toisc go bhfuair na lúthchleasaithe soiléire ar roinnt nithe dá barr.

Sular eitil siad go Tóiceo, moladh do na lúthchleasaithe úsáid a bhaint as an iompar poiblí (e.g., traein agus bus) chun taisteal chuig an aerfort. Bhraith na lúthchleasaithe go raibh sé sin míchuí toisc (a) go gcruthódh sé baol féideartha COVID-19 agus (b) go mbeadh sé dúshlánach mar gheall ar laguithe na marcach agus ar an méid bagáiste phearsanta a bheadh acu, go háirithe i gcás na n-úsáideoirí cathaoir rothaí ar an bhfoireann. Chun na fadhbanna lóistíochúla sin a shárú, chinn an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta go mbeadh feithicil ag teastáil don fhoireann agus rinne sé/sí teagmháil le cuideachta. Thug duine amháin de na marcaigh cúnamh don Stiúrthóir Ardfheidhmíochta agus chabhraigh sé/sí leis na rátaí is fearr a fháil agus leis an áirithint a thabhairt chun críche. D'íoc Eachspórt Éireann go díreach as an bhfeithicil. Braitheadh, áfach, gur cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann agus an bainisteoir lóistíochta/ bainisteoir foirne an t-iompar foirne a eagrú. Mar sin féin, níor cuireadh Cumann Parailimpeach na hÉireann ar an eolas faoin socrú bunaidh agus thacódh sé leis an lóistíocht dá mbeadh sé ar an eolas faoi.

Tuairiscíodh roinnt fadhbanna eile maidir leis an taisteal, arbh fhadhbanna iad a d'fhéadfaí a sheachaint. Bhí sé soiléir sna cásanna sin go raibh tuiscint níos fearr ar Pharai-eachaíocht agus ar riachtanais na mball den fhoireann ag teastáil. Mar shampla, ní raibh ticéad fillte ag grúmaeir ar theacht ag an aerfort dó/di. D'fhág sé sin go raibh baol ann nach gceadófaí don ghrúmaeir taisteal. Cé gur réitíodh an fhadhb, chuir an eachtra sin strus ar gach duine a bhí i gceist.

Toradh eile a bhí ar mhionsonraí faoi na heitiltí a thabhairt go déanach ba ea go raibh sé dúshlánach tástálacha um Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (PCR) a áirithint laistigh den fhuinneog inlamháilte tástála. Rinneadh an próiseas sin níos casta fós toisc nár eagraíodh an tástáil go lárnach. Níorbh eol do na lúthchleasaithe ná don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta go díreach cé na gnéithe den lóistíocht a tháinig faoi fhreagracht an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus cé na gnéithe a tháinig faoi fhreagracht Chumann Parailimpeach na hÉireann. Ba léir go raibh easpa soiléire ann maidir le róil.

Eisíodh an feisteas foirne go déanach, agus níor soláthraíodh do na baill den fhoireann liosta de na nithe a thabharfadh Cumann Parailimpeach na hÉireann dóibh. D'fhág sé sin gur mhó ná mar a bhí ag teastáil an méid éadaigh agus trealaimh a thug na marcaigh leo. Ós rud é nach bhfuair na lúthchleasaithe uile na míreanna céanna (e.g., fuair siad rugaí difriúla do na capaill), tharla sé in amanna nach raibh cuma foirne orthu. Mar sin féin, bhí na lúthchleasaithe sásta le cáilíocht an fheistis a soláthraíodh.

D'iarr Eachspórt Éireann creidiúnú le haghaidh Bainisteoir Cúnta Foirne chun go bhféadfadh sé/sí tacaíocht lóistíochúil bhreise a thabhairt. Ní raibh Cumann Parailimpeach na hÉireann in ann an creidiúnú breise sin a dheonú. Mar sin, cuireadh roinnt cúraimí breise ar an mBainisteoir Foirne. Tógadh ar shiúl é/í ón bpríomhról a bhí aige/aici (i.e., Stiúrthóir Ardfheidhmíochta) dá dheasca sin.

Tuairiscíodh roinnt fadhbanna araíonachta, a d'fhág go raibh ar an gCeann Imeachta cuid mhór ama a chaitheamh sa Pháirc Eachaíochta. D'fhág sé sin freisin go raibh ar an mBainisteoir Foirne gabháil do réiteach coinbhleachta. Tógadh ar shiúl é/í ón bpríomhról a bhí aige/aici an athuair dá dheasca sin. D'fhéadfaí a rá go bhféadfaí é sin a sheachaint trí bhall foirne amháin eile a chreidiúnú. Mar sin féin, d'oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhréir le diansrianta na liúntas creidiúnúcháin a chuir Coiste Eagrúcháin Chluichí Thóiceo 2020 i bhfeidhm. Bhí teorainneacha sonracha ann leis an líon ball foirne tacaíochta a ceadaíodh in aghaidh an spóirt agus in aghaidh na toscaireachta.

## Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Thuairiscigh an lúthchleasaí a cuireadh faoi agallamh go raibh sé/sí réidh le Cluichí Thóiceo ón taobh fisiciúil agus teicniúil de. Mar sin féin, bhí olc ar an lúthchleasaí go fóill nach raibh sé/sí in ann a c(h)apall is fearr a thógáil toisc gur gortaíodh an capall sin le linn an phróisis roghnúcháin. Mhol an lúthchleasaí an tacaíocht a fuarthas ón dochtúir foirne agus ó na baill foirne fisiteiripe le linn na gCluichí. Dúradh go raibh na croíbhaill foirne an-mhaith ag tástálacha COVID-19 a eagrú de réir chláir na lúthchleasaithe aonair, agus bhí an lúthchleasaí sásta leis an dóigh ar láimhseáladh srianta COVID-19. Is iad seo a leanas na tuairimí ón mBainisteoir Foirne/Stiúrthóir Ardfheidhmíochta:

- Chreid sé/sí nár bhain triúr den cheathrar marcach an oiread sin taitnimh as na Cluichí.
- Bhí na marcaigh uile ag glacadh páirt sna Cluichí den chéad uair riamh agus d'fhéadfadh go raibh tionchar ag an easpa taithí sin ar a bhfeidhmíocht agus ar a n-iompraíocht araon ag na Cluichí.
- Níor ghlac na marcaigh uile leis an gcabhair a bhí ar fáil dóibh, agus marcach amháin ag dul i muinín tuismitheora nach raibh aon rochtain aige/aici ar an Sráidbhaile. Ní raibh cead ag an marcach sin cúramóir a thabhairt leis/léi mar gheall ar a (h)aicmiú, agus chruthaigh sé sin fadhbanna laistigh den fhoireann.
- Chuaigh na lúthchleasaithe i dtaithí ar an gcomórtas (ar deireadh), ach bhí deacracht ag roinnt díobh ina leith sin.
- Thuairiscigh an Bainisteoir Foirne go bhfuair sé/sí an-spreagadh ón eispéireas i dTóiceo agus gur fhoghlaim sé/sí cuid mhór ceachtanna (e.g., conas traenálaithe príobháideacha a bhainistiú) a bhféadfaí leas a bhaint astu ar an mbóthar i dtreo Chluichí Pháras 2024.

Cé gur dóigh go ndeachaigh an teannas laistigh den fhoireann i bhfeidhm ar fheidhmíocht na marcach, ní féidir é sin a thomhas go cinnte. É sin ráite, is deacair a shamhlú gur chabhraigh an teannas le feidhmíocht na marcach agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt air sin má tá na marcaigh chun a bhfeidhmíocht is fearr a bhaint amach ag Cluichí amach anseo.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

Thuairiscigh an Bainisteoir Foirne/Stiúrthóir Ardfheidhmíochta go bhfuair sé/sí an-spreagadh ón eispéireas i dTóiceo agus gur fhoghlaim sé/sí cuid mhór ceachtanna (conas traenálaithe príobháideacha a bhainistiú, mar shampla) a bhféadfaí leas a bhaint astu i gCluichí Pháras 2024.

Cé gur chuir an titim sa leibhéal feidhmíochta idir Cluichí Londan agus Cluichí Rio iontas ar Eachspórt Éireann, tá muinín aige go bhfuil dea-rudaí i ndán do Pharai-eachaíocht agus go bhfuil acmhainneacht ann áiteanna a bhaint amach ar an bpóidiam sa todhchaí. Ina theannta sin, ba mhaith le hEachspórt Éireann naisc níos fearr a chruthú le hInstitiúid Spórt Éireann chun tacú leis na hiarrachtaí atá ar bun ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta chun cultúr ardfheidhmíochta a fhorbairt.

**Infheistíocht**
Baineann costais shuntasacha le clár ardfheidhmíochta Parai-eachaíochta a choinneáil ar bun agus bíonn sé dúshlánach na cistí a theastaíonn chun foireann a sheoladh chuig Cluichí Parailimpeacha a chruinniú. Tá ag éirí leis an gcur chuige geilleagair mheasctha a bhuí leis an gcomhoibriú idir comhpháirtithe straitéiseacha agus a bhuí le tacaíocht na lúthchleasaithe féin. Is cur chuige sobhriste é sin, áfach, agus is féidir nach mbeidh sé inbhuanaithe san fhadtéarma más rud é nach mbeifear in ann ach na marcaigh sin ar féidir leo iad féin a chistiú a roghnú, seachas na marcaigh is cumasaí.

**Struchtúir agus rialachas/caidreamh le geallsealbhóirí**
Labhair an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta go han-mhacánta faoin easpa foinn a bhí air ar dtús clár ardfheidhmíochta Parai-eachaíochta a sholáthar, ach rinne sé roinnt beart chun aghaidh a thabhairt air sin, lenar áiríodh ceannaire láidir a cheapadh chuig an bpost mar Stiúrthóir Ardfheidhmíochta. Tá fianaise ann gur chomhoibrigh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus a chomhpháirtithe straitéiseacha le chéile chun go bhféadfadh Éire foireann iomlán a sheoladh chuig Tóiceo, go háirithe tar éis dó áiteanna a fháil do cheathrar lúthchleasaithe. Ní mór aghaidh a thabhairt mar bheart práinne ar na hiompraíochtaí dúshlánacha a léirigh roinnt daoine aonair, áfach.

**Treo straitéiseach**
Creidtear go bhfuil forbairt na Parai-eachaíochta in Éirinn ag pointe criticiúil faoi láthair agus go bhfuil forbairt amach anseo an spóirt i mbaol. É sin ráite, léirigh an lucht ceannaireachta reatha go bhfuil sé tiomanta don spórt agus go bhfuil sé dóchasach faoina bhfuil i ndán dó. Is dea-chomhartha é sin do Chluichí Pháras 2024, fad a gheobhaidh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta tacaíocht iomlán ó na gníomhaireachtaí sin atá freagrach as an gcóras ardfheidhmíochta a fhorbairt.

## Rannán 5: Moltaí

**1) Rialachas agus soláthar foirne**

- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhaontú láidir lúthchleasaithe a chur i bhfeidhm. Ba cheart a shocrú go gcomhroinnfí an comhaontú sin leis an bhfoireann ar fad agus go síneodh gach lúthchleasaí agus gach ball foirne de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta é. Rud tábhachtach, ba cheart na hiompraíochtaí agus na caighdeáin nach mór do gach duine a dhéanann ionadaíocht d'Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha cloí leo a leagan amach sa chomhaontú. Ní mór breac-chuntas a thabhairt ann ar na smachtbhannaí a d'fhéadfaí a fhorchur i gcás go dteipfeadh ar bhall den fhoireann cloí leis na caighdeáin iompraíochta a bhfuiltear ag súil leo. Moltar don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta é sin a phlé le Cumann Parailimpeach na hÉireann agus a chomhaontú leis an gCumann cé a stiúrfaidh an comhaontú i gcás go gcuirfear chun feidhme é.
- Ba cheart tuilleadh faisnéise a thabhairt don Stiúrthóir Ardfheidhmíochta faoin mbuiséad chun cabhrú le pleanáil mheántéarmach agus le pleanáil fhadtéarmach araon.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chaidreamh níos dlúithe a chothú idir na cláir Oilimpeacha agus na cláir Pharailimpeacha de chuid Eachspórt Éireann le linn pleanáil le haghaidh na gCluichí, ionas gur féidir aon cheachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt.

**2) Straitéis**

- Beag beann ar an bhfógra déanach a fuarthas ón gCoiste Parailimpeach Idirnáisiúnta, ní raibh an cinneadh chun foireann iomlán de cheathrar marcach a sheoladh chuig Cluichí Thóiceo 2020 saor ó agóid. Cé gur sáraíodh na dúshláin sin, a bheag nó a mhór, a bhuí le hiarrachtaí comhcheangailte na gcomhpháirtithe uile, moltar go ndéanfadh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta luathchinneadh pleanála maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé mar sprioc straitéiseach aige foireann a cháiliú, nó líon níos ísle lúthchleasaithe a cháiliú, ionas gur féidir leis pleanáil ar an mbonn sin.

**3) Cóitseáil**

- Tá gá ann le tuilleadh comhordaithe idir traenálaithe pearsanta na lúthchleasaithe agus an Stiúrthóir Ardfheidhmíochta, agus aithnítear an méid sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na páirtithe uile a scrúdú conas is fearr is féidir déanamh amhlaidh trí thuilleadh deiseanna a chruthú le haghaidh comhoibriú.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le hEachspórt Éireann**

- Ba le cáilíocht an fheistis foirne agus leis an lóistíocht taistil a bhain na príomhábhair imní a chuir na lúthchleasaithe in iúl. Cé go dtuigtear gur ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar Chumann Parailimpeach na hÉireann atá freagracht chomhroinnte as roinnt gnéithe den phlean oibriúcháin, moltar go ndéanfadh an dá pháirtí athbhreithniú ar an bplean chun nach dtiocfaidh chun cinn an athuair i bPáras na fadhbanna a tháinig chun cinn i dTóiceo.


TOKYO 2020
TOYOTA
Panasonic
ENEOS
TOKYO 2020

# Tuarascáil maidir le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan lúthchleasaí amháin, Brittney Arendse, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo sa chatagóir 73 kg. Chríochnaigh Brittney sa 7ú háit, agus 107 kg á dtógáil aici. Ba é sin a sáriarracht phearsanta.

Ní aithnítear Tréantógáil Meáchan go foirmiúil mar spórt laistigh de chóras ardfheidhmíochta Spórt Éireann agus rinne sé sin difear don ullmhúchán le linn Thimthriall Thóiceo. Mar spórt atá ag teacht chun cinn, braitheadh go ndeachaigh an easpa líonra sheanbhunaithe tacaíochta agus cistiúcháin sa spórt agus an easpa tacaíochta cistiúcháin agus an easpa tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt a fuarthas ó Chumann Parailimpeach na hÉireann le linn chéim an cháiliúcháin i bhfeidhm ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt. Cé go ndeachaigh cáiliú déanach i bhfeidhm ar an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí freisin, tuairiscíodh eispéireas dearfach, tríd is tríd. Is gá breithniú a dhéanamh anois ar straitéis ardfheidhmíochta a fhorbairt laistigh de Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan agus ar ailíniú a ghnóthú le Cumann Parailimpeach na hÉireann.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Parai-thréantógála Meáchan suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an Stiúrthóir Feidhmíochta/an Treoraí Feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí athéisteacht le pointí a raibh fiúntas ag baint leo agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh thart ar 70 nóiméad agus cuireadh na daoine uile a cuireadh faoi agallamh ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Cinntíodh freisin gur thuig siad na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

### Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan parai-thréantógálaí meáchan amháin, Brittney Arendse, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo sa chatagóir 73 kg. Chríochnaigh Brittney sa 7ú háit, agus 107 kg á dtógáil aici. Ba é sin a sáriarracht phearsanta.

Ní bhfuair an lúthchleasaí aon tacaíocht airgeadais trí Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann do Thimthriall Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. B'amhlaidh a fuair an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta cistiú ad hoc i ngach bliain den Timthriall, áfach.

### Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Ós rud é nach n-aithnítear Tréantógáil Meáchan go foirmiúil mar spórt laistigh de chóras Ardfheidhmíochta Spórt Éireann, níor soláthraíodh aon seirbhísí cistiúcháin ná aon seirbhísí tacaíochta don lúthchleasaí le linn Thimthriall Thóiceo.

Mar spórt atá ag teacht chun cinn, ní raibh aon líonra seanbhunaithe tacaíochta agus cistiúcháin ann sa spórt agus braitheadh go ndeachaigh an easpa tacaíochta cistiúcháin agus an easpa tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt a fuarthas le linn chéim an cháiliúcháin i bhfeidhm ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt. Dúradh gurbh fhoinse frustrachais ar leith a bhí i seirbhísí tacaíochta a lorg ar bhonn ad hoc, gan aon phróiseas soiléir a bheith curtha in iúl don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta. Cuireadh plean struchtúrtha seirbhísí tacaíochta faoi bhráid Chumann Parailimpeach na hÉireann gach bliain agus, cé gur aithníodh go raibh acmhainní finideacha ar fáil, cuireadh béim ar an easpa soiléire a bhí ann maidir le rochtain ar an leithdháileadh acmhainní agus cistiúcháin go luath sa Timthriall ionas go bhféadfaí pleanáil go héifeachtach.

Braitheadh nach bhfuarthas aon tacaíocht ó Chumann Parailimpeach na hÉireann le linn chéim an cháiliúcháin ná le linn chéim an ullmhúcháin le haghaidh Thimthriall Thóiceo. Mar thoradh air sin, ghlac an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta freagracht lóistíochúil agus feidhmíochta air féin as straitéisí ullmhúcháin agus cáiliúcháin. Dúradh go raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta réamhghníomhach agus tacúil ina leith sin. Dúradh freisin, áfach, go raibh easpa acmhainní air agus go raibh sé scoite ó Chumann Parailimpeach na hÉireann. Sampla amháin de sin is ea gur labhair Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan faoin dóigh ar cuireadh go gníomhach é ó fhreastal ar chomórtais idirnáisiúnta sa bhliain díreach roimh Chluichí Thóiceo 2020 de dheasca phaindéim COVID-19. Tugadh faoi deara go raibh spóirt eile ag taisteal le linn na tréimhse céanna agus níor léir cén fáth ar insíodh dó féin gan taisteal, rud a d'fhéadfadh cáiliú a chur i mbaol. Le linn srianta paindéime a bheith i bhfeidhm in Éirinn, thacaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann leis na spóirt éagsúla tabhairt faoi na measúnuithe pleanála agus riosca ar cheangail Rialtas na hÉireann iad le haghaidh taisteal idirnáisiúnta thar lear chuig comórtais. Mhol Cumann Parailimpeach na hÉireann do na spóirt aird a thabhairt ar impleachtaí an choraintín tar éis dóibh taisteal chuig tíortha a bhí ar an liosta dearg nó a d'fhéadfaí a chur ar an liosta dearg.

Tríd is tríd, bhíothas sásta leis na gnéithe lóistíochúla den taisteal chuig an tSeapáin agus leis an gcampa coinneála in Narita. Dúradh gurbh eispéireas dearfach é an campa coinneála agus go raibh saoráidí cuí cóiríochta, bia agus traenála ar fáil ann. I dtuairim shonrach na ndaoine a cuireadh faoi agallamh, áfach, ní raibh gnéithe áirithe den champa ag teacht le timpeallacht ardfheidhmíochta. Mar shampla, ní raibh trealamh cuí (i.e., barraí agus plátaí calabraithe tréantógála meáchan) ar fáil don lúthchleasaí le linn an champa coinneála. Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara gur tharla sé, mar chuid den phleanáil ullmhúcháin réamh-Chluichí a rinneadh leis an spórt, gur oibrigh sé go dlúth le coiste eagrúcháin an champa coinneála in Narita chun a chinntiú go mbeadh an trealamh tréantógála meáchan ar fad a d'iarr an spórt ar fáil ag an gcampa coinneála. Chomh maith leis sin, thacaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann le barra tréantógála meáchan a iompar ó Éirinn chun freastal ar riachtanais traenála an lúthchleasaí. Thug an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta faoi deara freisin gur ghá don lúthchleasaí traenáil ina héadaí traenála féin toisc nár soláthraíodh aon éadaí traenála oifigiúla di.

Tá giollaí meáchan ina gcuid bhunúsach den fhoireann tacaíochta sa chúlra i bParai-thréantógáil Meáchan agus bhí an cóitseálaí den tuairim nach ndearnadh soláthar cuí dóibh sular baineadh an campa coinneála amach (ba cheart a thabhairt faoi deara gur tionóladh roinnt cruinnithe pleanála réamh-Chluichí idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, ar lena linn a pléadh an ní sin agus a comhaontaíodh go ngníomhódh an cóitseálaí nirt agus riochtaithe mar ghiolla meáchan). Cé gur mhór aige an dóigh ar tháinig ball foirne amháin de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (i.e., an síceolaí spóirt) isteach ar gearrfhógra chun gníomhú mar ghiolla meáchan, luaigh an cóitseálaí gur tharla sé sin mar gheall ar an easpa pleanála réamh-Chluichí agus go gcuirfí isteach go mór ar na hullmhúcháin réamh-Chluichí in éagmais na dea-thola sin (luaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann gur chomhaontaigh gach duine roimh ré go ngníomhódh an síceolaí foirne mar ghiolla meáchan). Braitheadh gur fágadh faoin gComhlacht Rialaithe Náisiúnta plé leis an ullmhúchán agus leis an bhfeidhmíocht ag na Cluichí agus nár ghlac Cumann Parailimpeach na hÉireann aon fhreagracht as na hullmhúcháin air féin.

Bhí fadhbanna suntasacha ann maidir le cáilíocht an fheistis agus maidir leis an dóigh ar leithdháileadh é. Dúradh go raibh an feisteas ar dhroch-cháilíocht agus gurbh fhadhbanna móra ar leith iad an easpa feistis feidhmíochta a bhí oiriúnach don teas agus don bhogthaise agus an easpa éadaí traenála. Níor tugadh aon chuntas ar riachtanais shonracha na lúthchleasaithe, ar mhíchumas na lúthchleasaithe ná ar riachtanais a bhí sonrach don spórt nuair a bhí an feisteas á leithdháileadh ach oiread.

## Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

### Tacaíocht ó Fhoireann Éireann

Dúradh go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar an atmaisféar i bhFoireann Éireann. Dá ainneoin sin, measadh, tríd is tríd, go raibh na hoibríochtaí sa Sráidbhaile go maith. Dúradh go raibh an Ceann Imeachta réamhghníomhach agus réiteachdhírithe.

Cé gur measadh go raibh an chóiríocht sa Sráidbhaile bunúsach, dúradh go raibh sí cuí go fóill. Tugadh faoi deara go raibh easpa atmaisféir foirne ann laistigh d'Fhoireann Éireann agus, cé gur aithníodh an tionchar a bhí ag srianta COVID-19 ina leith sin, braitheadh go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun braistint foirne a chruthú.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Dúradh go raibh rochtain leordhóthanach ann ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt le linn na gCluichí. Dúradh go raibh rochtain chuí ann ar sheirbhísí fisiteiripe agus leighis. Glacadh leis, áfach, go raibh tionchar ag prótacail COVID-19 ar an rochtain sin. Bhain an lúthchleasaí agus an cóitseálaí araon leas as seirbhísí síceolaíochta spóirt. Dúradh go raibh na seirbhísí sin go maith, agus an síceolaí spóirt ag gníomhú mar ghiolla meáchan freisin. Ba le tréimhse na gCluichí amháin a bhain samhail tacaíochta Chumann Parailimpeach na hÉireann agus an iarraidh uaidh ar thacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann agus, cé gur ceapadh an fhoireann eolaíochta agus leighis spóirt sa bhliain 2019, ba é an toradh a bhí ar an easpa comhordaithe ná nach raibh aon chaidreamh seanbhunaithe ann le soláthraithe tacaíochta roimh na Cluichí. Braitheadh go raibh tionchar aige sin ar a éifeachtaí a bhí na seirbhísí tacaíochta a fuarthas.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Caidreamh eagraíochtúil**
Ó thaobh an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta de, bhraith Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan nach bhfuair sé go leor tacaíochta ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus gur theastaigh tuilleadh tacaíochta uaidh chun aistriú chuig clár ardfheidhmíochta. Aithníodh go raibh gá ann le róil agus ionchais a shoiléiriú idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus Cumann Parailimpeach na hÉireann.

D'oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhréir le diansrianta na liúntas creidiúnúcháin a chuir Coiste Eagrúcháin Chluichí Thóiceo 2020 i bhfeidhm. Bhí teorainneacha sonracha ann leis an líon ball foirne tacaíochta a ceadaíodh in aghaidh an spóirt agus in aghaidh na toscaireachta. D'oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhar le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (agus an Chónaidhm Idirnáisiúnta) chun a chinntiú go mbeadh tacaíocht cóitseála ann ag an gcampa coinneála in Narita agus ag an ionad comórtais araon. Dúirt an cóitseálaí, ar iar-lúthchleasaí Parailimpeach é féin, gurbh é an toradh a bhí ar na srianta ó thaobh creidiúnúcháin de ná gur bhraith sé nach raibh aon fháilte roimhe agus nach raibh aige na tacaí a theastaigh uaidh chun an lúthchleasaí a chóitseáil. Bhí na daoine a cuireadh faoi agallamh den tuairim go bhfuil bearnaí ann san eolas atá ag foireann riaracháin Chumann Parailimpeach na hÉireann ar an spórt do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an spórt ardfheidhmíochta do dhaoine faoi mhíchumas go háirithe.

Fadhbach a bhí an chumarsáid idir Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Ní bhfuair an cóitseálaí ná an lúthchleasaí an deimhniú ón gCónaidhm Idirnáisiúnta á rá gur roghnaíodh an lúthchleasaí ach amháin trí seachtaine roimh na Cluichí. Bhí tionchar suntasach aige sin ar an ullmhúchán, go háirithe mar gheall ar chineál deonach an róil cóitseála.

**Infheistíocht**
Dúradh gur teorainn ar phleanáil ardfheidhmíochta agus ar fhorbairt ardfheidhmíochta ba ea an fíoras nach n-aithnítear Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta oifigiúil. Mar thoradh ar an easpa aitheantais sin, bhí rochtain dhíreach theoranta ag an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta ar thacaíocht airgeadais, ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt agus ar sheirbhísí tacaíochta eile.

**Treo straitéiseach**
Tarraingíodh aird ar a thábhachtaí atá sé tacú le córas feidhmíochta a fhorbairt i bParai-thréantógáil Meáchan. Dúradh go raibh tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le conair feidhmíochta inbhuanaithe láidir a chinntiú.

## Rannán 5: Moltaí

1) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do Pharai-thréantógáil Meáchan (Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt)) aistriú chuig córas ardfheidhmíochta agus ailíniú a ghnóthú le Spórt Éireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann. Ba cheart béim a chur ar Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) a chomhtháthú tuilleadh isteach i gcóras ardfheidhmíochta Spórt Éireann. Mar gheall ar an Timthriall gearr a bheidh ann roimh Chluichí Pháras 2024, moltar go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin a luaithe is féidir.

2) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do chóitseálaithe faoi mhíchumas laistigh den chóras feidhmíochta. Is fiú díriú go háirithe ar thacaíocht a thabhairt do Lúthchleasaithe Parailimpeacha aistriú ina gcóitseálaithe.

3) Is gá aird a thabhairt ar phleanáil mhionsonraithe feidhmíochta agus ar an rochtain ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt, go háirithe an dóigh a gcistítear na nithe sin ar fud an Timthrialla.

4) Ba cheart breithniú a dhéanamh freisin ar oiliúint a chur ar bhaill foirne ar fud an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta agus Chumann Parailimpeach na hÉireann. Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh an leibhéal feasachta ar mhíchumas agus an leibhéal taithí ar mhór-chraobhchomórtais a mhéadú i measc croíbhaill foirne feidhmíochta agus riaracháin.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) - Tréantógáil Meáchan**

- Tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar eagrú agus sainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann chun a chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm i leith gach ceann de na spóirt a dhéanfaidh ionadaíocht d'Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo.
- D'fhéadfadh go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ag athruithe i struchtúr foirne ceannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann agus san fhoireann ghaolmhar ar oibríochtaí agus ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán. Mar gheall ar an iomlaoid i bhfoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann idir na Timthriallta, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléire ann ar fud na mball foirne uile i ndáil lena gcuid ról agus freagrachtaí.


TOYOTA
SMYTH
TOKYO 2020

# Tuarascáil maidir le Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) ochtar lúthchleasaithe do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Bhuaigh Jason Smyth bonn óir i rás 100 m T13. Cé gur gá caighdeáin ardaitheacha na Para-lúthchleasaíochta ar fud an domhain a aithint, braitheadh, tríd is tríd, nach ndearna foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) chomh maith agus ba cheart di i dTóiceo. Níor éirigh ach le triúr ball den fhoireann a n-ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí a chomhlíonadh nó a shárú.

Is é Cumann Parailimpeach na hÉireann a rialaíonn agus a bhainistíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht). Is é an toradh atá air sin gurb ann do roinnt ról déach agus (go meastar gurb ann) d'easpa soiléire maidir le róil idir na feidhmeanna atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta.

Ar aon dul le cineál an spóirt, ba léir go raibh an phleanáil feidhmíochta don fhoireann Para-lúthchleasaíochta bunaithe ar chur chuige a bhí saincheaptha don duine aonair agus nach raibh aon chreat comhchoiteann ann le haghaidh traenáil, le haghaidh pleanáil do na Cluichí ná le haghaidh oibríochtaí le linn Thimthriall Thóiceo ná ag na Cluichí féin. Bhí an fhoireann faoi stiúir ag Ceann seanchleachta um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach agus tuairiscíodh go raibh caidreamh dearfach ann, tríd is tríd, idir baill foirne Para-lúthchleasaíochta agus para-lúthchleasaithe. Bhraith Cumann Parailimpeach na hÉireann nár bhain an fhoireann Para-lúthchleasaíochta leas iomlán as na tacaí eolaíochta agus leighis spóirt a cuireadh ar fáil di agus go raibh tionchar diúltach aige sin ar fheidhmíocht. Tá gá ann le leanúint le straitéis fhadtéarmach a phleanáil do Phara-lúthchleasaíocht, agus díriú á leagan ar chóitseáil, ar fhorbairt cóitseálaithe agus ar fhorbairt lúthchleasaithe cumasacha.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Para-lúthchleasaíochta suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an Stiúrthóir Feidhmíochta/an Treoraí Feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí athéisteacht le pointí a raibh fiúntas ag baint leo agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 90 nóiméad agus cuireadh na daoine uile a cuireadh faoi agallamh ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Cinntíodh freisin gur thuig siad na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

## Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) ochtar lúthchleasaithe do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí raon éagsúil taithí ag na baill den fhoireann. Bhí beirt lúthchleasaithe (Jordan Lee agus Mary Fitzpatrick) ag glacadh páirt sna Cluichí Parailimpeacha den chéad uair; bhí ceathrar lúthchleasaithe (Niamh McCarthy, Patrick Monaghan, Greta Streimikyte agus Orla Comerford) ag glacadh páirt sna Cluichí den dara huair; agus bhí Michael McKillop agus Jason Smyth ag glacadh páirt sna Cluichí den cheathrú huair agus den chúigiú huair faoi seach.

Bhuaigh Jason Smyth bonn óir i rás 100 m T13. Cé gur gá caighdeáin ardaitheacha na Para-lúthchleasaíochta ar fud an domhain a aithint, braitheadh, tríd is tríd, nach ndearna an fhoireann chomh maith agus ba cheart di i dTóiceo. Níor éirigh ach le triúr ball den fhoireann a n-ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí a chomhlíonadh nó a shárú (Tábla 1).

**Tábla 1. Ionchais feidhmíochta agus torthaí do Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)**

| Lúthchleasaí | Ionchas Feidhmíochta | Toradh |
|---|---|---|
| Greta Streimikyte | Na 4 Áit is Airde | An 5ú háit |
| Jason Smyth | Póidiam | Ór |
| Jordan Lee | Babhta Ceannais | An 9ú háit |
| Mary Fitzgerald | Babhta Ceannais | An 6ú háit |
| Michael McKillop | Na 4 Áit is Airde | An 8ú háit |
| Niamh McCarthy | Póidiam | An 5ú háit |
| Orla Comerford | Babhta Ceannais | An 13ú háit |
| Patrick Monaghan | An 12 Áit is Airde | An 12ú hÁit |

Cistíodh na baill uile den fhoireann trí Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann agus fuair siad go léir tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann (Tábla 2).

**Tábla 2. Leibhéal cistiúcháin do Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)**

| Lúthchleasaí | Leibhéal Cistiúcháin |
|---|---|
| Greta Streimikyte | Den chéad scoth (€20k) |
| Jason Smyth | Póidiam (€40k) |
| Jordan Lee | Den chéad scoth (€20k) |
| Mary Fitzgerald | Idirnáisiúnta (€12k) |
| Michael McKillop | Póidiam (€40k) |
| Niamh McCarthy | Póidiam (€40k) |
| Orla Comerford | Idirnáisiúnta (€12k) |
| Patrick Monahan | Den chéad scoth (€20k) |

## Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach trácht a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar an ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Ó mhí Feabhra 2020 i leith, ba ghá do Chumann Parailimpeach na hÉireann aird a thabhairt ar na himpleachtaí a bhí ag frithbhearta COVID-19 ar róil, freagrachtaí agus am agus ar na hacmhainní a bhain le cur chun feidhme na bhfrithbheart sin. Mar sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ghá sainchúram na ról aonair a athrú agus iad a chur in oiriúint do dhálaí a bhí ag teacht chun cinn. Áiríodh leo sin cóitseáil, an tionchar a bhí ag srianta COVID-19, díolúintí, agus imeacht ball foirne tábhachtach.

Ag oibriú dó/di faoi Stiúrthóir Feidhmíochta, déanann an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach bainistiú ar chlár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht). Dúirt na lúthchleasaithe go raibh caidreamh an-dearfach acu leis an duine sin, á rá gur imir an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach ról tábhachtach mar idirghabhálaí idir iad féin agus Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) ina cháil mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Dúradh go raibh caidreamh fo-optamach ann idir an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach, rud a chruthaigh deacrachtaí ó thaobh pleanála, ullmhúcháin agus cumarsáide de le linn Thimthriall Thóiceo. Ar aon dul lena ndúirt an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach agus an Stiúrthóir Feidhmíochta araon, dúirt formhór na lúthchleasaithe gur bheag teagmháil agus ionchur a fuair siad go díreach ó Chumann Parailimpeach na hÉireann

le linn don fhoireann ullmhú le haghaidh na gCluichí. Ba léir gur oibrigh foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) go neamhspleách ar an mór-Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta, agus bhraith na páirtithe uile (i.e., an Stiúrthóir Feidhmíochta, an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach, agus lúthchleasaithe) go bhfuil easpa soiléire ann maidir le cén áit a luíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) sa struchtúr foriomlán.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go ndúirt na baill uile d'fhoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) go raibh an t-ullmhúchán faoi stiúir ag an duine aonair. Cé gur aithin siad na róil a d'imir an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach agus an Stiúrthóir Feidhmíochta, bhí sé soiléir gur ghlac na lúthchleasaithe agus a gcóitseálaithe pearsanta cur chuige druidte i leith ullmhú le haghaidh na gCluichí. Cé gur cosúil go n-éiríonn go maith leis an socrú sin d'fhormhór na lúthchleasaithe mar gheall ar an líonra seanbhunaithe pearsanta atá acu, caitheadh amhras ar cé chomh hinbhuanaithe agus a bheadh sé do lúthchleasaithe óga, do lúthchleasaithe atá ag tosú amach i dtimpeallacht ardfheidhmíochta agus do lúthchleasaithe nach bhfuil an timpeallacht sin bainte amach acu go fóill. Cuireadh in iúl freisin nár ghá go raibh an cur chuige sin a bhí ceaptha don duine aonair ina ghné dhiúltach den ullmhúchán, go háirithe i gcás go raibh caidreamh láidir ann idir an cóitseálaí agus an lúthchleasaí. Mar sin féin, dúradh gur ghá aghaidh a thabhairt ar an easpa cainéal láidir cumarsáide agus formhaoirseachta atá ar bun idir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) agus an Stiúrthóir Feidhmíochta agus roinnt de na cleachtóirí eolaíochta agus leighis spóirt.

Bhraith lúthchleasaithe aonair agus roinnt ball foirne de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) go raibh an fhoireann dea-ullmhaithe agus go raibh sí réidh le feidhmiú go maith ag na Cluichí, beag beann ar an gcur isteach dosheachanta a chruthaigh paindéim COVID-19. Chuir na hagallaithe roinnt ábhar imní in iúl faoi ghnéithe áirithe de na seirbhísí a fuair siad. Cé gur tugadh na hábhair imní sin faoi deara, ní iniúchtar iad go mion sa tuarascáil seo ar mhaithe le hanaithnideacht na ndaoine uile lena mbaineann a chosaint. Mar shampla, fuarthas léargas measctha maidir le pleanáil feidhmíochta. Tá roinnt lúthchleasaithe lonnaithe i dTuaisceart Éireann, agus dúradh gur chuir an teip comhaontú foirmiúil a dhéanamh le hInstitiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann le haghaidh Thimthriall Thóiceo isteach go mór ar an ullmhúchán mar gheall ar thuairisciú ad hoc, ar an easpa ailínithe agus ar dheacrachtaí idirchaidrimh. Ar aon dul leis sin, ba chosúil go raibh easpa leanúnachais tacaíochta ann do roinnt lúthchleasaithe i ndáil le seirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt (fisiteiripe, mar shampla). Ina theannta sin, bhí éagsúlacht ann maidir lena mhéid a bhain daoine aonair leas as seirbhísí tacaíochta eile amhail síceolaíocht spóirt. Bhraith na lúthchleasaithe gur éirigh go maith leis an gCeann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach seirbhísí eolaíochta agus leighis spóirt a chomhordú i gcomhar leis an gCeann um Thacaíocht Feidhmíochta ó Institiúid Spórt Éireann. Is fiú a lua go bhfaigheann beirt de na lúthchleasaithe sinsearacha ar an bhfoireann tacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt trí Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann. Cé nach n-imríonn Cumann Parailimpeach na hÉireann tionchar mór ar chlár na lúthchleasaithe sin, ghníomhaigh an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach mar phointe teagmhála dóibh agus braitheadh go raibh caidreamh an-dearfach aige/aici leo.

Dúirt na lúthchleasaithe de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) gurbh fhearr leo tuilleadh neamhspleáchais a bheith acu agus iad ag ullmhú le haghaidh na gCluichí, go háirithe cinntí maidir leis an taisteal agus maidir le rochtain ar thraenáil aimsire teolaí. Aithníodh na dúshláin a chruthaigh paindéim COVID-19, go háirithe maidir leis an gcumas a bhí ag na lúthchleasaithe taisteal agus dul san iomaíocht thar lear le linn tréimhsí dianghlasála de dheasca rialacháin ón Rialtas agus de dheasca chóras cisealaithe Spórt Éireann. Mar sin féin, bhraith roinnt lúthchleasaithe gur neamhshoiléir a bhí na línte cumarsáide maidir le prótacail agus nósanna imeachta taistil agus mhol siad go ndéanfaí cinntí áirithe ar mhaithe le 'toradh ardfheidhmíochta' a bhaint amach. Bhí sé soiléir gur chruthaigh na saincheisteanna sin deacrachtaí idir an Stiúrthóir Feidhmíochta agus baill eile d'fhoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht), lenar áiríodh cliseadh cumarsáide, fadhbanna lóistíochúla agus riaracháin agus cur isteach ar an traenáil, nuair a forfheidhmíodh rialacháin maidir leis an taisteal le linn na paindéime. Cé gur aithin siad an teannas sin, thug an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin araon faoi deara gur éascaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann socruithe taistil nuair ab fhéidir le linn na paindéime, gur chomhlíon sé srianta rialtais agus gur oibrigh sé go réamhghníomhach le Spórt Éireann chun measúnuithe riosca agus moltaí a dhéanamh maidir leis an taisteal.

Bhraith roinnt lúthchleasaithe nár tugadh aon aird ar a riachtanais shonracha agus gur glacadh cur chuige cineálach i leith gnéithe áirithe, amhail taisteal agus riachtanais chothaithe, agus nár freastalaíodh ar a riachtanais dá dheasca sin. Tuairiscíodh go raibh difríocht ann maidir leis an dóigh ar ceadaíodh do spóirt áirithe taisteal agus maidir le dálaí taistil na spórt sin. Mhol na lúthchleasaithe an campa coinneála in Narita, á rá gur thug sé deis dóibh cleachtadh a fháil ar an timpeallacht nua agus oiriúnú do na hathruithe sa chrios ama. Thug roinnt lúthchleasaithe faoi deara gurbh fhearr leo moill a chur ar a dturas chuig an gcampa coinneála agus chuig an Sráidbhaile araon, á rá nár cuireadh sainroghanna pearsanta daoine aonair san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Chuir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) in iúl go láidir, áfach, go raibh na cinntí bunaithe ar bhreithniúcháin eolaíochta agus leighis spóirt.

Cé gur labhair na lúthchleasaithe go dearfach faoin gcampa coinneála, chuir Cumann Parailimpeach na hÉireann ábhair imní in iúl nár bhain na lúthchleasaithe leas cuí as an deis chun cleachtadh a fháil ar an timpeallacht. I dteannta na soláthraithe seirbhíse a conraíodh go díreach agus a bhí lonnaithe ag an gcampa chun ullmhú le haghaidh Chluichí Thóiceo (i.e., an Príomhoifigeach Liachta, an príomh-fhisiteiripeoir agus an síceolaí spóirt), d'oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhar le Spórt Éireann chun tacaíocht bhreise a fhostú, lenar áiríodh fisiteiripeoir a bhí le hobair go sonrach leis an bhfoireann Para-lúthchleasaíochta, cothaitheach, agus cóitseálaí nirt agus riochtaithe. Thaistil siad go léir chuig an gcampa coinneála réamh-Chluichí in Narita. Thug an Stiúrthóir Feidhmíochta le tuiscint nach raibh roinnt lúthchleasaithe sách ullmhaithe le haghaidh na gCluichí agus bhraith sé/sí nach ndearna siad go leor traenála ná go leor ullmhúcháin le linn an champa coinneála, á rá go raibh meon agus iompraíochtaí ardfheidhmíochta in easnamh (ar lúthchleasaithe áirithe). Tugadh faoi deara gur chruthaigh sé sin roinnt teannais idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus baill foirne cóitseála agus lúthchleasaithe de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht), rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tearcfheidhmíocht lúthchleasaithe áirithe.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**

Bhí léargas measctha maidir le tacaíocht cóitseála le fáil ar fud na foirne lúthchleasaíochta, rud a léirigh an contanam taithí a bhí ann san fhoireann. Bhraith na lúthchleasaithe (agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach) go raibh siad dea-ullmhaithe agus gur bhain siad leas as seirbhísí cuí agus iad ag ullmhú le haghaidh na gCluichí. Bhí a gcóitseálaithe pearsanta féin ag gach duine de na lúthchleasaithe agus cuireadh plean feidhmíochta le chéile chun ullmhú le haghaidh na gCluichí. Mar sin féin, dúradh gur bhain na lúthchleasaithe leas lag neamh-chomhsheasmhach as seirbhísí tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt. Maidir leis sin, dúradh nach raibh cuid den fhoireann sách ullmhaithe i ndáil le tacaíocht cóitseála, pleanáil feidhmíochta, straitéisí oiriúnúcháin, ullmhúchán don teas agus straitéisí taistil de dheasca idirchaidreamh ad hoc ar fud an Timthrialla. Is fiú a thabhairt faoi deara nár aontaigh na lúthchleasaithe uile ná an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach leis an tuairim sin. Bhraith siad gur ullmhaigh na lúthchleasaithe go cuí don teas, don taisteal agus don timpeallacht, le tacaíocht ó bhaill foirne ó Institiúid Spórt Éireann.

Bhí roinnt fadhbanna ann maidir leis an gcaidreamh idir cóitseálaithe pearsanta agus clár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht). Thug an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach faoi deara nár ligeadh dóibh formhaoirseacht a dhéanamh ar thraenáil ná ar ullmhúchán lúthchleasaithe aonair, agus a bhformhór ag obair go neamhspleách. Sainaithníodh é sin agus roinnt bearnaí i bpleanáil chórasach feidhmíochta mar nithe a bhféadfadh go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar fheidhmíocht lúthchleasaithe áirithe. Mar thoradh ar phróisis chreidiúnúcháin, ní raibh a lán cóitseálaithe pearsanta in ann taisteal chuig na Cluichí ná chuig an gcampa coinneála in éineacht lena lúthchleasaithe. Tugadh creidiúnú do chóitseálaithe a bhí sonrach don imeacht, áfach. Maidir leis sin, mhol roinnt lúthchleasaithe go ndéanfaí breithniú ar chreidiúnú cuí a thabhairt do chóitseálaithe chun tacú le lúthchleasaithe a bhfuil ionchais bhuaite bonn acu. Cé gur aithníodh nach bhfuil samhail láraithe oiriúnach do Phara-lúthchleasaíocht, glacadh leis go bhfuil tairbhí ag baint le cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i leith ullmhú agus traenáil. Mar shampla, cé go raibh an-mheas ann ar sheirbhísí agus cleachtóirí eolaíochta agus leighis spóirt, dúradh gur ad hoc de réir a cineáil a bhí an rochtain ar sheirbhísí tacaíochta agus gurbh fhiú do Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) cur chuige bainistithe comhordaithe a ghlacadh ina leith sin. Cuireadh in iúl go láidir, áfach, go bhfuil tuilleadh saineolais

ar an bparaspórt ag teastáil ar fud an tsoláthair cóitseála agus an tsoláthair eolaíochta agus leighis spóirt laistigh de mhórchóras tacaíochta an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta/an Choiste Pharailimpigh Náisiúnta.

## Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Dúirt foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) go raibh eispéireas dearfach aici i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe, beag beann ar rialacháin COVID-19. Cé go ndúradh go raibh an chóiríocht bunúsach, ghlac na lúthchleasaithe leis gur thacaigh cinntí cuí maidir le comhroinnt seomraí lena bhfeidhmíocht. Thug roinnt lúthchleasaithe faoi deara go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun na hárasáin agus na foirgnimh a mhaisiú ar mhaithe le cuma níos láidre 'Fhoireann Éireann' a chur orthu. Dúradh go raibh fadhbanna suntasacha ann maidir le cáilíocht an fheistis agus maidir leis an dóigh ar leithdháileadh é. Dúradh gurbh fhadhb mhór ar leith í an easpa feistis feidhmíochta a bhí oiriúnach don teas agus don bhogthaise. Bhí díomá ar lúthchleasaithe a bhí páirteach i gCluichí Parailimpeacha roimhe gur tháinig fadhbanna den chineál céanna chun cinn ag Cluichí roimhe agus nár réitíodh iad go fóill.

Dúradh go raibh oibríochtaí Fhoireann Éireann sa Sráidbhaile go maith, tríd is tríd. D'aithin na baill uile an ról a bhí ag an gCeann Imeachta ina leith sin, go háirithe an cur chuige réiteachdhírithe a glacadh. Ba chosúil, áfach, nach raibh siad chomh sásta céanna leis na baill eile d'fhoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann, agus an easpa taithí ar Chluichí Parailimpeacha á sainaithint mar chúis le roinnt easnamh. Go háirithe, luaigh lúthchleasaithe agus baill foirne de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) gur tháinig fadhbanna chun cinn maidir leis na meáin agus le hoibríochtaí, lenar áiríodh fadhbanna taistil agus lóistíochúla. Tugadh le tuiscint go raibh easpa cuntasachta agus gairmiúlachta ar roinnt ball foirne de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann agus go ndeachaigh an easpa meoin ardfheidhmíochta a bhí orthu i bhfeidhm ar roinnt cinntí.

### Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta

Bhí formhór na lúthchleasaithe an-sásta leis na seirbhísí cóitseála agus tacaíochta a fuarthas le linn na gCluichí. Dúirt na lúthchleasaithe de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) go raibh rochtain chuí acu ar thacaíocht fisiteiripe agus liachta. I bhformhór na gcásanna, áfach, ní raibh aon chaidreamh seanbhuanaithe ann le soláthraithe seirbhíse agus measadh, mar sin, go raibh tionchar diúltach ag an easpa comhsheasmhachta ó thaobh tacaíochta de. Aithníodh freisin gur tharla sé, de dheasca creidiúnú agus cistiú teoranta, gur leata ar fud Fhoireann Éireann a bhí an rochtain ar sheirbhísí tacaíochta. D'fhág sé sin nach raibh rochtain thráthúil ar fáil i ngach cás.

Mar sin féin, bhí an caidreamh oibre le roinnt ball foirne eolaíochta agus leighis spóirt faoi bhun an chaighdeáin. Maidir le soláthraí seirbhíse amháin ar chonraigh Cumann Parailimpeach na hÉireann é, dúradh gur iompair sé é féin go dona agus go raibh easpa soiléire agus cuntasachta maidir le róil air. Dúirt an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach gur cheart dó/di ionchur díreach a bheith aige/aici maidir le comhdhéanamh na foirne soláthraithe seirbhíse tacaíochta a cheapann Cumann Parailimpeach na hÉireann.

### Tacaíocht ó Fhoireann Éireann

Bhí na hagallaithe uile sásta leis an ionchur agus an tacaíocht a fuarthas ó fhoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann sa Sráidbhaile. Cé go ndúradh go raibh an Ceann Imeachta suáilceach, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl faoin leibhéal taithí a bhí aige/aici agus faoin gcumas a bhí aige/aici idirghabháil ar shlí éifeachtach réamhghníomhach. Bhí sé níos deacra fós don Cheann Imeachta dul i bhfeidhm ar an ullmhúchán le haghaidh Chluichí Thóiceo agus ar na hoibríochtaí lena linn toisc gur ceapadh go déanach sa Timthriall (Aibreán 2021) é/í. Ar mhaithe leis na teorainneacha braite sin a shárú, bhí sé soiléir gur ghlac lúthchleasaithe aonair agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach araon freagracht as a lán cinntí orthu féin, gan aon ionchur ó Chumann Parailimpeach na hÉireann ná ón gCeann Imeachta. Bhí taithí ag na baill foirne cóitseála agus bainistíochta, agus roinnt Timthriallta Parailimpeacha curtha isteach acu cheana féin, agus luadh go raibh an taithí sin ar cheann amháin de na príomhchúiseanna ar seachnaíodh dúshláin fhéideartha agus bacainní féideartha le linn na gCluichí. Dúirt Cumann Parailimpeach na hÉireann gur cumhachtaíodh an fhoireann Para-lúthchleasaíochta agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach obair go neamhspleách mar gheall ar an leibhéal saineolais agus taithí a bhí acu, agus iad ag tuairisciú go fóill d'fhoireann ceannaireachta na gCluichí.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Caidreamh eagraíochtúil**

Gníomhaíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta agus mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Phara-lúthchleasaíocht araon. Mar thoradh air sin, is ar roinnt ball foirne atá freagrachtaí ar fud roinnt spórt difriúil maidir le Foireann Éireann a chomhordú le haghaidh Cluichí Parailimpeacha (feidhm an Choiste Pharailimpigh Náisiúnta). Tá róil eile níos sonraí don spórt, áfach. Dúirt cuid mhór de na lúthchleasaithe go raibh easpa soiléire ann maidir leis an struchtúr ról sin.

Is cosúil nach raibh an caidreamh idir na príomh-gheallsealbhóirí éifeachtach (e.g., lúthchleasaithe/ an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach agus Cumann Parailimpeach na hÉireann). Ó thaobh an lúthchleasaí de, dúirt roinnt lúthchleasaithe sinsearacha go raibh caidreamh scoilte acu le Cumann Parailimpeach na hÉireann (ina cháil mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta), á rá go raibh easpa iontaoibhe, cuntasachta agus freagrachta ar an bpríomhchúis leis sin. Ach amháin i gcás an Chinn um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach, mheas na lúthchleasaithe nach n-éistear leo agus nach bhfuil aon fhonn ar Chumann Parailimpeach na hÉireann tacú lena bhforbairt ná foghlaim óna n-eispéiris ar fud roinnt Timthriallta éagsúla. Ar an leibhéal oibriúcháin, tuairiscíodh go raibh caidreamh scoilte den chineál céanna ann idir an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach. Tuairiscíodh go raibh an caidreamh eatarthu fo-optamach dá dheasca sin agus moladh go ndéanfaí é a athchalabrú ar mhaithe leis an tacaíocht is fearr is féidir a thabhairt do lúthchleasaithe le haghaidh Thimthriall Chluichí Pháras 2024.

**Infheistíocht**

Agus é faoi shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann, faigheann Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) tacaíocht ó Spórt Éireann. Ina theannta sin, faigheann sé seirbhísí dírithe tacaíochta eolaíochta agus leighis spóirt ó chleachtóirí de chuid Institiúid Spórt Éireann, ó chleachtóirí de chuid Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann agus ó chleachtóirí conraithe de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann. Tarraingíodh aird ar an ngá atá ann leis na seirbhísí sin a chomhordú ar fud roinnt soláthraithe agus le tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe iad a úsáid ar shlí chomhsheasmhach. Mhol Institiúid Spórt Éireann go láidir go ndéanfadh Cumann Parailimpeach na hÉireann an caidreamh tacaíochta feidhmíochta a dhéanann sé le hInstitiúid Spórt Éireann, agus na hiarrataí ar thacaíocht feidhmíochta a sheolann sé chuig Institiúid Spórt Éireann, a bhogadh níos gaire don tsamhail atá i bhfeidhm idir Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann le haghaidh Thimthriall Pháras, á rá gur faoi bhun an chaighdeáin atá samhail tacaíochta le haghaidh na gCluichí amháin.

Cé go dtagann Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) faoi shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann, baineadh de thátal as na hagallaimh go raibh teannas ann idir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) agus Cumann Parailimpeach na hÉireann ó thaobh cúrsaí oibriúcháin agus straitéiseacha de. Bhraith roinnt lúthchleasaithe sinsearacha go raibh samhail chomhroinnte mheabhrach maidir leis an spórt ardfheidhmíochta in easnamh ar dhaoine aonair agus ar rannóga laistigh den eagraíocht. Níor chosúil go ndearnadh aon iniúchtaí ná go raibh aon deiseanna 'seiceáil agus ceistiú' ann idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) le linn Thimthriall Thóiceo.

Phléigh roinnt rannpháirtithe an ról atá ag an Stiúrthóir Feidhmíochta ar fud dhá spórt (Para-lúthchleasaíocht agus Parashnámh) agus cheistigh siad cé acu atá nó nach bhfuil dóthain acmhainní ann chun tacú leis an dá spórt ar bhonn cothrom. Tugadh faoi deara go bhfeidhmíonn an Stiúrthóir Feidhmíochta mar chóitseálaí pearsanta do roinnt de na parashnámhóirí freisin, agus cheistigh roinnt rannpháirtithe cé acu a bhí nó nach raibh aon choinbhleacht leasa i gceist leis sin. Cé gur aithníodh gur ar roinnt ball foirne atá freagrachtaí atá sonrach don Choiste Parailimpeach Náisiúnta agus freagrachtaí atá sonrach don spórt, ba cheart breithniú a dhéanamh ar róil a shoiléiriú i mór-chomhthéacs Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Bhí sé an-soiléir go raibh caidreamh láidir seanbhunaithe ann idir baill foirne ardfheidhmíochta agus Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht), agus braistint iontaoibhe agus dáimhe le feiceáil eatarthu. D'oibrigh an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach mar éascaitheoir chun tacú leis na

lúthchleasaithe a mbealach a dhéanamh tríd an gcóras ar an tslí is fearr. D'fhág sé sin go ndeachthas timpeall ar chainéil oifigiúla ó am go ham.

**Treo straitéiseach**
Bhain Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) rath amach ar fud roinnt Cluichí éagsúla. Aithnítear, áfach, go bhfuil an fhoireann ag dul in aois. Mar aon leis na caighdeáin ardaitheacha i bPara-lúthchleasaíocht ar fud an domhain, is dóigh go gcuirfidh sé sin as do rath leanúnach Fhoireann Éireann ag Cluichí amach anseo. Aithníodh go bhfuil tuilleadh lúthchleasaithe cumasacha ag teastáil má tá Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) chun leanúint lena chaighdeán reatha feidhmíochta. Tá roinnt tionscnamh le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint ar siúl faoi láthair. Is gá do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar shlite inar féidir borradh a chur faoi na cláir le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt ar mhaithe leis an bpíblíne a chothú. Bíonn caighdeáin feidhmíochta ag ardú ar fud an domhain i bPara-lúthchleasaíocht go háirithe agus sa pharaspórt i gcoitinne, agus luadh gur gá breithniú straitéiseach a dhéanamh, agus spriocdhíriú ansin, ar aicmithe difriúla ina bhfuil acmhainneacht ann boinn a bhuachan agus babhtaí ceannais a bhaint amach ag Cluichí Parailimpeacha agus ag Craobhchomórtais an Domhain.

Mar gheall ar roinnt de na saincheisteanna a luadh i ndáil le caidreamh, i ndáil le soiléire maidir le róil agus i ndáil le freagrachtaí, is amhlaidh, ar an leibhéal oibriúcháin, atá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar na struchtúir laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht), ar cén áit a luíonn an spórt laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann, ar an tsoiléire maidir le róil atá ann laistigh de chlár an Choiste Pharailimpigh Náisiúnta agus an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, agus ar chaidreamh an chláir le soláthraithe seirbhíse. Bunaithe ar na cuntais fhrithráiteacha a fuarthas ó gheallsealbhóirí ar fud na heagraíochta, bhí sé soiléir go bhfuil samhail chomhroinnte mheabhrach in easnamh ar fud Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) agus Chumann Parailimpeach na hÉireann.

## Rannán 5: Moltaí

1) Ós rud é go n-oibríonn an Stiúrthóir Feidhmíochta ar fud dhá spórt, tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ann ar an ról sin i gCumann Parailimpeach na hÉireann. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tsoiléire maidir le róil atá ann ar gach leibhéal den eagraíocht chun aghaidh a thabhairt ar na coinbhleachtaí leasa braite nó iarbhír.

2) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu ba cheart leanúint leis na freagrachtaí ardfheidhmíochta as Para-lúthchleasaíocht a leagan ar Chumann Parailimpeach na hÉireann nó iad a aistriú chuig Lúthchleasaíocht Éireann. Má aistrítear na freagrachtaí sin chuig Lúthchleasaíocht Éireann, moltar, mar gheall ar an Timthriall gearr a bheidh ann roimh Chluichí Pháras 2024, go gcuirfí an t-aistriú i gcrích tar éis na bliana 2024. Moltar freisin, áfach, go dtosófaí ag pleanáil don aistriú chuig an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta a luaithe is féidir.

3) Dúirt na hagallaithe ó Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) gur glacadh cur chuige druidte i leith ullmhúcháin agus feidhmíochta, á rá go raibh na lúthchleasaithe sásta obair go neamhspleách, le tacaíocht ón gCeann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach. Is fiú a rá gur thuairiscigh an Ceann um Lúthchleasaíocht Pharailimpeach agus na lúthchleasaithe aonair go raibh siad sásta leis an socrú sin. Mar sin féin, is gá an caidreamh idir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht) agus Cumann Parailimpeach na hÉireann a scrúdú ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as na hacmhainní agus an saineolas atá ar fáil agus, ar an leibhéal oibriúcháin, ar mhaithe le cuntasacht a chinntiú do na páirtithe uile. Is gá aird ar leith a thabhairt ar phleanáil mhionsonraithe feidhmíochta ar fud an spóirt agus is gá treisiú leis an ról atá ag an Stiúrthóir Feidhmíochta maidir le hionchais a shocrú agus maidir le cuntasacht a bhrú chun cinn.

4) D'fhéadfadh go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ag athruithe i struchtúr foirne ceannaireachta Chumann Parailimpeach na hÉireann agus san fhoireann ghaolmhar le linn Thimthriall Thóiceo ar oibríochtaí agus ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán. Mar gheall ar an iomlaoid i bhfoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann idir na Timthriallta, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléire ann ar fud na mball foirne uile i ndáil lena gcuid ról agus freagrachtaí.

5) Mar gheall ar láthair gheografach na mball de Chumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht), ba cheart breithniú a dhéanamh ar chomhaontú foirmiúil a dhéanamh idir Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann. Gheobhadh lúthchleasaithe soláthar seirbhíse níos comhtháite dá bharr sin.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Cumann Parailimpeach na hÉireann (Lúthchleasaíocht)**

- Tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar struchtúr agus sainchúram na heagraíochta chun a chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm i leith na spórt lena mbaineann.



CUMANN PARAILIMPEACH NA HÉIREANN (SNÁMH)

# Tuarascáil maidir le Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)

### Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) cúigear snámhóirí do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Bhuaigh Ellen Keane bonn óir i snámh brollaigh 100 m SB8 agus bhuaigh Nicole Turner bonn airgid i Snámh Féileacáin 50 m S6. Sháraigh an bheirt snámhóirí a n-ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí. D'éirigh le gach ball eile den fhoireann Parashnámha a n-ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí a shárú freisin. Rangaigh sé imeacht Éireannacha sna 8 nÁit is Airde agus bhain 11 snámh áit sna 8 nÁit is Airde amach.

Is é Cumann Parailimpeach na hÉireann a rialaíonn agus a bhainistíonn Parashnámh. Is é an toradh atá air sin gurb ann do roinnt ról déach agus (go meastar gurb ann) d'easpa soiléire maidir le róil idir an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an Coiste Parailimpeach Náisiúnta.

Bhí sé soiléir go raibh an rath a bhí ar chlár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) bunaithe ar phleanáil mhionsonraithe, ar eolas agus taithí na bpríomhbhall foirne agus na gcóitseálaithe, ar leanúnachas ó thaobh cur chuige de agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ar fud roinnt Timthriallta Parailimpeacha éagsúla. Bhí éifeacht chobhsaitheach ag taithí na mball foirne cóitseála, eolaíochta spóirt, liachta agus feidhmíochta don lucht Parashnámha, rud a d'imir tionchar dearfach ar fheidhmíocht agus a chinntigh gur sáraíodh aon dúshláin fhéideartha le linn na gCluichí.

### Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Parashnámha suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an Stiúrthóir Feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta
- Agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí pointí a raibh fiúntas ag baint leo a athbhreithniú agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 90 nóiméad agus cuireadh na daoine uile ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Tógadh am chun a chinntiú gur thuig na rannpháirtithe uile na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannpháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d’Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d’éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D’éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

## Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Ar an gcéad dul síos, bhí Cumann Parailimpeach na hÉireann ag iarraidh trácht a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar an ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Rud sonrach, ó mhí Feabhra 2020 i leith, ba ghá do Chumann Parailimpeach na hÉireann aird a thabhairt ar na himpleachtaí a bhí ag frithbhearta COVID-19 ar róil, freagrachtaí agus am agus ar na hacmhainní a bhain le cur chun feidhme na bhfrithbheart sin. Mar sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur ghá sainchúram na ról aonair a athrú agus iad a chur in oiriúint do dhálaí a bhí ag teacht chun cinn. Áiríodh leo sin cóitseáil, an tionchar a bhí ag srianta COVID-19, díolúintí, agus imeacht ball foirne tábhachtach.

Cháiligh Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) cúigear lúthchleasaithe do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí triúr lúthchleasaithe ag dul san iomaíocht sna Cluichí den chéad uair riamh agus ghlac beirt páirt i gCluichí roimhe.

D’éirigh le Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) a spriocanna feidhmíochta do Chluichí Thóiceo a chomhlíonadh nó a shárú. Bhuaigh sé bonn óir amháin agus bonn airgid amháin agus chomhlíon sé gach ionchas feidhmíochta eile (Tábla 1). Is fiú a lua go raibh roinnt Parailimpeach céaduaire ann a bhain tairbhe as an eispéireas Parailimpeach agus a bhfuil dea-bhail orthu anois do Chluichí Pháras 2024 agus do Chluichí Los Angeles 2028.

Braitheadh gur thacaigh athsceidealú na gCluichí Parailimpeacha ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021 le forbairt agus ullmhúchán na lúthchleasaithe. Go háirithe, sainaithníodh an fheidhmíocht ag Craobhchomórtas Eorpach Chumann Parashnámha an Domhain i mí na Bealtaine 2021 (cúig áit ar an bpóidiam, dhá bhonn airgid agus trí bhonn cré-umha) mar léiriú ar cé chomh hullmhaithe agus a bhí an fhoireann le haghaidh Chluichí Thóiceo.

**Tábla 1. Ionchais feidhmíochta agus torthaí do Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)**

| Ionchas Feidhmíochta | Toradh |
|---|---|
| Bonn Airgid amháin (Ellen Keane) | Ór |
| Bonn Cré-umha amháin (Nicole Turner) | Airgead |
| Áit sna 8 nÁit is Airde sé huaire | Áit sna 8 nÁit is Airde aon uair déag |
| Laistigh de 3% ó bhonn cré-umha a bhuachan dhá uair | An 5ú háit nó an 6ú háit ceithre huaire |
| Laistigh de 2% ón 8ú háit sé huaire | An 9ú háit nó an 10ú háit trí huaire |

Bhí na lúthchleasaithe uile ar an bhfoireann Parashnámha cardáilte agus bhí siad go léir incháilithe do thacaíocht trí Institiúid Spórt Éireann (Tábla 2).

**Tábla 2. Leibhéal cistiúcháin agus torthaí do Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)**

| Lúthchleasaí | Leibhéal Cistiúcháin | Torthaí |
|---|---|---|
| Barry McClements | Idirnáisiúnta (€12k) | An 9ú háit, an 7ú háit, an 10ú háit agus an 10ú háit |
| Ellen Keane | Póidiam (€40k) | An 1ú háit agus an 5ú háit |
| Nicole Turner | Póidiam (€40k) | An 2ú háit, an 8ú háit agus an 7ú háit |
| Patrick Flanagan | Idirnáisiúnta (€12k) | An 12ú háit agus an 17ú háit |
| Róisín Ní Ríain | Idirnáisiúnta (€12k) | An 8ú háit, an 6ú háit, an 5ú háit, an 15ú háit, an 6ú háit agus an 7ú háit |

## Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Bhí comhdhearcadh ann i measc na lúthchleasaithe agus na mball foirne go raibh foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) dea-ullmhaithe agus go raibh sí réidh le feidhmiú go maith ag na Cluichí. Bhí an-taithí ag an bhfoireann cóitseála, agus trí Thimthriall Pharailimpeacha ar a laghad curtha isteach aici cheana féin i róil ghairmiúla, agus braitheadh go raibh ríthábhacht ag baint leis an taithí agus an saineolas sin mar gheall ar an gcastacht a chruthaigh an mhoill ar na Cluichí agus paindéim COVID-19. Thug lúthchleasaithe agus baill foirne araon faoi deara gur ghlac foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) freagracht uirthi féin as a hullmhúchán agus go raibh sí sásta obair ina 'boilgeog'. Dúirt Cumann Parailimpeach na hÉireann gur fhormhuinigh sé an cur chuige sin agus gur chumhachtaigh sé an fhoireann agus an lucht bainistíochta Parashnámha obair go neamhspleách mar gheall ar an leibhéal saineolais agus taithí a bhí acu, agus iad ag tuairisciú go fóill d'fhoireann ceannaireachta na gCluichí.

Déanann Bainisteoir Parashnámha bainistiú ar chlár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) agus dúradh gur láidreacht ar leith iad leanúnachas agus saineolas an phearsanra laistigh den eagraíocht. Dúradh freisin, áfach, nach raibh na struchtúir reatha inbhuanaithe agus go raibh baol ann go gcaillfí méid suntasach maoine intleachtúla agus eolais a luaithe a bheadh aon athrú ann i bpearsanra. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur éirigh an Bainisteoir Parashnámha as an ról sin ó shin i leith. Tá sé/sí fós páirteach sa chlár i gcáil cóitseála.

Braitheadh gur imir an phleanáil feidhmíochta a rinneadh le linn Thimthriall Thóiceo tionchar dearfach ar rath na foirne. Sular thaistil sí go Narita le haghaidh an champa coinneála réamh-Chluichí, thaistil an fhoireann go Fuerteventura le haghaidh campa traenála dhá sheachtain. Roghnaíodh an láthair sin toisc go bhfuil foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) an-eolach ar na saoráidí atá ar fáil inti agus gur thraenáil siad inti roinnt uaireanta cheana féin. Dúradh gur champa sármhaith é agus gur ullmhaigh sé na lúthchleasaithe don aimsir agus do dhálaí eile a rabhthas ag súil leo ag na Cluichí. Mar shampla eile, eagraíodh campa traenála in Narita, an tSeapáin (an t-ionad sainaitheanta campa coinneála), sa bhliain 2019. D'fhreastail geall le gach lúthchleasaí, cóitseálaí agus ball foirne ar an gcampa sin, in oirchill a roghnúcháin do na Cluichí sa bhliain 2020. Braitheadh gur éirigh leis an gcampa deis a thabhairt dóibh straitéisí taistil agus oiriúnúcháin a thástáil agus foghlaim faoin gcampa coinneála agus faoi na hionaid traenála. Bhí sé soiléir, bunaithe ar na hagallaimh, gur phleanáil na baill foirne cóitseála agus tacaíochta na campaí ullmhúcháin sin go mion ar mhaithe le lóistíocht a chleachtadh, pleananna a thástáil agus am a chaitheamh mar fhoireann.

Tríd is tríd, bhíothas ar aon tuairim go raibh an fhoireann dea-ullmhaithe agus go raibh sí réidh le feidhmiú go maith i dTóiceo. Bhí taisteal na foirne ó Fuerteventura go Narita agus ar aghaidh go dtí an Sráidbhaile dea-phleanáilte. Bhraith na lúthchleasaithe gur cuireadh na straitéisí taistil agus oiriúnúcháin i gcrích go héifeachtach, rud a d'fhág go raibh siad i mbarr a maitheasa faoi thús an chomórtais. Dúirt na cóitseálaithe agus na baill foirne tacaíochta gur chloígh na lúthchleasaithe go han-dlúth leis na straitéisí ullmhúcháin sin, á thabhairt le tuiscint go raibh an cur chuige comhordaithe láraithe a glacadh i leith an ullmhúcháin taobh thiar de sin. A bhuí leis sin, braitheadh ag na Cluichí go raibh gach rud simplí agus dea-chleachta ó thaobh cúrsaí lóistíochúla agus oibriúcháin de.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**

Thuairiscigh na lúthchleasaithe uile go raibh siad an-sásta leis na seirbhísí cóitseála agus tacaíochta a fuair siad agus iad ag ullmhú le haghaidh na gCluichí Parailimpeacha ar fud trí ionad traenála: 1) an tIonad Náisiúnta Uisce (Baile Átha Cliath); 2) Airéine Spóirt Ollscoil Luimnigh (Luimneach); agus 3) Bangor Aurora (Beannchar). Fuair siad tacaíocht ó bhaill foirne de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann, Chumann Snámha na hÉireann agus Shnámh Uladh ag na hionaid sin. Chuir an Stiúrthóir Feidhmíochta agus an Bainisteoir Parashnámha roinnt ábhar imní in iúl faoin gcaidreamh le cóitseálaithe 'baile', i gcás na snámhóirí sin a bhí lonnaithe ar shiúl ón Ionad Náisiúnta Uisce. Maidir leis sin, tugadh faoi deara gur ag na rialacháin a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19 agus lenar ceadaíodh do scoth-lúthchleasaithe traenáil le chéile ag an Ionad Náisiúnta Uisce a bhí tionchar dearfach ar fheidhmíocht agus ullmhúchán na lúthchleasaithe sin trí chur chuige níos cuíchóirithe agus níos comhsheasmhaí a éascú i leith traenáil agus ullmhú. D'fhág na dálaí sin go raibh lúthchleasaithe in ann traenáil, seirbhísí tacaíochta a rochtain agus bualadh le cóitseálaithe san aon láthair amháin. Cé gur aithníodh go bhféadfadh nach mbeadh samhail láraithe oiriúnach don spórt sa todhchaí, glacadh leis go bhfuil tairbhí ag baint le cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i leith ullmhú agus traenáil.

Cé go raibh duine ag obair sa ról mar Phríomhchóitseálaí le linn Thimthriall Thóiceo, tugadh faoi deara nach raibh aon teagmháil i bpearsa aige/aici le haon snámhóirí le linn na 18 mí roimh na Cluichí, bíodh an teagmháil sin ar deic, i gcomórtas nó le linn campaí ullmhúcháin. Mar sin, ba iad an Bainisteoir Parashnámha agus an Stiúrthóir Feidhmíochta a chomhlíon na freagrachtaí a bhí ar Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) cóitseáil i bpearsa ag comórtais agus i gcampaí ullmhúcháin. Cé go ndúirt na hagallaithe uile go raibh sé sin an-dearfach, ba cheart a thabhairt faoi deara gur shealbhaigh na daoine aonair sin róil ardbhainistíochta san eagraíocht freisin (Bainisteoir Parashnámha agus Stiúrthóir Feidhmíochta faoi seach). Dúirt an bheirt díobh go bhféadfadh go mbeadh an socrú sin neamh-inbhuanaithe mar gheall ar an ualach oibre a bhíonn i gceist agus mar gheall ar éilimh na bpost lena mbaineann.

Bhí sé soiléir gur glacadh cur chuige a bhí saincheaptha don duine aonair chun gach lúthchleasaí a ullmhú ar an tslí is fearr le haghaidh Chluichí Thóiceo. Mheas na lúthchleasaithe go raibh sé sin ar cheann amháin de láidreachtaí an chláir. Tuairiscíodh roinnt dúshlán, lenar áiríodh am dóthanach sa linn, sceidealú, agus rochtain ar chomórtais. Bhraith na hagallaithe uile, áfach, go ndearnadh gach rud chun na tosca sin a íoslaghdú ionas nach mbeadh aon tionchar acu ar ullmhúchán ná, ar deireadh, ar fheidhmíocht.

Dúradh go raibh na seirbhísí tacaíochta a sholáthair Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Institiúid Spórt Éireann ar cheann amháin de láidreachtaí an chláir. Rinne an Bainisteoir Parashnámha bainistiú ar na seirbhísí sin, le tacaíocht ón Stiúrthóir Feidhmíochta. Bhí dea-fhianaise ann go raibh ag éirí leis na seirbhísí sin agus go raibh siad á soláthar ar shlí réamhghníomhach, le tacaíocht ó chleachtóirí éifeachtacha eolacha. Cuireadh in iúl go láidir, áfach, go bhfuil tuilleadh saineolais ar an bparaspórt ag teastáil ar fud an tsoláthair cóitseála agus an tsoláthair eolaíochta/leighis spóirt laistigh den mhórchóras tacaíochta.

### Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

Dúirt foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) go raibh eispéireas dearfach aici i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe, beag beann ar rialacháin COVID-19. Dúradh go raibh an chóiríocht bunúsach agus thug roinnt lúthchleasaithe faoi deara go bhféadfaí tuilleadh a dhéanamh chun na hárasáin agus na foirgnimh a mhaisiú ar mhaithe le cuma níos láidre ‘Fhoireann Éireann’ a chur orthu. Maidir le himeachtaí éigeantacha Fhoireann Éireann, dúirt lúthchleasaithe agus baill foirne araon go raibh roinnt de na himeachtaí sceidealaithe ag teacht salach ar a sceideal traenála agus gurbh fhearr leo tuilleadh neamhspleáchais a bheith acu maidir lena rannpháirtíocht i roinnt de na himeachtaí sin.

Bhí roinnt de na lúthchleasaithe míshásta leis na socruithe cóiríochta, áit ar chomhroinn siad seomraí le lúthchleasaithe ó spóirt eile. Sna cásanna sin, thug na snámhóirí le tuiscint nach raibh an meon céanna ‘ardfheidhmíochta’ ag na lúthchleasaithe ó spóirt eile agus go bhféadfadh an meon sin, difríochtaí i sceidil na lúthchleasaithe faoi seach agus an baol go rachfaí i ndlúth-theagmháil le duine a bhfuil COVID-19 air/uirthi tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht. Cé nach raibh aon éifeacht dhíobhálach ann sa chás seo, thug baill foirne le tuiscint gurbh fhearr leo ionchur a bheith acu maidir leis na socruithe lóistíochúla sa Sráidbhaile. Cé gur glacadh leis nach raibh aon réiteach foirfe ann, dúirt baill foirne go raibh fonn orthu rannchuidiú le cinntí lóistíochúla.

Dúradh go raibh dea-thimpeallacht Fhoireann Éireann ann sa Sráidbhaile, tríd is tríd. Mar sin féin, dúirt na snámhóirí go raibh siad sásta fanacht ina mboilgeog féin gan meascadh leis an gcuid eile den fhoireann. Cé go ndúradh, den chuid is mó, go raibh an t-atmaisféar i bhfoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) cúramdhírithe agus oibríochtúil, thug roinnt agallaithe le tuiscint nach raibh sé sin comhsheasmhach ar fud Fhoireann Éireann i gcoitinne, agus roinnt coinbhleachtaí ag teacht as sin.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Bhí na lúthchleasaithe an-sásta leis na seirbhísí cóitseála agus tacaíochta a fuarthas le linn na gCluichí. Dúirt na snámhóirí uile go raibh na cóitseálaithe in ann tacú lena seisiúin traenála agus go raibh an rochtain ar thacaíocht fisiteiripe agus liachta sármhaith, tráthúil agus cuí le linn chéim an ullmhúcháin. Rud tábhachtach, bhí caidreamh seanbhunaithe acu le soláthraithe tacaíochta cheana féin i bhformhór na gcásanna. D’fhág sé sin go raibh muinín ag na lúthchleasaithe astu. Aithníodh freisin gur tharla sé, de dheasca creidiúnú agus cistiú teoranta, gur leata ar fud Fhoireann Éireann a bhí an rochtain ar sheirbhísí tacaíochta. Maidir leis sin, moladh go láidir go dtabharfaí tosaíocht do lúthchleasaithe agus foirne a bhfuil ionchais bhuaite bonn acu agus bhí frustrachas ann faoin iarracht a rinneadh, dar le daoine áirithe, cothroime a bhaint amach ar fud na spórt éagsúil.

Sainaithníodh mar ghné dhearfach an cumas a bhí ann baill foirne tacaíochta eile a raibh saineolas acu ar Pharashnámh a chreidiúnú ag na Cluichí. Tugadh faoi deara go raibh an soláthar foirne éifeachtach toisc gurbh ann do chaidreamh cheana féin agus toisc nár ceapadh daoine do na Cluichí agus do na Cluichí amháin. Mar sin féin, bhí an caidreamh oibre le roinnt ball foirne eolaíochta agus leighis spóirt ar chonraigh Cumann Parailimpeach na hÉireann iad faoi bhun an chaighdeáin toisc gur braitheadh go raibh easpa taithí orthu ar Chluichí, go raibh easpa tuisceana orthu ar an spórt agus nár imeasc siad isteach san fhoireann i gceart. I gcás amháin, dúirt agallaí gur chuir sé/sí lúthchleasaithe ó sheirbhísí tacaíochta áirithe a úsáid toisc gur bhraith sé/sí go mbeadh tionchar díobhálach acu ar a bhfeidhmíocht. Dúradh go raibh droch-chaidreamh ann leis an soláthraí seirbhíse sin.

**Tacaíocht ó Fhoireann Éireann**
Bhí na hagallaithe uile sásta leis an ionchur agus an tacaíocht a fuarthas ó fhoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann. Mar sin féin, ba chosúil gur chruthaigh foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) a boilgeog féin ar shiúl ó Fhoireann Éireann d'aon turas. Cé go ndúradh go raibh an Ceann Imeachta suáilceach, cuireadh roinnt ábhar imní in iúl faoin leibhéal taithí a bhí aige/aici agus faoin gcumas a bhí aige/aici idirghabháil ar shlí éifeachtach réamhghníomhach. Bhí sé níos deacra fós don Cheann Imeachta dul i bhfeidhm ar an ullmhúchán le haghaidh Chluichí Thóiceo agus ar na hoibríochtaí lena linn toisc gur ceapadh go déanach sa Timthriall é/í. Ar mhaithe leis na teorainneacha braite sin a shárú, dúirt baill foirne Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) gur ghlac siad freagracht as a lán cinntí orthu féin, gan aon ionchur ó Chumann Parailimpeach na hÉireann ná ón gCeann Imeachta. Bhí taithí ag na baill foirne cóitseála agus bainistíochta, agus roinnt Timthriallta Parailimpeacha curtha isteach acu cheana féin, agus luadh go raibh an taithí sin ar cheann amháin de na príomhchúiseanna ar seachnaíodh dúshláin fhéideartha agus bacainní féideartha le linn na gCluichí. Dúradh go bhféadfadh impleachtaí suntasacha feidhmíochta a bheith ann in éagmais na taithí sin.

Bhí fadhbanna ann maidir leis an dearadh a bhí ar fheisteas Chumann Parailimpeach na hÉireann agus maidir leis an dóigh ar leithdháileadh an feisteas. Dúirt snámhóirí nach bhfuair siad dóthain feistis. Bhraith siad nach raibh an feisteas deartha i gceart do lúthchleasaithe feidhmíochta agus, i gcásanna áirithe, nár oiriúnaigh sé i gceart. Cheistigh snámhóirí freisin an difríocht (bhraite) a bhí ann idir an dóigh ar leithdháileadh feisteas ar fhoirne de chuid Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus an dóigh ar leithdháileadh feisteas ar fhoirne de chuid Chumann Parailimpeach na hÉireann.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Infheistíocht**
Agus é faoi shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann, faigheann Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) tacaíocht ó Institiúid Spórt Éireann agus soláthraítear seirbhísí dírithe tacaíochta eolaíochta agus spóirt dó. Dúradh go raibh tionchar dearfach ag na seirbhísí sin ar fheidhmíocht ag na Cluichí. Mheas snámhóirí agus baill foirne gur láidreachtaí ar leith iad an caidreamh a bunaíodh le linn Thimthriall Thóiceo agus a tugadh ar aghaidh chuig na Cluichí agus an t-eolas a bhí sonrach don pharaspórt a bhí ag na baill foirne tacaíochta.

**Struchtúir agus rialachas/caidreamh le geallsealbhóirí**
Gníomhaíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta agus mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh araon. Mar thoradh air sin, is ar roinnt ball foirne atá freagrachtaí ar fud roinnt spórt difriúil maidir le Foireann Éireann a chomhordú le haghaidh Cluichí Parailimpeacha (feidhm an Choiste Pharailimpigh Náisiúnta). Tá róil eile níos sonraí don spórt, áfach. Sampla díobh sin is ea an ról mar Bhainisteoir Parashnámha. Cé nach raibh aon fhadhb ag na lúthchleasaithe leis sin, sainaithníodh gur gá an struchtúr ról a shoiléiriú.

Cé go dtagann Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) faoi shainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann, baineadh de thátal as na hagallaimh go raibh na snámhóirí, na cóitseálaithe agus na baill foirne feidhmíochta sásta oibriú go neamhspleách ar an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus ar an gCoiste Parailimpeach Náisiúnta i gcoitinne. Bhí tuiscint chomhroinnte shoiléir ann idir an Stiúrthóir Feidhmíochta agus baill foirne cóitseála, agus timpeallacht 'seiceáil agus ceistiú' i bhfeidhm ina raibh siad in ann obair i dtreo ardfheidhmíocht a bhaint amach. Cé gur measadh go raibh sé sin ar cheann amháin de láidreachtaí an chláir, cuireadh ábhair imní in iúl faoina inbhuanaithe a bheadh an clár mura dtabharfaí aghaidh ar fhorbairt shistéamach cóitseálaithe agus lúthchleasaithe cumasacha. Feidhmíonn an Stiúrthóir Feidhmíochta mar chóitseálaí pearsanta do roinnt de na snámhóirí freisin. Mar sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí breithniú ar róil a shoiléiriú i réimse an tsnámha agus ar fud Chumann Parailimpeach na hÉireann araon. Aithníodh gur gá do roinnt daoine aonair a lán ról difriúil a chomhlíonadh mar gheall ar shrianta cistiúcháin agus acmhainní. Cé nár chosúil go raibh aon tionchar diúltach aige sin ar fheidhmíocht snámha, ba cheart breithniú a dhéanamh ar róil a shoiléiriú i mór-chomhthéacs Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Ceann amháin de na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh ba ea ról an Phríomhchóitseálaí, nár fhreastail i bpearsa ar Chluichí Thóiceo agus nár fhreastail ach oiread ar aon chomórtais ná aon champaí traenála sna 18 mí roimh na Cluichí Parailimpeacha. Braitheadh go raibh tionchar diúltach aige sin ar na hacmhainní a bhí ar fáil ar fud na foirne agus ar an tsoiléire maidir le róil i measc baill foirne agus cóitseálaithe. Tugadh faoi deara freisin gur bheag tionchar a d'imir an Príomhchóitseálaí ar an mórthimpeallacht cóitseála agus feidhmíochta, rud a thugann le tuiscint gur gá dó/di bogadh ar shiúl ó ról formhaoirseachta a imirt agus i dtreo ról 'níos teagmhálaí' a ghlacadh sa mhórchlár.

Bhí sé an-soiléir go raibh caidreamh láidir seanbhunaithe ann idir baill foirne ardfheidhmíochta agus snámhóirí. Bhí samhail láidir chomhroinnte mheabhrach le feiceáil, agus caidreamh láidir taobh thiar di.

**Treo straitéiseach**
Cé go bhfuil an clár ardfheidhmíochta i gCumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) láidir, aithníodh go bhfuil tuilleadh lúthchleasaithe cumasacha ag teastáil. Dúradh gur gá do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar shlite inar féidir borradh a chur faoi na cláir le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt ar mhaithe leis an bpíblíne a chothú. Ar aon dul leis an bparaspórt i gcoitinne, tugadh faoi deara go bhfuil clár comhthreomhar oideachais cóitseálaithe ag teastáil chun forbairt cóitseálaithe a bhfuil saineolas acu ar an snámh agus ar an bparaspórt araon a chinntiú. Dúradh go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis sin toisc gur ar bhonn deonach a oibríonn na cóitseálaithe lasmuigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta.

Feidhmíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) go maith i gcónaí, agus boinn á mbuachan aige ag Cluichí agus comórtais idirnáisiúnta as a chéile. Beag beann ar an rath sin, is amhlaidh, ar an leibhéal oibriúcháin, atá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar na struchtúir laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh), ar cén áit a luíonn an spórt laistigh de Chumann Parailimpeach na hÉireann, ar an tsoiléire maidir le róil atá ann laistigh den chlár, agus ar chaidreamh an chláir le soláthraithe seirbhíse. Mar sin, is gá braistint comhfhreagrachta a bheith ann idir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) agus Cumann Parailimpeach na hÉireann chun plé le saincheisteanna straitéiseacha nó chun róil a shainiú agus freagrachtaí a tharmligean ar shlí an-soiléir.

Bíonn caighdeáin feidhmíochta ag ardú ar fud an domhain i bParashnámh agus is gá breithniú straitéiseach a dhéanamh, agus spriocdhíriú ansin, ar aicmithe ardlagaithe ina bhfuil acmhainneacht ann boinn a bhuachan agus babhtaí ceannais a bhaint amach ar an leibhéal Parailimpeach. San am i láthair, braitear go 'n-éiríonn lúthchleasaithe aníos' sa spórt, gan aon chur chuige straitéiseach a bheith ann i leith forbairt a phleanáil go straitéiseach. Ghlac an Stiúrthóir Feidhmíochta agus baill foirne cóitseála leis freisin gur gá breithniú straitéiseach a dhéanamh ar aicmithe íseal-leibhéil a úsáid mar mhodh chun infheistíocht a spriocdhíriú ar imeachtaí agus aicmithe áirithe. Maidir leis sin, aithníodh an tábhacht a bhaineann le saineolas breise cóitseála a áirithiú agus a choinneáil ar fud mhórchontanam na laguithe agus na míchumas atá ann i bParashnámh.

## Rannán 5: Moltaí

**1) Rialachas agus soláthar foirne**

- Ós rud é go n-oibríonn an Stiúrthóir Feidhmíochta ar fud dhá spórt, tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ann ar an ról sin i gclár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh). Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an tsoiléire maidir le róil atá ann ar gach leibhéal den eagraíocht.
- Ba cheart breithniú a dhéanamh ar sholáthar foirne chlár Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh). Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an ról mar Phríomhchóitseálaí (a bhí líonta, ach a bhí neamhoibríochtúil, le linn na 18 mí díreach roimh Chluichí Thóiceo) agus ar an ról mar Bhainisteoir Parashnámha, rud ar scaradh leis le déanaí. Mar gheall ar amscálaí Thimthriall Chluichí Pháras 2024, tá sé tábhachtach go dtabharfaí aghaidh air sin láithreach. Is gá scóip agus cineál an róil mar Phríomhchóitseálaí a scrúdú, agus breithniú á dhéanamh ar cé acu ba cheart conraitheoir nó duine páirtaimseartha a cheapadh chuig an ról. I gceachtar cás, is cosúil go bhfuil argóint láidir ann ar son ról níos teagmhálaí a bheith ag an bPríomhchóitseálaí i ngnáthoibríochtaí laethúla an spóirt.

- Dúirt Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) go raibh sé sásta obair go neamhspleách ó thaobh cúrsaí cóitseála agus oibriúcháin de. Mar sin féin, is gá an caidreamh idir Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh) agus Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta a scrúdú ar mhaithe leis an gcuid is fearr a bhaint as na hacmhainní agus an saineolas atá ar fáil agus, ar an leibhéal oibriúcháin, ar mhaithe le cuntasacht a chinntiú do na páirtithe uile. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu ba cheart leanúint leis na freagrachtaí ardfheidhmíochta as Parashnámh a leagan ar Chumann Parailimpeach na hÉireann nó iad a aistriú chuig Cumann Snámha na hÉireann. Má aistrítear na freagrachtaí sin chuig Lúthchleasaíocht Éireann, moltar, mar gheall ar an Timthriall gearr a bheidh ann roimh Chluichí Pháras 2024, go gcuirfí an t-aistriú i gcrích tar éis na bliana 2024. Moltar freisin, áfach, go dtosófaí ag pleanáil don aistriú chuig an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta a luaithe is féidir.
- Tá méid suntasach taithí ag foireann cóitseála agus bainistíochta Chumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh). Mar sin féin, is gá breithniú cúramach a dhéanamh ar cad a tharlóidh i gcás go bhfágfaidh na daoine aonair sin an clár agus ar an gcumas atá ag Parashnámh chun na leibhéil reatha ratha a choinneáil ar bun nó a fheabhsú ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo.
- Ba cheart tuairiscí róil agus freagrachtaí atá sainithe go soiléir a thabhairt do na soláthraithe seirbhíse eolaíochta agus leighis spóirt a oibríonn le parashnámhóirí. Agus soláthraithe seirbhíse eolaíochta agus leighis spóirt á gceapadh, ba cheart breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá siad don eagraíocht agus ar an eolas agus an saineolas atá acu.

**2) Straitéis**

- Ba cheart tacaíocht a thabhairt chun gur féidir spriocdhíriú go straitéiseach ar aicmithe in imeachtaí atá sainaitheanta mar imeachtaí a bhféadfaí boinn a bhuachan iontu san fhadtéarma.
- Bhí sé soiléir le linn an athbhreithniúcháin nach ann d'aon chur chuige córasach i leith lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt. I gcodarsnacht leis sin, tá sé sin ag brath ar dhaoine aonair a bheith ag teacht chun cinn trí chlubanna snámha, seachas tríd an gcóras. Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann an chonair le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint agus a fhorbairt a chur ar bhonn foirmiúil i bParashnámh.

**3) Cóitseáil**

- Is gá cóitseáil agus forbairt cóitseálaithe laistigh de Pharashnámh in Éirinn a athbhreithniú ar gach leibhéal den chonair agus i ngach réimse feidhmíochta. D'fhéadfadh cláir fhoirmiúla, cláir neamhfhoirmiúla agus cláir mheantóireachta i gclubanna agus sa chonair ardfheidhmíochta a bheith i gceist leis sin, ach gan a bheith teoranta dóibh. Dúradh gur réimse imní í an dóigh a gcóitseáiltear Parashnámh i gclubanna, agus tá éileamh soiléir ann cheana féin ar chumas agus saineolas cóitseála.
- Ba cheart do Chumann Parailimpeach na hÉireann breithniú a dhéanamh ar chlár sonrach forbartha agus oideachais cóitseálaithe a fhorbairt do Pharashnámh.

**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Cumann Parailimpeach na hÉireann (Snámh)**

- Tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar eagrú agus sainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann chun a chinntiú go gcuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm i leith na spórt uile lena mbaineann.

# LÁMHACH TARGAIDÍ ÉIREANN



# Tuarascáil maidir le Lámhach Targaidí Éireann

TARGET SHOOTING IRELAND
Sprioc Lámhach na hÉireann

## Achoimre fheidhmeach

Cháiligh Lámhach Targaidí Éireann lúthchleasaí amháin, Phil Eaglesham, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo i gcatagóir SH2. Chuaigh Phil san iomaíocht i dtrí imeacht (10 m R4, 10 m R5 agus 50 m R9), agus é ag críochnú sa 14ú háit, san 21ú háit agus sa 15ú háit faoi seach. Níor éirigh leis a ionchais feidhmíochta réamh-Chluichí a chomhlíonadh.

Níl Lámhach Targaidí Éireann ina Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta aitheanta chun críocha cistiúcháin ardfheidhmíochta. Cé gur bhuaigh Phil bonn cré-umha i gCraobhchomórtas an Domhain 2019, ní bhfuair sé aon chistiú ó Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann ná aon tacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt le linn Thimthriall Thóiceo. Braitheadh go raibh sé sin ar an toisc is mó a chuaigh i bhfeidhm ar a fheidhmíocht i dTóiceo.

Gan aon tacaíocht ó Chumann Parailimpeach na hÉireann, rinne Phil a chlár feidhmíochta a bhrú chun cinn agus a chistiú leis féin, le tacaíocht ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta. Dúradh gur mhífheidhmiúil a bhí an caidreamh le Cumann Parailimpeach na hÉireann agus go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ar a chuid ullmhúcháin agus pleanála ag an easpa tacaíochta, an easpa comhleanúnachais, an easpa soiléire maidir le róil agus an easpa tuisceana a bhí sonrach don spórt.

## Modheolaíocht

Rinne baill den fhoireann Paralámhaigh Targaidí suirbhéanna rúnda ar líne a chomhlánú mar chuid den mhór-Athbhreithniú ar Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. Bhí ceithre shuirbhé ar leith ann do na daoine seo a leanas:

- Lúthchleasaithe
- Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta
- Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird

Cuireadh tuarascáil inar leagadh amach sonraí achoimre grúpa, ina ndearnadh anailís cháilíochtúil agus inar tugadh asluitigh le fios le chéile bunaithe ar an suirbhé. Chuir Spórt Éireann an tuarascáil sin ar fáil chun go bhféadfaí tuilleadh anailíse a dhéanamh uirthi. Bunaithe ar na suirbhéanna, sainaithníodh roinnt téamaí coiteanna ar baineadh úsáid astu ansin mar bhonn do na hagallaimh a rinneadh. Cuireadh roinnt lúthchleasaithe agus ball foirne cóitseála agus an Stiúrthóir Feidhmíochta/an Treoraí Feidhmíochta faoi agallamh ar bhonn duine le duine thar Zoom i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2021.

Tá na saincheisteanna, na fionnachtana agus na moltaí sa tuarascáil seo bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas trí na nithe seo a leanas a dhéanamh agus ar an bhfaisnéis sin amháin:

- Suirbhé rúnda ar líne
- Agallaimh le príomhphearsana de chuid an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta

Taifeadadh na hagallaimh chun go bhféadfaí athéisteacht le pointí a raibh fiúntas ag baint leo agus chun go bhféadfaí cruinneas na ráiteas a dhéanfaí sa tuarascáil a rathú. Tógadh nótaí le linn na n-agallamh freisin chun pointí láithreacha a raibh ábharthacht ag baint leo a bhailiú, a mhéid a bhain siad sin leis na príomhthéamaí a bhí á n-iniúchadh.

Mhair na hagallaimh idir 45 nóiméad agus 90 nóiméad agus cuireadh na daoine uile a cuireadh faoi agallamh ar a suaimhneas go gcuirfí a dtuairimí in iúl go cruinn. Cinntíodh freisin gur thuig siad na teorainneacha a bhaineann le rúndacht. Bhí sé soiléir le linn na n-agallamh go raibh na rannpháirtithe ag iarraidh a ndearcthaí a chomhroinnt ar shlí réamhghníomhach, fhiúntach agus dhearfach.

A luaithe a bhí na hagallaimh críochnaithe, anailísíodh an fhaisnéis chun na príomhthéamaí a shainaithint. Tógadh sleachta eiseamláireacha ansin chun a chinntiú go bhféadfaí guth na rannpháirtithe a chluinstin.

Níl na sleachta sin luaite focal ar fhocal sa tuarascáil seo mar gheall ar an líon beag daoine a cuireadh faoi agallamh agus ar an bhfíoras go mbeadh sé éasca aon sleachta díreacha a chur síos go díreach do dhaoine aonair ar leith. Ina ionad sin, ghineamar téamaí aiseolais chun a léiriú cad a thuairiscigh siad.

Mar a chuirfear in iúl sa tuarascáil deiridh uainn, tuairisceoimid go dílis dearcthaí na rannphháirtithe a cuireadh faoi agallamh agus tarraingeoimid aird shoiléir orthu gan aon trácht a dhéanamh ar na cúiseanna beachta atá taobh thiar de na dearcthaí sin ná ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cruinn.

Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go raibh Cluichí Parailimpeacha Thóiceo 2020 ar siúl le linn paindéim dhomhanda a chruthaigh dúshláin lóistíochúla agus sábháilteachta. Ba ghá don Fhoireann Soláthair Cluichí a cuid cleachtas a oiriúnú do fhrithbhearta agus srianta COVID-19 a chuir rialtais i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. Dúshláin eile a bhí le sárú ag an bhFoireann Soláthair Cluichí ba ea na hathruithe déanacha a rinneadh arís agus arís eile agus na himthosca síorathraitheacha a bhí ann maidir le taisteal agus ullmhúchán lúthchleasaithe ag Cluichí Thóiceo 2020 agus roimh na Cluichí araon. Chuir na conairí neamhshoiléire cáiliúcháin le haghaidh spóirt aonair agus deimhniú déanach áiteanna cáiliúcháin leis an gcastacht a bhí ann ó thaobh lóistíochta de agus ó thaobh na fála ar fheistis de araon freisin.

Chuir na ceanglais maidir le frithbhearta COVID-19 ag an gcampa coinneála réamh-Chluichí i gCathair Narita agus i Sráidbhaile na Lúthchleasaithe i dTóiceo srianta breise ar an gcumas a bhí ag baill d'Fhoireann Éireann gluaiseacht chomh saor agus a tharlódh le linn na gCluichí de ghnáth. Beag beann ar na dúshláin sin, d'éirigh leis an bhFoireann Soláthair Cluichí a bhí faoi stiúir ag Cumann Parailimpeach na hÉireann Cluichí Parailimpeacha rathúla a bhí saor ó aon mhórtheagmhas a sholáthar. D'éirigh léi freisin timpeallacht shlán shábháilte a sholáthar, áit a raibh na lúthchleasaithe in ann díriú ar a riachtanais feidhmíochta féin.

### Rannán 1: Athbhreithniú fíorasach

Cháiligh Lámhach Targaidí Éireann lúthchleasaí amháin, Phil Eaglesham, do Chluichí Parailimpeacha Thóiceo i gcatagóir SH2. Chuaigh Phil san iomaíocht i dtrí imeacht (10 m R4, 10 m R5 agus 50 m R9), agus é ag críochnú sa 14ú háit, san 21ú háit agus sa 15ú háit faoi seach. Bhí sé sin faoi bhun a ionchas feidhmíochta réamh-Chluichí, ba iad sin: babhta ceannais amháin agus áit amháin ar an bpóidiam.

Ní bhfuair Phil Eaglesham aon chistiú ó Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann do Thimthriall Chluichí Parailimpeacha Thóiceo. B'amhlaidh a fuair an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta cistiú €30k chun tacú lena chláir Oilimpeacha agus Pharailimpeacha.

### Rannán 2: Ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo

Dúradh go raibh an t-ullmhúchán le haghaidh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo 'chomh maith agus ab fhéidir' i bhfianaise shrianta COVID-19 (e.g., dúntaí raoin, srianta taistil, etc.) agus i bhfianaise láithreacha geografacha scaipthe an lúthchleasaí (an Ríocht Aontaithe), an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta (Éire) agus an chóitseálaí (Nua-Eabhrac). Nithe eile a chuir lena chasta a bhí an t-ullmhúchán ba ea an fíoras go bhfuil an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta faoi stiúir ag oibrithe deonacha agus nach ndéanann Spórt Éireann ná Cumann Parailimpeach na hÉireann Lámhach Targaidí Éireann a aithint mar chlár ardfheidhmíochta. Mar thoradh air sin, ba faoin lúthchleasaí féin a bhí sé plé le formhór na socruithe lóistíochúla agus airgeadais. Dúradh go raibh an tacaíocht a fuarthas ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus ó Spórt Éireann diomaibhseach agus go raibh sí teoranta, den chuid is mó, do chruinnithe faisnéise ar líne.

Mar achoimre, bhraith Lámhach Targaidí Éireann nach bhfuair sé aon tacaíocht ó Chumann Parailimpeach na hÉireann le linn Thimthriall Thóiceo. Mar sin, d'oibrigh sé go neamhspleách chun tacú le hullmhúchán an lúthchleasaí. Sampla amháin de sin ba ea campa coinneála an lúthchleasaí i nGiobráltar. Cé gur measadh gur éirigh go geal leis an gcampa sin, bhí costas suntasach pearsanta ag baint leis. Sampla eile ba ea an gá a bhí ann le tástáil COVID-19 a eagrú go neamhspleách don lúthchleasaí toisc go raibh sé lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Rud sonrach, bhí costas mór airgeadais agus ama ag baint leis sin don lúthchleasaí.

Bhraith na hagallaithe go bhfuair siad easpa tacaíochta ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus iad ag ullmhú le haghaidh na gCluichí. Ó thaobh cúrsaí lóistíochúla de, bhí fadhbanna suntasacha ann le socruithe taistil, le trealamh spóirt a iompar, le doiciméadúchán, le comhroinnt faisnéise, agus le tástáil COVID-19. Bhraith na hagallaithe nach bhfuair siad aon tacaíocht ná faisnéis thráthúil ó Chumann Parailimpeach na hÉireann maidir leis na saincheisteanna sin agus gur fágadh fúthu féin na nithe sin a shocrú. Thug Cumann Parailimpeach na hÉireann faoi deara go ndearna sé na ceanglais lóistíochúla/ oibriúcháin uile do Chluichí Thóiceo 2020 a eagrú agus a stiúradh i gcomhar leis na spóirt uile. Bhí Cumann Parailimpeach na hÉireann ag obair de réir na faisnéise agus an léargais a fuair sé ó Choiste Eagrúcháin Chluichí Thóiceo 2020. Mar gheall ar chineál síorathraitheach na srianta paindéime sa tSeapáin agus in Éirinn, cuireadh faisnéis ábhartha in iúl do na spóirt a luaithe ab indéanta.

Bhí costais shuntasacha airgeadais le híoc ag an lúthchleasaí. Roimh Chluichí Thóiceo, ba é Craobhchomórtas an Domhain sa bhliain 2019 an comórtas is déanaí ar ghlac an lúthchleasaí páirt ann. Ní raibh sé in ann dul san iomaíocht, ná raon 50 m a rochtain, ina dhiaidh sin mar gheall ar easpa tacaíochta airgeadais. Bhí na daoine a cuireadh faoi agallamh den tuairim nár tuairiscíodh aon tacaíocht phearsanta ná aon tacaíocht leasa le linn phaindéim COVID-19, roimh na Cluichí ná i ndiaidh na gCluichí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh cuid mhór tacaí ullmhúcháin ar fáil do lúthchleasaithe agus do Threoraithe Foirne roimh Chluichí Thóiceo, le linn Chluichí Thóiceo agus i ndiaidh Chluichí Thóiceo, áit ar oibrigh Cumann Parailimpeach na hÉireann i gcomhar le Clár Aistrithe Institiúid Spórt Éireann chun tacaíocht scileanna saoil a thabhairt roimh na Cluichí agus ina ndiaidh agus ar reáchtáil sé do lúthchleasaithe seisiúin faisnéise a bhí faoi stiúir ag an bPríomhoifigeach Liachta. Tionóladh seisiúin thráthrialta do Threoraithe Foirne freisin, áit ar comhroinneadh an fhaisnéis is déanaí maidir leis an ullmhúchán le haghaidh na gCluichí.

Ní bhfuair an lúthchleasaí aon chistiú ó Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spórt Éireann. Mar sin, ní raibh sé incháilithe do thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt le linn Thimthriall Thóiceo. Thug Institiúid Spórt Éireann faoi deara nach ndearna an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta ná Cumann Parailimpeach na hÉireann aon iarraidh ar thacaíocht eolaíochta agus leighis spóirt ná ar rochtain ar sheisiúin oscailte thráthrialta ag an Institiúid. Mar sin féin, is cosúil go raibh easpa soiléire ann maidir leis na modhanna agus na próisis trína bhféadfadh lúthchleasaithe neamhchardáilte tacaíocht a fháil trí Institiúid Spórt Éireann. Beidh tuilleadh soiléire ag teastáil ina leith sin le linn Thimthriall Pháras (agus ina dhiaidh) agus is ar Chumann Parailimpeach na hÉireann a bheidh an phríomhfhreagracht as lúthchleasaithe den sórt sin a shainaithint (i.e., ba cheart leibhéal éigin tacaíochta a thabhairt do lúthchleasaithe nach bhfuil cardáilte nó a imríonn spóirt nach n-aithnítear mar spóirt ardfheidhmíochta). Ba leis na Cluichí amháin a bhain an tacaíocht a thug Institiúid Spórt Éireann do Chumann Parailimpeach na hÉireann. Ba ar Chumann Parailimpeach na hÉireann a bhí an fhreagracht as an tsamhail eolaíochta agus leighis spóirt roimh na Cluichí. Dúradh go raibh easpa soiléire ann maidir leis an incháilitheacht do chistiú agus bhí tionchar aici sin ar ullmhúchán agus pleanáil an lúthchleasaí. Gan aon chistiú lárnach, chistigh an lúthchleasaí a chlár féin. Ní hé amháin go raibh tionchar suntasach pearsanta aige sin, ach d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm freisin ar an gcumas atá aige leanúint lena ullmhúchán le haghaidh Chluichí Pháras 2024. Cé gur aithníodh go raibh acmhainní finideacha ar fáil do Chumann Parailimpeach na hÉireann, b'fhearr leis an lúthchleasaí agus leis an gcóitseálaí soiléire a bheith acu maidir le rochtain ar acmhainní, ar chistiú agus ar chardáil go luath sa Timthriall ionas go bhféadfadh siad pleanáil go héifeachtach. Mar thoradh air sin, rinneadh an t-ullmhúchán a fhéinbhrú chun cinn agus a fhéinchistiú. Tá mórcheist ann maidir lena inbhuanaithe atá an cineál cláir sin. Dúradh go raibh an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta réamhghníomhach agus tacúil. Dúradh freisin, áfach, go raibh easpa acmhainní air agus go raibh sé scoite ó Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Agus é ag ullmhú le haghaidh Chluichí Thóiceo, bhain an lúthchleasaí leas as roinnt tacaíochta síceolaíochta spóirt. Cé gur cuireadh fáilte roimh an tacaíocht sin agus gur measadh gur ghné dhearfach í, braitheadh gur ar bhonn ad hoc a tugadh í. I dTóiceo, bhí dearcadh tuairiscithe ann gur insíodh do chleachtóirí eolaíochta agus leighis spóirt 'fanacht glan' ar na spóirt bheaga. D'fhág sé sin gur bhraith na hagallaithe gur 'shaoránaigh den dara grád' iad. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tharla sé, ar theacht chuig na Cluichí dóibh, go bhfuair na spóirt uile ionduchtú, gur bhuail siad leis an bPríomhoifigeach Liachta agus le cleachtóirí agus gur léiríodh dóibh conas clárú do choinní. Ba ar bhonn riachtanas, agus ní ar bhonn spóirt, a tugadh rochtain ar chleachtóirí.

Dúradh go raibh fadhbanna suntasacha ann maidir le cáilíocht an fheistis agus maidir leis an dóigh ar leithdháileadh é. Dúradh go raibh an feisteas ar dhroch-cháilíocht agus gurbh fhadhb mhór ar leith í an easpa feistis feidhmíochta a bhí oiriúnach don teas agus don bhogthaise. Níor tugadh aon chuntas ar riachtanais shonracha na lúthchleasaithe, ar mhíchumas na lúthchleasaithe ná ar riachtanais a bhí sonrach don spórt nuair a bhí an feisteas á leithdháileadh ach oiread. Dúradh gur imir an iarracht agus an t-am a caitheadh ar shaincheisteanna lóistíochúla roimh an taisteal go Tóiceo tionchar diúltach ar ullmhúchán. Dúradh freisin go raibh easpa tuisceana ar Chumann Parailimpeach na hÉireann ar shaincheisteanna atá sonrach don spórt (e.g., taisteal le hairm tine) agus ar an ngá le taisteal uasghrádaithe mar gheall ar shaincheisteanna liachta agus ar shaincheisteanna COVID-19. Mar thoradh air sin, ghlac an lúthchleasaí agus an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta freagracht lóistíochúil agus airgeadais orthu féin as na socruithe sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara faoi deara go ndearna Cumann Parailimpeach na hÉireann na ceanglais lóistíochúla/oibriúcháin uile do Chluichí Thóiceo 2020 a eagrú agus a stiúradh i gcomhar leis na spóirt uile. Chumhdaigh Cumann Parailimpeach na hÉireann na costais uile a bhain leis an taisteal agus le frithbhearta COVID-19 le haghaidh Chluichí Thóiceo 2020.

## Rannán 3: Eispéireas agus feidhmíocht ag na Cluichí

### Tacaíocht ó Fhoireann Éireann

Dúradh go raibh oibríochtaí Fhoireann Éireann sa Sráidbhaile sásúil, tríd is tríd. D'aithin gach duine an ról a bhí ag an gCeann Imeachta ina leith sin agus an cur chuige réiteachdhírithe a ghlac sé/sí. Bhí na hagallaithe den tuairim, áfach, go raibh an Ceann Imeachta ag oibriú leis/léi féin gan aon tacaíocht fhollasach ó chroíbhaill foirne Chumann Parailimpeach na hÉireann i gcoitinne. Bhí na daoine a cuireadh faoi agallamh den tuairim go raibh foireann riaracháin Chumann Parailimpeach na hÉireann achrannach, nár chuidigh sí le hardfheidhmíocht a bhaint amach agus nach raibh aon struchtúr soiléir orduithe i bhfeidhm aici. Braitheadh go raibh tionchar ag ceapachán déanach an Chinn Imeachta air sin. Ní raibh an Ceann Imeachta ar aon tuairim leis na hagallaithe eile ina leith sin.

Tuairiscíodh fadhbanna suntasacha maidir leis an dóigh ar chumhdaigh na meáin na Cluichí. Áiríodh leo sin earráidí fíorasacha agus an éagothroime a braitheadh a bheith ann maidir leis an dóigh ar cumhdaíodh na spóirt dhifriúla. Dúradh freisin go raibh easpa tuisceana ar an bhfoireann meán ar chúlra agus míchumas an lúthchleasaí lena mbaineann. Tugadh faoi deara go raibh an easpa oiliúna sna meáin ar cheann amháin de na laigí san ullmhúchán agus gur imir sí tionchar diúltach ar an lúthchleasaí.

Cé go ndúradh go raibh an chóiríocht sa Sráidbhaile bunúsach, ba mhór ag an bhfoireann Lámhaigh Targaidí gur socraíodh go gcomhroinnfeadh sí seomraí le baill den fhoireann Parachanúála. Braitheadh go raibh atmaisféar agus tacaíocht Fhoireann Éireann in easnamh sa Sráidbhaile agus tuairiscíodh go raibh braistint foirne ar iarraidh. Dúirt an lúthchleasaí agus na cóitseálaithe gur bhraith siad nach raibh fáilte rompu i dtimpeallacht Fhoireann Éireann agus nach raibh siad ar a gcompord sa timpeallacht sin ach oiread. Mar thoradh air sin, chruthaigh Paralámhach Targaidí agus Parachanúáil a mboilgeog féin agus d'fhan siad glan ar Fhoireann Éireann i gcoitinne.

Tugadh faoi deara freisin nach raibh míchumas ach ar bhall amháin d'fhoireann riaracháin Chumann Parailimpeach na hÉireann. Dá bhrí sin, ní raibh dóthain tuisceana ann ar mhíchumas i gcoitinne ná ar an spórt ardfheidhmíochta do dhaoine faoi mhíchumas go háirithe.

**Seirbhísí cóitseála agus tacaíochta**
Toisc nach raibh aon chaidreamh seanbhunaithe ann le soláthraithe tacaíochta, bhí drogall ann leas a bhaint as a gcuid seirbhísí (fiú amháin i gcás go raibh siad ar fáil). Braitheadh gur ghá don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta agus don lúthchleasaí troid go crua ar son aon tacaíocht agus aon acmhainní ar bith a fháil ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus nach raibh sé sin inbhuanaithe ó thaobh cúrsaí ardfheidhmíochta de.

**An t-eispéireas tar éis na gCluichí**
Tar éis Chluichí Thóiceo, dúirt an lúthchleasaí go raibh sé faoi ghruaim agus go raibh frustrachas air agus gur bhraith sé go ndearnadh leithcheal air. Bhain sé úsáid as seirbhísí síceolaíochta ó Institiúid Spórt Éireann ó shin i leith agus dúirt sé gur chabhraigh siad leis. Mar sin féin, bhí sé soiléir le linn na n-agallamh gur ghoill an t-eispéireas sna Cluichí ar an gcóitseálaí agus ar an lúthchleasaí agus gur díchumhachtaíodh iad dá dheasca, agus iad ag rá go raibh an t-atmaisféar gangaideach.

## Rannán 4: Barúlacha a bhaineann go sonrach leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta

**Caidreamh eagraíochtúil**
Bhí caidreamh fadhbach ann idir Lámhach Targaidí Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Braitheadh nach n-oibríonn Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta agus, ina ionad sin, nach ndíríonn sé ach ar na freagrachtaí atá air mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht (agus do Phararothaíocht, ar bhonn níos lú). Rannchuidíonn sé sin le cur chuige dhá chiseal, áit a luíonn Parashnámh, Para-lúthchleasaíocht agus Pararothaíocht ar thaobh amháin agus a luíonn na spóirt bheaga (atá ag teacht chun cinn) ar an taobh eile.

Ceistíodh an ról atá ag an Stiúrthóir Feidhmíochta ar fud dhá spórt agus an ról atá ag an gCoiste Parailimpeach Náisiúnta, go háirithe i ndáil leis an tacaíocht a thugtar do spóirt mhionlaigh. Tugadh faoi deara go bhfeidhmíonn an Stiúrthóir Feidhmíochta mar chóitseálaí pearsanta do roinnt de na snámhóirí freisin, agus cheistigh roinnt rannpháirtithe cé acu a bhí nó nach raibh aon choinbhleacht leasa i gceist leis sin. Aithníodh gur cheart breithniú a dhéanamh ar róil a shoiléiriú i mór-chomhthéacs Chumann Parailimpeach na hÉireann.

Tuairiscíodh go raibh easpa muiníne ann as na seirbhísí a sholáthraíonn Cumann Parailimpeach na hÉireann, go háirithe i réimsí an eagrúcháin agus an riaracháin.

**Infheistíocht**
Dúradh gur teorainn ar phleanáil ardfheidhmíochta agus ar fhorbairt ardfheidhmíochta ba ea an fíoras nach n-aithnítear Lámhach Targaidí Éireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharalámhach.

**Treo straitéiseach**
Bhí sé soiléir le linn an phróisis athbhreithniúcháin go bhféadfadh Lámhach Targaidí Éireann lúthchleasaí agus cóitseálaí a chailleadh ón struchtúr ardfheidhmíochta mar gheall ar an eispéireas diúltach a bhí acu le linn Thimthriall Thóiceo. Níl sé soiléir cé acu is ann nó nach ann do chonair struchtúrtha le haghaidh lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint, a fhorbairt nó a aistriú sa spórt agus tá amhras ann faoi rannpháirtíocht an spóirt i gCluichí Parailimpeacha amach anseo.

Braitheadh go raibh foireann Chumann Parailimpeach na hÉireann ar dhroch-cháilíocht, go háirithe i réimsí amhail na meáin agus oibríochtaí. Braitheadh freisin go raibh easpa leanúnachais foirne ann ó Thimthriall go Timthriall agus go raibh easpa taithí ar an bhfoireann ar Chluichí Parailimpeacha.

## Rannán 5: Moltaí

1) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar cháilíocht an chaidrimh oibre idir Lámhach Targaidí Éireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann.

2) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar conas is fearr is féidir tacú le forbairt ardfheidhmíochta an Pharalámhaigh Targaidí agus leis an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann. Mar gheall ar an Timthriall gearr a bheidh ann roimh Chluichí Pháras 2024, moltar go dtabharfaí aghaidh ar an tsaincheist sin a luaithe is féidir más mian leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann raon éagsúil spórt a sheoladh go Cluichí Pháras 2024 agus go Cluichí ina ndiaidh.

3) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar Lámhach Targaidí Éireann a aithint mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta ardfheidhmíochta.

4) Is gá aird a thabhairt ar phleanáil mhionsonraithe feidhmíochta, go háirithe an dóigh a gcistítear an rochtain sin ar fud an Timthrialla.

5) Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an easpa soiléire atá ann maidir le conas na critéir incháilitheachta le haghaidh cistiúcháin a chomhlíonadh.

6) Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an oiliúint sna meáin a fheabhsú ar fud Chumann Parailimpeach na hÉireann.


**Moltaí nach mbaineann go sonrach le Lámhach Targaidí Éireann**

- Tarraingíodh aird, ar fud Fhoireann Éireann, ar an ról atá ag Cumann Parailimpeach na hÉireann mar Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta do Pharashnámh agus do Phara-lúthchleasaíocht agus mar Choiste Parailimpeach Náisiúnta araon. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar eagrú agus sainchúram Chumann Parailimpeach na hÉireann chun a chinntiú go gcuirfear cur chuige coiteann comhsheasmhach i bhfeidhm i leith gach ceann de na spóirt a dhéanfaidh ionadaíocht d'Fhoireann Éireann ag Cluichí Parailimpeacha amach anseo.
- D'fhéadfadh go raibh éifeacht dhíchobhsaitheach ag athruithe i struchtúr foirne Chumann Parailimpeach na hÉireann agus san fhoireann ghaolmhar ar oibríochtaí agus ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán. Mar gheall ar an iomlaoid i bhfoireann Chumann Parailimpeach na hÉireann idir na Timthriallta, tá sé tábhachtach go mbeadh soiléire ann ar fud na mball foirne uile i ndáil lena gcuid ról agus freagrachtaí.
- Is féidir gur fiú do Chumann Parailimpeach na hÉireann straitéis a chur le chéile le haghaidh baill foirne a fhorbairt agus a choinneáil, ar straitéis í lena n-áireofaí, i measc nithe eile, baill foirne a chur i dteagmháil níos dlúithe le lúthchleasaithe Parailimpeacha i dtimpeallachtaí traenála agus ag mórchomórtais.


## Aguisín 3:
# **Freagraí ar an Suirbhé iar-Chluichí**

# Lúthchleasaithe Oilimpeacha


**Cé chomh sásta agus a bhí tú leis an tacaíocht a fuarthas ó na heagraíochtaí seo a leanas sa bhliain díreach roimh na Cluichí?**





**Maidir lena réidhe a bhí tú le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú le gach ceann de na ráitis seo a leanas:**





**Dá mbeadh cistiú breise ar fáil chun feabhas a chur ar fheidhmíocht, cén réimse ina mbainfí an chuid is fearr as?**



**An bhfuil sé amhlaidh a bhí luachanna foirne Fhoireann Éireann le feiceáil ag na Cluichí agus le linn d'eispéiris féin ar na Cluichí, bunaithe ar na nithe seo a leanas:**





**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha


**Dá mbeadh cistiú breise ar fáil chun feabhas a chur ar fheidhmíocht, cén réimse ina mbainfí an chuid is fearr as?**





**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe ar oibrigh tú leo le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**




**An bhfuil sé amhlaidh a bhí luachanna foirne Fhoireann Éireann le feiceáil ag na Cluichí agus le linn d'eispéiris féin ar na Cluichí, bunaithe ar na nithe seo a leanas:**




**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha


**Dá mbeadh cistiú breise ar fáil chun feabhas a chur ar fheidhmíocht, cén réimse ina mbainfí an chuid is fearr as?**




**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe ar oibrigh tú leo le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**




**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird le haghaidh na gCluichí Oilimpeacha


**Dá mbeadh cistiú breise ar fáil chun feabhas a chur ar fheidhmíocht, cén réimse ina mbainfí an chuid is fearr as?**




**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe i do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**




**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Ceisteanna maidir le Paindéim COVID-19 don Lucht Cluichí Oilimpeacha


**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Lúthchleasaithe)**





**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta)**



**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Stiúrthóirí Feidhmíochta/ Treoraithe Feidhmíochta)**





**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird)**




# Lúthchleasaithe Parailimpeacha


**Cé chomh sásta agus a bhí tú leis an tacaíocht a fuarthas ó na heagraíochtaí seo a leanas sa bhliain díreach roimh na Cluichí?**




**Maidir lena réidhe a bhí tú le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú le gach ceann de na ráitis seo a leanas:**




**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta le haghaidh na gCluichí Parailimpeacha

**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe ar oibrigh tú leo le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**





**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Stiúrthóirí Feidhmíochta/Treoraithe Feidhmíochta le haghaidh na gCluichí Parailimpeacha

**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe ar oibrigh tú leo le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**





**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird le haghaidh na gCluichí Parailimpeacha


**An bhfuil sé amhlaidh a bhí cuspóirí agus spriocanna an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta le haghaidh na gCluichí sainithe go soiléir roimh Chluichí Parailimpeacha Thóiceo?**





**Má tá, an bhfuil sé amhlaidh a comhlíonadh na cuspóirí agus na spriocanna sin?**




**Maidir lena réidhe a bhí na lúthchleasaithe i do Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta le Cluichí Thóiceo, cá mhéad a aontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas:**




**Ag na Cluichí, cé chomh sásta agus a bhí tú leis na nithe seo a leanas:**




# Ceisteanna maidir le Paindéim COVID-19 don Lucht Cluichí Parailimpeacha


**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Lúthchleasaithe)**





**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Baill Foirne Cóitseála agus Tacaíochta)**



**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Stiúrthóirí Feidhmíochta/ Treoraithe Feidhmíochta)**




**Mar gheall ar na himthosca maidir le paindéim COVID-19 díreach roimh na Cluichí agus lena linn, cé chomh luachmhar agus a bhí na nithe seo a leanas: (Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus Comhaltaí Boird)**



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND